



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2020



Maidir leis an Tuarascáil seo

Cuirtear síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fheidhmíocht agus oibríocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcaitheamh 2020. Ullmhaíodh de réir ceanglais reachtúla é agus tá sé leagtha amach mar atá thíos:

CUID I

Mír 1: Réamhrá

Tugtar cuntas ann ar ár bpríomhtheachtaireachtaí tríd an Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird agus trí Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Mír 2: Comhthéacs agus Treoir Straitéiseach

Cuirtear síos anseo ar an gcomhthéacs rídhushlánach inar seachadadh seirbhísí in 2020 agus tugtar cuntas ann ar ár bhfís agus ar ár dtreo fadtéarmach

Mír 3: Soláthar Oibriúcháin

Tugtar cuntas ann ar an gcaoi ar seachadadh seirbhísí i gcaitheamh 2020, déantar achoimriú ar fheidhmíocht de réir ár bPlean Náisiúnta Seirbhíse 2020, agus mionléirítear ann na príomhchumasóirí lena gcinntítear go dtarlóidh an t-athrú

Mír 4: Bainistíocht agus Cuntasacht

Tugtar ann forbhreathnú ar na príomhshocruithe rialála agus cuntasáíochta laistigh de FnaSS, ar a n-áirítear Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird agus Tuarascáil Bainistíochta Riosca do 2020

Aguisíní

Áirítear leis sin cur síos ar an struchtúr eagraíochtúil atá againn agus ar an modh trína seachadtar seirbhísí, tuarascáil ar chaiteachas agus ar shonraí maidir le hAcmhainní Daonna, tuarascáil ar scórchárta an Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2020 agus ar na príomhghníomhaíochtaí, tuarascáil ar infreastruchtúr caipitil, sceideal de thinreamh an Bhoird agus an Choiste, táillí agus caiteachas, liosta seiceála ina gcuirtear síos ar an gcaoi a sásaíodh comhlíontacht reachtúil sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus liosta/gluais d'acrainmneacha

CUID II

Rialachas Airgeadais

Leagtar amach ann ár rialachas airgeadais ar a n-áirítear na Ráitis Bhliantúla Airgeadais

Clár Ábhair

CUID I

Mír 1: Réamhrá

1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird	4
1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	6

Mír 2: Comhthéacs agus Treoir Straitéiseach

2.1 Timpeallacht COVID-19	12
2.2 Déanann Sláinte ár nDaonra Eolas do Sholáthar na Seirbhísí	14
2.3 Plean Seirbhíse Náisiúnta agus Plean Caipitil 2020	16
2.4 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú Chun Cinn	17
2.5 Ag Ullmhú don Bhreathneacht	18

Mír 3: Soláthar Oibriúcháin

3.1 Tionchar COVID-19 agus Freagairt FnaSS	22
3.2 Seirbhísí a Atosú agus Cúram nach mBaineann le COVID-19 a Sholáthar in 2020	29
3.3 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach in 2020	31
3.4 Cáilíocht agus Sábháilteacht ár Seirbhísí a Chinntiú	39
3.5 Seachadadh Cúraim Sláinte a Chumasú	42

Mír 4: Bainistíocht agus Cuntasacht

4.1 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltai an Bhoird 2020	50
4.2 Tuarascáil maidir le Bainistíocht Riosca	62
4.3 Gearáin agus Teachtaireachtaí Dea-mhéine	69

Aguisíní

Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar Seirbhíse	74
Aguisín 2: Caiteachas agus Sonraí maidir le hAcmhainní Daonna	76
Aguisín 3: Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí i dtaca le Plean Seirbhíse Náisiúnta 2020	78
Aguisín 4: Bonneagar Caipitil	84
Aguisín 5: Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais	87
Aguisín 6: Comhlíonadh Reachtaíochta	90
Aguisín 7: Foclóirín/Liosta Acrainmneacha	91

CUID II

Rialachas Airgeadais

Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Airgeadas 2020	96
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	104
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena Cur faoi bhráid an Oireachtais	124
Ráitis Airgeadais	129
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	134
Aguisíní	168





Réamhrá

- 1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird
- 1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird



Mar Chathaoirleach Bhoird an FnaSS, is cúis áthais domsa agus do mo chomhghleacaithe Tuarascáil Bhliantúil FnaSS agus na Ráitis Airgeadais do 2020 a chur i láthair.

Ag tús 2020, bhí an tionchas saoil ab fhearr san Aontas Eorpach (AE) á thuairisciú in Éirinn agus bhí ár bpobal ag féintuairisciú an tsláinte ab fhearr san AE. Bhí an tseirbhís i ndeireadh na feide, áfach, agus ba chomhartha ar an strus sin na tréimhsí feithimh agus na tralaithe. Chun aghaidh a thabhairt air sin, rinneadh leasú de réir a chéile i líon réimsí ar bhealach a bhí ag teacht le beartas *Sláintecare*, idir fhorbairtí seirbhíse chun feabhas a chur ar thaithí na n-othar agus bhealaí nua oibre chun athrú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí. Tacaíodh leis sin trí chleachtaí airgeadais níos déine. Bunaíodh Bord FnaSS chun maoirseacht níos fearr agus rialachas níos láidre a chur ar fáil. Bhí Plean Corparáideach nua á fhorbairt chun ár bhfís a leagadh amach agus ár gcuspóirí a shocrú do na trí bliana amach romhainn.

Bhí ár n-iarrachtaí go léir dírithe ar sheirbhísí sábháilte sláinte agus cúraim sláinte, agus ar aghaidh a thabhairt ar na dúshlán fhadhbhunaithe atá roimh an tseirbhís sláinte, ar a n-áirítear liostaí fada feithimh do chúram sceidealaithe in ospidéal agus tréimhse fada feithimh i rannóga éigeandála, go háirithe do dhaoine aosta agus dóibh siúd

a bhfuil riachtanais chasta acu. I measc na ndúshlán eile, bhíodas ag brath an iomarca ar shamhlacha cónaitheacha cúraim agus bhí easpa seirbhísí leordhóthanacha ann chun cur ar chumas ár ndaonra atá ag dul in aois a neamhspleáchas a choinneáil agus maireachtáil go maith i measc an phobail. Ba chúis mhór imní chomh maith na tréimhsí feithimh do sheirbhísí sláinte meabhraí do pháistí agus aosaigh, agaí tréimhse feithimh do sheirbhísí pobal-bhunaithe ar nós teiripí, agus gan dóthain tacaíochta teaghlach-bhunaithe duinelárnach bheith ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus dá dteaghlach.

Nuair a tháinig COVID-19 chun cinn, athraíodh fócas na gcóras sláinte in Éirinn de réir mar a tharla ar fud an domhain. I rith na bliana ar fad, táimid tar éis an fhreagairt is iontaí a fheiceáil ón bpobal agus ón bhfoireann araon ar fud FnaSS. Thar ceann an Bhoird, táim fíorbhuíoch as tacaíocht an phobail agus as dianobair agus tiomantas gach baill dár bhfoireann, go háirithe iad atá ag obair gan staonadh ag an líne tosaigh. Ba cheart dúinn freisin buíochas a ghabháil le dochtúirí teaghlach, cógaiseoirí agus oibríthe pobal-bhunaithe eile, chomh maith le gach duine atá ag obair inár n-eagraíochtaí chomhpháirtíochta alt 38 agus 39. Ní mó dúinn buíochas a ghabháil chomh maith le páirtithe leasmhara, comhlachtaí ionadaíocha, rialtóirí agus oifigigh sa Roinn Sláinte.

Faoi threoir na bhfoirne comhairle sláinte poiblí, leanfaimid de sheachadadh seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte ar ardchaighdeán a uasmhéadú fad atá COVID-19 ann. Mar chuid den fhreagairt do COVID-19, chuir FnaSS raon tionscnamh nuálach ar bun agus tá deis anois ann dul chun cinn a dhéanamh bunaithe ar na hathruithe sin ar cheart a choimeád amach anseo. Ar an mbealach sin, cinnteoidimid go dtiocfaimid i dtír ar na tairbhí atá bainte amach le linn na géarchéime, agus déanfaimid na tionchair fhadtearmacha ar othair agus ar an bhfoireann chomh beag agus is féidir agus luach a uasmhéadú ag an am céanna.

Anois agus vacsaíní éifeachtacha ar fáil, ní mór dúinn bheith airdeallach agus na rioscaí a bhaineann le COVID-19 maidir le gnáthchúram sláinte a mhaolú. Tarraingíonn an leithdháileadh buiséid an-mhór aird ar an tseirbhís sláinte in 2021 an t-aillíniú láidir straitéiseach atá anois ann idir FnaSS, an tAire Sláinte agus an Roinn aige. Táimid sásta go bhfuil an infheistíocht atá á tabhairt do FnaSS ag cur ar ár gcumas seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann agus táimid meáite ar leasuithe tábhachtacha straitéiseacha a chur ar aghaidh. Táimid ag infheistiú i dtionscnaimh a mheasaimid gurb iad is dóichí a bheidh ina gcúis

le feabhsúcháin shuntasacha ar fheidhmíocht agus seachadadh na seirbhíse sláinte agus táimid tar éis tús áite a thabhairt chomh maith do mhaolú na rioscaí is mó roimh FnaSS de réir mar a sainithníodh inár gClár Rioscaí Corparáideacha.

Ós rud é go bhfuil an daonra ag méadú agus go mbíonn daoine ag maireachtáil níos faide, tá sé ríthábhachtach go bpleanálfar seirbhísí sláinte go héifeachtach ar mhaithe le riachtanais cúraim sláinte amach anseo. Tá orainn an ceart a thuilleamh chun infheistíocht leanúnach a fháil i rith 2021 agus ina dhiaidh sin ach tionchar agus tairbhe na sampla nua sláinte agus cúraim a léiriú i gcomhréir le *Sláintecare* agus de réir mar atá sainaitheanta inár bPlean Corparáideach. Tá deiseanna iontacha ann de bharr na mbealaí nua chun seirbhísí a sholáthar agus cinnteofar go mbeidh an cúram sláinte in Éirinn ar an gcaighdeán is airde i gcónaí, agus go mbeidh an t-othar ag croílár gach a ndéanaimid.

De réir mar a leanaimid ar aghaidh ag maireachtáil le COVID-19, déanaimid sin le dóchas go mbeidh todhchaí níos fearr ann a bhuí le dlúthchomhar láidir sóisialta ár ndaoine, ach beidh na daoine siúd atá imithe ar shlí na fírinne inár gcuimhne go deo. Thar ceann an Bhoird agus FnaSS, déanaim comhbhrón leo siúd go léir a chuaigh faoi léan agus faoi phian i rith na bliana seo caite.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach comhalta den Bhord a d'fhóin i rith na bliana as a dtiomantas agus as a rannchuidiú luachmhar agus leo siúd freisin a chaith a gcuid ama lenár gCoistí Boid. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an Aire Sláinte agus lena chuid oifigeach as an tacaíocht a chuir siad ar fáil maidir leis an dúshlán comhroinnte, agus ar ndóigh lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), Paul Reid, leis an bhfoireann bainistithe aige agus lenár gcomhghleacaithe FnaSS ar fad a rinne obair chomh maith, chomh dian agus chomh nuálach sin i rith na míonna seo caite. Táim ag súil leis go leanfaimid ag obair le chéile agus muid ag iarraidh an tseirbhís sláinte atá tuillte ag ár ndaoine a chur ar fáil.

Meitheal de dhíth arís.



Ciarán Devane

Cathaoirleach Bhord FnaSS

1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais FnaSS 2020 a fhoilsiú.

Bliain inti féin a bhí in 2020, ní hamháin dár seirbhís sláinte, ach don náisiún ar fad. De réir mar a tháinig an scéala chun cinn faoin víreas milteanach COVID-19 a bhí ag teacht amach go luath sa bhliain seo caite, bhí na híomhánna as Wuhan sa tSín agus as Bergamo san Iodáil mar rabhadh lom faoi na dúshláin a bhí romhainn dár seirbhís sláinte agus dár slí maireachtála.

Mar eagraíocht d'ullmhaíomar go cúramach don víreas a bhí ag leathadh ar fud an domhain. Rinneadh plé go luath ar leabaí breise a chruthú laistigh den infreastruchtúr ospidéal a bhí againn cheana agus ar ospidéal phríobháideacha a úsáid. Ach níorbh eol dúinn scála na faidhbe a bhí le teacht – mar shampla, bhí ar FnaSS oibriú i dtosca a bhí deacair thar cuimse chun leibhéil gan fasach de Threalamh Cosanta Pearsanta (TCP) a aimsiú chun oibríthe líne tosaigh a chosaint. Roimh an bpaindéim bhíomar ag caitheamh €15m in aghaidh na bliana ar TCP. In 2020, bhí ár gcaiteachas ar TCP os cionn €900m.

Táim an-tógtha leis an gcaoi a d'oibrigh na daoine a chónaíonn sa tír seo leis an gcóras sláinte poiblí chun an phaindéim a láimhseáil, agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin táim bródúil ach

go háirithe as freagrúlacht na seirbhíse sláinte againn. Níor tharla sé riamh gur chuir an oiread sin daoine athrú i bhfeidhm chomh tapa sin agus ag a raibh tionchar chomh mór sin. Léirítear leis seo tiomantas, dianobair agus buanseasmhacht na foirne atá againn. Ní mór dúinn go leor a fhoghlaim ón bpaindéim seo, agus tá sé tábhachtach súil siar a chaitheamh ar na rudaí a d'oibrigh go maith agus ar na rudaí arbh fhéidir dúinn a dhéanamh níos fearr mar eagraíocht. Is rud é sin ar thugamar tús áite dó i gcaitheamh na bliana agus a rinne eolas dár bpleanáil do 2021 agus ina dhiaidh sin.

Tarraingíodh aird le bliain anuas ar an tábhacht a bhaineann le gníomhú tapa diongbháilte chun freagairt ar an bpaindéim agus, san am céanna, ár míle ndícheall a dhéanamh chun an riosca dár n-othair, ár n-úsáideoirí seirbhíse, ár bhfoireann agus ár bpobal i gcoitinne a mhaolú. Bhí ár bhfreagairt éigeandála i bhfad níos treise dá thoradh sin, agus dá bharr sin bhraith an fhoireann go raibh sé ar a cumas dul ar aghaidh leis an jab a bhí le déanamh.

Le tacaíocht ón Rialtas agus ó na páirtithe leasmhara sa tsláinte ar fad, chuireamar conairí nua cúraim do sheirbhísí COVID-19 agus neamh-COVID-19 i bhfeidhm, mhéadaíomar acmhainn na n-ospidéal, thugamar an acmhainn do sheirbhísí pobail chun cóir leighis a chur ar dhaoine níos gaire don bhaile, agus d'fhorbraíomar agus ghlacamar le teicneolaíocht Ríomhshláinte ar ráta gan fasach. Bíodh is gur as tosca deacra a tháinig na hathruithe seo, tá siad ag teacht lenár dtreo fadtéarmach mar chuid de *Sláintecare* agus táim tiomanta dona chinntiú go mbeidh cuid mhór de na bealaí nua oibre sin ann i gcónaí amach anseo.

Is léir gur gá dúinn ár bhfreagairt COVID-19 a choinneáil go dtí go déanach in 2021 agus ár seirbhís sláinte a dhéanamh níos seasmhaí in aghaidh teagmhas gan choinne ar nós paindéim nua amach anseo. Caithfidimid a chinntiú go méadóimid cumas agus saineolas araon laistigh den infreastruchtúr atá againn sa chaoi go mbeimid in ann méadú nuair is gá, agus idir an dá linn solúbthacht, comhpháirtíocht agus nuálaíocht a choinneáil inár gcóras.

Ar leibhéal pearsanta, táim faoi bhrón mar gheall ar na daoine a cailleadh de bharr na paindéime millteanaí seo. Cuimhnimid ach go háirithe ar na hoibríthe cúraim sláinte a cailleadh mar gheall ar COVID-19. Bíodh is gur tragóid mhór é gur cailleadh duine ar bith, bhí sé deacair thar cuimse comhghleacaithe dílse a chailleadh a tháinig chun na hoibre chun sinn a chosaint agus chun an pobal a chosaint. Beidh siad inár

gcuimhne i gcónaí. Tuigim go rímhaith chomh maith an íobairt ollmhór a rinne an-chuid daoine. Aithním an ciapadh a chuir an phaindéim seo ar an oiread sin daoine agus táim an-bhuíoch as an leibhéal comhoibre agus tuisceana a léirigh an oiread sin othar, úsáideoirí seirbhísí agus teaghlach nuair a cuireadh isteach ar ghnáthsheirbhísí sláinte agus cúraim sláinte.

Táim an-dóchasach maidir leis an gcineál sochaí a gheobhaimid ar ais cé go n-aithním go mbeidh cuma eile ar rudaí. Creidim go mbeimid níos láidre agus sinn ag teacht amach as an gclár vacsaínithe. Táimid ag dul ar aghaidh go maith ag baint leasa as na vacsaíní atá le fáil againn faoi láthair agus tá súil againn le níos mó a fháil sna míonna amach romhainn. Tá dóchas ann chomh maith maidir le patrúin tras-seolta an víris agus daoine a bheith ag dul isteach san ospidéal le COVID-19. Táimid faoi láthair i gcéimeanna deiridh na tríú ráige de COVID-19 agus tá feabhas ag teacht ar na príomhtháscairí. A bhuí le hiarrachtaí ollmhóra na saoránach é sin, agus le hobair neamhleithleach na foirne go léir atá againn agus le tacaíocht róluachmhar an Bhoird. Tá an náisiún ar fad in bhur gcomaoín de bharr na seirbhíse a thug sibh. Ar na hócáidí ba bhródúla a bhí agam sa bhliain seo caite, fuair mé glaoch ó Uachtarán Michael D. Higgins, chun a bhuíochas ó chroí a chur in iúl thar ceann mhuintir na hÉireann don foireann ar fad atá ag obair le FnaSS. Mar an gcéanna leis an Uachtarán, tá an bród céanna agam as ár bhfórsa oibre.

Paindéim COVID-19

Tugadh aghaidh ar an-chuid dúshlán mór sa bhliain seo caite, agus baineadh amach an-chuid dul chun cinn. Tuairiscíodh na chéad cásanna COVID-19 sa tSín i mí na Nollag 2019. Ó go luath in 2020 ar aghaidh, d'ullmhaíomar sinn féin do bhliain ina mbeadh na seirbhísí sláinte faoi an-bhrú ar fad. I mí Eanáir, thionól mé an chéad chruinniú riamh d'Fhoireann Náisiúnta Bainistíochta na Géarchéime ag FnaSS chun ár bhfreagairt ar an bpaindéim a phleanáil – foireann a tionóladh 67 uair i gcaitheamh na bliana. Cuireadh tús lenár n-ullmhúcháin láithreach ag ráta tapa. Níor mhór gach gné den fhreagairt ar COVID-19 a bhfuilimid dulta in aithne air anois a thógáil ó na chéad phrionsabail nó a oiriúnú ónár ngnáthbhealaí oibre. D'eagraíomar freagairt sláinte poiblí tar éis don chéad chás dearfach a bheith deimhnithe in Éirinn, agus tuairiscíodh an chéad bhás bainteach le COVID-19 ar 11 Márta 2020. Go brónach, cailleadh breis is 2,200 duine in Éirinn in 2020 de bharr na paindéime – comhshaoránaigh a gcuimhneofar go deo orthu.

Mar gheall ar cé chomh nua is a bhí an víreas agus ar scála na paindéime, bhí ar FnaSS foghlaim go han-tapa ar nós an-chuid córas sláinte poiblí eile. Tá cuid de na foirne is fearr oile ar domhan againn, áfach, agus bhí sé seo, mar aon le leibhéal arda inspreagtha ar fud na heagraíochta ina chuidiú dúinn go háirithe i rith na dtreimhsí ba ghéire den phaindéim. Bhí freagairt an phobail ina thaca láidir le beartas agus freagairt oibríochtúil ar COVID-19. Thuig muintir na hÉireann ón tús tábhacht an ról a bhí acu féin le cosc a chur ar thras-seoladh COVID-19. Trí thoilú lenár n-iompraíocht laethúil a mhodhnú agus trí chloí go toilteanach leis an treoir sláinte poiblí, d'éirigh linn an chéad ráig den phaindéim a chosc, agus d'éirigh linn an dara ráig in 2020 a chur faoi smacht.

Mar gheall go raibh an scéal ag athrú i gcónaí, ní raibh an t-eolas ná an t-am againn i gcónaí réitigh a oibriú amach ag na leibhéil chomhordacha ba ghnách. Ní raibh an dara rogha againn ach cinntí a ghlacadh agus oibriú ag ráta tapa, agus cé go bhfuil míbhuntáistí ag baint leis seo cinnte, thug sé níos mó neamhspleáchais don lucht foirne trí dheiseanna cinnteoireachta níos áitiúla a thabhairt dóibh.

Forbairtí 2020

In ainneoin an chur isteach de bharr COVID-19, rinneamar dul chun cinn i rith 2020 ar roinnt forbairtí straitéiseacha agus oibríochtúla.

Sular tháinig COVID-19 chun cinn, choimisiúnaigh mé Athbhreithniú Lárionaid Chorporáidigh FnaSS chun struchtúr níos éifeachtaí a chur ar bun chun tacú le seachadadh seirbhíse, agus chun a chinntiú gur i seirbhísí sláinte na líne tosaigh a bhíonn ár n-acmhainní infheistithe a mhéid is féidir. Tá taithí againn ar a bheith ag déileáil le COVID-19, tugadh léargas róluachmhar dúinn maidir le conas na bealaí comhoibre is fearr a tháinig as an ngátar a neadú go buan. Tá sé níos soiléire ná mar a bhí riamh gur gá dúinn ár bpróisis bainistíochta a shruthlíniú chun go mbeidh níos mó cinntí déanta ag na daoine cearta ag leibhéal an ospidéal agus an phobail. Ó Dheireadh Fómhair i leith, tionóladh cruinnithe de pháirtithe leasmhara agus ceardlanna deartha agus iad ag díriú go príomha ar chásanna tras-fheidhmiúla a chlúdaigh raon topaicí ar a n-áiríodh pleanáil seirbhíse, sláinte agus folláine agus seirbhís a fheabhsú, agus ar fhorbairt struchtúr eagraíochtúil i gcomhair oibríochtaí comhtháite agus feidhmeanna clínicíúla. Tionólfar na gníomhaíochtaí deartha do na feidhmeanna eile in 2021.

I Meitheamh 2006, foilsíodh *An Fhís a Roinnt – Beartas Meabhairshláinte do Gach Duine*, an straitéis a tháinig i ndiaidh *Fís don Athrú* a foilsíodh den chéad uair in 2006. Straitéis é seo atá ailínithe go hiomlán le *Sláintecare*, *An Fhís a Roinnt*, agus tá sé dírithe ar rochtain níos leithne a chur ar fáil d'othair ag leibhéal an chúraim príomhúil áit is féidir, mar aon le tacaíocht d'úsáid mhéadaithe idirghabhálacha digiteacha sláinte. Áitítear sa bheartas go soláthrófaí bealaí breise rochtana ar chóir leighis, áit a mbíonn úsáideoirí seirbhíse san áireamh i bpleanáil cúraim agus áit a mbíonn torthaí na n-idirghabhálacha a chuirtear ar fáil tomhaiste. Ó Mheitheamh i leith, tá breis is 100 beart curtha ar aghaidh ag FnaSS ata comhtháite i Mapa Bóthair Feidhmithe.

Tiontaíodh clár CervicalCheck FnaSS ina scagthástáil cheirbheacsach don víreas papilloma daonna (HPV) mar a beartaíodh i Márta. Cé gur stadadh seirbhísí ansin mar gheall ar thionchar na paindéime, nuair a atosáíodh an clár bhí na tástálacha scagthástála CervicalCheck go léir tiontaithe ina scagthástáil cheirbheacsach HPV anois le cíteolaíocht leanta suas má ba ghá. Bunaithe ar fheabhsúcháin mhóra eolaíochta, teicneolaíochta agus taighde ar fhorbairt na hailse ceirbheacsáil, tá scagthástáil cheirbheacsach HPV anois ar an scagthástáil príomhúil is fearr dá bhfuil ar fáil.

Cuireadh an-chuid tionscadal caipitil chun cinn in 2020, ar a n-áiríodh an tSeirbhís Náisiúnta Fhoirínseach Sláinte Meabhráí Phort Reachrann, bloc nua leabaí ag Ospidéal na hOllscoile Luimneach, an tOspidéal Náisiúnta Athshlánaithe agus obair leanúnach ar Ospidéal Náisiúnta na Leanaí. Chuaigh obair ar aghaidh chomh maith ar aonad i Lárionad Othar Seachtrach agus Cúraim Éigeandála Connolly i rith na bliana.

Feidhmíocht

Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar ár gcumas chun cuspóirí agus spriocanna ár *bPlean Náisiúnta Seirbhíse 2020* a bhaint amach. Tharla an tionchar ba shuntasáil nuair a stadadh gach cúram neamhphráinneach i Márta de réir mholadh na Foirne Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus an Rialtais. Cuireadh tús le tabhairt ar ais céimnithe gníomhaíochta roghnaí ar 5 Bealtaine i gcomhréir le treoir náisiúnta agus idirnáisiúnta chliniciúil. Is lú an líon othar ar féidir déileáil leo ná mar a bhí roimh an bpaindéim de bharr na mbeart riachtanach srianta ionfhabhtuithe ar a n-áirítear scagthástáil othar, bearta TCP agus glanadh breise seomraí agus trealaimh.

Roimh thús na paindéime, bhí toradh ag teacht de bharr ár n-iarrachtaí leis an gcúram sceidealta maidir le liostaí feithimh a laghdú. Cuireadh na feabhsúcháin seo i gcrích mar thoradh ar bhearta dírithe FnaSS, agus muid ag obair i gcomhar leis na Grúpaí Ospidéil agus le tacaíocht ón gCiste Náisiúnta Ceannaigh Cóireála (NTPF). Ach chuaigh COVID-19 i gcion go diúltach ar na feabhsúcháin seo agus tá na liostaí feithimh níos mó anois ná mar a bhí ag tús na paindéime. Chun freastal ar an riachtanas agus chun éifeacht éigin a fháil ar ais maidir le déileáil le liostaí feithimh d'fhorbair FnaSS, i gcomhar le NTPF agus Roinn na Sláinte, Plean Aicsein do Rochtain ar an gCúram do 2021. Tacóidh sé seo le rochtain bhreisithe ag othair, othair chónaitheacha, cásanna lae, CG scóp agus othair sheachtracha san áireamh, tríd an NTPF, soláthraithe príobháideacha agus laistigh de shuíomhanna agus seirbhísí FnaSS.

Chuaigh COVID-19 i gcion chomh maith ar chúram neamhsceidealta do dhaoine ag freastal ar rannóga éigeandála (EDanna) agus bhí líon na láithrithe éigeandála agus an líon tralaithe a taifeadadh i suíomhanna géarmhíochain i bhfad níos lú ná mar a bhí sa bhliain roimhe sin.

Mar gheall ar infheistíocht sprioc-dhírithe i gcúram príomhúil agus pobail, tá laghdú tagtha ar an líon daoine ag feitheamh ar thacaíocht bhaile ó Eanáir i leith. Bhí sé seo chomh maith ina chuidiú lenár líon aistrithe moillithe cúraim a choinneáil go dearfach faoi bhun na sprice. Chuaigh COVID-19 i gcion go diúltach ar theiripí cúraim príomhúil agus ar a n-acmhainn leanúnach mar gheall ar an ngá le bearta coisc agus srianaithe infhabhtuithe (IPC). Tá an céatadán othar atá ag feitheamh ar feadh tréimhse níos lú ná 52 seachtain do theiripe urlabhra agus teanga, fisiteiripe, teiripe shaothair agus síceolaíocht go léir faoi bhun na sprice. B'fhearr a chruthaigh cúram maolaitheach agus seirbhísí sláinte meabhráil do pháistí agus déagóirí (CAMHS), mar gur sháraigh siad na spriocanna maidir le tréimhsí feithimh. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon measúnuithe riachtanais míchumais le míonna beaga anuas agus táimid chun an liosta feithimh a ghlanadh de réir sprice in 2021.

Straitéis agus Pleanáil

Ba bhliain as an ngnách 2020, ní hamháin dár seirbhísí oibríochtúla ach dóibh siúd chomh maith a bhí gafa leis na seirbhísí sin a phleanáil. De bharr COVID-19, tháinig athrú ó bhonn ar an gcaoi is féidir seirbhísí cúraim sláinte a sheachadadh agus a rochtain go sábháilte, agus bhí orainn ár bpleanáil agus ár samhla seachadta seirbhíse a chur in oiriúint dá réir sin. In ainneoin na ndúshlán a ghabh leis, cuireadh dlús le bunathruithe seirbhíse a bhí molta leis na blianta fada nuair a bhí orainn seirbhísí a sheachadadh i dtimpeallacht COVID-19, bunathruithe a bhí ailínithe le *Fís Sláintecare*. Tá siad seo le feiceáil ach go háirithe sna réimsí Ríomhshláinte, cúram arna sheachadadh sa phobal agus imeascadh seirbhíse. I dteannta leis an dul chun cinn ábhartha atá bainte amach, tá muinín tugtha

do FnaSS agus dár bpáirtithe leasmhara leis an mbunathrú seo go bhfuilimid in ann athrú suntasach a chur i gcrích laistigh de thréimhse ghearr. Tar éis na chéad ráige d'ionfhabhtuithe COVID-19, thapaigh FnaSS an deis am agus dúthracht a infheistiú i bpleanáil shuntasach straitéiseach, chun sinn a ullmhú do na dúshláin arbh eol dúinn go raibh siad ag teacht.

Forbraíodh *Service Continuity in a COVID Environment – A Strategic Framework for Delivery* chun tabhairt ar ais seirbhísí a ndeachaigh COVID-19 i gcion orthu a threorú agus an cur isteach leanúnach a íoslaghdú. Chuir an Creat Straitéiseach treoir náisiúnta ar fáil chun tacú le feidhmiú áitiúil agus d'éascaigh sé athoscailt na coda is mó dár seirbhísí pobail agus géarchúraim faoi dheireadh na bliana. Tá leas bainte as an gCreat agus as an gcomhairle leanúnach ón Lárionad Faireachais Cosanta Sláinte (HPSC) ag Seirbhísí chun bearta cuí IPC a phleanáil agus a eagrú, rud a theastaíonn chun othair agus foireann a choinneáil sábháilte ó riosca ionfhabhtaithe COVID-19 arna fháil sa chúram sláinte.

Plean Corparáideach 2021-2024

Forbraíodh Plean Corparáideach FnaSS in 2020, ina leagtar amach na gníomhartha is tábhachtaí a bheimid ag tabhairt fúthu thar na trí bliana amach romhainn chun feabhas a chur ar ár seirbhís sláinte agus sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann. Is é ár bhfís go mbeidh Éire níos sláintiúla ann, ina bhfuil an cúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart. Tá tús curtha lenár bPlean Corparáideach ag am ina bhfuil an-chuid neamhchinteachta i gcónaí ann. Tá an cur chuige glactha againn tús áite a thabhairt do líon beag bunathruithe móra seirbhíse, lena ligtear dúinn ár n-iarachtaí agus acmhainní a dhíriú ar fheabhsúcháin shuntasacha. Beidh an cur chuige feidhmithe againn, in éineacht le fócas 'aon fhoirne amháin' ar othair, úsáideoirí seirbhíse, teaghlaigh agus an pobal mar threoir againn de réir mar a thugaimid aghaidh ar na dúshláin nua agus sheasmhacha, an cúram is fearr a chur ar fáil san áit cheart, nuair is mó a theastaíonn sé ónár n-othair.

Clár Vacsáinithe

Príomhghné den fhreagairt leanúnach ar phaindéim COVID-19 is ea feidhmiú an Chláir Vacsáinithe náisiúnta in aghaidh COVID-19 atá sábháilte, éifeachtach agus atá ag obair i dtimpeallacht atá ag éabhlóidiú i gcónaí.

I mí na Nollag, thug an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach faomhadh d'úsáid na Vacsáine Pfizer/BioNTech COVID-19. Ar 26 Nollaig ghlac mé leis an gcéad seachadadh den vacsaín seo do FnaSS. Ba lá cinniúnach an lá sin agus ba léir an dóchas a bhí ag gach duine a bhí i láthair ag an áis fuarstórála sraithe. De thoradh air seo fuair an chéad duine in Éirinn an vacsaín COVID-19 ar 29 Nollaig in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Ó shin i leith ceadúnaíodh dhá vacsaín eile COVID-19 lena n-úsáid in Éirinn, is iad sin Moderna agus AstraZeneca. Tá líon vacsaíní eile i gcéimeanna deiridh an cheadúnaithe agus an fhaofa. Tá soláthairtí vacsaíní á dtáirgeadh ach tá siad teoranta, agus tugtar vacsaíní a luaithe is féidir tar éis dóibh teacht go hÉirinn. Is iad ár dtosaíochtaí an tsábháilteacht agus obair a dhéanamh chun daoine a chosaint chomh tapa agus is féidir linn. Céim an-mhór ar aghaidh é chun teorainn a chur le tionchar COVID-19 is ea vacsaín shábháilte, éifeachtach a bheith againn.

Conclúid

Ba bhliain inti féin í 2020. Mar dhaonra agus mar sheirbhís sláinte tá aghaidh tugtha againn ar dhúshláin mhóra ach tá sé léirithe againn go bhfuilimid in ann cur le chéile, ag nuáil agus ag cur ár gcleachtas in oiriúint. Is é an dúshlán atá romhainn anois ná foghlaim ón taithí chomhchoiteann seo agus na gnéithe dearfacha a thógáil isteach inár mbealach oibre, agus muinín againn go dtiocfaimid amach as an bpaindéim le córas sláinte níos láidre, níos aontaithe agus níos imeasctha.

Míle Buíochas.



Paul Reid

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin





2

Comhthéacs agus Treoir Straitéiseach

- 2.1 Timpeallacht COVID-19
- 2.2 Déanann Sláinte ár nDaonra Eolas do Sholáthar na Seirbhísí
- 2.3 Plean Seirbhíse Náisiúnta agus Plean Caipitil 2020
- 2.4 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú Chun Cinn
- 2.5 Ag Ullmhú don Bhreathnóireacht

2.1 Timpeallacht COVID-19

Ar 31 Nollaig 2019, chuir an tSín an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) ar an airdeall faoi dhiagnóis roinnt cásanna de niúmóine neamhghnách in Wuhan i gcúige Hubei Lárnach na Síne. Sainaitníodh coróinvíreas nua (2019-nCoV) go foirmeálta ar 7 Eanáir 2020 agus tuairiscíodh an chéad bhás bainteach leis ar 11 Eanáir. Tuairiscíodh an chéad chás de 2019-nCoV san Eoraip sa Fhrainc ar 24 Eanáir 2020, agus ar 30 Eanáir d'fhógair an EDS gur éigeandáil phoiblí sláinte agus cúis imní idirnáisiúnta ab ea 2019-nCoV (dár dtagraíodh faoin tráth sin mar COVID-19).

Tharla an chéad tuairisc de COVID-19 in Éirinn ar 28 Feabhra 2020 agus tuairiscíodh an chéad chás Éireannach an lá dár gcionn. Tharla an chéad bhás a bhaineann le COVID-19 in Éirinn ar 11 Márta 2020, agus faoin am sin ba mhó ná 118,000 an líon cásanna ar fud an domhain, thar 114 tír, agus d'fhógair an EDS gur phaindéim a bhí in COVID-19. Faoi dheireadh 2020 bhí breis is 70 milliún cás agus breis is 1.6 milliún bás ar fud an domhain.

I gcomhthéacs an scéil faoi COVID-19 a bhí ag teacht chun cinn san Eoraip agus ar fud an domhain, chuir FnaSS tús lena bprótacail bainistithe éigeandála, agus tionóladh cruinniú d'Fhoireann Náisiúnta Bhainistithe na Géarcheime FnaSS, agus an POF mar Chathaoirleach air, ar 27 Eanáir 2020 agus ina dhiaidh sin i gcaitheamh na bliana chun freagairt FnaSS ar an bpaindéim a threorú, a bhainistiú, a stiúradh agus a chomhordú. Thacaigh Bord FnaSS le gach iarracht agus thug sé údarás don POF faomhadh a thabhairt do chaiteachas a bhain leis an bpaindéim (ar é bheith faofa ag RnaS agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA)) agus tairiscintí ar bith cabhrach a ghlacadh ón earnáil phríobháideach chomh maith. Ar an lá céanna, bhunaigh RnaS Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHE) do COVID-19, agus an Príomhoifigeach Leighis mar chathaoirleach air, chun maoirsiú, treoir, tacaíocht agus sainchomhairle a chur ar fáil don chóras sláinte ar fad agus don tseirbhís phoiblí ar fad, maidir le COVID-19.

Ar 3 Márta 2020 bhunaigh an Rialtas Coiste Comh-aireachta nua chun na tionchair sláinte, sóisialta agus geilleagracha de bharr leathadh féideartha COVID-19 a mheasúnú. Áiríodh ar obair an Choiste Comh-aireachta aghaidh a thabhairt ar thionchair, bearta maolaithe agus teagmhais do cheisteanna tras-earnálacha a thíocfadh chun cinn. Faomhadh Plean Náisiúnta Aicsein a chinntigh go mbeadh freagairt na hÉireann ar COVID-19 faoi threoir na sláinte poiblí, agus go mbeadh scála tras-rialtas ag baint leis.

Ar 9 Márta 2020, agus forbairt á déanamh ar an obair phleanála a tugadh faoi cheana i bhFeabhra, bhunaigh FnaSS Mol Oibríochtaí Náisiúnta Comhtháite (INOH), agus an Príomhoifigeach Oibríochtaí mar Chathaoirleach air, chun maoirsiú lárnach ar an bhfreagairt oibríochtúil ar COVID-19 a chinntiú. Bhí an grúpa ildisciplíneach seo gafa go díreach le sruthanna oibre a athbhreithniú, a phleanáil, a chomhordú agus a threorú chun a chinntiú go mbeadh FnaSS ullamh, mar aon leis na próisis agus seachadadh pleananna agus freagairtí laistigh de chóras cúraim sláinte. Bhí an Príomhoifigeach Cliniciúil ina chathaoirleach ar Ghrúpa Sinsearach Cliniciúil agus bhí Foirne Freagartha Cliniciúla á stiúradh laistigh den FnaSS mar fhreagairt ar ráig COVID-19. Bhí an grúpa freagrach chomh maith as an gconair cúraim a fhorbairt do COVID-19 agus áiríodh air sin tacaíocht do threoir chliniciúil.

Amlíne COVID-19

31 Nollaig 2019

EDS ar an airdeall maidir le diagnóis roinnt cásanna de niúmóine neamhghnách in Wuhan, an tSín

7 Eanáir 2020

Coróinvíreas nua (2019-nCoV) sainaitheanta go foirmeálta

11 Eanáir 2020

An chéad bhás bainteach tuairiscithe

24 Eanáir 2020

An chéad chás 2019-nCoV tuairiscithe san Eoraip

30 Eanáir 2020

D'fhógair EDS gurbh éigeandáil sláinte poiblí 2019-nCoV a bhí ina chúis imní idirnáisiúnta

29 Feabhra 2020

Tuairiscítear an chéad chás de COVID-19 in Éirinn

11 Márta 2020

An chéad bhás a bhaineann le COVID-19 in Éirinn

Leis an bhfógra ón EDS ar 11 Márta 2020 tháinig moladh don Rialtas ó NPHET go mbogfadh Éire ar aghaidh chuig an gcéim ‘moill’. Ar 12 Márta 2020 d’fhógair an Rialtas go ndúnfaí gach scoil, coláiste, áis cúraim leanaí, agus institiúid chultúrtha. Cuireadh béim ar an ngá le scaradh sóisialta agus eisíodh treoracha maidir le cruinnithe ollmhóra faoi dhíon agus amuigh faoin aer. Ar 15 Márta 2020, dhún an Rialtas gach teach tábhairne, beáir agus beáir óstán.

Le linn na céime moille, bhíothas ag dréim le méadú mór ar an líon cásanna dearfacha COVID-19, agus mar fhreagairt air sin d’fhorbair FnaSS clár náisiúnta, tapa, bainistithe teagmhála ar scála mór i gcomhair rianú teagmhála, rud a chuir ar chumas FnaSS slabhraí tarchuir COVID-19 a shainaithint go tapa agus a dhúnadh síos. Chuir FnaSS ar bun raon beart chun an víreas a thuiscint agus foghlaim faoi, agus san áireamh leis sin bhí freastal ar chomhdháil fiseáin arna éascú ag Ambasadóir na Síne chuig Éirinn idir pearsanra tábhachtacha FnaSS agus ceannairí cliniciúla agus oibríochtúla as Hubei Province na Síne, iar-eipealár an víris.

Bhí FnaSS in ann tarraingt ar chuid den fhoireann ab fhearr oile ar domhan agus in éineacht le hardleibhéil inspreagtha i measc na heagraíochta – mar aon le tacaíocht agus comhoibriú ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile agus leis an bpobal ach go háirithe – d’fhreagair Éire go maith ar na dúshláin ollmhóra a bhain leis an bpaindéim in 2020. Thuig muintir na hÉireann ón tús tábhacht an róil a bhí acu féin le cosc a chur ar thras-seoladh COVID-19. Trí iompraíochtaí laethúla a mhodhnú agus trí chloí go deonach leis an treoir sláinte poiblí, d’éirigh le hÉirinn an chéad ráig den phaindéim a chosc agus an dara ráig a thabhairt faoi smacht. Ó bhuaic de bhreis is 1,000 cás nua in Aibreán 2020 tháinig laghdú ar an líon cásanna nua go dtí faoi bhun cúig in Iúil 2020 agus cé go raibh buaic arís ar na cásanna i bhfómhar 2020 ag breis is 1,200 cás nua in aghaidh an lae, leis an tiomantas do bhearta sláinte poiblí bhí an ráta teagmhais COVID-19 14 lá ab ísle san AE ag Éirinn faoi 8 Nollaig 2020.

Ar an drochuair, níor lean an treocht ar aghaidh go dtí 2021 agus d’fhág an tríú ráig go luath i mbliana an córas sláinte faoin mbrú ba mhó go nuige sin.

In ainneoin dianobire agus tiomantais do bhearta sláinte poiblí, bhí dhá ráig ionfhabhtaithe ann, 91,779 cás dearfach agus, an rud ba thragóidí, 2,237 bás in 2020, ar a n-áirítear báis oibrithe cúraim sláinte. Chuaigh paindéim COVID-19 i gcion ar gach aon duine ina chónaí in Éirinn agus chruthaigh sé an-dúshláin i rith na bliana seo caite, na brúnna ar ár gcóras san áireamh, an gá le cuid de na seirbhísí a stad agus ar ndóigh an chailliúint agus an brón a chruthaigh an phaindéim seo. Braithfear tionchar fadtéarmach an víris ar feadh tréimhse fhada in earnáil na sláinte. Chuaigh an gá le díriú ar an bpaindéim i gcion go dian ar sheirbhísí. Crádh an-chuid pobal agus teaghlach mar thoradh ar an ngá le coinní a chur ar ceal, seirbhísí tacaíochta agus lae a dhúnadh, agus cóiréail a chur ar athló. Áit a raibh dulta i gcion ar sheirbhísí, admhaítear agus tuigtear gur líon teaghlaigh, cúramóirí agus oibrithe deonacha eile an folúntas, daoine a chuidigh níos mó ná riamh i gcaitheamh na paindéime.

I bhfianaise mhéid an dúshláin, áfach, agus an méid atá bainte amach ag an gcóras sláinte sa bhliain seo caite, is iomaí rud is cúis bróid dúinn. Foghlaimíodh méid ollmhór, tógadh seirbhísí, cuireadh an cleachtas in oiriúint agus freagraíodh ar riachtanais i mbealaí gan fasach, agus tógadh muinín agus tacaíocht an phobail, an rialtais agus gach réimse den tsochaí.

Beidh infhaighteacht vacsaíní sábháilte, éifeachtacha go lárnach i mbainistiú thionchar COVID-19 agus muid ag dul ar aghaidh. I Nollaig 2020, thug an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) faomhadh d’úsáid na Vacsaíne Pfizer/BioNTech COVID-19 agus cuireadh tús leis an rolladh amach in Éirinn ag deireadh 2020. Thug an EMA faomhadh chomh maith d’údarú coinníollach margaithe don vacsaín COVID-19 arna forbairt ag Moderna. I rith 2021, tabharfar na vacsaíní seo agus vacsaíní faofa eile, ar bhonn tosaíochta, do dhaonra na hÉireann tríd an gClár Náisiúnta Vacsaínithe.

Leagtar amach sonraí faoin bhfreagairt seirbhíse ar phaindéim COVID-19 ó gach aon aonad oibríochta de FnaSS i Rannán 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

2.2 Déanann Sláinte ár nDaonra Eolas do Sholáthar na Seirbhísí

Tá FnaSS freagrach as cúram sláinte a chur ar fáil do dhaoine na hÉireann, a mheastar ag 4.98 milliún in Aibreán 2020. Is ionann é seo agus méadú de 55,900 ar an daonra ó Aibreán 2019 agus is iad an méadú seo agus an méadú de 64,500 a tharla in 2018/2019, na méaduithe bliantúla is mó ó 2008. Tá fás ag teacht ar an daonra i measc gach réigiúin agus aois-ghrúpa, agus is ar na haois-ghrúpaí aosta is mó atá fás ag teacht. Tá an t-ionchas saoil in Éirinn os cionn an mheáin san AE anois, rud a léiríonn an rath a bhí ar an tacaíocht do dhaoine chun an dea-shláinte a choinneáil agus ar an rochtain a tugadh dóibh ar sheirbhísí éifeachtacha cúraim sláinte le linn breoiteachta. In 2020, in ainneoin an fhócais ba ghá ar an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19, leanadh ar aghaidh leis an obair chun cothromaíocht a chinntiú idir freagairt ar bhreoiteacht agus an dea-shláinte agus an cosc ar ghalair a chumasú.

Aosú an Daonra

Is é an méadú ar chéatadán agus líon na ndaoine aosta an t-athrú is suntasaí ar struchtúr an daonra sna deich mbliana a chuaigh thart. Tháinig méadú de 35.2% ar líon na ndaoine 65 bliain d'aois nó os a chionn sin ó 2009, breis is dhá oiread mheán an AE, ar 16% é, sa tréimhse chéanna. Tugann na réamh-mheastacháin is déanaí ar an daonra le fios go mbeidh méadú de 38% ar líon na ndaoine os cionn 65 bliain d'aois faoi 2031 agus méadú de 68% ar an daonra os cionn 85 bliain d'aois.

Tá aosú an daonra ina dhúshlán suntasach don phleanáil seirbhíse sláinte, agus bhí sé sin níos measa i mbliana de bharr thionchar COVID-19. Tá an ráta cúraim mar othair san ospidéal breis is seacht n-oiread níos mó i measc daoine 65 bliain d'aois agus os a chionn sin, agus 14 uair níos mó ina gcás siúd atá 80 bliain d'aois agus os a chionn, i gcomparáid le daoine atá 64 bliain d'aois agus faoina bhun sin. Tá an rud céanna le feiceáil sna seirbhísí sláinte eile, cúram príomhúil agus cúram pobail san áireamh.

Sláinte an phobail

Tá an t-ionchas saoil do mhná tar éis méadú dhá bhliain agus 2.5 bliain d'fhir ó 2008. Bhí mná ag maireachtáil go 84.1 bliain agus fir go 80.5 bliain in 2018. Ba é an laghdú sna rátaí mortlaíochta a bhain leis na galair mhóra ar an gcúis ba mhó leis an méadú ar an ionchas saoil. Tá an t-ionchas saoil patrúnaithe go sóisialta, áfach, agus tá sé níos ísle i gcónaí i gcás oibríthe neamhoilte i gcomparáid le hoibrithe gairmiúla.

Is iad an ailse, galar cardashoithíoch agus galar riospráide na trí ghalar ainsealacha is coitianta, iad ina gcúis le trí cheathrú de na básanna in Éirinn, cé go bhfuil laghdú tagtha ar an mórgóir ar na rátaí mortlaíochta atá caighdeánaithe de réir aoise. Tá galar ainsealach amháin nó níos mó ná sin ag tuairim is 32% díobh siúd atá os cionn 18 bliain d'aois faoi láthair.

Leis na deich mbliana seo caite tá laghdú ag teacht ar tharlú na hailse arna choigeartú de réir aoise in Éirinn go mall i gcás na bhfear agus tá sé cobhsaí i gcás na mban. Mar sin féin, más rud é go bhfanann an riosca ailse cobhsaí, beidh de thoradh ar na hathruithe déimeagrafacha go dtiocfaidh méadú faoi dhó nó mar sin ar líon na n-aillsí (ailse craicinn neamh-mheileanóma as an áireamh) go dtí 43,000 cás ar an iomlán faoi 2045.

Baineadh na gnóthachtálacha is mó amach san ionchas saoil i measc na n-aois-ghrúpaí aosta, mar gheall ar an laghdú ar na rátaí mortlaíochta ó ghalair mhóra

Laghdaíodh na rátaí mortlaíochta leis na deich mbliana a chuaigh thart – laghdú de 25.1% ar na rátaí mortlaíochta ó ghalair den chóras imshruthaithe, rátaí báis riospráide de 10.5% agus rátaí báis ón ailse de 10%

Tá laghdú tagtha ar na rátaí féinmharaíthe de 37.8% idir 2009 agus 2018 – Tá teachtanna i láthair ag an ospidéal de bharr féindochair os cionn na norm Eorpach, áfach, agus mar an gcéanna le féinmharú san aois-raon 15-19

Le blianta beaga anuas tá laghdú mall ag teacht ar tharlú na hailse arna choigeartú de réir aoise in Éirinn i gcás na bhfear agus tá sé cobhsaí i gcás na mban – creidtear, áfach, go méadófar faoi dhó nó tuairim air sin ar an líon glan diagnóisí ailse go dtí 43,000 faoi 2045 mar gheall ar fhás agus aosú an daonra

Ciallaíonn anbhainne an chailliúint cúltacaí diaidh ar ndiaidh thar ilchórais an choirp agus meastar go bhfuil sé dulta i gcion ar 12.7% d'aosaigh 50 d'aois nó os a chionn sin agus 21.5% de dhaoine 65 d'aois nó os a chionn sin in Éirinn. Fachtóir suntasach riosca é do thitim, do mheath sa mheabhairshláinte agus sa chognaíocht, agus don mhíchumas i measc daoine fásta níos sine, rud is cúis le gá méadaithe le seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta.

Ba é an ráta féinmharaithe in 2018 ná 9 in aghaidh 100,000 (básanna a cláraíodh go mall as an áireamh) ráta atá faoi bhun mheán an AE d'fhir agus mná. Tá teachtanna i láthair san ospidéal mar gheall ar fhéindochar, áfach, (11,600 in 2017) mar aon le féinmharú sa chohórt aoise 15-19 os cionn meán Eorpach. Ba é 206 in aghaidh 100,000 an ráta caighdeánaithe de réir aoise do dhaoine ag teacht i láthair san ospidéal tar éis féindochar in 2019. Bhí sé seo 2% níos ísle ná an ráta in 2018 agus 8% níos ísle ná an buaicráta a taifeadadh in 2010 (223 in aghaidh 100,000).

Tuairiscíodh i nDaonáireamh 2016 go raibh breoiteacht nó deacracht fhadtéarmach a bheadh mar chomhartha ar mhíchumas ar 643,000 duine (13.5%). B'ionann é seo agus méadú de 48,000 (8%) ó 2011. Astu seo bhí 224,000 (34.9%) in aois 65 bliain agus os a chionn sin agus bhí 59,000 (9.2%) faoi bhun 15 bliain d'aois.

Deitéarmanaint Shóisialta na Sláinte agus Grúpaí Imeachaí

Deitéarmanant rithabhachtach de stádas sláinte an timpeallacht shóisialta againn. Tá an bochtanas, an stádas socheacnamaíoch agus an tsláinte idirnasctha go láidir. Tuairiscíodh i nDaonáireamh 2016 go raibh 22.5% den daonra gan chosaint ar an míbhuntáiste agus gur tháinig méadú 9.1% ar an líon a bhí gan chosaint ar an míbhuntáiste idir 2011 agus 2016, agus gur tháinig méadú 9.8% ar an líon a bhí ag maireachtáil faoi míbhuntáiste millteanach sa tréimhse chéanna. Ina gcás siúd a bhí ag maireachtáil sna ceantair is díothaí, ba é ionchas saoil na bhfireannach agus baineanach ar bhreith dóibh ná 79.4 agus 83.2 bliain faoi seach in 2016 i gcomparáid le 84.4 agus 87.7 bliain faoi seach dóibh siúd a bhí ag maireachtáil sna ceantair is rachmasaí.

In 2020, tarraingíodh aird arís le paindéim COVID-19 ar cé chomh tábhachtach is atá sé feabhas a chur ar rochtain ar na seirbhísí sláinte chun cabhrú leis an míbhuntáiste a mhaolú. Faoi dheireadh na bliana, bhí cárta leighis ag beagnach 1.6 milliún duine in Éirinn agus bhí cárta cuairte dochtúra teaghlaigh (DT) ag beagnach 530,000, agus é níos éasca dóibh dá bharr sin rochtain a fháil ar chúram sláinte riachtanach.

Áirítear ar na grúpaí eitneacha agus grúpaí mionlaigh inár bpobal an Lucht Siúil (30,987), iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta (1,566 iarraidh ar chosaint idirnáisiúnta faighte in 2020, laghdú de 67% ar na figiúirí do 2019) agus iad siúd atá gan dídean (6,032 aosach agus 1,034 teaghlaigh liostaithe mar dhaoine gan dídean).

Tá sé léirithe ag an taighde go mbíonn ionchas saoil níos ísle ag grúpaí imeallaithe agus go mbíonn riachtanais níos casta sláinte acu ná mar a bhíonn ag an daonra i gcoitinne, agus tá sé mar phríomhthosaíocht feabhas a chur ar na torthaí sláinte do na grúpaí seo.

Foinsí breise sonraí: An Phríomhoifig Staidrimh; *Tuarascáil Achoimre Éire Shláintiúil 2019*; *Straitéis Náisiúnta Néaltaithe na hÉireann 2014*; Oifig Idirnáisiúnta Cosanta; agus *Tuarascáil na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le hEaspa Dídine Samhain 2020*.

Tá sé réamh-mheasta go méadófar ar an líon daoine a mbeidh **néaltrú** orthu ó 64,000 duine in 2020 go dtí breis is 150,000 duine in 2046, breis is méadú faoi dhó tagtha air sa tréimhse sin ama

Ba é 84% **an ráta marthanachta cúig bliana d'ailse cíche mná** sa tréimhse 2012 go 2016, ar méadú ó 81% sa tréimhse 2005 go 2009

Gan ailse craicinn neamh-mheileanóma a chur san áireamh, ba iad ailse próstatach agus ailse cíche mná na **hailsí ionracha ba choitianta a diagnóisíodh** ar an iomlán agus b'ionann agus beagnach tríú de na hairsí ionracha go léir iad i bhfir agus mná faoi seach i rith 2018-2020

Meastar go méadófar an líon daoine 50 bliain d'aois agus os a chionn, ar a mbeidh **galar ainsealach amháin nó níos mó**, faoi 40% ó leibhéal 2016, go 1.1 milliún in 2030

Táthar ag dréim go méadófar an líon aosach ar a mbeidh **diaibéiteas Cineál 2** faoi 60% sna 10-15 bliana amach romhainn

2.3 Plean Seirbhíse Náisiúnta agus Plean Caipitil 2020

Foilsíodh *An Plean Náisiúnta Seirbhíse (NSP) 2020* ar 17 Nollaig 2019 tar éis faomhadh a bheith faighte ón Rialtas. Leagadh amach sa phlean an cineál seirbhíse sláinte agus sóisialta atá beartaithe do 2020 i gcomhréir leis an mbuiséad leithdháilte de bhreis is €17bn. Tarraingíodh aird le plean 2020 líon príomhaidhmeanna agus cuspóirí do FnaSS. Áiríodh leo seo:

- Samhlacha rialachais, tuairiscithe agus maoirseachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus aird á tabhairt ar ról Bhord FnaSS
- Plean rochtana trí bliana a fhorbairt, chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus liostaí feithimh agus róphlódú ospidéal a laghdú i gcomhréir le moltaí ón *Athbhreithniú ar Acmhainn na Seirbhíse Sláinte 2018* agus prionsabal *Sláintecare* rochtain thráthúil ar chúram a chur ar fáil
- Rannchuidiú le Plean Gnímh *Sláintecare 2020-2021* agus é a chur i bhfeidhm
- Bheith ag cur dlús i gcónaí le Clár Leasaithe na hÉarnála Míchumais
- Cistiú bunaithe ar ghníomhaíocht (ABF) a mhéadú, i suíomh an phobail san áireamh
- Leanúint le clár éifeachtúlachta le sprioc feabhas de 1% a bhaint amach
- Leanúint le drugaí cineálacha agus cógais bhithchosúla a úsáid
- Tionscadal na dtaifead leictreonach sláinte (EHR) a chur ar aghaidh
- An Straitéis Pá agus Líonta Foirne 2020 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

I dteannta leis an PSN, chuir FnaSS le Plean Caipitil chun a bheith mar chuid de phlean rollach infheistíochta deich mbliana i gcomhair infheistíochta sláinte agus caipitil. Leagtar amach sa Phlean Caipitil na hinfeistíochtaí caipitil a theastaíonn chun tacú le feabhsú an tsoláthair sláinte agus seirbhíse cúraim sóisialta agus chun dlús a chur leis an leasú. Ba é €744m an buiséad caipitil tosaigh a leithdháileadh ar FnaSS in 2020, maoiniú d'Ospidéal Náisiúnta na Leanáí san áireamh.

Chuaigh paidéim COVID-19 i gcion go géar ar fheidhmiú an *Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2020* agus ar Phlean Caipitil 2020 chomh maith, ach ní a oiread céanna.

2.4 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú Chun Cinn

Faoin *Acht Sláinte, 2004* (arna leasú), ceanglaítear ar FnaSS Plean Corparáideach a ullmhú agus a oiriúnú, ina saineofar príomhchuspóirí FnaSS don tréimhse trí bliana i gceist. Cuireadh an *Plean Corparáideach 2021-2024* faoi bhráid an Aire Sláinte i Meán Fómhair 2020 agus faomhadh é go luath in 2021.


Tugadh faoi chomhairliú suntasach mar chuid d'fhorbairt an Phlean Chorpóraidigh. Ba é an fócas a bhí aige ná na príomhthosaíochtaí do pháirtithe leasmhara a shainaithint, agus cur ar ár gcumas bheith cinnte go bhfreastalófaí ar na príomhábhair buartha i measc úsáideoirí seirbhíse agus i measc an phobail.

Tá an Plean Corparáideach nua uaillmhianach. Tá sé ag iarraidh feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil i suíomhanna pobail, feabhas a chur ar rochtain ar na seirbhísí ar fad, feabhas a chur ar luach ar airgead, agus luas a chur faoi leasú agus digitiú ár seirbhíse, chun forbairt a dhéanamh ar ár n-eispéireas comhchoiteann de bheith ag maireachtáil agus ag obair i dtimpeallacht COVID-19. Bíodh is go bhfuil atosú agus seachadadh seirbhísí lárnacha agus freagairt i gcónaí ar COVID-19 mar phríomhfhócas ag an bPlean Corparáideach, tá fócas ann chomh maith ar sheirbhísí a bhunathrú agus cur leis na hathruithe dearfacha atá feicthe againn ar fud ár gcórais sláinte. Tacóimid lenár lucht foirne chun scileanna a fhorbairt agus chun nuáil a dhéanamh, agus cruthóimid timpeallacht thacúil cúraim ina mbeifear in ann cothromaíocht shláintiúil a aimsiú idir obair agus maireachtáil, agus cultúr ina mbeidh cead ag gach duine an rud is ábhar buartha dó a tharraingt anuas.

Léiríodh le paindéim COVID-19 go bhfuil ár dtír agus ár gcóras sláinte in ann oibriú le chéile mar aon fhoireann amháin i dtreo aon sprice amháin. Leagtar amach sa Phlean Corparáideach againn an bealach ina bhfuil fuínn teacht amach níos láidre as seo le sláinte níos fearr againn agus seirbhís sláinte níos fearr ag gach duine.

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach ar na cuspóirí seo a leanas, iad comhsheasmhach le *Sláintecare* agus lenár bhfís go mbeidh Éire níos sláintiúla ann, ina bhfuil an cúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart. Is é a dhéanann eolas dóibh an Clár Rialtais, rioscaí, dúshláin agus deiseanna sainaitheanta, timpeallacht COVID-19 i gcoitinne, pleanáil don phaindéim i gcoitinne, agus aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin fad is a bhí an Plean á fhorbairt.

1. Paindéim COVID-19 a bhainistiú agus seirbhísí sláinte a sholáthar go sábháilte don phobal ag an am céanna
2. Cur le seirbhísí príomhúla agus pobail agus an riachtanas go bhfreastalódh daoine ar an ospidéal a laghdú
3. Feabhas a chur ar chúram sceidealta chun rochtain níos tráthúla a chur ar fáil do dhaoine agus an líon daoine a bhíonn ag feitheamh ar sheirbhísí a laghdú
4. Tús áite a thabhairt d'idirghabhálacha luatha agus feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte duineláraithe
5. Obair a dhéanamh chun na seirbhísí míchumais a athshamlú, chun go mbeidh siad de réir na samhla is sofheagraí, duine-láraithe is féidir agus solúbthacht agus roghnú méadaithe iontu don úsáideoir seirbhíse
6. Tús áite a thabhairt do sheirbhísí coisc agus idirghabhála luaithe agus béim ar leith a leagan ar shláinte páistí, murtall agus díobháil ón alcól.



2.5 Ag Ullmhú don Bhreathimeacht

Ceist mhór do FnaSS le blianta beaga anuas ab ea an phleanáil don Bhreathimeacht. D'fhág an Ríocht Aontaithe (RA) an AE ag deireadh mhí Eanáir 2020 agus tháinig deireadh leis an idirthréimhse Breathimeachta idir an RA agus an AE ar 31 Nollaig 2020. Ar 24 Nollaig 2020, chuir an AE agus an RA i gcrích Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe a cuireadh i bhfeidhm go sealadach ó 1 Eanáir 2021. D'oibrigh FnaSS go dlúth i gcomhar leis an Roinn Sláinte maidir le planáil theagmhasach, bearta maolaithe agus ullmhacht don Bhreathimeacht, agus bhí fócas na hoibre seo ar na himpleachtaí thar raon sruthanna oibre:

- Leanúnachas seirbhísí sláinte d'othair agus cliant
- Socruithe trasteorann agus imeallchríche, cláir Comhoibrithe agus Obair le Chéile san áireamh
- Seirbhísí éigeandála sláinte (an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS))
- Cúrsaí sláinte poiblí
- Seirbhísí sláinte timpeallachta – rialú iompórtála bia agus teastasú easpórtálacha
- Fadhbanna fórsa oibre agus aitheantas cáilíochtaí
- Leanúnachas soláthair bia agus socruithe seirbhísí/fála
- Comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)
- Cumarsáidí.

In 2020, d'oibrigh FnaSS go dlúth i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí eile ar phleanáil theagmhasach i leith an Bhreathimeachta mar chuid den chlár rialtas-uile ullmhachta don Bhreathimeacht. Cuireadh i gcrích mionobair fhairsing in an-chuid réimsí ar a n-áirítear cógais, feistí leighis agus RGCS. Mar chuid de sin, rinneadh na bearta agus na gníomhartha teagmhais a bhí riachtanach chun seirbhísí a choinneáil tar éis an Bhreathimeachta a aithint, a mheasúnú agus a thabhairt chun críche. Tá FnaSS ag obair go dlúth i gcónaí le húsáideoirí seirbhíse, soláthraithe agus othair maidir le timpeallacht 2021 an Bhreathimeachta, ag tabhairt airde chomh maith ar Phrótacal Thuaisceart Éireann mar atá, ar an gComhaontú Aistarraingte agus ar an gcur chuige uile-rialtais i leith phaindéim COVID-19.

Tá an Breathimeacht ina phriacal i gcónaí do sheachadadh seirbhísí cúraim sláinte in Éirinn, agus beifear i gcónaí á bhainistiú agus ag monatóiriú an tionchair a bheidh aige amach anseo.





Soláthar Oibriúcháin

- 3.1 Tionchar COVID-19 agus Freagairt FnaSS
- 3.2 Seirbhísí a Atosú agus Cúram nach mBaineann le COVID-19 a Sholáthar in 2020
- 3.3 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach in 2020
- 3.4 Cáilíocht agus Sábháilteacht ár Seirbhísí a Chinntiú
- 3.5 Seachadadh Cúraim Sláinte a Chumasú

3.1 Tionchar COVID-19 agus Freagairt FnaSS



**1.3m úsáideoir
d'aip mhóibileach
an rianaire
COVID-19**

Is é COVID-19 an phaindeim dhomhanda is tromchúisí a bhí ann le breis is céad bliain. Chuaigh sé i gcion ar gach gné dár saol agus faoi dheireadh Nollaig 2020, bhí beagnach 92,000 cás dearfach de taifeadta agus fuair 2,200 duine bás dá bharr in Éirinn. Agus sinn ag déileáil le COVID-19, léiríodh aontacht náisiúnta cuspóra sa bhealach inar ghlac agus inar chomhlíon an pobal ar fad comhairle agus treoir sláinte poiblí. Laistigh de FnaSS, bhí tiomantas, dúthracht agus misneach an lucht foirne, iad siúd a bhí ag obair gan staonadh ar an líne tosaigh ach go háirithe, lárnach chomh fada is a bhain le bainistiú éifeachtach an víris féin agus le seachadadh seirbhísí sábháilte.

Mar a nótáladh i Rannán 2.1 den Tuarascáil Bhliantúil seo, chun freagairt éifeachtach, comhordaithe ar an bpaindéim a chinntiú, bhunaigh FnaSS raon struchtúr agus próiseas gaolmhar ar a n-áiríodh: Foireann Náisiúnta Bainistíochta na Géarchéime chun freagairt fhoriomlán FnaSS a threorú, a bhainistiú agus a stiúradh; an INOH chun maoirseacht agus comhordú lárnach a chinntiú den fhreagairt oibríochtúil ar COVID-19; agus Grúpa Sinsearach Cliniciúil chun tacaíocht, treoir agus stiúradh cliniciúil a chur ar fáil do fhreagairt FnaSS.

Ár bhFreagairt ar COVID-19

Mar gheall ar ár dtroid in aghaidh COVID-19, bhí orainn cothromaíocht a choinneáil idir pleanáil chúramach, meáite agus cinnteoireacht thapa faoi stiúir sláinte phoiblí i gcomhréir le sonraí, fianaise agus an dea-chleachtas de réir mar a tháinig sé chun cinn. Díródh fócas na conaire cúraim d'othair ar sholáthar pobail, a mhéid ab fhéidir, mar chuir sé sin an deis ab fhearr chun an fhreagairt a mhéadú de réir scála laistigh den chreat ama a bhí ar fáil agus laistigh den suíomh cuí i gcomhair cúraim.



Vacsaíneoirí ar piaraí iad

Bronnadh Duais an Fheabhsaitheora Is Fearr ar Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann i gCluain Meala ag na duaiseanna vacsaíne foirne ag an Oifig Náisiúnta Imdhíonta mar go raibh méadú 24.5% ar an líon foirne a fuair an vacsaín fliú. Dúirt TJ White, an Stiúrthóir Altranais, gur riachtanas bunúsach é go mbeadh vacsaíneoirí ar piaraí iad i measc na foirne chun go n-éireodh leis an bhfeachtas. “Bhí sé an-tábhachtach páirt a thabhairt dóibh chun go bhfeicfeadh an lucht foirne nach ordú ó thuas amháin é go bhfaighfí an vacsaín fliú, ach gur rud é a raibh a gcomhghleacaithe ag tacú leis” a deir sé.

Cuireadh ár samhlacha cúraim i bhfeidhm trí na struchtúir dá dtagraítear thuas. Laistigh den INOH, bunaíodh 10 sruth oibre, a chlúdaigh feidhmeanna seachadta agus cumasaithe, rud a chinntigh go raibh cur chuige aclaí, sofheagrach ann a d'íoslaghdaigh an dúbláil agus a thacaigh le hidirspleáchais. Bhunaigh an INOH chomh maith naoi bhFoireann Bhainistíochta Géarchéime Ceantair trasna na tíre chun a chinntiú go mbrúfaí an fhreagairt ar aghaidh go háitiúil faoi threoir agus maoirseacht náisiúnta.

Mar gheall ar an bpaindéim, tugadh isteach raon seirbhísí nua agus bealaí nua oibre go tapa chun freagairt ar riachtanais an phobail agus chun an lucht foirne a chosaint. Anuas air sin, bhí gá ann oibriú go dlúth le hoibrithe deonacha as measc an phobail agus gníomhaireachtaí seachtracha ar a n-áiríodh An Garda Síochána agus na Fórsaí Cosanta. Murach iad, ní bheifí in ann déileáil leis na dúshláin a bhí roimh an tseirbhís sláinte. Ag freagairt dúinn ar COVID-19, bhíomar ag brath go mór ar shaineolas na hearnála deonai sláinte (gníomhaireachtaí alt 38 agus 39) chun cuid mhór de na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sheachadadh. Tarraingíonn an obair a rinneadh aird ar an tábhacht a bhaineann le bheith ag forbairt na gcaidreamh seo, caidrimh atá bunaithe ar chomh-mhuinín agus meas, fad a aithnítear agus a théitear i ngleic go comhoibriú leis na dúshláin ar leith atá roimh ár gcomhpháirtithe deonacha.



Seirbhísí a chur in oiriúint chun coinneáil suas le comhairle sláinte poiblí

D'fhoill riachtanais cúraim COVID-19 a shásamh, cuireadh srian le seirbhísí sláinte roghnacha agus neamhriachtanacha agus ath-implonáíodh lucht foirne as gach réimse den tseirbhís sláinte, tacaíocht mhéadaithe a thabhairt do línte cabhrach tiomnaithe poiblí san áireamh. Níor chinntí éasca iad sin agus rinneadh machnamh cúramach ar na himpleachtaí fadtéarmacha; ach ní raibh roghanna eile ar fáil faoi mar atá cúrsaí. Tugadh spreagadh do chianobair, áit arbh fhéidir, agus cuireadh oiliúint ar líne ar fáil chun an obair seo a dhéanamh níos éasca agus níos éifeachtaí.

Le forbairt teicneolaíochtaí nua, cuireadh ar chumas agus tacaíodh le samhail cúraim COVID-19. Áiríodh orthu seo córas Rianaire Cúraim COVID-19 (CCT) chun tacú le sreabhadh othar agus riachtanais bhainistíochta eolais, aip gutháin mhóibíleach chun cabhrú le rianú teagmhálacha, ríomhchóras um ordú oideas, agus réitigh teile-shláinte chun cúram níos gaire don bhaile a chumasú.

Forbraíodh taisce náisiúnta inrochtana teorach cliniciúla chun cabhrú leis an treoir chliniciúil is déanaí COVID-19 a chur ar fáil d'oibrithe cúraim sláinte i ngach earnáil. Chuir an taisce ar fáil comhairle chomhsheasmhach trasna na náisiúin, a bhí bunaithe ar an eolas ab fhéidir a bhí ar fáil agus a scríobh saineolaithe ar ábhar cliniciúil, chun bainistiú cliniciúil othar a neartú.

Cuireadh comhaontú ar bun chun a chinntiú go mbeadh acmhainn na hearnála ospidéal príobháideach ar fáil chun cur leis an gcóras poiblí, chun freagairt ar an riosca go mbeadh borradh ar scála mór ar tharlú COVID-19.

Tugadh treoir maidir le cosc agus srianadh ionfhabhtaithe (IPC) do sheirbhísí tacaíochta a raibh riachtanais IPC COVID-19 acu ar a n-áiríodh soláthar comhairle agus tacaíochta díri, foilsíú doiciméad agus seachadadh seimineár oideachais ar líne agus feachtas cumarsáide.

Sholáthair faireachas cosanta sláinte (bailiú, sainscagadh, anailísiú agus tarchur galar mór teagmhálach) tuairiscí laethúla agus seachtainiúla ar COVID-19 do na príomhpháirtithe leasmhara. Chuir an Lárionad Faireachais ar Chosaint Sláinte (HPSC) eolas suas chun dáta ar fáil, inrochtana ag gach aon duine, trína suíomh idirlín (hpsc.ie) agus d'oibrigh siad i gcomhar le Cumarsáidí FnaSS chun a chinntiú gur cuireadh ar fáil eolas níos cruinne trí hse.ie.

Tacú le háiseanna cónaitheacha fadtéarmacha

Bunaíodh Foirne Freagartha ar COVID-19 i Márta trasna na nEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOanna) ar fad chun tacú le foirne briste amach sláinte poiblí a chlúdódh na seirbhísí cónaitheacha ar fad mar aon le suíomhanna tacaíochta baile.

Díríodh ar shaineolas ar dhaoine breacaosta agus ar chúram cónaithe agus na foirne á gcur le chéile, agus geiriatriaithe comhairleacha, stiúrthóirí altranais, seirbhísí cúram cónaithe, pearsanra sláinte phoiblí, altraí agus tacaíocht riaracháin ina measc. Bhí na foirne in ann tacaíocht gutháin, cuairteanna agus measúnuithe ar an láthair, rochtain ar línte soláthair TCP, agus comhairle nuashonraithe IPC agus sláinte phoiblí le hábhair treanála san áireamh a chur ar fáil.

Chun an riosca go dtolfadh cónaitheoirí in áiseanna cónaitheacha fadtéarmacha COVID-19, chuir foireann imlonnaithe tástáil ar fáil do chónaitheoirí agus foireann, iad siúd a imlonnáiódh ón tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) san áireamh. Scrúdaíodh na rátaí dearfacha ó gach babhta tástála chun réimsí a bhí ina n-ábhar buartha a amharc.



Bhain líon dúshlán mór le scála na ráige agus/nó aimsiú an COVID-19 i measc na foirne ag éirí as tástáil shrathach, ina measc:

- Soláthar leibhéal sábháilte cúraim othar i gcomhthéacs ráigeanna COVID-19 agus leibhéal méadaitheach cúraim deiridh saoil a bhain le galracht/mortlaíocht geimhrídh agus galracht/mortlaíocht COVID-19-bhainteach araon a bhainistiú ag an am céanna
- Acmhainn FnaSS chun dul sa bhearna chun diantacaíochtaí a chur ar fáil d'áiseanna cónaitheacha deonacha agus príobháideacha, ag cur san áireamh leis sin comhairle maidir le ceannaireacht ar an láthair agus ceannaireacht chliniciúil, ionfhabhtú, treoir faoi chosc agus srianadh agus, ach go háirithe, imlonnú foirne de chuid FnaSS go dtí na háiseanna seo.

Maolaíodh ar chuid de na cúiseanna imní seo nuair a imlonnaíodh lucht foirne ó ghníomhaireachtaí seachtracha ar nós na bhFórsaí Cosanta agus nuair a d'fhill oibrithe gartheagmhála cúraim sláinte.

Tá sé mar thosaíocht do 2021 moltaí ó *Thuarascáil an Phainéil Saineolaithe maidir le Tithe Altranais agus COVID-19* a chur i bhfeidhm chun tacú le háiseanna cónaitheacha fadtéarmacha ina bhfuil ráigeanna agus ráigeanna a chosc sa todhchaí. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo oibre sásanna a fhorbairt a thuilleadh faoina measfar oiriúnacht duine do sheirbhísí athshlánaithe agus/nó athchumasaithe roimh dóibh bheith ligthe isteach in áras altranais, agus bheith i gcónaí ag cur le bearta sláinte poiblí i suíomhanna cónaitheacha, agus straitéis chomhtháite IPC a fhorbairt don phobal, árais altranais san áireamh.

Tástáil agus rianú

Forbraíodh Samhail Náisiúnta Oibríochta Tástála agus Rianaithe inbhuanaithe, solúbtha do COVID-19 go tapa, mar chuid de fhreagairt FnaSS ar shrianadh agus cosc tharchur an ghalair. Cuimsítear i gconair seirbhíse Tástála agus Rianaithe Náisiúnta atreoruithe don tástáil, maipíneacht, tástáil saotharlainne, cur in iúl torthaí agus rianú teagmhála (faireachas agus bainistiú ráige san áireamh).

Leanadh ar aghaidh le feabhsúcháin ar an tseirbhís i rith na bliana agus áiríodh orthu:

- Samhail rialachais ailínithe leis an dea-chleachtas agus le riachtanas seirbhíse
- Fórsa oibre tiomnaithe comhdhéanta d'fhoireann chliniciúil agus neamh-chliniciúil arna dtacú le socruithe solúbtha le soláthraithe tríú páirtí seirbhíse agus eagraíochtaí eile as an earnáil phoiblí chun freagairt ar an bpaindéim a bhí ag éabhlóidiú go tapa



Acmhainn bhreise gan fasach seachadta

Sheachaid HBS Estates acmhainn bhreise ar fud an náisiúin mar iarracht ar leathadh COVID-19 a choimeád faoi smacht agus a chosc, ar a n-áiríodh acmhainn bhreise leapacha pobail agus géarchéime, lárionaid tástála agus lárionaid measúnaithe chliniciúil. Sa phictiúr tá Seanséipéal Fionnbarra, Corcaigh a athchóiríodh i 13 lá, agus sin an méid, chun 19 leaba a chur ar fáil.

“D'oibrigh foirne Eastáit trasna na tíre gan staonadh chun freastal ar an éileamh” a deir Jim Curran, Ceannasaí Eastáit.

- Seirbhís atreoraithe arna treorú go clínicíúil agus seirbhís fheabhsaithe atreoraithe DT taobh amuigh d'uaireanta seacht lá in aghaidh na seachtaine
- Lárionaid bhuana tástála pobail ar fud na tíre (maipíneacht) agus uaireanta fadaithe oscailte ar fáil
- Tob-chabhlach fíoraclaí tástála agus maipíneachta arna thacú ag an NAS
- Acmhainn bhreisithe saotharlainne de bhreis is 25,000 tástáil (in aghaidh an lae) faoi dheireadh na bliana
- Clár náisiúnta Bainistíochta Teagmhála agus Lárionaid thiomnaithe rianaithe teagmhála chun tacú leis na ranna réigiúnacha sláinte poiblí
- Córais agus teicneolaíochtaí nua forbartha agus imlonnaithe, aip rianaithe teagmhála COVID-19 FnaSS san áireamh
- Sainathnóidh príomhtháscairí feidhmíochta (KPlanna) agus spriocanna gaolmhara ar fud na conaire seirbhíse chun tacú le monatóiríú agus feabhsú feidhmíochta.



Leis na forbairtí seo ar fad cuireadh ar ár gcumas breis is 720,000 atreorú DT a chur i gcrích, breis is 2.3 milliún tástáil saotharlainne a chur i gcrích agus breis is 440,000 glao rianaithe teagmhála a chur i gcrích le linn na bliana.

Trealamh cosanta pearsanta (TCP) a fháil

Bhí sé riachtanach ar fad go gcuirfí ar fáil seirbhís chobhsaí shofhreagrach chun TCP a sholáthar agus a scaipeadh ach ba dhúshlán mór é ag an am céanna mar gur méadaíodh an t-éileamh ar TCP ar fud an domhain go dtí 100 oiread an ghnáthleibhéil aige (de réir EDS). Forbraíodh straitéis náisiúnta slabhra soláthair do TCP, ar a n-áiríodh déantúsaíocht dhúchasach a spreagadh. Cuireadh i bhfeidhm Samhail Oibríochta Dáilte nua chun TCP a scaipeadh i gcomhréir le treoirínte bunaithe clínicíúla, chun bainistíocht inbhuanaithe na gníomhaíochta méadaithe foinsithe agus dáilte agus an acmhainn bhreise stórála a bhí ag teastáil a chinntiú.

Baineadh leas as cur chuige samhla foinsithe trasrialtais agus ilghníomhaireachta lena raibh FnaSS in ann na líonraí polaitiúla, taidhleoireachta agus tráchtála a bhí ar fáil a ghíaráil. Forbraíodh samhail réamh-mheasta éilimh agus cuireadh ar bun tuairisciú feabhsaithe ar sholáthar TCP.

Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí beagnach 868 milliún mír de TCP, maisc, gúnaí, lámhainní agus cumhdaigh éadain san áireamh, faighte ag FnaSS.

Cóiríocht a chur ar fáil

Riachtanas tábhachtach chun déileáil le paindéim COVID-19 ab ea áiseanna féinleithlisithe a chur ar fáil dóibh siúd nach raibh in ann féinleithlisiú go sábháilte sa mbaile agus cóiríocht shealadach a chur ar fáil d'oibrithe cúraim sláinte a chónaíonn de ghnáth in éineacht le daoine soghonta nó atá in aontíos áit a mbeidís faoi riosca méadaithe tharchur COVID-19 (ag fágáil duine dá dteaghlach as an áireamh).

D'iontráil FnaSS ar chonradh le Citywest Hotel chun é a úsáid mar áis féinleithlisithe. Faoi Nollaig, bhí 1,500 glacadh isteach tarlaithe agus bhí cóir curtha ar 1,300 oibrí cúraim sláinte ina theannta sin i gcomhair coraintín. Bhí ochtó suíomh tríú páirtí faofa chun a chinntiú go bhféadfadh an fhoireann leas a bhaint as cóiríocht, agus bhí 35 suíomh in úsáid.

Seirbhísí a atosú agus a leanúint

Fad is a bhí samhlacha cúraim COVID-19 á seachadadh, bhí sé mar phríomhthosaíocht don eagraíocht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta neamh-COVID-19 a thabhairt ar ais, a choinneáil agus a fheabhsú. De réir mar a tháinig méadú ar eolas agus taithí ar bhainistiú na paindéime, tugadh tosaíocht do thabhairt ar ais seirbhísí go sábháilte agus tá tuilleadh eolais air seo le feiceáil i Mír 3.2 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Leasú le linn COVID-19

A bhuí lenár dtaithí ar a bheith ag déileáil le COVID-19 tugadh léargais róluachmhara dúinn maidir leis an gcaoi leis na bealaí comhoibre is fearr a tháinig as an ngáta a neadú go buan. Áirítear air seo iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi le próisis a shruthlíniú chun ligean do na daoine cearta tuilleadh cinntí a dhéanamh ag leibhéal an ospidéal agus an phobail. Ó Dheireadh Fómhair i leith, tionóladh cruinnithe de pháirtithe leasmhara agus ceardlanna deartha agus iad ag díriú go príomha ar chásanna tras-fheidhmiúla a chlúdaigh raon topaicí ar a n-áiríodh pleanáil seirbhíse, sláinte agus folláine agus seirbhís a fheabhsú, agus ar fhorbairt struchtúr eagraíochtúil i gcomhair oibríochtaí comhtháite agus feidhmeanna clínicíúla.



40,950 dáileog de vacsaín COVID-19 faighte in Éirinn i mí na Nollag

Tá FnaSS tiomanta do phrionsabail *Sláintecare* a thabhairt chun críche agus tá an-chuid de na prionsabail seo imlonnaithe in eagrú na freagartha ar an bpaindéim againn, ar a n-áirítear seachadadh na mbunathruithe iomadúla ar an tseirbhís a bhrostu. Tá siad seo le feiceáil ach go háirithe sa réimsí Ríomhshláinte, cúram arna sheachadadh sa phobal agus comhtháthú seirbhíse. I dtimpeallacht an-dúshlánach, bhí an fócas i gcónaí againn ar fheabhsúcháin shuntasacha ar fheidhmíocht agus seachadadh na seirbhíse sláinte a bhaint amach trí thionscnaimh teicneolaíochta nuálacha.

Tá sé léirithe ag an bpaindéim chomh maith go bhfuil luach agus tábhacht mhéadaithe ag sonraí chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach. Tá dul chun cinn maith déanta chun leas agus tairbhe a bhaint as na sonraí atá ar fáil laistigh de FnaSS agus tarraingt air seo chun an t-éileamh ar an tseirbhís a phleanáil agus a thuaradh go héifeachtach.

Beidh éifeacht bhunathraitheach ag na tionscnaimh seo, i dteannta le hinfheistíocht mhéadaithe, ar ár seirbhís sláinte. Tá obair ar siúl i gcónaí chun déileáil le riaráistí agus feabhas a chur ar thréimhsí feithimh do chúram sceidealta, agus leanúint leis an aistriú i dtreo cúram príomhúil, agus rochtain níos fearr ar dhiagnóisic agus infheistíocht i gcúram pobal-bhunaithe agus baile-bhunaithe mar bhonn agus taca aige seo. Tá béim láidir ar an digitiú, agus dá bharr sin laghdófar neamhéifeachtúlacht, cuirfear luas faoin sreabhadh othar agus feabhsófar taithí na n-othar.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi leasú a fháil ar fud na Tuarascála Bliantúla seo.



Clinicí vacsaínithe do leanaí

Mar chuid d'iarraacht náisiúnta foriomlán, cuireadh i gcrích leis na himdhíontáí don bhliain acadúil, a raibh stad curtha leo de bharr na paindéime, i mí Iúil i gcomhair breis is 6,000 páiste in aois scoile a d'fhreastail ar mhol imdhíontá Cúraim Sláinte Phobal Chathair agus Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh ag an Lárionad Náisiúnta Seó. Agus úsáid á baint againn as an méid a foghlaimíodh ó thástáil agus measúnú COVID-19, cuireadh bána ar bun lena rabhtas in ann na himdhíontá a dhéanamh de réir treoirilínte sláinte poiblí.

Tionchar ar an bhfórsa oibre

Le tionchar COVID-19, bhí an-bhrú ar ár bhfórsa oibre mar gheall ar an riachtanas go n-athrófaí go bunúsach an chaoi a seachadadh seirbhísí. I measc na samplaí den bhfórsa oibre a bhí dulta i gcion orthu bhí foireann ospidéal a thug cúram do líon méadaithe othar COVID-19 agus iad siúd a athlonnaíodh go dtí ról nua ar fad chun cabhrú linn déileáil le leathadh an víris. I measc na samplaí eile, bhí foireann a bhí ag obair sa chúla i réimsí mar shláinte comhshaoil, soláthar, eastáit, agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun a chinntiú go bhféadfadh na seirbhísí feidhmiú mar ba cheart san éigeandáil sláinte poiblí.

Sna seachtainí tosaigh, bhí ár bhfócas leagtha ar luas a chur faoinár seirbhísí líne tosaigh agus iad a leathnú agus ar na daoine is soghonta sa tsochaí a chosaint. Ina dhiaidh sin, ba ghá go mbeadh an fócas ar bhealaí nua, nuálacha a aimsiú chun cúram sláinte a thabhairt don daonra agus ba dheis é seo do na hoibrithe cúraim sláinte ar fad an bealach a seachadtar seirbhísí a athshamlú.

Áit ar tholg baill den bhfoireann víreas COVID-19 agus go mba ghá dóibh féinleithlisiú nó a gcorraithe a shrianadh, mar gheall ar dhlúth-theagmháil, bhí dúshlán mhóra ag baint leis na leibhéil riachtanacha foirne a choinneáil. Tháinig lucht foirne ar fud na heagraíochta ar an bhfód chun tionchar ar bith ar sheachadadh na seirbhíse a íoslaghdú agus d'fhill an-chuid ball foirne scortha ar an áit oibre chun cabhrú leis an troid in aghaidh na paindéime. Cuireadh tús le clár leathan athlonnaithe laistigh den tseirbhís sláinte agus ar fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne agus tá breis is 8,000 ceapachán nua déanta.

Rinne oibrithe cúraim sláinte íobairtí ollmhóra chun a chinntiú go mbeadh cúram á sheachadadh i gcónaí agus iad ag íoslaghdú ag an am céanna an riosca go dtarchuirfí an t-ionfhabhtú chuig daoine eile, iad ag cónaí ar shiúl óna mbaile féin uaireanta chun a dteaghlaigh agus a gcairde a chosaint. Ina theannta sin, bhí an-chuid ball foirne i gcónaí ag obair agus ag cur cúraim ar fáil chomh maith do leanaí agus gaolta soghonta nuair ba ghá scoileanna agus seirbhísí a dhúnadh. Is é an drochuair gur cailleadh roinnt comhghleacaithe dílse ó COVID-19 agus déanaimid comhbhrón ó chroí lena dteaghlaigh agus lena ndaoine muinteartha. Táimid ag obair i gcomhar lena chéile i gcónaí le díograis agus tiomantas mar ómós dóibh.

Tionchar Airgeadais

Tá paidéim COVID-19 i ndiaidh tionchar nach bhfacthas riamh cheana a imirt ar FnaSS agus bhí brú suntasach ar mhaoiniú agus ar chaiteachas i rith na bliana 2020 ó thús go deireadh na bliana.

Tá ioncam sa bhreis agus cistiú caipitil €3.3bn faighte ag FnaSS ón Roinn Sláinte in 2020, agus cuireadh €2.8bn de seo ar fáil do thionscnaimh chun seirbhísí sláinte leanúnacha a chinntiú.

Baineadh úsáid as an maoiniú breise seo sna tionscnaimh agus príomhréimsí faoi leith a leanas atá mar bhunchlocha ag freagairt FnaSS do COVID-19. Tá achoimre orthu seo thíos:

- Tionscnaimh Tástála agus Rianaithe
- Seirbhísí dochtúirí teaghlaigh a bhaineann le COVID-19
- Scéim Shealadach um Íocaíochtaí Cúnaimh (TAPS) do thithe altranais príobháideacha
- Acmhainn ospidéal príobháideach a choimisiúnú
- Soláthar TCP agus costais lóistíochta a bhaineann leis
- Pleanáil geimhridh i gcomhthéacs na paindéime
- Costais chaipitil maidir le hionaid tástála a chur ar bun, saoráidí íoschéimneach ar nós Citywest, Baile Átha Cliath, agus oibreacha i réimse láithreacha a chumasú mar gheall ar riachtanais sábháilteachta a bhaineann le COVID-19.

Tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar mhíreanna caiteachais a eascraíonn as tionscnaimh COVID-19:

- Tá méadú tagtha ar chostais TCP go dtí breis is €900m. Theastaigh an leibhéal seo caiteachais ar TCP chun sábháilteacht foirne FnaSS, othar agus úsáideoirí seirbhíse a chinntiú
- Tá méadú de €107m tagtha ar cheannaigh eile fearais mhíochaine de bharr mhionfhearais bhreise (neamh-caipitil) go príomha ar fud na suíomhanna sláinte
- Tháinig méadú €157m ar chostais saotharlainne agus tástála mar gheall ar riachtanais tástála COVID-19
- Tá méadú de €192m tagtha ar tháillí agus liúntais dochtúirí mar thoradh díreach ar riachtanais bhreise sláinteachais COVID-19
- Chuir scéim TAPS €77m sa bhreis ar fáil maidir le seirbhísí tithe altranais príobháideacha
- Tá méadú de €117m tagtha ar chostais de chineál sealúchais agus riartha oifige mar go raibh gá le hacmhainní breise chun tacú le foireann líne tosaigh, áiseanna céime síos agus bearta sábháilteachta scartha sóisialta.

Clár Vacsáinthe COVID-19

Ábhar nua dóchais a bhí ann nuair a faomhadh vacsaín in aghaidh COVID-19 ag deireadh 2020. Ba é Tascfhórsa Ardleibhéil an Rialtais ar vacsaíniú in aghaidh COVID-19 a bhí mar fhoinsé eolais ag an bpleanáil le haghaidh rolladh amach an chláir vacsaínthe, agus chuir siad ar fáil an togra don straitéis náisiúnta vacsaínthe COVID-19 ar 11 Nollaig 2020. Leagadh amach i bplean feidhmithe cur chuige trí chéim le haghaidh rolladh amach na vacsaíne. Bhí céim 1 dírithe ar bhunú an chláir agus ar sheachadadh vacsaíní don chéad dá ghrúpa a raibh tús áite tugtha dóibh (cónaitheoirí agus foireann in áiseanna cónaitheacha fadtéarmacha agus oibríthe líne tosaigh cúraim sláinte). Leithdháileadh an chéad vacsaín in Éirinn ar 29 Nollaig 2020. Tá FnaSS i gcónaí ag obair i gcomhpháirtíocht le tascfhórsa an Rialtais, an Roinn Sláinte agus páirtithe leasmhara eile i seachadadh Chláir Vacsáinthe náisiúnta COVID-19 agus glacann sé ról ceannaireachta i rolladh amach oibríochtúil an chláir.

Táthar ag rolladh amach an Chláir Vacsáinthe de réir chur chuige seicheamhaithe i leith leithdháileadh na vacsaíní a foilsíodh agus de réir sceideal seachadta na vacsaíní. Beidh fócas náisiúnta leanúnach i gcónaí ar fheidhmiú éifeachtach an Chláir Vacsáinthe agus beidh FnaSS i gcónaí á chur féin in oiriúint ar bhealach aclaí don timpeallacht dhinimiciúil seo.

Ar phríomhghnéithe Chláir Vacsáinthe COVID-19 tá:

- Creat lóistíochtúil a fhorbairt chun tacú le rolladh amach na vacsaíní don phobal
- A chinntiú go mbíonn an tascfhórsa riachtanach ar bun chun an Clár Vacsáinthe a sheachadadh, trí phrótacail chliniciúla nua a dhearadh agus a fheidhmiú, cláir oideachais agus oiliúna ar líne agus go pearsanta araon
- A chinntiú go seachadtar an Clár go sábháilte
- Córas teicneolaíochta faisnéise comhtháite a chur ar fáil chun imdhíontaí a sceidealú, a thaifeadadh agus a rianú
- A chinntiú go bhfuil cur chuige cuimsitheach don fhaireachas agus don mhonatóiriú ar bun don Chláir Vacsáinthe
- Cumarsáidí éifeachtacha a chinntiú mar thaca leis an gClár Vacsáinthe.



Ag freastal ar riachtanais an daonra gan dídean

Le freagairt láidir ó Fheidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean, FnaSS agus gníomhaireachtaí arna gcistiú faoi alt 39, mar aon le Tascfhórsaí Pobail Drugaí agus Alcóil, íoslghdaíodh go rathúil an riosca COVID-19 do dhaoine leochaileach gan dídean agus do dhaoine gan dídean a bhfuil andúil acu i measc an phobail. Leis an gcur chuige seo trína n-oibrímid i gcomhar le chéile, ní hamháin gur díríodh ar cheisteanna a bhain le COVID-19 ach bhíodhas in ann díriú ar cheisteanna eile, rochtain ar chóiríocht agus cóireáil drugaí san áireamh.

3.2 Seirbhísí a Atosú agus Cúram nach mBaineann le COVID-19 a Sholáthar in 2020

Chuaigh COVID-19 i gcion ar an bpobal ar fad, ní hiad sin amháin a tholg an víreas. Chuaigh sé i gcion ar na seirbhísí sláinte go léir thar suíomhanna géara, pobail agus sláinte pobail. I mí Mhárta 2020, chiorraigh seirbhísí ar nós máinliacht neamhriachtanach, gnáthaimh sláinte agus seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta eile mar fhreagairt ar COVID-19 agus le treoir ó NPHEt a chomhlíonadh. Chuaigh an cinneadh seo, cé go raibh sé riachtanach, i gcion ar an-chuid daoine agus cuireadh strus dosheachanta ar othair, úsáideoirí seirbhíse agus ar a dteaghlaigh. Tá ról tábhachtach comhlíonta ag foighne agus tuiscint úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlach chun tionchar na paindéime a laghdú. De bharr na gcinntí deacra seo bhí an córas sláinte in ann cúram riachtanach a thabhairt do líon méadaitheach othar deimhnithe COVID-19 agus laghdaíodh an riosca go sárófaí an acmhainn. Thacaigh na cinntí leis an bhfoireann agus le hothair cloí le scaradh fisiciúil, agus leis an ngá a bhí ann chun baill foirne agus áiseanna a athlonnú chun seirbhísí COVID-19 a chur ar fáil.

Ina dhiaidh sin, bhí riachtanas práinneach ann athmhachnamh a dhéanamh ar an mbealach le seirbhísí a atosú. Chun díriú air seo, i samhradh 2020 forbraíodh agus foilsíodh creat straitéiseach *Service Continuity in a COVID Environment – A Strategic Framework for Delivery* agus treochlár *A Safe Return to Health Services – Restoring health and social care services in a COVID environment*. Rolladh amach bealaí nua oibre agus samhlacha agus conairí nua cúraim trasna an chórais sláinte chun tacú le tabhairt ar ais agus méadú de réir scála seirbhísí i dtimpeallacht COVID-19.

I measc na bpríomhbheart a glacadh in 2020 chun leibhéil seirbhíse a mhéadú agus gníomhaíocht a atosú:

- Soláthraíodh leabaí breise i suíomhanna pobail agus suíomhanna géara, leabaí dianchúraim san áireamh
- Méadaíodh an comhtháthú idir seirbhísí géara agus seirbhísí pobail, rud a chuir feabhas ar rochtain shábháilte ar chomhairle dhiagnóisice agus speisialtóra
- Tacaíocht mhéadaithe for-rochtana chun an acmhainn laghdaithe seirbhíse lae a éascú
- Bunaíodh foireann thiomnaithe do bhunathrú cúraim sceidealta chun pleanáil agus seachadadh leasuithe riachtanacha a chomhordú agus a thacú
- Le comhtháthú foinsí ilstóras eolais ar aon ardán amháin tugadh eolas réad-ama chun tacú le pleanáil agus seachadadh cúraim
- Soláthar infreastruchtúir agus trealamh bhreise
- Socraíodh socruithe trí idirbheartaíocht le hospidéal phríobháideacha chun cur ar chumas FnaSS riachtanais thábhachtacha agus roghnacha cúraim a shásamh ar a n-áiríodh seachadadh breis is 13,000 cás othar cónaitheach, breis is 53,000 cás lae, breis is 52,000 cás othar seachtrach agus breis is 85,000 diagnóisic
- Forbraíodh agus imlonnaíodh réitigh teicneolaíochta, córais chliniciúla arna nascadh go digiteach agus ardáin ar líne san áireamh (féadtar tuilleadh eolais a fheiceáil i Rannán 3.5 den Tuarascáil Bhliantúil seo)
- Bhí úsáid na teile-shláinte chun teagmháil a dhéanamh le hothair mar phríomhghné agus, dá thoradh sin, chonacthas breis is 650,000 othar go fíorúil i seirbhísí géara agus fuair breis is 96,000 othar comhairliúcháin fhíorúla ó sheirbhísí pobail
- Forbraíodh clinici tiomáin tríd chun a chinntiú go bhféadfaí othair a fheiceáil i dtimpeallacht shábháilte i gcomhair roinnt gníomhaíochtaí sceidealta
- Méadaíodh seachadadh scagdhealaithe baile agus seirbhísí eile a seachadadh roimhe seo san ospidéal ar nós teiripe glóbailin imdhíonachta.

Mar thoradh ar na tionscnaimh seo, a luaithe a bhíodas in ann cúram nach cúram criticiúil é a atosú, ardaíodh na leibhéil ghníomhaíochta sa dara leath de 2020.

Pleanáil Geimhridh

In 2020, bhí tionchar phaindéim COVID-19 ina dhúshlán d'acmhainn agus cumas foriomlán na seirbhíse sláinte ar bhealach a bhí gan fasach.

Bhí sé d'aidhm ag Plean Geimhridh FnaSS do 2020/2021 (*Pleanáil Geimhridh i rith Phaindéim COVID-19 (Deireadh Fómhair 2020 – Aibreán 2021)*) na dúshláin thar cuimse a chruthaigh an phaindéim a mhaolú, agus a chinntiú go n-ullmhófaí na seirbhísí do na brúnna seachtracha breise a bhaineann leis an tréimhse geimhridh laistigh de thimpeallacht COVID-19.

Cuireadh isteach go dian ar na seirbhísí a bhí ann cheana, chuaigh sé seo i gcion ar shuíomhanna géara agus pobail araon, agus b'éigean seirbhísí nua a fhorbairt agus a imlonnú go tapa. Seachadadh cúram sláinte i dtimpeallacht ardriosca ina bhféadfadh briseadh amach agus ráig tarlú am ar bith, rud a d'fhág gurbh é geimhreadh 2020/2021 an geimhreadh ba dhúshlánaí don tseirbhís sláinte le cuimhne na ndaoine. Díríodh le Plean Geimhridh FnaSS do 2020/2021 ar thrí phríomhthionscnamh:

- Cur leis an acmhainn sa phobal chun an t-éileamh ar dhianchúram ospidéal a laghdú
- Cur le conairí malartacha sa phobal chun iontrálacha san ospidéal le haghaidh géarchúraim a íoslaghdú
- Géarchúram tráthúil agus scaoileadh amach ón ospidéal a chumasú.

Leithdháileadh breis is €600m de mhaoiniú chun tacú leis na tionscnaimh seo.

Plean níos gearrthearmaí agus plean beartach a bhí i bPlean Geimhridh 2020/2021 laistigh den phleanáil leathan don phaindéim a bhí ag díriú ar ár seirbhísí a thabhairt ar ais de réir ord tosaíochta. Díríodh infheistíocht ar athdhearadh agus atógáil na seirbhísí faoi stiúir na fíis, na bprionsabal, na gcur chuige agus na dtosaíochtaí in *Sláintecare*. Bhí cur chuige 'tús áite don phobal' i leith seachadadh cúraim lárnach chun a chinntiú go mbeadh seachadadh na seirbhíse atreoshuite i dtreo an chleachtais ghinearálta, cúraim phríomhúil agus seirbhísí pobal-bhunaithe. Leis an bhfeabhas ar sheirbhísí don phobal is féidir le daoine fanacht sa mbaile, agus is féidir le foirne speisialtóirí pobail atá ag obair ar bhealach comhtháite i gcomhar le NAS agus seirbhísí géara chun iontrálacha san ospidéal a laghdú agus deimhin a dhéanamh de go scaoiltear daoine as an ospidéal gan mhoill. Trí bhearta nuálacha cúraim sláinte a chur i bhfeidhm, táimid ag obair chun barrfeabhas a chur ar shláinte agus folláine an phobail agus ár lucht foirne.

Teiripe urlabhra agus teanga ar líne

Bhain foirne urlabhra agus teanga leas as an teicneolaíocht a bhí ar fáil chun tacaíocht ar líne a chur ar fáil agus seisiúin a atosú i gcomhair páistí. Baineadh leas as meascán de ghníomhaíochtaí fíorúla sna seisiúin (ar nós cluichí ar líne) agus pictiúir agus nithe réadacha a crochadh suas don scáileán, sa chaoi gur leanadh leis an obair ar spriocanna teiripe ar nós scileanna éisteachta a thógáil, nuacht a insint, coincheapa teanga a thuiscint agus abairtí fada a dhéanamh. Bhí an fhreagairt ó theaghlach agus páistí go hiontach dearfach agus bhraith tuismitheoirí go raibh siad ina rannpháirtithe gníomhacha sa teiripe a tugadh don leanbh acu.



3.3 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach in 2020

Tomhaistear feidhmíocht oibríochtúil go príomha de réir an Phlean Náisiúnta Seirbhíse (NSP) ina leagtar amach an cineál agus an méid seirbhísí sláinte agus cúraim sóisialta atá lena soláthar mar fhreagairt ar an gciste a cuireadh ar fáil agus an leibhéal foirne atá lena n-implonú. Tacaíodh an NSP le pleananna mionsonraithe oibríochtúla inar sainaithníodh agus inar ainmníodh daoine a bhí freagrach as é a sheachadadh.

Faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2019*, tá Bord na Feidhmeannachta cuntasach don Aire Sláinte as feidhmíocht FnaSS. Leagtar amach leis an gCreat Feidhmíochta agus Cuntasachta na córais, gnásanna agus cleachtais do bhainistíocht feidhmíochta agus cuntasacht laistigh de FnaSS ar a n-áirítear an méid a bhaineann le soláthraithe reachtúla, deonacha agus príobháideacha, agus leis an mBord agus RnaS/Aire Sláinte. Faoin gCreat seo, tá údarás tarchurtha ag an nGrúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta ón POF fónamh mar phríomhphróiseas maoirseachta agus iniúchta ar fheidhmíocht agus cuntasacht don tseirbhís sláinte tacú leis an POF agus leis an mBord chun a bhfreagrachtaí cuntasachta a chomhlíonadh. Tionóltar cruinnithe den Ghrúpa seo ar bhonn míosúil. Tá sé de fhreagracht orthu, mar chuid den phróiseas foriomlán feidhmíochta agus cuntasachta, feidhmíocht eagraíochtaí atá ina soláthraithe seirbhíse sláinte a iniúchadh chun baint amach cuspóirí a mheasúnú de réir an PSN.

Leagtar amach sa tábla thíos achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí in 2020:

Príomhghníomhaíochtaí in 2020

Bhí breis is 130 tosaíocht ag PSN 2020 agus breis is 550 beart tacaíochta ar fud na réimsí seachadta seirbhíse agus feidhmeanna cumasúcháin ar fad. Ar an iomlán, i rith na bliana:

- Breis is 60,000 atreorú chuig foirne idirghabhála pobail (níos mó de 32% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis)
- Breis is 1.1 milliún othar feicthe i suíomhanna teiripe pobail (níos lú de 30% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis)
- Breis is 17.5 milliún uaire tacaíochta baile seachadta chuig beagnach 53,000 duine agus 149 duine ag fáil pacáiste dianchúraim baile (níos lú de 6%, 1% agus 37% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis)
- 86 ionad nua cónaitheacha éigeandála forbartha do dhaoine faoi mhíchumas (níos mó de 34% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis)
- Beagnach 10,500 atreorú feicthe ag foirne meabhairshláinte páistí agus déagóirí (níos lú de 3% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis)
- Breis is 920,000 gnáthamh cáis lae (níos lú de 19% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis)
- Breis is 560,000 othar cónaitheach scaoilte as an ospidéal (níos lú de 13% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis)
- Breis is 1.1 milliún cuairt nua agus athfhillte ar an Roinn Éigeandála (níos lú de 18% ná an ghníomhaíocht a rabhtas ag súil leis).

Is féidir tuilleadh eolais faoi na príomhghníomhaíochtaí in 2020 a fháil in Aguisín 3 den Tuarascáil Bhliantúil agus ar hse.ie.

Áirítear leis na bearta sainiúla agus na spriocanna a aimsíodh ó 2020 iad seo a leanas i gcás gach aon cheann de na príomhchláir cúraim:

Sláinte agus Folláine

- Forbraíodh réitigh teicneolaíochta chun tacú le líon clár ar a n-áiríodh an Clár Living Well, chun tacú le daoine a bhfuil riochtaí sláinte fadtéarmach orthu, agus cuireadh in oiriúint é mar shraith de cheardlanna féinbhainistíochta ar líne, cuireadh tús le Minding Your Wellbeing, clár ar líne ina bhfuil cúig fhíseán 20 nóiméad, i nDeireadh Fómhair agus forbraíodh ceardlann fhíorúil chun an clár oiliúna Making Every Contact Count (MECC) Enhancing Your Skills a sheachadadh
- Lainseáladh feachtais nua cumarsáide le linn na bliana ar a n-áiríodh #UequalsU, feachtas chun dul i ngleic leis an stiogma a bhaineann leis an víreas easpa imdhíonachta daonna (HIV), agus feachtas nua in aghaidh caitheamh tobac 'Quit for 28 days'



- Cuireadh Easpa Adanóisín Dí-aimíonáise Géareaspa Comhcheangailte Imdhíonachta (ADA-SCID) leis na riochtaí dá ndéantar scagthástáil mar chuid den Chlár Náisiúnta Scagthástála Fola do Naíonáin Nuabheirthe
- Forbraíodh an Argóint ar son an Ghnó do Mhaireachtáil go Sláintiúil agus bhí sé ina dhiaidh sin mar bhonn eolais d'fhorbairt Tionscnaimh do Phobail Shláintiúla i gcomhar le RnaS agus Oifig Feidhmithe Chlár *Sláintecare*
- Mar gheall ar thionchar na paidéime, ba lú ná mar a bhí ag súil leis an dul ar aghaidh a rinneadh leis an tionscadal arna maoiniú ag *Sláintecare* chun gairmithe scoir caithimh a cheapadh agus seirbhísí nua scoir caithimh a bhunú i suíomhanna máithreachais, tionscadal ar cuireadh stad leis ar feadh roinnt míonna.

Sláinte Phoiblí

- Bhí ról tábhachtach ag ár bhfoirne sláinte poiblí i bhfreagairt ar phaindéim COVID-19. Imlonaiodh foireann bhreise chun freagairtí tráthúla a chur ar fáil ar fud na tíre. D'oibrigh foirne sláinte poiblí go dlúth leis an gcóras sláinte níos forleithne chun scaipeadh an víris a mhaolú agus srian a chur leis agus straitéisí fianaisebhunaithe, treoir, faireachas galair agus faisnéis sláinte a forbraíodh go náisiúnta in úsáid acu. Thacaigh lucht sláinte poiblí freisin le tástáil COVID-19 ó thús go deireadh agus rianú teagmhála a dearadh agus a soláthraíodh chun sláinte daoine in Éirinn a chosaint go sonrach
- Rinne Lárionad Faireachais Cosanta Sláinte FnaSS i gcomhar leis an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Víris staidéar ar shéirealeitheadúlacht sa daonra
- Leanadh le linn na bliana le samhail nua sláinte poiblí bunaithe ar fhianaise idirnáisiúnta agus ar an dea-chleachtas
- Mar gheall ar thionchar na paidéime, tháinig laghdú ar rátaí vacsaínithe páistí go luath sa chéad leath de 2020 ach feabhsaíodh iad sa dara leath den bhliain le soláthar clinici cúitimh. Tugadh isteach vacsaíní in aghaidh an fhliú do pháistí chomh maith.



Grúpa fíorúil beathaithe cíche

Óstálann Roisin Sullivan, comhairleach lachta, grúpa lachta ar líne i nDún Laoghaire, ag soláthar tacaíochta agus comhairle rithábhachtach in ainneoin na srianta de bharr COVID-19.

“Chuir mé an nasc chuig na haltraí sláinte poiblí go léir sa cheantar chun é a chomhroinnt leis na mamaíthe nua agus is é an lá agus an t-am céanna é gach seachtain” a deir Roisin. “Bím ag iarraidh ceisteanna ar bith a ardaítear le linn an tseisiúin a fhreagairt. Ach más fearr le mamaí comhairliúchán duine le duine a dhéanamh liomsa, is féidir linn seisiún ar líne a sceidealú le chéile. Tá m'uimhir acu agus tá fáil acu orm i gcónaí má bhíonn aon deacrachtaí acu.”

Seirbhís Sláinte Comhshaoil

- Ó thús na paindéime, cuireadh faisnéis rithabhachach cosanta sláinte ar fáil do phaisinéirí a bhí ag teacht go hÉirinn, de réir treorach sláinte poiblí
- Measúnaíodh comhlíontacht leis an bPrótacal Sábháilteachta ag an Obair do COVID-19 in earnálacha éagsúla gnó
- Leanadh leis an obair chun an acmhainn a mhéadú chun a chinntiú go bhféadfaí srianta oifigiúla ar bhia iompórtáilte a chur i gcrích agus go bhféadfaí freagairtí ar iarrataí breise ionchasacha ar theastais easpórtála bia a shásamh, tar éis an Bhreitheamhachta
- Leanadh leis an obair in éineacht le miondíoltóirí agus páirtithe leasmhara eile go náisiúnta chun comhlíontacht a thógáil trí bhearta nua maidir le díol alcóil faoin *Acht Sláinte Poiblí (Alcól)*, 2018 agus chun comhlíontadh an *Achta Sláinte Poiblí (Tobac)*, 2002 a chinntiú
- Mar thoradh ar an dúnadh áitreabh a bhain le COVID-19, laghdaíodh an líon iniúchtaí agus ceannach tástála in áitribh bia, forais leabaí gréine agus miondíoltóirí tobac i gcomparáid le 2019. Bhí sé mar fhócas lárnach i gcónaí, áfach, freagairt ar ghearáin ón bpobal i gcoitinne maidir le ceisteanna a measadh go raibh siad ina riosca don tsláinte phoiblí agus measúnaíodh 96% de ghearáin dá leithéid laistigh d'aon lá oibre amháin.



An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála

- Reachtáil BreastCheck seirbhís laghdaithe in 2020 ach lean siad orthu ag cur seirbhíse ar fáil do na mná siúd a bhí ag an gcéad chéim measúnaithe den scagthástáil a measadh go raibh ardriosca i gceist. Bhí mamagram iomlán ag 56,270 bean in 2020 (69.6% de laghdú i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil leis)
- Chuir CervicalCheck stad ar scagthástáil cúraim phríomhúil i Márta ach nuair a cuireadh atosú leis an gclár in Iúil, chuaigh tástáil HPV beo sa chúram príomhúil agus seoladh an scagthástáil ar fad ar aghaidh i gcomhair tástála HPV. Ba é 143,028 an líon ban ar tógadh sampla amháin nó níos mó uathu i suíomh cúraim phríomhúil in 2020 (laghdú de 43.9% i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil leis)
- Lainseáil BowelScreen aonad nua ionscópachta ag Ospidéal na hOllscoile Port Láirge i mí na Nollag 2020 chun cabhrú leis an gclár seirbhíse tábhachtacha a sheachadadh níos gaire don áit ina gcónaíonn daoine san Oirdheisceart. Chuir lucht riartha an chlár seoladh na gcuirí ar athló i Márta agus chuir siad atosú le seoladh cuirí nua don scagthástáil ar bhonn céimnithe i Lúnasa 2020 agus rinne 49,889 cliant tástáil imdhíoncheimiceach faecais (FIT) go sásúil in 2020 (laghdú de 60.1% i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil leis)
- Chuir lucht riartha Diabetic Retina Screen conair faireachais dhigitigh nua i bhfeidhm lena sheachadadh laistigh den phobal chun cabhrú leis na clinicí cóireála ospidéil an plódú othar ar liostaí feithimh a laghdú. Tar éis an scagthástáil a thástáil, chuir DiabeticRetinaScreen atosú le scagthástáil in Iúil ar bhonn céimnithe, rinneadh scagthástáil ar 62,281 duine agus bhí toradh deiridh grádála ann in 2020 (laghdú de 43.4% i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil leis).

Clár Breisithe Cúraim Pobail (EEC)

- Bunaíodh an clár EEC agus cuireadh tús leis an struchtúr feidhmithe, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú 96 Líonra Cúraim Sláinte Pobail (CHNanna) agus 32 foireann speisialtóirí do dhaoine aosta agus do ghálair ainsealacha
- Cuireadh tús le luacháil ar na naoi suíomh foghlama CHN, agus beidh an toradh air sin mar bhonn eolais ag fheidhmiú na samhla CHN amach anseo
- Cuireadh tús le hearcú 3,000 post ar a n-airítear na poist i gcomhair CHNanna agus foirne speisialtóirí pobail
- Le linn míonna tosaigh na paindéime, chuaigh tuairim is 40% de na seirbhísí ar aghaidh mar ba ghnách (e.g. seirbhísí cónaitheacha), bhí 40% ag obair le hacmhainn laghdaithe (e.g. tacaíocht sa mbaile dóibh siúd ag leibhéal íseal riachtanais) agus cuireadh 20% de na seirbhísí ar fionraí (e.g. teiripí clínic-bhunaithe); ach bhí méadú suntasach ar sholáthar seirbhíse ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair mar thoradh ar an bhfoireann bheith ag filladh diaidh ar ndiaidh ar dhualgais láir ó sheirbhísí a bhí sainiúil do COVID-19. Sroicheadh buaic an mhéadaithe seo i Samhain agus i mí na Nollag, agus an dara agus an tríú ráig den phaindéim mar chuid den chúis leis sin
- Lean FnaSS air i gcónaí lena ghafacht agus a chaidreamh leis na heagraíochtaí atá mar chomhpháirtithe aige faoi alt 38 agus alt 39, agus chuir sé leo siúd nuair ba ghá, chun an oiread treorach agus tacaíochta praiticiúla a chur ar fáil agus ab fhéidir. Agus aitheantas á thabhairt againn do na dúshláin ar leith atá roimh ár gcomhpháirtithe in earnáil dheonach an mhíchumais, leagamar béim bhreise ar leith ar an teagmháil sin agus leanfar leis sin go 2021.



**414,345 othar
fisiteiripe feicthe
ag seirbhísí pobail**

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

- Chuathas ar aghaidh le feidhmiú an Chomhaontaithe DT 2019 agus le hinfheistíocht maoine cuireadh ar chumas seirbhísí nua breisithe mar bhainistíocht galar ainsealach, bainistíocht othar a bhfuil haemacrómatóis orthu agus tacaíocht bhreise ó altraí cleachtais teacht i réim in éineacht le méaduithe ar íocaíochtaí táillí le DTanna
- Chaibidligh FnaSS agus RnaS socruithe saincheaptha maidir le soláthar seirbhíse taobh amuigh de na gnáthuaireanta, forbairt mol measúnaithe pobail, agus an clár modhnaithe galar ainsealach
- Tugadh tús áite do sholáthar seirbhísí cúraim phríomhúil i rith na bliana agus sláinte leanaí, scaoileadh amach ó ghéarchúram go pobal, teiripí agus seirbhísí éigeandála (e.g. seirbhísí fioclóra éigeandála), pacáistí tacaíochta altranaís do leanaí a bhfuil riochtaí a chiorraíonn a saol orthu, agus altranas sláinte phoiblí san áireamh
- Cé gur cuireadh teiripí clinic-bhunaithe ar athló ag tús na paindéime, bunaíodh cuir chuige nuálacha (ar nós Attend Anywhere) chun teiripí a chur ar fáil go fíorúil, aon áit arbh fhéidir, agus roimh dheireadh mhí na Nollag, bhain 78% d'atreoruithe fisiteiripe, 78% d'atreoruithe urlabhra agus teanga, 58% d'atreoruithe teiripe shaothair agus 49% d'atreoruithe síceolaíochta úsáid as na seirbhísí seo laistigh den sprioc-tréimhse
- Le bunú foirne ildisciplíneacha forbraíodh agus soiléiríodh i gcónaí conairí cúraim ag seirbhísí speisialtóirí, soláthraíodh planáil cúraim níos sprioc-dhírthe do dhaoine a raibh riachtanais chasta cúraim acu, éascaíodh le soláthar tuilleadh seirbhísí sa phobal, agus laghdaíodh dá bharr sin gníomhaíocht ghéarchúraim ospidéal.

Seirbhís Aisíocaíochta do Chúram Príomhúil


- Cúitíodh tuairim is 7,100 conraitheoir as soláthar seirbhísí sláinte don phobal faoi na scéimeanna éagsúla, agus éascaíodh le híocaíochtaí le DTanna as cianchomhairlí i gcás othar a rabhthas in amhras go raibh COVID-19 tolgtha acu



Pacaí 'Golden Moments' chun tacú le daoine scothaosta

D'fhorbair an fhoireann i Seirbhísí Meabhairshláinte do Dhaoine Scothaosta i mBaile Átha Cliath Thuaidh clár darb ainm 'Golden Moments' do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu chun rogha struchtúrtha eile a chur ar fáil in ionad seirbhísí pobal-bhunaithe. Bhí lúcháir ar an bhfoireann mar gheall ar an fhreagairt dhearfach a fuarthas ó úsáideoirí seirbhíse agus óna gcúramóirí, agus dúirt Mellany McLoone, Príomhoifigeach, faoin tionscnamh gur *"sampla iontach eile de chruthaitheacht agus nuáil na foirne lena léirítear a dtiomantas do chúram duine le duine a sheachadadh le linn COVID-19"*.

- Méadaíodh feidhmiúlacht leictreonach chun ligean do chonraitheoirí cógaslainne nua a bheith lánúathobrithe agus leanadh leis an obair ar fhorbairt córais iarratais lánchomhtháite ar líne dóibh siúd ar mian leo iarratas a chur isteach nó a dteidlíocht a athnuachan faoi na scéimeanna éagsúla
- Rinneadh measúnú ar iarratais maidir le drugaí nua agus úsáid drugaí atá ann cheana in 2020 de réir na nósanna imeachta a leagtar amach sa *Framework Agreement on the Supply and Pricing of Medicines 2016-2020*.



Riachtanais sláinte
984 úsáideoir
seirbhíse a glacadh
isteach i mbrúnna
cóiríochta éigeandála
do dhaoine gan
dídean measúnaithe
faoi cheann dhá
sheachtain

Cuimsiú Sóisialta

- Cuireadh tacaíochtaí suntasacha ar bun chun tionchar COVID-19 ar ghrúpaí soghonta a mhaolú mar bhunú fhoireann Fhreagairt COVID-19 do Dhaoine gan Dídean i mBaile Átha Cliath, arna threorú ag Cúram Sláinte Phobal Chathair agus Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Áiríodh air seo mol tiomanta measúnaithe COVID-19, atá suite in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae. Comhfhiontar is ea an mol idir an t-ospidéal, an FnaSS agus SafetyNet agus áirítear air seirbhís for-rochtana móibíl a bheidh dírithe orthu siúd atá gan dídean agus ar dhaoine eile nach féidir leo rochtain, nó nach n-iarrann rochtain ach go hannamh, ar DTanna agus ar chúram sláinte
- Feidhmíodh freagairt luath srianta ionfhabhtaithe ar fud na seirbhísí do dhaoine gan dídean arna treorú ag *Treoirínte COVID-19 do Shuíomhanna do Dhaoine Gan Dídean agus suíomhanna do ghrúpaí leochaileacha eile (cuimsiú sóisialta)* de chuid an Lárionaid Cosanta Sláinte agus Faireachais
- Soláthraíodh tacaíochtaí breise ildisciplíneacha chun a sláinte siúd a bhí i gcóiríocht shealadach éigeandála, a sláinte siúd a bhí ag féindíonadh, ag cocúnú agus a sláinte siúd a bhí in áiseanna féinleithlithe a mhonatóiriú agus a bhainistiú
- Thosaigh 893 duine breise ar chóireáil ionadaíochta ópóideach in 2020.

Seirbhísí Daoine Scothaosta

- Cuireadh seirbhísí lae ar fionraí mar gheall ar phaindéim COVID-19. Cuireadh oiriúnuithe do sholáthar seirbhíse i bhfeidhm, áfach, ar nós Béilí ar Rothaí a mhéadú, tacaíocht líne fóin agus for-rochtain trí chuariteanna ina gcomhlíontar scaradh sóisialta
- Lean seirbhísí a thacaíonn le scaoileadh amach ó ospidéal (cúram idirthréimhse) ach laghdaíodh iad mar gheall ar shrianta ar chúram cónaithe fadtéarmach a bhain le riachtanais sláinte phoiblí. Tháinig an-laghdú chomh maith ar sheirbhísí faoisimh cónaitheacha éigeandála mar gheall ar shrianta acmhainne, agus ní mór tacaíocht faoisimh baile agus cúramóra gníomhaíocht a laghdú freisin
- Lean seirbhísí tacaíocht baile ar aghaidh ar leibhéal laghdaithe (mar gheall ar chlutharú go pointe áirithe), go háirithe dóibh siúd atá ar leibhéal tosaíochta 3 agus 4. Tháinig laghdú freisin ar sholáthar áiseanna agus fearais chun neamhspleáchas a chothú. In ainneoin na gníomhaíochta laghdaithe, seachadadh breis is 17.5 milliún uaire tacaíochta baile in 2020
- Bunaíodh Foirne Freagartha ar COVID-19 agus leanadh leo mar gheall ar thionchar díréireach an víris ar árais altranais; Dhírigh na sainfhoirne seo ar thacaíocht a chur ar fáil do láithreacha cónaithe chun ráigeanna COVID-19 a bhainistiú, i gcomhar le foirne sláinte phoiblí.

Cúram Maolaitheach

- Coinníodh soláthar seirbhíse cúraim mhaolaithigh i suíomhanna othar cónaitheach agus pobail, ar a n-áiríodh cúram deiridh saoil laistigh de thithe cónaithe féin na ndaoine
- I rith na bliana, rinne breis is 3,200 othar rochtain ar leabaí speisialtóra othar cónaitheach agus fuair líon coibhéiseach cóireáil cúraim mhaolaithigh speisialtóra i suíomh a dtithe féin.

Seirbhísí Míchumais

- Cuireadh atreo ar acmhainní a bhí ailínithe le seirbhísí lae d'aosaigh chun a chinntiú go gcoinneofaí seirbhísí rithabhachtacha cónaitheacha ar bun. Ath-implonáíodh chomh maith cúntóirí riachtanas speisialta ó Mheitheamh go Lúnasa chun tacú le 230 páiste a raibh míchumais chasta orthu
- Cuireadh ar bun 86 ionad breise éigeandála mar fhreagairt ar riachtanas agus soláthraíodh 4.7 milliún uaire tacaíochta baile agus cúnaimh phearsanta le chéile



943 ionad nua éigeandála seirbhíse míchumais agus tacaíochtaí faoisimh sa mbaile

- Tháinig méadú suntasach ar an líon measúnuithe riachtanais i rith na ráithe deiridh de 2020 agus táthar ag súil leis go nglanfar an liosta feithimh de réir na sprice sa chéad leath de 2021
- D'oibrigh brateagraíochtaí míchumais i gcomhpháirtíocht le FnaSS chun an acmhainn a fhorbairt laistigh den earnáil. Áiríodh air seo samhla cruthaitheacha, nuálacha cúraim a úsáid ar nós tabhairt isteach lárionaid pobail fhíorúil i gcomhpháirtíocht le Enable Ireland, chun tacaíochtaí pobalbhunaithe agus teicneolaíochta a chur ar fáil
- De bharr thionchar na paindéime, d'imigh cuid den fhuinneamh as cláir rithabhachtacha, mar shampla aistriú ó láithreacha comhchónaithe, buiséid phearsantaithe, an clár uathachais agus forbairt na bhfoirne líonra do mhíchumais páistí.

Seirbhísí Meabhairshláinte

- I suíomhanna meabhairshláinte othar cónaitheach géar agus suíomhanna cónaitheacha pobail, athchumraíodh áiseanna agus rinneadh cónaitheoirí a aistriú chun fáil réidh le seomraí leapa iláitíochta agus an riosca tras-ionfhabhtaithe a laghdú
- *An Fhís a Roinnt – Beartas Meabhairshláinte do Gach Duine* i Meitheamh 2020 agus comhaontaíodh síneadh le *Connecting for Life, Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú*
- Lainseáladh tionscnamh nua, Child and Adolescent Mental Health Services (CAMHS) Connect, chun feabhas a chur ar an eispéireas othair i gcás daoine óga a theastaíonn rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte uathu, go háirithe ag am taobh amuigh d'uaireanta



Cabhraíonn grúpa fótagrafaíochta leis an meabhairshláinte

Thug teiripeoirí saothair ar Fhoirne Meabhairshláinte Pobail na Cúlóige agus Dharndál úsáideoirí seirbhíse agus baill den bhfoireann le chéile chun grúpa fótagrafaíochta a chruthú chun leithlisiú a chomhrac agus meanma a thógáil. Rinneadh an cinneadh dul digiteach, agus fuair na cliaint téama nua gach seachtain.

Bhí na téamaí dírithe ar réimsí riachtanais. Cuireadh béim láidir ar an mbuíochas a chur chun cinn mar go bhfuil sé faighte amach ag an taighde go bhféadann sé sin cabhrú le feabhsúcháin ar ghiúmar agus braistint an leithlisithe a laghdú.

- Cuireadh ar fáil tacaíochtaí, comhairliú saor ar líne, rochtain ar oiliúint ar líne agus tacaíocht piaraí, maoiniú breisithe don tseirbhís náisiúnta téacs, rochtain ar oiliúint shaor ar líne ar mhaithe leis an bhféinmharú a chosc agus líne treorach teileafóin saor 24/7
- Mar thoradh ar COVID-19 laghdaíodh roinnt seirbhísí meabhairshláinte pobail. Bhí an laghdú seirbhísí i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí ar sholáthar seirbhísí sábháilte. Baineadh úsáid fhorleathan as uirlisí cianchomhairliúcháin ar nós Attend Anywhere chun leanúnachas sna seirbhísí a chinntiú d'othair mheabhairshláinte.



Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéal

- De bharr na hacmhainne méadaithe leapacha agus an laghdaithe ar ghníomhaíochtaí, sceidealaithe agus neamhsceidealaithe araon, cinntíodh go raibh córas géarmhíochaine an ospidéil ag obair ar acmhainn 80% (nó faoin bhun sin), rud a d'fhág go raibh an cumas ann othair a ligean isteach gan mhoill
- Baineadh leas as teile-shláinte agus réitigh dhigiteacha eile agus áiríodh orthu sin feidhmiú na gclínici fíorúla othar seachtrach chun go bhféadfaí cúram a thabhairt d'othair i gcónaí i dtimpeallacht shábháilte
- Leanadh leis an obair ar phlean d'fheidhmiú mholtaí *Thuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha maidir le Tráma: Córas Tráma d'Éirinn*
- Forbraíodh plean náisiúnta i gcomhair athchumraithe agus sruthlínithe seirbhísí tráma agus seirbhísí máinliacha ortaipéideacha chun tionchar COVID-19 a mhaolú
- Eisíodh treoir náisiúnta don ionscópacht chun cur ar chumas aonad ionscópachta a ngníomhaíocht a phleanáil agus riosca tarchuir COVID-19 chuig foireann agus othair a íoslaghdú
- Osclaíodh an tOspidéal Náisiúnta Athshlánaithe nua i Meitheamh agus tá sé ag seachadadh cúraim agus cóireála breisithe d'othair a bhfuil seirbhísí athshlánaithe casta speisialtóra de dhíth orthu
- I measc na seirbhísí a cuireadh ar athló in 2020 bhí seirbhísí cáis lae, obráidí roghnacha agus coinní othar seachtrach. Ar an iomlán, i gcomparáid le 2019, tháinig laghdú 20% ar ghníomhaíocht roghnach d'othair chónaithe agus laghdú 16.5% ar ghníomhaíocht cháis lae
- Le COVID-19 ba ghá atheagrú mór ar bhainistíocht othar, ar a n-áiríodh scagthástáil ar theacht i láthair dóibh agus roinnt i gconairí COVID-19 agus neamh-COVID-19, rud a maolaíodh le laghdú gan choinne ar theachtanna i láthair i Ranna Éigeandála. Tháinig laghdú 15% ar an líon iomlán teachtanna i láthair de bharr éigeandála i gcomparáid le 2019.

Seirbhísí Ailse

- Bhí sé mar thosaíocht seirbhísí práinneacha criticiúla máinliachta oinceolaíochta a choinneáil ar siúl agus athshuíodh an-chuid seirbhísí go dtí ospidéal phríobháideacha i rith na tréimhse Márta go Meitheamh 2020
- Bhí an líon iomlán othar nua a bhí ag freastal ar na clinici rochtana tapa RACanna in 2020 (44,233) níos ísle ná mar a tuaradh, ag 88% de na cuairteanna nua ar fad in 2019; Chonacthas 52% den lucht freastail don ailse phróstataigh laistigh de 20 lá oibre i gcomparáid le 67% in 2019, agus chonacthas an céatadán céanna den lucht freastail don ailse scámhóg agus den lucht freastail don ailse chíce laistigh den sprioc mar a rinneadh in 2019 (87% laistigh de deich lá agus 70% laistigh de dhá sheachtain faoi seach)
- Bhí laghdú ar na hatreoruithe leictreonacha (Ríomhatreoruithe) ó DTanna go dtí na RACanna chun ailse fhéideartha cíche, scamhóg agus próstataigh a iniúchadh i rith na chéad ráige den phaindéim. Sna míonna ina dhiaidh sin, d'fhill na Ríomhatreoruithe ó DTanna go ginearálta go dtí na leibhéil ba ghnách. Faoi dheireadh 2020, b'ionann iomlán na Ríomhatreoruithe ó DTanna go dtí na RACanna (45,212) agus 112.4% de na hatreoruithe ar fad in 2019
- B'ionann an líon iomlán ailsí príomhúla próstataigh, cíche agus scamhóg a diagnósíodh ag RACanna in 2020 (4,950) agus 94.6% den líon iomlán a diagnósíodh in 2019 (5,184)
- Cuireadh ar aghaidh moltaí an Mheasúnaithe Riachtanas Náisiúnta do Mharthanóirí na hAilse i rith 2020 agus bunaíodh foirne ildisciplíneacha ar fud na lárionad ailse agus, faoi mhaoirseacht an Cheannaire Clinic don tSíc-Oinceolaíocht, tá samhail cúraim don tsíc-oinceolaíocht á forbairt agus tá líon post tacaíochta clínic earcaithe
- Tá sé róluath chun tionchar iomlán na paindéime leanúnaí COVID-19 a mheas go cinnte ar dhiagnóisí agus torthaí na hailse in Éirinn; ach tá iarrachtaí leiththeadúla iarmhairtí phaindéim COVID-19 ar dhiagnóisí agus cóireáil na hailse ar siúl in Éirinn.



115,138 glao stádas clínicíúil 1 ECHO agus DELTA tagtha i láthair

Seirbhísí Ban agus Páistí

- Choinnigh na 19 n-ospidéal agus aonad máithreachais ar fad a seirbhísí ar siúl i rith na paindéime. Úsáideach teicneolaíocht chun an gá le cuairteanna ar an ospidéal a laghdú agus chun ranganna ar líne réamhbhreithe agus iarbhreithe, cumarsáid agus ardáin cruinnithe a sholáthar
- Méadaíodh seirbhísí pobail cnáimhseachais áit arbh fhéidir, rud a laghdaigh an tréimhse ama a chaith an mháthair agus an leanbh san ospidéal
- Tharla an chéad Suirbhé Náisiúnta Eispéiris Mháithreachais in 2020, agus ghlac breis is 3,200 bean páirt ann (ráta rannpháirtíochta de 50%). Beidh torthaí an tsuirbhé mar bhonn eolais ag tosaíochtaí feabhsaithe caighdeáin
- Ghlac an Ceannaire Clinic do Sheirbhísí Foirceannata Toirchis leis an bpost in Eanáir 2020. Cuireann an ceannaire ceannaireacht chliniciúil ar fáil i gcomhair feidhmithe seirbhísí sábháilte, fianaise-bhunaithe, otharláraithe, inrochtana do mhná a bhfuil seirbhísí ginmhille ag teastáil uathu. Thacaigh na hospidéal máithreachais go léir le soláthar na seirbhísí seo
- Cuireadh ar fionraí go sealadach soláthar péidiatrach d'othair chónaitheacha ag Children's Health Ireland (CHI) Tamhlacht agus cuireadh an spás ar fail do sheirbhísí d'aoisigh. Ag ospidéal eile, aistríodh EDanna péidiatracha go dtí bardaí do pháistí a bhí mar othair chónaitheacha chun éascú le scaradh cásanna aosacha éigeandála COVID-19 agus neamh-COVID-19
- Mar gheall ar thionchar COVID-19, stadadh obair ar an dara haonad satailíte d'othair sheachtracha agus cúram práinneach ag Ospidéal Thamhlachta. Atosaíodh an obair seo go déanach in 2020, áfach, tá sé ag dul ar aghaidh agus táthar ag súil le é bheith críochnaithe go déanach in 2021.

An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna

- Freagraíodh breis is 360,000 glao éigeandála otharchairr in 2020, tugadh faoi beagnach 28,000 aistriú idir ospidéal agus bhainistigh an tSeirbhís Cúraim Idirmheánaigh 86% de na glaonna aistrithe othar
- Cuireadh i gcrích breis is 900 glao míochaine/aeir otharchairr agus thug Seirbhísí Cúraim Chriticiúil Aisghabhála agus an tSeirbhís Otharchairr do Pháistí an NAS faoi bheagnach 1,400 aistriú aonaid speisialta
- Atreisiúodh mol clínicíúil an NAS a thuilleadh chun comhairle a thabhairt faoi chonairí malartacha i gcomhair othar géire ísle, chun seoladh otharcharr nár ghá, moilleanna ar na tréimhsí slánúcháin agus iontrálacha ar an ospidéal a sheachaint
- Cuireadh i bhfeidhm lárionad seolta tiomanta COVID-19 agus soláthraíodh tástáil baile trí chliniceoirí otharchairr líne tosaigh a athlonnú ó fhreagairt éigeandála go dtí tástáil COVID-19, mar fhreagróirí aonair i bhfeithiclí freagartha tapa.

Altra ar lá bainise a cuireadh ar athló

Ba cheart go mba 17 Aibreán an lá ba speisialta dá saol ach chaith altra amháin an lá agus culaith altranaís uirthi in ionad a gúna bainise agus í ag comhrac COVID-19 ar an líne tosaigh.

B'éigean do Aisling McGarrell, Bainisteoir Altra Clínicíúil ag Ospidéal Mhuire Lourdes a pleananna bainise a chur ar ceal mar gheall ar an bpaindéim. Ach de rogha ar an lá a bhí beartaithe dá bainis a thógáil saor, roghnaigh sí bheith i bpáirt lena cuid comhghleacaithe ar seal 12 uaire.

"Bhí an lá gnóthach agus d'imigh sé thart go sciobtha ach tháinig tocht orm nuair a thug mo chomhghleacaithe féiríní áille dom agus iad ag déanamh mo mhór díom."



3.4 Cáilíocht agus Sábháilteacht ár Seirbhísí a Chinntiú

Tá obair ar siúl i gcónaí chun tacú le soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán, sábháilte, éifeachtacha, inrochtana, agus áirítear air sin príomhbhearta straitéiseacha *Sláintecare* a chur ar aghaidh. Tá ár bhfócas dírithe ar chlár oibre a thacú agus a thionscnamh a threisiú leis an gceannaireacht agus an saineolas clínicíúil, a fhorbraíonn agus a chlothaíonn comhoibriú le hothair agus úsáideoirí seirbhíse, a chinntiú sábháilteacht agus a chuireann feabhas ar eispéireas an othair agus an úsáideora seirbhíse.

Leagtar amach thíos achoimre ar na príomhfhorbairtí in 2020 faoi gach aon cheann de na príomhréimsí fócais.

Saineolas Clínicíúil

Táthar ag obair i gcónaí chun an t-aistriú ón tsamhail sláinte ospidéal-láraithe i dtreo samhla duineláraithe, pobal-bhunaithe a chur ar aghaidh, agus an beartas *Sláintecare* agus ár bPlean Corparáideach mar bhonn eolais aige. Áiríodh air seo an líon post altranaís agus speisialtóra cnáimhseachais agus ardchleachtais a mhéadú agus leas a bhaint as féidearthacht chomhochoiteann na 26 gairm sláinte agus cúraim shóisialta (HSCPanna).

Tá feidhmiú na gclár náisiúnta clínicíúil dulta ar aghaidh, tar éis athbhreithnithe a rinneadh in 2019. Ar na moltaí áiríodh bunú fóraim chliniciúil, ceapadh Ceannaire Náisiúnta i gcomhair Cúram Comhtháite agus clár clínicíúla áirithe a chumas.

Atreisiódh i rith 2020, acmhainn agus cumas an altranaís agus an chnáimhseachais trí scóip an chleachtais a leathnú chun tionscnaimh COVID-19 a fhoisiú, 1,000 altra a uasoiliúint lena n-athlonnú chuig ráigeanna cúraim chriticiúil agus Grúpaí Líonraithe agus Comhairleacha Altranaís agus Cnáimhseachais a chur i bhfeidhm chun seirbhísí a chur ar aghaidh, a threorú agus a thacú i bhfeidhmiú na teile-shláinte. Ina theannta sin, forbraíodh clár nua treorach clínicíúla agus oideachais fhíorúil bainteach leis sin chun cur ar chumas altraí agus cnáimhseacha cláraithe a gcleachtas a leathnú mar fhreagairt ar an bpaindéim.

Cé go ndeachaigh paindéim COVID-19 i gcion go suntasach ar ár gcumas oideachais agus oiliúna a chur ar fáil i bhformáid thraidisiúnta, leanadh leis an obair chun clár a fhorbairt a sheachadfaí go fóruil. Cuireadh i láthair roinnt seimineár idirlín, seimineár idirlín san áireamh lena rabhtas in ann taithí agus foghlaim ceannaireachta ildisciplíní clínicíúla a chomhroinnt i rith na paindéime. Tá clár an Stiúrthóra Clínicíúla ag tacú i gcónaí le stiúrthóirí clínicíúla ina ról agus tacaíonn sé le forbairt shamhail na stiúrthóireachta clínicíúla i CHOanna agus Grúpaí Ospidéal.

Samhlacha Cúraim

In 2020, cuireadh tús le hobair ar dhearadh samhla nua do sheachadadh leigheasra sláinte poiblí bunaithe ar fhianaise idirnáisiúnta agus an dea-chleachtas. Áiríodh air seo dearadh pleananna fórsa oibre agus athraithe bainistíochta a ghabhann leis, agus plean do shamhail nua a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht COVID-19.

Cumasaíodh samhlacha nua eile cúraim trí churanna chuige níos ildisciplíní i leith seachadadh an chúraim sláinte a fhorbairt. Áiríodh air seo bunú foirne speisialtóirí i gcomhair bainistíochta galar ainsealach i gcás príomhbhaileanna (ar a n-áiríodh asma, cliseadh croí agus diaibéiteas) chun tacú le haistriú ar shiúl ó na hospidéal mhóra ghéarmhíochaine, agus feidhmiú leanúnach na samhla cúraim don mheabhairshláinte imbhreithe.

Rannpháirtíocht Othar

Leanadh leis an obair le creat comhtháite a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht, eispéireas agus abhcóideacht othar, ar a n-áiríodh tionscadal chun foghlaim chomhroinnte a chur chun cinn tar éis teagmhas sábháilteachta othar, Scéalta Sábháilteachta Othar a fhorbairt agus Leabhar Cásanna Gearáin a fhoilsiú.

Leanadh le rannpháirtíocht othar tríd an gClár Comhpháirtíochta le Daoine a Úsáideann na Seirbhísí Sláinte chun comhpháirtíocht le hothair, úsáideoirí seirbhíse, ball teaghlach agus cúramóirí a chur chun cinn i bpleanáil, dearadh agus seachadadh seirbhísí. Éascaíonn sé seo le gafacht bhríoch ag leibhéal straitéiseach tríd an bhFóram Náisiúnta Othar agus Úsáideora Seirbhíse, Othair ar son Sábháilteacht Othar Éire, an Painéal Náisiúnta Ionadaíoch d'Othar agus grúpaí eile abhcóideachta agus tacaíochta othar. Ar na príomhshamplaí de rannpháirtíocht othar in 2020 bhí iarrataí ar aiseolas faoi nithe éagsúla bainteach le COVID-19, ionadaithe othar bheith ag freastal ar cheardlanna agus fóraim, agus rannpháirtíocht ionadaithe i ngrúpaí agus painéil. Ina theannta sin, leanadh leis an teagmháil leis an tSeirbhís Neamhspleách Abhcóideachta Othar a spreagann othair chun cumarsáid a dhéanamh leis an tseirbhís sláinte faoi ábhar buartha ar bith.

Trédhearcacht agus Oscailteacht

Chuathas ar aghaidh le cultúr foghlama agus feabhsaithe atá atruach, cóir, féarálte a leabú i rith 2020. Cuireadh chun cinn agus cuireadh i bhfeidhm prótacail, beartais agus clár oiliúna chun tacú le lucht foirne agus seirbhísí chun athbhreithnithe teagmhas, nochtheadh oscailte, tuairisciú éigeantach, cinnteoireacht chuidithe, toiliú agus cearta eile agus ceisteanna comhionannais a chomhlíonadh. Aistríodh oiliúint ar an *Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas)*, 2015 agus Beartas Náisiúnta Toilithe FnaSS go dtí ardáin ar líne in 2020, agus áiríodh air sin seoladh fíorúil an Fhíseáin Mhínithe do Chinnteoireacht Chuidithe.

Forbraíodh beartas athbhreithnithe slánchumhdaithe FnaSS in 2020 agus seachadadh clár oideachais agus oiliúna coisc, feasachta agus freagartha. Tacaíonn na tionscnaimh seo le cosaint leanúnach othar soghonta agus úsáideoirí seirbhíse i gcomhréir leis an gClár Rialtais 2020 agus *Tuarascáil an Phainéil Saineolaithe maidir le Tithe Altranais agus COVID-19*.

Cultúr Duine-Láraithe a Chumasú

Tugadh isteach clár forbartha éascaitheora chun Cultúr Duine-Láraithe a Chumasú i gcomhair daoine a úsáideann seirbhísí agus daoine a chuireann ar fáil iad araon ar fud chóras cúraim sláinte na hÉireann. Cinnteoidh an clár go mbeidh éascaitheoirí agus grúpaí áitiúla athraithe cultúir ag seirbhísí a mbíonn na scileanna agus an t-eolas acu a theastaíonn chun dul i gceannas ar athrú duine-láraithe cultúir sna ceantair acu, agus go gcumasóidh siad foirne chun a luachanna agus a gcreidimh chomhchoiteanna a chur in iúl maidir le cleachtas duine-láraithe, agus é sin a aistriú isteach sa chaoi ina mbeartaíonn agus ina soláthraíonn siad cúram.

Sábháilteacht Othar agus Foirne

Cuireadh tús le feidhmiú na *Straitéise Sábháilteachta Othar 2019-2024* in 2020; tá COVID-19 dulta i gcion ar an ráta feidhmithe, áfach.

Cuireadh líon suntasach post nua ar bun chun tacú le feidhmiú leanúnach *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2017-2020*, ar a n-áirítear poist altranais IPC, poist cógaslainne in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus poist faireachais eolaíocha. Ligfidh an phríomhfhoireann seo aghaidh a thabhairt le bearnaí sainiúla sainaitheanta i mbainistíocht na fhrithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR) agus ionfhabhtaithe a bhaineann le cúram sláinte (HCAI) i suíomhanna pobail agus géara araon.

Tháinig roinnt ball foirne chun bheith ina dtraenáilte sláinteachais láimhe sa chúram sláinte pobail i rith na bliana, agus forbraíodh chomh maith ocht modúl Ríomhfhoghlama i gcomhair oibríthe cúraim sláinte chun tacú le bainistíocht AMR. Tacaíodh le fáil TCP trí luacháil chliniciúil ar línte soláthair TCP.

Caighdeán a Fheabhsú agus a Choimeád

Ag cách, le cách, do chách: cur chuige straitéiseach i leith cáilíocht a fheabhsú 2020-2024 is teideal do dhoiciméad a foilsíodh in Eanáir. Tá sé mar sprioc aige ardchaighdeán marthanach a bhaint amach inár seirbhís sláinte, feabhas a chur ar na torthaí do na hothair agus dá n-eispéireas cúraim, agus forbairt agus tacaíocht leanúnach na foirne agus iad ag seachadadh cúraim ar ardchaighdeán. Tá seacht gclár cúraim mar bhonn agus mar thaca ag an gcur chuige seo.

Lainseáladh an *Creat Bainistíochta Teagmhas 2020* i Samhain agus athdhearbhaíonn sé tiomantas FnaSS do chultúr a chruthú a thacaíonn le sábháilteacht na n-othar, agus a thacaíonn ach go háirithe le húsáideoirí seirbhíse, lena dteaghlach, le cúramóirí agus leis an bhfoireann i ndiaidh teagmhas.

Cuireadh feidhm Tacaíochta Iniúchta Cliniciúla FnaSS ar an méar fhada de bharr lucht foirne a bheith athlonnaithe mar fhreagairt ar COVID-19. Cuireadh líon eile acmhainní agus uirlisí ar fáil ar líne, áfach, chun an t-eolas riachtanach a thabhairt do sheirbhísí agus lucht foirne chun iniúchtaí cliniciúla áitiúla a phleanáil, a dhearadh agus a stiúradh.

Mar chuid dár bhfreagairt ar COVID-19, forbraíodh roinnt acmhainní chun tacú le soláthar cúraim shábháilte ar ardchaighdeán sa timpeallacht dhúshlánach seo, ar a n-áiríodh:

- Doiciméid treorach IPC chun tacú le seirbhísí a bhfuil riachtanais COVID-19 IPC acu – foilsíodh tuairim is 150 ar fad
- 33 seimineár idirlín oideachais forbartha chun tacú le seirbhísí treoir COVID-19 IPC a chur i bhfeidhm
- Treoir ar athbheochan chardascamhógach (CPR) a dhéanamh do tharrthálaithe tuata sa phobal, ar a n-áiríodh seacht gcéim praiticiúla chun an riosca tolgtha nó tarchuir COVID-19 a laghdú agus ag an am céanna an seans is fearr marthanais a thabhairt don othar

- Treoirínte nochta oscailte chun a chinntiú go gcoinnítear prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta ní hamháin i leith bainistíochta gach teagmhais sábháilteachta othar agus na freagrachta air sin ach ina leith siúd a bhfuil COVID-19 dulta i gcion orthu chomh maith
- Treoir maidir le pleanáil ardchúraim ar a n-áirítear cinntiú Ná Bain Triail as Athbheochan (DNAR), treoir faoi shábháilteacht cógas ar a n-áirítear cosc a chur ar throimbeambólacht fhéitheach (VTE) (téachtán fola), ceistanna coitianta do chógaíseoirí pobail, leigheasra frith-athlastach do chóireáil siomptóim COVID-19 agus teiripe druga imdhíon-sochtach
- Forbairt agus scaipeadh Tuarascála Achoimrithe Sonraí rialta ar COVID-19 ina n-aibhseofar an t-eolas tábhachtach is déanaí ar COVID-19 le sainmhíniú cliniciúil ionchorpraithe ann agus ag díriú ar an anailís ar athraitheacht thar am agus trasna an chórais chun tacú le cinnteoireacht
- Forbairt Clár Bainistíochta Teagmhála, Oiliúint ar Rianú Teagmhála COVID-19 agus Plean Ionduchtaithe agus Clár Forbartha Leanúnaí Gairmiúla do rianairí teagmhála
- Forbairt tacaíochta foirne agus acmhainní féinchúraim do rianairí teagmhála.

Nochtuithe Cosanta na Tuarascála Bliantúla 2020

Faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*, is féidir le hoibrithe nochtuithe a dhéanamh le haon bhainisteoir agus le réimse páirtithe eile freisin, Airí Rialtais, comhlachtaí forordaithe agus páirtithe eile ábhartha san áireamh. Cuireann oibrithe na hábhair inni in iúl agus cuireann siad eolas ar fáil a tháinig ar a n-aird i dtaca lena bhfostaíocht agus a bhféadfadh, i dtuairim réasúnach na n-oibrithe, éagóir ábhartha amháin nó níos mó a léiriú.

Cé nach mbíonn nochtóirí go hiomlán soiléir, i bhformhór na gcásanna, faoin gceannateideal ábhartha éagóra a bhaineann a n-ábhair inni leis, i dtéarmaí ginearálta is nós dóibh teacht faoi na ceannateidil éagóra seo a leanas:

1. Gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair i mbaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair á cur i mbaol
2. Gur baineadh úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchúil eile as cistí nó acmhainní comhlachta

3. Go bhfuil gníomh nó neamhghníomh a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar thar a cheann leatromach, idirdheallaitheach nó mórfhaillíoch nó gur mór-mhíbhainistíocht atá ann, nó
4. Teaghlaim de na ceannateidil a leagtar amach thuas.

Léirítear sa mhiondealú thíos na Nochtuithe Cosanta a rinneadh faoin gceannateideal atá níos ábhartha do na hábhair inni atá curtha in iúl. Mar is léir i mórán cásanna, áfach, cuimsíonn na Nochtuithe Cosanta roinnt éagóracha ábhartha. Mar gheall ar nádúr leathan na n-éagóracha ábhartha san *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* tá sé deacair an nochtadh a aicmiú agus is féidir roinnt nochtuithe a chur faoi cheannateidil éagsúla. Sin é an fáth a bhfuil 'teaghlaim' mar chúis leis an gcéatadán is mó nochtuithe.

Léirítear sa liosta thíos eolas a bhaineann le 2020, curtha ar fáil i dtuairisceáin a fuarthas go dtí an 4 Márta 2021.

Nochtuithe Cosanta 2020	
Ceannateideal an Nochta	Líon
Mí-úsáid acmhainní líomhnaithe	4
Sláinte agus sábháilteacht pearsan aonair	6
Míbhainistíocht líomhnaithe	10
Teaghlaim díobh sin thuas	29
Teagmhálaithe/fógraí eile	5
Iomlán*	54
Líon iomlán na nochtuithe a rinneadh in 2020 atá oscailte amhail ón 4 Márta 2021	32

* 61 san iomlán in 2019

Oifig FSS an Duine Údaraithe, An Clochar, Campas Sláinte Bhéal Átha Seanaidh, Sráid an Cholaíste, Béal Átha Seanaidh, Co Dhún na nGall, F94 TPX4.

Fón: 071 9834651 * Is iad na huairí oifige ná 10m go 1in agus 2in go 5in Luan go hAoine.

Seoladh ríomhphoist: protected.disclosures@hse.ie

3.5 Seachadadh Cúraim Sláinte a Chumasú

Chun cúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a sheachadadh bítear ag brath ní hamháin ar sheirbhísí líne tosaigh, ach chomh maith leis sin, ar na príomhchumasóirí a chinntíonn go mbíonn seirbhísí in ann feidhmiú go héifeachtach.

Córais Ríomhshláinte agus Faisnéise Sláinte

Seachadann Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (OoCIO) seirbhísí TFC agus teicneolaíocht dhigiteach bunathraitheach ar fud FnaSS, ag éascú dó lánpháirtithe laistigh de na seirbhísí pobail, ospidéal agus soláthraithe eile cúraim speisialaithe agus ar fud na seirbhísí sin. Trí theicneolaíocht a úsáid agus trí luas a chur faoi dhigitú na seirbhísí sláinte, féadtar feabhsúcháin ar fholláine an daonra, éifeachtúlacht sa seirbhís sláinte agus deiseanna gilleagrach a bhaint amach, agus cultúr feabhsaithe agus nuála leanúnaigh á thacú ag an am céanna.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Córas Rianaire Cúraim COVID-19 (CCT) do thríais agus clárú othar, cur in iúl tástála agus torthaí, rianú teagmhála agus faireachas
- Aip rianaire fóin mhóibíligh COVID-19, le breis is 1.3 milliún úsáideoir gníomhacha, a thugann foláireamh i gcás dlúth-theagmhála le duine atá tar éis tástáil go deirfach do COVID-19 agus a thugann comhairle ar na céimeanna le déanamh má bhíonn siomptóim ann
- Is é Healthlink an t-ardán dílis anois don phróiseas bainistíochta othar COVID-19 agus úsáidtear é mar an bealach slán trína n-aistrítear curanna in iúl torthaí tástálacha do DTanna
- Soláthraíonn Deais Mhonatóireachta na Seirbhíse Comhtháite Faisnéise COVID-19 sonraí beo, athnuaite a chlúdaíonn na príomhshonraí cliniciúla náisiúnta (cásanna náisiúnta agus cásanna san ospidéal COVID-19), acmhainní agus cumas ospidéal, éileamh agus gníomhaíocht tástála, rianú teagmhála agus eolas poiblí trí shamhail Power Business Information a fhoilsítear trí uaire sa lá
- Mar gheall ar réitigh teile-shláinte, tá rochtain ar fáil ar an gcúram níos gaire don bhaile, agus áirítear orthu sin, ardán ar líne chun cabhrú le seachadadh cúraim i rith COVID-19, atá caoithiúil d'othair agus a thacaíonn le scaradh fisiceach ag an am céanna
- Cumasaítear sainaitheantóirí aonair ar ardán teicneolaíochta COVID-19 agus bíonn an taifead singil othar-láraithe comhroinnte sláinte agus cúraim shóisialta ar fáil do chliniceoirí, othair agus cúramóirí
- Cumasaíodh aistriú leictreonach oideas tríd an gcóras slán Healthmail. Cuireann an tionscnamh seo feabhas ar an éifeachtúlacht laistigh den phróiseas oideasaithe agus laghdaíonn sé an riachtanas go gcuireann daoine scrípteanna páipéir bheith i láthair go pearsanta
- Tá sé de chumas ag breis is 8,650 ball foirne anois Microsoft Teams a úsáid, ardán comhoibríoch ar líne a bhfuil méadú ag teacht ar na gníomhaíochtaí laethúla ann i gcónaí. Tá an mheánghníomhaíocht laethúil thart ar 10,400 le tamall maith anuas. Teachtaireachtaí, glaonna agus cruinnithe atá i gceist.

Clár fisiteiripe

Craoladh clár uathúil aclaíochta beo d'othair chónaitheacha ag Ospidéal na hOllscoile Luimneach ó shéipéal an ospidéal. Bhí an t-aiseolas ó na hothair an-spreagúil go háirithe ós rud é go raibh an-chuid othar ag iarraidh bealaigh chun iad féin a choinneáil gníomhach go fisiceach agus go meabhrach. Ní hamháin gur chabhraigh an clár le téarnamh fisiceach na n-othar ach choinnigh sé a meanma suas agus bhí tairbhí eagraíochtúla maidir le fad na tréimhse cónaithe a laghdú agus cabhrú le sreabhadh na n-othar.



Sonraí agus Eolas

Cumasóir mór torthaí níos fearr d'othair is ea an cúram sláinte arna threorú ag sonraí, agus is taca riachtanach é do sheachadadh cúraim sláinte agus sóisialta ar ardchaighdeán agus éifeachtach. Tá bunathrú digiteach agus córas sláinte arna thiomáint ag sonraí ar chlár oibre FnaSS leis na blianta agus tá luas curtha faoi fheidhmiú na dtionscadal ag géarchéim COVID-19 chun feachtas níos fearr ar an staid arna thiomáint ag sonraí agus fíricí ón líne tosaigh (ospidéal phoiblí agus príobháideacha, saotharlanna agus tríú páirtithe san áireamh) seachas fianaise starógach.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Forbairt deise chun faisnéis a chomhtháthú maidir le leitheadúlacht COVID-19, a thionchar ar acmhainní, agus cumas an chórais, ag soláthar líne shoiléir léargais ar an staid agus é ag éabhlóidiú agus ar chumas FnaSS freagairt air
- Forbairt chórais sonraí lán-uathoibrithe, a bheadh ag comhtháthú tuairim is 80 foinse éagsúla sonraí laistigh de FnaSS, chun lánfheasacht ar staid na n-othar COVID-19 go léir a éascú trí shaolréanna tástála agus rianaithe agus vacsaíne
- Bhí an t-ardán riachtanach chomh maith chun fheasacht ar an staid ar fud mol measúnaithe pobail, áitiocht Citywest, agus chórais phoiblí agus príobháideacha
- Cuireadh tús le feidhmiú Ardáin Amharcléirithe na Feidhmíochta Sláinte chun na sreafaí riachtanacha sonraí a chur ar fáil agus an cumas anailísíochta i dtéarmaí gníomhaíochta, liostaí feithimh, scaoilí moillithe, etc. chun cabhrú le seachadadh sábháilte seirbhísí sláinte i gcomhthéacs COVID-19 ar fud líonra na n-ospidéal.

Acmhainní Náisiúnta Daonna

Tá Acmhainní Náisiúnta Daonna (AD) tiomanta do thacaíocht a thabhairt don lucht foirne chun na bealaí nua oibre a choimeád a léiríodh i rith na freagartha ar COVID-19, tríd an fhoireann a chumasú chun bheith acmhainneach, agus iad a chumasú chun iad féin a oiriúnú agus déileáil le brúnna an athraithe gan staonadh.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Leanúint le cruinnithe Health Service National Joint Council chun a chinntiú go ndeachthas ar aghaidh le ceisteanna Caidrimh Tionsclaíochta (CT)/Caidrimh Fostaithe nach raibh bainteach le COVID-19 a raibh tábhacht náisiúnta ag baint leo in éineacht le ceisteanna CT a bhain le COVID-19. Sa chaoi chéanna, chuathas ar aghaidh le teagmháil le ceardchumann go cian chun tacú le lucht foirne i dtimpeallacht a bhí ag athrú go tapa
- Tús curtha le samhail réamh-mheasta fórsa oibre leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus RnaS, ag cur ar chumas na seirbhíse sláinte riachtanais fórsa oibre a réamh-mheas ag leibhéal an cheantair réigiúnaigh sláinte agus ag an leibhéal náisiúnta, agus treoir a thabhairt don earnáil oideachais chun freagairt ar riachtanais fórsa oibre na hearnála sláinte agus cúraim sóisialta
- Leathnú tapa ar fhórsa oibre FnaSS mar fhreagairt ar COVID-19 le glanmhéadú de breis is 7,000 fostaí in 2020
- Eisiúint breis is 75 ciorclán i rith na tréimhse Márta go Nollaig chun comhairle, treoir, rialachas, comhsheasmhacht agus cosaint a sholáthar d'fhoireann agus bainisteoirí ar fud na seirbhíse sláinte. Ullmhaíodh na ciorcláin seo in éineacht le Roinn Caidrimh Corparáideacha Fostaithe FnaSS, RCPA, RnaS agus comhlachtaí ionadaíocha foirne
- Teagmháil le, agus comhpháirtíocht agus tacaíocht le lucht bainistithe daoine inár seirbhísí agus lenár bpáirtithe leasmhara go forleathan trí shocrúithe seachtainiúla struchtúrtha
- Rolladh amach leanúnach den *Treoir maidir le hAthrú Seirbhísí Sláinte – People's Needs Defining Change* chuig foirne agus seirbhísí iomadúla le tacaíochtaí cleachtais nuashonraithe, eolas-bhunaithe ar a n-áirítear clár Treorach Ríomhfhoghlama ar an Athrú
- Forbairt ceannaireachta, trí Acadamh Ceannaireachta Seirbhísí Sláinte san áireamh ansin, chun cur le cumas agus acmhainneacht agus iad a thógáil
- Méadú ar an bpróiseas bainte amach feidhmíochta chun a chinntiú go sásaíonn an fhoireann cuspóirí na heagraíochta, riachtanas an daonra agus a bhforbairt féin
- Foirne Rannpháirtíochta Foirne agus Luachanna i nGníomh FnaSS a thabhairt le chéile leis an gcuspoir cultúr gafachta agus cúirtéise a thógáil sa tseirbhís sláinte a léiríonn luachanna FnaSS Cúraim, Atrua, lontaíochta agus Foghlama sa chaoi go mbíonn siad le feiceáil gach lá i ngach áit oibre

- Le hinfheistíocht in HSELand, bhí méadú suntasach sna rátaí úsáide i gcaitheamh 2020, le hiomlán de 1.1 milliún críochnú cláir, agus lainse 65 Clár nua Ríomhfhoghlama cláir COVID-19 ar nós An Slabhra Ionfhabhtuithe a Bhreiseadh san áireamh: Sláinteachas Láimhe d'Fhoireann Chliniciúil/Neamh-Chliniciúil, Buntreoir maidir le Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe, agus TCP a chur ort/baint díot i suíomhanna Géarchúraim/Pobail
- Fáil breis is 650 iontráil ó fhoireann seirbhísí sláinte in 2020 do na Duaiseanna Barrfheabhais Seirbhísí Sláinte a thugann deiseanna d'fhoirne ar fud na tíre tionscnaimh áitiúla agus an dea-obair atá ar siúl gach lá sna seirbhísí sláinte a chur ar taispeánt.

Airgeadas Náisiúnta

Tugann Airgeadas Náisiúnta tacaíocht don eagraíocht chun an t-uasmhéid infheistíochta cuí inár seirbhísí sláinte a fháil agus cuntas a thabhairt uirthi, chun soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú agus luach ar airgead a léiriú. Bíonn dúshlán sa bhreis ag gabháil le feidhmiú éifeachtach an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais de bhrí nach bhfuil córas singil airgeadais agus soláthair ann. Leanadh leis an obair, áfach, chun pleanáil agus bainistíocht airgeadais a fheabhsú, chun cur le rialú airgeadais agus chun ionchais bhuiseid a bhaint amach.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Obair ar bun chun Córas Comhtháite Bainistithe Airgeadais agus Soláthair (IFMS) a chur i bhfeidhm faoin gClár Athchóirithe Airgeadais, rud a chuirfidh ar chumas na bhfoirne airgeadais tacú níos fearr le seirbhísí feidhmiú leis na hacmhainní atá acu agus iad ag cur lena soláthar agus luach a léiriú do na hothair
- Leathnú maoine bunaithe ar ghníomaíocht (ABF) ar a n-áiríodh forbairt cumais costála pobail laistigh den Oifig Praghsála Cúraim Sláinte chun leathnú arís a chumasú sa suíomh pobail
- An Clár Pá agus Taifid Foirne Comhtháite (NiSRP) chun taifid foirne náisiúnta agus córais phárolla chomhtháite a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, rud a dhéanfaidh nua-aoisiú ar theagmháil FnaSS leis an fhoireann
- An Bonnchlár Pá chun pá sa tSeirbhís Sláinte a fheabhsú, a chostáil, a thuairisciú agus a phleanáil go beacht
- Rianú agus tuairisciú feabhsaithe chun cuntas a thabhairt ar an infheistíocht shuntasach i seirbhísí sláinte in 2020 mar gheall ar COVID-19. Tionóladh imeachtaí rannpháirtíochta rialta le RnaS agus an RCPA, an Grúpa Maoirseachta ar an mBuiséad Sláinte san áireamh ansin, mar chuid dár n-iarrachtaí maoirseachta láidir ar mhaoiniú a chinntiú, mar aon lena chur chun na gcuspóirí a beartaíodh agus ar na treochtaí caiteachais de réir mar a tháinig siad chun cinn.



Cuid de na tionscadail caipitil a seachadadh go rathúil i rith na bliana: (deiseal ón taobh clé) Aonad Meabhairshláinte Aosach i Sligeach; Áis Síciatrachta Deiridh Saoil i bPort Láirge; Ionad Cúraim Phríomhúil Bhaile Átha Í.

Seirbhísí Gnó Sláinte

Cuireann Seirbhísí Gnó Sláinte (SGS) réimse seirbhísí gnó ar fáil chun tacú le struchtúir sláinte agus iad ag forbairt agus ag teacht in aibíocht. I measc na seirbhísí seo, tá gnéithe trasghníomhíochta d'acmhainní daonna agus airgeadas, eastáit agus bainistíocht chlár chaipitil, soláthar agus Ionad Barr Feabhais SAP. I rith phaindéim COVID-19, d'oibrigh SGS mar phríomhpháirtí straitéiseach chun infheistíocht i mbonneagar, trealamh agus TCP a chinntiú chun seirbhísí líne thosaigh a chumasú le cúram optamach a chur ar fáil go sábháilte.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Obair eile ar thionscail chaipitil in earnáil an phobail agus san earnáil ghéarchúraim agus ionaid chúraim phríomhúla san áireamh, uasghrádú agus athchóiriú ar ospidéal phobail, soláthar tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas atá ag aistriú ó láithreacha comhchónaithe, bardaí ospidéal (saoráidí leithlisithe san áireamh), ospidéal nua na leanaí agus athlonnú an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais
- Leapacha géarmhíochaine, altranaís pobail agus cúraim idirmheánaigh sa bhreis curtha ar fáil i rith na paindéime agus uasghrádú suntasach ar leapacha cónaithe a bhí ann cheana agus córais dáile gáis míochaine agus córais teilméadrachta san áireamh
- Clár oibre curtha i bhfeidhm chun tacú leis an bhfreagairt ar COVID-19 agus soláthar thart ar 50 ionad tástála agus thar cionn 45 mol measúnaithe cliniciúil, áitribh phobail le tacú le féinleithlisiú agus saoráidí céim síos (ospidéal mhachaire) curtha ar fáil
- Seirbhísí soláthair a bhaineann le hearcú foirne, párolla agus íocaíochtaí soláthraithe a thacaíonn le seirbhísí líne thosaigh a choinneáil ag dul
- Samhlacha oibriúcháin seirbhísí chomhroinnte chun próiseáil modhanna oibre úra a chaighdeánú i gcomhréir le clár leasaithe Airgeadais, Soláthair, Acmhainní Daonna agus Párolla thar an tseirbhís sláinte ar fad. Ina theannta sin, tacaíonn seirbhís náisiúnta lóistíochta le hearraí a cheannach, a stóráil agus a dháileadh trí ionad náisiúnta dáileacháin agus ocht mol dáileacháin gheografacha.

Bainistíocht Éigeandála

Oibríonn Bainistíocht Éigeandála fud fad na heagraíochta chun tacú le hanailís guaise, measúnú riosca agus maolú riosca. Tacaíonn an fheidhm seo leis an mbainistíocht chun pleananna teagmhais, acmhainn freagartha agus pleananna móréigeandála a fhorbairt.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Freagairt a thabhairt ar COVID-19 trí thacaíocht a chur ar fáil d'Fhoirne Bainistithe Géarchéime Limistéir agus Náisiúnta, gníomhartha NPHET (Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí) a chur in iúl agus a chomhordú do FnaSS agus trí bheith ag obair le páirtithe idirghníomhaireachta ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach chun riachtanais a chomhlíonadh agus a chomhordú
- Ullmhacht maidir le galair thógalacha eile a bhfuil iarmhairtí tábhachta leo, trí sholáthar na rudaí seo a leanas:
 - Faighneoga leithlisithe le hothair a bhfuil nó a cheaptar go bhfuil galair thógalacha orthu a bhfuil iarmhairtí tabhachta leo a iompar
 - Réiteach maidir le hiompar, cóireáil agus diúscairt fuill atá éillithe ag galair thógalacha a bhfuil iarmhairtí tabhachta leo a aithint agus a sholáthar
- Ullmhacht maidir le haimsir anróiteach, rud a fheabhsaíonn acmhainn na heagraíochta freagairt a thabhairt uirthi
- Ullmhacht maidir le Breatimeacht trí rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint agus a mhaolú agus leanúnachas socruithe atá ann cheana a chinntiú tríd an Meitheal Oibre Trasteorann i rith na tréimhse aistrithe Breatimeachta
- Rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí príomhfheagartha agus ranna rialtais chun oibleagáidí FnaSS a bhaint amach mar a leagadh síos in *Creat um Bainistíocht Móréigeandála* agus *Bainistíocht Móréigeandála Straitéisí: Struchtúir agus Creat Náisiúnta* chomh maith le hoibleagáidí reachtúla agus neamhreachtúla maidir le láithreáin Rialaithe Guaise Mórhimpiste uas-sraithe, aerfoirt, calafoirt agus slua-imeachtaí.

Taighde agus Fianaise

Bíonn feidhm an FnaSS a bhaineann le Taighde agus Fianaise taobh thiar de dhul chun cinn i dtaighde, cleachtas fianaisebhunaithe agus cinnteoireacht fheasach, rud a chumasaíonn cuir chuige úra agus bealaí nuálacha chun seirbhísí sláinte agus cúraim sóisialta a chur ar fáil. Ina measc seo, tá réamhaisnéis agus samhailtú cáis chun eolas a dhéanamh do phleanáil na seirbhíse sláinte agus cinnteoireacht straitéiseach maidir le soláthar seirbhísí a bhaineann le COVID-19 agus le seirbhísí nach mbaineann araon. Tá FnaSS ag obair go dian i dtreo forbairt seirbhísí sláinte a bhaineann úsáid as eolas agus a thógann air chun sláinte agus folláine an daonra, torthaí othar agus dearadh seirbhíse a fheabhsú.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Cuireadh tús le cur i bhfeidhm *Plean Gníomhaíochta FnaSS um Thaighde Sláinte 2019-2029* chun cultúr taighde agus nuálaíochta a spreagadh ar fud na heagraíochta
- Soláthar faisnéise agus saineolais chun tacú le cinnteoireacht na mbainisteoirí sinsearachacha i rith na paindéime agus geochódú sonraí COVID-19 agus forbairt samhlacha matamaiticiúla san áireamh
- Uirlisí neartaithe faisnéisíochta sláinte chun próifiliú daonra, anailís gheografach agus eolas seirbhíse mionsonraithe a chumasú
- Leasú ar an Leabharlann agus Seirbhís Eolais Náisiúnta Sláinte, forbairt ar sheirbhís cuardaigh fianaise ar éileamh don fhoireann san áireamh, chun a luach iomlán a uasmhéadú sa tacaíocht atá ann do chleachtas fianaisebhunaithe, cinnteoireacht agus bainistíocht eolais.

Cumarsáid Náisiúnta

Treoraíonn Cumarsáid Náisiúnta réimse leathan de thionscnaimh cumarsáide agus cuireann sé comhairle cumarsáide d'ardchaighdeán ar fáil do bhaill foirne ar fud na seirbhíse sláinte agus iad ag obair i gcomhpháirtíocht chun muinín agus iontaobh a fhorbairt i FnaSS.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- I gceannas ar fheachtas eolais sláinte poiblí ar COVID-19. Forbraíodh níos mó ná 15 fheachtas éagsúla COVID-19 agus cuireadh amach iad ar an teilifís, ar raidió, taobh amuigh, go digiteach, ar na meáin shóisialta agus a thuilleadh, agus réimse leathan d'fhormáidí so-aimsithe in úsáid agus thar cionn 24 teanga
- Bunaíodh líonra páirtithe leasmhara úr agus thar 2,000 ball ann ar fud na tíre
- Ghlac HSELive os cionn 700,000 glaoch ó shaoránaigh maidir le COVID-19
- Tháinig méadú níos mó ná 100% go 1.4 milliún ar líon na leantóirí ar na meáin shóisialta thar na bealaí cumarsáide ar fad
- Thar 24 milliún cuairt ar hse.ie le haghaidh ábhar COVID-19
- Méadú 100% ar líon na n-iarratas meáin faighte ag Preasoifig Náisiúnta FnaSS. Rinneadh 659 agallamh thar réimse bealaí cumarsáide trínar scaipeadh comhairle agus eolas ríthabachtach sláinte poiblí
- Rinneadh seisiún faisnéise seachtainiúil do na meáin chumarsáide chun uasdátaithe a thabhairt ar fhreagairt FnaSS do phaindeim COVID-19 agus chun cur le teachaireachtaí maidir le bearta sláinte poiblí
- Cuireadh feabhas ar bhealaí cumarsáide inmheánacha agus ábhar úr foilsithe ar healthservice.ie, leagan nuachóirithe ar líne de Health Matters, nuashonraithe físe don fhoireann, seimineáir ghréasáin le ceannairí sinsearachacha agus scéalta nuachta foilsithe ar Our Health Service
- Cuireadh tús le hobair ar dhearadh agus ar phleanáil straitéise muiníne agus iontaobhe do FnaSS.

Chuir scáthláin chartúin áthas ar othair óga

Chuaigh siceolaí fibróis chisteach Helen Gibbons i dteagmháil le Jon Styne Designs sa RA, déantóirí scáthláin chartúin don NHS (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte) mar go raibh sí ag iarraidh inní na leanaí a bhfuil FC orthu a laghdú agus iad ar cuairt chuig Sláinte Leanaí Éireann Thamhlachta, agus thairg úineir na cuideachta tacair di, rud a bhí an-lách. *“Tá muid an-bhuíoch as an mbronntanas mar gur bhain na leanaí agus a dteaghlaigh an-sult go deo as na scáthláin chartúin. Cuireann na scáthláin na leanaí ar a suaimhneas agus iad ag teacht isteach agus is cinnte gur bhain siad cuid den inní ó thaithí na leanaí anseo”* a dúirt Helen.



Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht

Tá FnaSS tiomanta do bheith ina eagraíocht inbhuanaithe, ag soláthar cúram sláinte inbhuanaithe den scoth a bhfuil ísealcharbón ag baint leis agus ag cosaint cúram othar amach romhainn. Tá FnaSS ar na húsáideoirí fuinnimh is mó san earnáil phoiblí agus ní mór dúinn a bheith ar thús cadhnaíochta agus a bheith mar eiseamláir maidir le laghdú ar astaíochtaí, gníomhú ar son na haeráide, agus éifeachtaí díobhálacha maidir le hathrú aeráide a mhaolú.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Forleathnú ar an Meabhrán Tuisceana maidir le cómhaoiniú a bhaineann le comhaontú comhpháirtíochta idir FnaSS agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun clár FnaSS maidir le héifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn trí mhaoiniú de chuid an Bhiúró um Fhuinneamh na nEastát agus trí chlár chun tacú le hoibreacha fuinnimh caipitiúla
- Rannpháirtíocht i mbeart comhairliúcháin faoi Sheirbhís Tacaíochta um Leasú Struchtúrach arna maoiniú ag an AE, a raibh an DPER i gceannas air i dteannta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- Creat Foirne Deartha nua a bhunú agus ceanglas feabhsaithe mar chuid de maidir le dearadh éifeachtúlachta fuinnimh chun a chinntiú go ndéanfar foirgnimh FnaSS a dhearadh ar bhealach atá ag teacht le réamh-mheastacháin maidir le hathrú aeráide in Éirinn atá le feiceáil sa *Phlean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide don earnáil sláinte*
- Bunú agus tacaíocht leanúnach do na Foirne Glasa agus Fuinnimh sna saoráidí cúraim sláinte is mó lena n-áirítear tacaíocht do dheich n-eagraíocht shaorálacha atá faoi alt 38 agus alt 39 agus tacaíocht do na heagraíochtaí eile nach iad le leathadh amach in 2021
- Laghdú fuinnimh thart ar 14 GWh agus 4,000 tonna CO₂ trí dheiseanna laghdaithe fuinnimh a aithint agus leithdháileadh €3m do na hoibreacha seo in 2020
- Tús a chur le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Dhícharbónú a fhorbairt agus clár a thosú chun roinnt tionscadal Píolóta Fionnachtaithe um Dhícharbónú
- Tús a chur le céim 2 den Chlár um Chúram Sláinte Glas dírithe ar dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus treoir ar fhuíoll agus ar uisce a chaomhnú a aistriú go hardán oiliúna ar líne.

Is é an forbheathnú thíos an úsáid fhíoraithe fuinnimh in 2019 (gan ghníomhaireachtaí alt 38 agus alt 39 san áireamh).

Ídiú Fuinnimh FnaSS 2019

Cineál	Ídiú (GWh)
Leictreachas	437
Teirmeach	558
Iompar	52
Ídiú Fuinnimh FnaSS in 2019 san Iomlán	1,047

Foinse sonraí: Ráiteas Bhlantúil Fhuinneamh FnaSS 2019 SEAI

Maipíneacht a dhéanamh níos éasca do leanaí

Chinntigh an tArd-pharaimhíochaineoir Joe Mooney go bhfuil tástáil COVID-19 chomh deas agus a thiocfadh leis a bheith do na leanaí atá ag dul don tástáil sa bhaile agus é ag cinntiú go mínítear an próiseas ar fad go soiléir don leanbh agus don tuismitheoir agus na leanaí ag cur chun gáire agus é ag déanamh cur síos ar an TCP atá de dhíth.

“Tá an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna sna pobail ar fud na tíre ag tabhairt faoi mhaipíneacht COVID-19 do na daoine is leochaillí, chomh maith le cúram práinneach réamhospidéil a thabhairt, agus is mór an onóir dom é bheith ar an bhfoireann” a deir Joe.







Bainistíocht agus Cuntasacht

- 4.1 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2020
- 4.2 Tuarascáil maidir le Bainistíocht Riosca
- 4.3 Gearáin agus Teachtaireachtaí Deamhéine

4.1 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2020

Ó athbhunú Bhord FnaSS ar 28 Meitheamh 2019 faoi *Acht um Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*, is é an Bord bord rialaithe FnaSS atá freagrach don Aire Sláinte as comhlíonadh a fheidhmeanna. Dá réir sin, tá an POF freagrach don Bhord agus tugann sé nó sí tuairisc dó, agus freagrach freisin as riarachán agus gnó FnaSS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta. Tá réimse leathan feidhmiúcháin reachtaíochta ag FnaSS a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu ar dhaoine aonair agus ar an bpobal i gcoitinne.

Tá Bord FnaSS ag teacht chuig deireadh an dara bliain atá acu agus tá an Bord tiomanta fós chun oscailteacht i ngníomhaíochtaí FnaSS a chinntiú. Baintear úsáid as bealaí cumarsáide agus comhairliúcháin soiléire chun cumarsáid a dhéanamh le gach grúpa de pháirtithe leasmhara faoi sheirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta, pobail áitiúla nó grúpaí nach iad san áireamh. Cinntíonn rialachas maith FnaSS, ar a ndéanann an Bord maoirseacht i gcomhar dlúth leis an POF, go ndéantar an eagraíocht a reachtáil ar bhealach a chuireann leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh, agus go leagtar amach agus go mbaintear amach torthaí beartaithe na bpáirtithe leasmhara. Glacann Bord FnaSS leis an tábhacht a bhaineann le ról na bpáirtithe leasmhara i ndearadh agus i soláthar cúraim sláinte agus tá an Bord tiomanta d'fhaisnéis poiblí a chur ar fáil faoi seirbhísí FnaSS agus a chuid pleananna.

Tá FnaSS i ndiaidh gníomhú go réadúil agus go praiticiúil le dúshlán COVID-19. I ngeall ar obair FnaSS in 2020, bhí seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta den scoth i mbliain ina raibh dúshlán nach raibh a leithéid ann riamh cheana. Déanann Bord FnaSS cinnte de go mbíonn an t-othar, an t-úsáideoir seirbhíse agus an pobal i gcróílár smacinteoireachta agus pleanála an Bhoird agus cuireann sé tacaíocht ar fáil don fhoireann chúram sláinte ar fad, iad siúd a bhíonn ag obair sna heagraíochtaí shaorálacha atá faoi alt 38 agus alt 39 san áireamh. I rith 2020 bhí FnaSS i ndiaidh feidhmiú ar bhealach struchtúrtha chun tacaíocht a chur ar fáil do na seirbhísí tosaigh agus chun ár mbainistíocht airgeadais agus oibreacháin a láidriú.

Ról Bhord FnaSS

Tá Bord FnaSS comhfreagrach as gníomhaíochtaí FnaSS a stiúradh agus a chur chun cinn. Féadann an Bord feidhmeanna áirithe a tharmligean don POF, ach ní bhaineann an tarmligean údarais seo an dualgas a bhíonn ag an mBord a bheith i gceannas ar agus freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna tarmligthe.

I gcomhréir leis an *Acht Sláinte 2004* tá na príomhfeidhmeanna seo a leanas sannta chuig an mBord:

- Ceanglaítear air a dheimhniú go bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais chuí curtha ar bun
 - (i) chun cuspóirí FnaSS a bhaint amach
 - (ii) i dtaca le feidhmíocht inmheánach agus cuntasacht FnaSS maidir lena:
 - (a) a chuid feidhmeanna a chur i bhfeidhm
 - (b) a chuid cuspóirí a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach
 - (c) soláthar seirbhísí sláinte i gcomhréir leis an 1
 - (iii) id'fhonn comhlíonadh na bpolasaithe a éascú (cé acu go bhfuil siad leagtha amach i gcóid, i dtreoirínte nó i gcáipéisí eile nó aon mheascán díobh sin) de chuid an Rialtais nó de chuid Aire an Rialtais a mhéid go mbeadh baint nó tionchar ag na polasaithe sin le feidhmeanna FnaSS
- Socruithe a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht an POF a bhainistiú.

Comhlíonann an Bord príomhfeidhmeanna FnaSS lena n-áirítear:

- Glacadh le Plean Corparáideach FnaSS chomh maith le cuspóirí, táscairí agus spriocanna cuí chun an feidhmíocht a thomhas
- Treoir straitéiseach agus mórfheananna gníomhaíochta a threorú agus a athbhreithniú
- Polasaithe bainistithe riosca agus nósanna imeachta
- Buiséid agus pleananna seirbhíse bliantúla a cheadú
- Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos
- Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm feidhmíocht FnaSS
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhórchaitheachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta
- Cuntais bhliantúla agus tuarascáil bhliantúla FnaSS a cheadú.

Ní mór don Bhord a áirithiú go dtagann Plean Corparáide FnaSS agus a phleanáil straitéiseach le *Sláintecare* agus le Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte, a mhéid is ábhartha, agus go bhfuil sé i gcomhréir le sainordú reachtúil FnaSS.

Ní mór don Bhord gníomhú ar bhonn eitice agus é ar an eolas go hiomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas FnaSS, agus aird chuí á tabhairt ar a chuid freagrachtaí faoin dlí agus ar na cuspóirí leagtha síos ag an Rialtas. Déanann an Bord iarracht forbairt acmhainn FnaSS a chur chun cinn agus acmhainn na ceannaireachta agus na foirne san áireamh. Tá an Bord freagrach as an POF agus an bhainistíocht shinsearach a choinneáil cuntasach as a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Tarmligean feidhmeanna

Tá réimse leathan feidhmeanna dílsithe in FnaSS ag an Oireachtas, atá infheidhme ag an Bhord thar ceann FnaSS. Ní mór don Bhord a dheimhniú dó féin go gcuirtear i bhfeidhm na feidhmeanna arna tharmligean i gcomhréir leis an *Acht Sláinte 2004*, de réir dea-rialachas corparáideach, agus faoi réir aon ordúchán eisithe ag an Aire don Bhord a bhaineann le cur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna sin. Déantar foráil san *Acht Sláinte 2004* do chóras foirmiúil tarmiligin i gcomhréir le hAlt 16P agus Alt 21D.

Leagtar amach sa Chreat Beartais Tarmiligin seo an creat agus na treoirlínte beartais tacaíochta a thacaíonn le rialachas maith maidir leis an gcóras tarmiligin ar fheidhmiúcháin reachtaíochta ar fud FnaSS. Dá bharr sin, is féidir na feidhmeanna seo a chur i bhfeidhm ar bhonn oibríochtiúil tríd an POF agus Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta. Tugadh údarás dlíthiúil don Bhord agus don POF araon chun a gcuid feidhmeanna a tharmligean. Féadann an Bord, áfach, treoir scríofa a thabhairt don POF maidir lena c(h)umhachtaí tarmiligin, a bhfuil oibleagáid air nó uirthi á comhlíonadh.

Féadann an Bord feidhm ar bith de chuid FnaSS a tharmligean i scríbhinn don POF. Tá an POF freagrach don Bhord as a c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh agus feidhmeanna ar bith eile tarmilgthe dó nó di ag an mBord. Ní mór aon tarmligean feidhme a dhéanann an Bord don POF, nó aon chúlghairm ar aon tarmligean a chur in iúl i scríbhinn don Aire Sláinte. Fanann tarmiligin Bhoird don POF i bhfeidhm, go dtí go gcúghaireann an Bord iad, rud a chaithfidh a bheith curtha i scríbhinn don POF.

Toisc go bhfuil an timpeallacht ag athrú go sciobtha mar gheall ar COVID-19, thug an Bord tarmligean leasaithe don POF chun gach údarás is gá a bheith aige nó aici chun aon chaiteachas a bhaineann le paidéim COVID-19 a fhaomhadh, i ndiaidh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Sláinte a fhorghas, agus chun glacadh le haon táirge cúnaimh ón earnáil phríobháideach a chuideodh le bainistíocht na paidéime seo. Rinneadh athbhreithniú air seo ar thrí ócáid faoi leith i rith 2020.

Feidhmeanna forchoimeáda

Is feidhmeanna forchoimeáda an Bhoird iad na feidhmeanna seo a leanas:

- Deimhneoidh an Bord dó féin go bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais chuí in áit chun spriocanna FnaSS a bhaint amach, agus do bhainistíocht feidhmíochta agus chuntasaíocht inmheánach FnaSS maidir le hábhair shonraithe
- Glacfaidh an Bord Plean Corparáideach FnaSS, Plean Seirbhíse Náisiúnta FnaSS, an Plean Caipitil agus an Creat Infheistíochta Caipitiúla (agus faomhfaidh sé aon leasuithe orthu), agus faomhfaidh sé tiolacadh aon scéimeanna aoisliúntais sular gcuirtear isteach iad chuig an Aire Sláinte. Ní mór formheas a fháil ón Aire roimh ré d'aon leasuithe arna ndéanamh do na pleananna seo réamhráite
- Glacfaidh an Bord Cód Rialachais FnaSS agus aon nuashonrú air, agus faomhfaidh an Bord aon Chód Iompair agus aon nuashonrú air le bheith eisithe ar mhaithe le treoir a thabhairt do bhaill Coiste Boid ach nach baill an Bhoird iad, fostaithe, comhairleoirí, nó fostaithe comhairleoirí
- Glacfaidh an Bord Tuarascáil Bhliantúil FnaSS sular gcuirtear isteach chuig an Aire Sláinte í
- Déanfaidh an Bord athruithe ar struchtúr corparáideach FnaSS a fhaomhadh, faomhfaidh sé gach conradh atá os cionn na dtairisí airgeadaíochta sonraithe, faomhfaidh sé ceapacháin ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ceapachán iniúchóirí eachtracha (seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus cruthú agus ceapadh ball ar Choistí an Bhoird agus díscaoileadh Choistí an Bhoird
- Ceapfaidh an Bord an POF, a bheidh freagrach don Bhord as bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil FnaSS, agus as a c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh
- Faomhfaidh an Bord socraíochtaí bainc FnaSS, agus oscailt gach cuntas bainc úr san áireamh. Faomhfaidh an Bord glacadh le bronntanais do FnaSS os cionn €100,000 agus faomhfaidh sé fáiltas ar neamhthuilleamaí de thalamh agus maoin inar mó luach an idirbhearta ná €2m, gan CBL agus táillí seirbhísí san áireamh.

Ta an sceideal tinrimh, táillí agus costais le feiceáil in Aguisín 5 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Coistí

Bhunaigh an Bord ceithre Choiste chun cúnamh agus comhairle a sholáthar dó maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Is i gcáil chomhairleach a oibríonn trí cinn de Choistí an Bhoird agus níl aon fheidhm feidhmiúcháin leo. Áirítear le ballraíocht Choistí baill Bhoird and baill sheachtracha araon. Cinntíonn ceapachán na ball seachtrach go bhfuil ionadaíocht chuí d'othair agus úsáideoirí seirbhíse ar na Coistí.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ta bunús reachtach ag na feidhmeanna a bhaineann le hiniúcháireacht.

Seo a leanas Coistí an Bhoird:

- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Coiste Daoine agus Cultúir
- Coiste Feidhmíochta agus Soláthair
- Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta.

Bhí comhchruinnithe ann le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta chun maoirseacht a bheith acu ar rioscaí COVID-19 ar an gClár Riosca Corparáidach.

I dteannta leis na Coistí sin, bhunaigh an Bord dhá mheitheal oibre eile: an meitheal oibre um Théarnamh agus Claochlú, agus meitheal oibre um Scórchárta Straitéiseach an Bhoird. Chuidigh meithealacha oibre le forbairt a dhéanamh ar an bPlean Corparáideach agus an Plean Seirbhíse Náisiúnta.

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus coimeádtar é de réir Alt 40H den *Acht Sláinte 2004* arna leasú le hAlt 23 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*. Aithnítear freisin sa reachtaíocht go bhfuil ról ag an gCoiste Iniúcháireachta chun maoirseacht agus comhairle a thabhairt ar bhainistíocht riosca. Dá bhrí sin, ar é a bhunú in 2019, leathnaíodh an teideal go 'Coiste Iniúcháireachta agus Riosca' chun sainchúramaí an Choiste a léiriú ina n-iomláine.

De réir na reachtaíochta, ní mór do thrí bhall Bhoird ar a laghad a bheith ar an gCoiste agus ar a laghad ceathrar eile a bhfuil, i mbarúil an Bhoird, na scileanna agus an taithí chuí acu chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh, agus a bhfuil cáilíocht ghairmiúil sa chuntasaíocht nó san iniúcháireacht ag duine amháin ar a laghad acu.

Faoi reachtaíocht reatha, déanfaidh an Coiste na rudaí seo a leanas:

- Comhairle a thabhairt don POF ar chúrsaí airgeadais a bhaineann lena f(h)eidhmeanna
- Tuarascáil scríofa a thabhairt don POF ar a laghad uair sa bhliain ar na cúrsaí sin agus ar ghníomaíochtaí an choiste sa bhliain roimhe sin
- Cóip den tuarascáil sin a sholáthar don mBord agus don Aire
- Comhairle a thabhairt don Bhord ar chúrsaí airgeadais a bhaineann lena fheidhmeanna
- Tuarascáil scríofa a thabhairt don Bhord ar a laghad uair amháin sa bhliain ar na cúrsaí sin,
- Cóip den tuarascáil sin a chur ar fáil don Aire.

I measc fheidhmeanna an Choiste tá réimse cúrsaí airgeadais, reachtaíochta, comhlíontachta, agus rialachais mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

Mar thaca lena shainchúram reachtúil, forálann téarmaí tagartha an Choiste arna fhormheas ag an mBord ar 26 Iúl 2019 go leathnaítear ról an Choiste do na réimsí seo a leanas:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar chúrsaí airgeadais agus tuairisciú a bhaineann leis a dhéanamh, tuairisciú comhlíonta don Bhord agus don Aire Sláinte mar is gá san áireamh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh oiriúnach agus atá beartais chuntasaíochta, ráitis airgeadais bhliantúla, tuarascáil bhliantúil agus dearbhaithe rialachais riachtanacha corparáideacha de chuid FnaSS agus aon chúrsaí nó comhairle a bhaineann le moladh sasúil a dhéanamh faoi na rudaí céanna don Bhord
- Maoirseacht a thabhairt d'oibriúcháin rialú inmheánach FnaSS agus comhairle a thabhairt ar oiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht nósanna imeachta FnaSS maidir le soláthar poiblí agus maidir le fáil, sealbhaíocht agus diúscairt socmhainní
- Maoirseacht agus comhairle a thabhairt maidir le feidhm iniúchta inmheánaí de chuid FnaSS
- Maoirseacht agus comhairle a thabhairt maidir le hoibriúcháin Chreat Bhainistíocht Riosca FnaSS agus gníomaíochtaí a bhaineann leis faoi fheidhm bainistíochta riosca (faoi réir modhnuithe aontaithe ar an raon feidhme thíos a bhaineann le sábháilteacht othar agus rioscaí cáilíochta)

- Maoirseacht agus comhairle a thabhairt maidir le beartais frith-Chalaoise, maoirseacht ar oibriúchán beartas agus próiseas a bhaineann le nochtadh cosanta, agus socraíochtaí d'imscrúduithe speisialta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socraíochtaí do agus ar na torthaí a thagann as, iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha agus ar fhreagairt na bainistíochta ar na moltaí agus pointí a thagann astu
- Ról nó freagracht ar bith eile atá tairmligthe ag an Bhord don Choiste.

Ceanglaítear ar an POF a chinntiú go gcuirfear ar fáil don gCoiste tuarascálacha iniúchta, pleanála iniúchta agus tuarascálacha míosúla maidir le caiteachas ar fad de chuid na Feidhmeannachta agus má tá cúis amhais aige nó aici gur tharla aon mhíleithreasú ar airgead na Feidhmeannachta, nó go ndearnadh aon mhaoín na Feidhmeannachta a chomhshó go calaoiseach nó a chur chun mí-úsáide, ní mór dó nó di tuairisc a dhéanamh i dtaca leis an ábhar sin don gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca chomh luath agus is féidir. Anuas air sin, cuirfidh an POF faisnéis maidir le haon ábhar nó nós imeachta airgeadais a bheadh riachtanach don gCoiste a chuid feidhmeanna a chur i bhfeidhm, faoi bhráid an Choiste.

Tá ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar 31 Nollaig 2020 mar seo a leanas:

- Brendan Lenihan, Leaschathaoirleach an Choiste agus Ball Boird¹
- Fiona Ross, Ball an Bhoird
- Fergus Finlay, Ball an Bhoird
- Ann Markey, Ball Seachtrach
- Colm Campbell, Ball Seachtrach
- Pat Kirwan, Ball Seachtrach
- Martin Pitt, Ball Seachtrach.

D'aontaigh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ar phlean oibre mionsonraithe do 2020 chun dul i ngleic lena phríomhról agus freagrachtaí ar bhealach córasach agus cuimsitheach. Chomhlíon an Coiste na freagrachtaí seo mar a bhí beartaithe agus chuir siad freagrachtaí sa bhreis leo a tháinig chun cinn mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tríd an 17 gcuinniú a bhí ag an gCoiste, rinne na baill maoirseacht agus plé ar réimse saincheistanna amhail Tuarascálacha Ráithiúla ón Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach, a léirigh forbairt shuntasach sa rannán chomh maith le hathlonnú chun tacú le freagairt COVID-19. I measc na dtorthaí, bhí nuashonruithe ar 110 tuarascáil iniúcháir, rianú agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm na bainistíochta de mholtaí ó iniúcháireacht inmheánach, torthaí ó anailís bunchúise ar mholtaí oscailte 2018 agus staidreamh scóipe ar shocraíochtaí ospidéal phoiblí le cuideachta tráchtála. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar phríomhtháscairí feidhmíochta de chuid an rannáin Iniúcháireachta Inmheánaí.

Mar a leagadh amach i bplean oibre an Choiste, rinne na baill athbhreithniú ar Ráiteas Airgeadais Bhlantúil agus Cuntais Reachtacha Speisialta FnaSS a cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar thorthaí na hiniúcháireachta don bhliain dar chríoch Nollaig 31, 2019 a bhí déanta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, chomh maith le Litir Bainistíochta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. I dteannta na nuashonruithe ar chaiteachas míosúil, rinne an Coiste athbhreithniú ar chaiteachas COVID-19 i rith na paindéime. Rinne an Coiste athbhreithniú ar fhorbairt Phlean Caipitil 2021 agus rinneadh athbhreithniú fosta ar struchtúr an rialachais do thionscadal caipitiúil ospidéal nua na leanaí agus an tionchar atá ag paindéim COVID-19 ar dhul chun cinn an tionscadail. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhlantúil um Nochtadh Cosanta agus rinne sé roinnt moltaí ar chomhthéacs tuarascálacha sa todhchaí agus d'iarr an Coiste go mbeadh an tuarascáil seo mar chuid de Thuarascáil Bhlantúil FnaSS. Rinne an Coiste athbhreithniú ar Bheartas FnaSS i dtaca le Calaois agus Caimiléireacht i rith na bliana. Tá an beartas a bhfuil críoch curtha leis le dul ar ais chuig an gCoiste sa chéad ráithe de 2021. Rinne an Coiste breithniú freisin ar athbhreithniú Beartas um Choinneáil Sonraí FnaSS agus cuirfear an beartas a bhfuil críoch curtha leis faoi bhráid an Choiste chun é a athbhreithniú.

Le linn 2020, rinne an Coiste maoirseacht ar athbhreithniú mionsonraithe agus uasghrádú ar an gClár Riosca Corparáideach a tháinig athbhreithniú, athfhoirmlíú agus athmheasúnú ar Rioscaí Corparáideacha FnaSS as chomh maith leis na rialuithe ar bun do gach riosca. Ina theannta sin, bunaíodh comhghrúpa rioscaí ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ón gCoiste Sábháilteachta agus Cálíochta le hathbhreithniú a dhéanamh ar sé riosca bhreise a bhain le COVID-19 a chur leis an gClár Riosca Corparáideach. Cuireadh an Clár Riosca Corparáideach leasaithe faoi bhráid Bhord FnaSS chun é a cheadú ag cruinniú an Bhoird i Mí na Nollag. I ngeall ar an obair seo tá an clár riosca níos láidre agus níos cuimsithí. Lean an Coiste fosta le hullmhacht FnaSS don Bhreathimeacht a mheas agus a thástáil, rioscaí do soláthairtí agus impleachtaí ó thaobh seirbhísí san áireamh.

1 Níl Cathaoirleach Coiste againn faoi láthair.

Go luath in 2020, bhí comhchruinniú ag an gCoiste i dteannta le Fóchoiste Sábháilteachta agus Cáilíochta Bhord FnaSS chun a oibleagáid atá leagtha amach i dTearmaí Tagartha an Choiste a chomhlíonadh – is é sin comhairle a thabhairt ar oiriúnacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bpróiseas de chuid FnaSS a bhaineann le sábháilteacht othar agus bainistíocht rioscaí ar ardchaighdeán. Ag an gcruinniú rinne na Coistí breithniú ar bhainistíocht rioscaí, éilimh, cosaint sonraí agus caipiteal.

Bíonn Stephen Mulvany, (Príomhoifigeach Airgeadais (PA)), Geraldine Smith (Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach), agus Patrick Lynch (Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhú um Fhíorú Cáilíochta), i láthair leis an gCoiste ag a chruinnithe sceidealaithe, ar baill gach duine acu d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí FnaSS agus iad sannta ag an POF chun cúnamh a thabhairt don gCoiste. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do bhaill bhreise den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí teacht agus cur i láthair a dhéanamh ag a chruinnithe agus in áit ar bith ina raibh a thuilleadh eolais de dhíth, chuardaigh sé eolas breise agus soiléirí. Mar a leagtar amach i dTearmaí Tagartha an Choiste agus ina phlean oibre 2020, bhí sé beartaithe ag an gCoiste cruinniú príobháideach a bheith aige leis an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach sa ceathrú ráithe ach mar gheall ar choimhlíntí sceidil tá sé seo athshocrú agus beidh sé ann go luath in 2021.

Tugann an Leaschathoirleach, Brendan Lenihan, atá ina bhall de Bhord FnaSS, an t-eolas is déanaí ag gach cruinniú Boird ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Scaiptear miontuairiscí ceadaithe chruinnithe míosúla an Choiste do gach ball Boird roimh uasdátú an Leaschathaoirligh ag cruinniú an Bhoird.

Coiste Daoine agus Cultúir

Nuair a cuireadh tús leis in 2019, bhunaigh Bord FnaSS an Coiste Daoine agus Cultúir de réir a chinneadh chun coiste a bhunú a bhfuil fócas ar leith aige ar na daoine atá ag obair laistigh den eagraíocht.

Is é ról an Choiste Daoine agus Cultúir ná timpeallacht a chothú a thugann tacaíocht do agus a léiríonn meas ar fhoireann na seirbhíse sláinte chun buanna agus acmhainn ceannaireachta a fhorbairt i ndaoine aonair agus i bhfoirne atá ag comhoibriú chun cultúr otharláraithe a chothú ar fud na seirbhíse sláinte ar mhaithe le cúram sláinte níos fearr agus níos sábháilte a sholáthar.

Lena ról a chomhlíonadh in 2020, thug an Coiste maoirseacht straitéiseach agus comhairle ar chúrsaí a thacaíonn le sprioc *Straitéis Daoine na Seirbhíse Sláinte 2019-2024* chun na daoine cearta a bheith acu, a bhfuil na scileanna cearta acu, san áit cheart ag an am ceart. Is iad ceannaireacht, cultúr, tallann agus cumas na bpríomhréimsí ar a mbeidh an Coiste ag díriú. Tá na baill seo a leanas d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí FnaSS sannta ag an POF chun freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste Daoine agus Cultúir: Anne Marie Hoey (Stiúrthóir Náisiúnta um Acmhainní Daonna), an Dr Philip Crowley (Stiúrthóir Náisiúnta um Fheabhsú Cáilíochta) agus an Dr Paul Connors (Stiúrthóir Náisiúnta um Chumarsáid) (sos gairme Meán Fómhair 2020).

Tá an Coiste i dteideal a iarraidh freisin go dtiocfadh ball foirne FnaSS ar bith chuig cruinniú Coiste chun freastal agus cur i láthair a dhéanamh agus bhain an Coiste úsáid as an bhforáil seo go rialta agus freastal mar seo ag gach cruinniú. Tá sé de cheart ag an gCoiste má mheastar gur ghá, eolas breise a chuardach agus freastal breise roimh an gCoiste a iarraidh i gcás nach meastar go bhfuil na sonraí cuí curtha isteach in uasdátú ó bhéal nó scríofa na mbainisteoirí.

Bhunaigh an Coiste Téarmaí Tagartha atá faofa ag an mBord. Níl an Coiste freagrach as feidhm feidhmiúcháin ar bith agus níl cumhachtaí feidhmiúcháin ag an gCoiste. Maidir lena chuid dualgas agus a chuid feidhmeanna, ní bhíonn ach ról comhairleach agus tacaíocht ag an gCoiste. Tá gach gné a bhaineann le daoine agus cultúr laistigh den tseirbhís sláinte faoi raon feidhme údaráis an Choiste.

Tá ballraíocht an Choiste Daoine agus Cultúir ar 31 Nollaig 2020 mar seo a leanas:

- An Dr Yvonne Traynor, Cathaoirleach agus Ball an Bhoird
- Aogán Ó Fearghail, Ball an Bhoird
- Sarah McLoughlin, Ball an Bhoird
- Bernie O'Reilly, Ball Seachtrach
- Fiona Tierney, Ball Seachtrach (a d'éirigh as an gCoiste ag cruinniú dá chuid ar 4 Nollaig 2020).

Ghlac an Coiste Daoine agus Cultúir phlean oibre mionsonraithe do 2020. Tá príomhróil agus freagrachtaí an Choiste folaithe ag an bplean oibre lena chinntiú gur coinníodh an fócas cuí ar gach réimse a thagann faoina shainchúram agus sna téarmaí tagartha. Chuir an Coiste san áireamh an phlean cur chun feidhme a forbraíodh don *Straitéis Daoine na Seirbhíse Sláinte 2019-2024*. Ina theannta sin, mar thoradh ar an bhfreagairt ar an bpandéim COVID-19 d'aithin an Coiste an dualgas atá air leibhéal maoirseachta ar earcaíocht maidir leis an bpandéim a chur ar fáil agus a bheith ar an eolas faoi thaithí foirne ar fud na seirbhíse sláinte le linn tréimhse chomh dúshlánach sin.

In 2020, dhírigh an Coiste ar an bhfreagracht earcaíochta maidir le COVID-19, ar an Deais Náisiúnta AD a fhorbairt, ar táscaire cáilíochta don eagraíocht í. Chuir an Coiste le forbairt *Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2021* agus *Phlean Corparáideach 2021-2024*. Tugann Cathaoirleach an Choiste, Yvonne Traynor, ar ball Bhord FnaSS í, an t-eolas is déanaí ar fáil ag gach cruinniú an Bhoird ar an obair atá ar bun ag an gCoiste Daoine agus Cultúir. Scaiptear miontuairiscí formheasta ó chruinnithe míosúla an choiste chuig gach ball an Bhoird roimh uasdátú an Chathaoirligh ag cruinniú an Bhoird.

Ag a chruinnithe míosúla, rinne an Coiste athbhreithniú ar thuairisc ón Stiúrthóir Náisiúnta AD ina raibh uasdátú ar réimsí mar, AD *Straitéis Daoine na Seirbhísí Sláinte 2019-2024*, sláinte agus folláine foirne, feachtais earcaíochta COVID-19, Clár Luachanna agus Gníomhaíochta, agus measúnú feidhmíochta.

Gach mí, chlúdaigh an Coiste ábhair cosúil le traenáil agus forbairt, taithí foirne, pleanáil don earcaíocht agus don fhórsa oibre, bulaíocht agus ciapadh agus cumarsáid inmheánach. Chuala an Coiste cuir i láthair ó iomaitheoirí sa bhabhta ceannais de na Gradaim Shármhaitheasa Sláinte ar ábhair mar an Tionscamh um Liosta Feithimh Ginéiceolaíochta de chuid Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh agus Socrúchán agus Tacaíocht sa tSeirbhís Meabhairshláinte.

Tá freagracht ag an gCoiste as rioscaí áirithe ar an gClár Riosca Corparáideach agus as a rialú. Rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras a bhunaigh an bhainistíocht chun na rioscaí seo a aithint, a mheas, a bhainistiú, chomh maith le monatóireacht agus tuairisc a dhéanamh orthu trí thuairiscí rialta a fháil ón Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhu agus um Fhíorú Cáilíochta agus ó bhall ábhartha d'Fhoireann Bainistíochta an Fheidhmeannais atá freagrach as réimsí riosca ar leith. Is iad na rioscaí atá ag an gCoiste ná Riosca 10 – Fórsa Oibre agus Earcaíocht, Riosca 14 – Claochlú agus Athrú a chur i gcrích Athrú Cultúir san áireamh, Riosca 19 – Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine na Foirne agus Riosca 20 – Bainistíocht Feidhmíochta Aonaraí agus Cuntasacht.

Dearbháidh don Choiste go bhfuiltear ag tabhairt faoi na príomhrioscaí sannta don Choiste agus go bhfuiltear ag glacadh na céimeanna iomchuí chun na réimsí riosca a feabhsú. Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar a fheidhmíocht féin in 2021 agus beidh sé mar sprioc aige na ceachtanna ón phandéim COVID-19 a fhoghlaim d'fhonn na hathruithe cultúrtha iomchuí a chur i bhfeidhm amach romhainn.

Coiste Feidhmíochta agus Soláthair

I ngeall ar an bprófil agus ar an saghas seirbhísí atáthar a chur ar fáil ag FnaSS, chinn an Bord ar an gCoiste Feidhmíochta agus Soláthair a bhunú chun díriú ar mhonatóireacht ar fheidhmíocht na seirbhíse sláinte i dtaca lena spriocanna PSN.

Tá ballraíocht an Choiste Feidhmíochta agus Soláthair ar 31 Nollaig 2020 mar seo a leanas:

- Tim Hynes, Cathaoirleach agus Ball an Bhoird
- Brendan Lenihan, Ball an Bhoird
- An Dr Sarah McLoughlin, Ball an Bhoird
- Fergus Finlay, Ball an Bhoird
- Leifteanantchoirnéal Louis Flynn, Ball Seachtrach
- Regina Moran, Ball Seachtrach
- An Dr Sarah Barry, Ball Seachtrach.

Tá gach gné a bhaineann le cur i bhfeidhm agus soláthar laistigh den tseirbhís sláinte faoi raon feidhme údarás an Choiste. Is é ról an Choiste ná maoirseacht straitéiseach agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le pleanáil a dhéanamh do dhoiciméid pleanála corparáide, iad a fhorbairt, agus monatóireacht a dhéanamh orthu le cinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh spriocanna an Bhoird agus go bhfuil siad á ndréachtú i gcomhréir le forálacha *Sláintecare*. Níl an Coiste freagrach as feidhm feidhmiúcháin ar bith agus níl cumhachtaí feidhmiúcháin ag an gCoiste. Maidir lena chuid dualgas agus a chuid feidhmeanna, ní bhíonn ach ról comhairleach agus tacaíochta ag an gCoiste.

Tá údarás ag an gCoiste ó Bhord FnaSS chun ról a mhaoirseachta a úsáid maidir le:

- Gach gné de chur i bhfeidhm agus soláthar laistigh den tseirbhís sláinte
- Dul chun cinn maidir le cur i gcrích spriocanna an Bhoird
- Forbairt ar phleananna straitéiseacha agus pleananna seirbhísí bliantúla
- Dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil na pleananna seo cuimsitheach, láidir agus go léirítear tosaíochtaí an Aire agus an Bhoird go iomchuí iontu
- Feidhmíocht de réir na bpleananna seo

- Úsáid teicneolaíochta chun feidhmíocht a fheabhsú agus le tuairisciú a dhéanamh ar ghnóthachtaí feidhmíochta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí ardleibhéil a bhaineann le cur i gcrích feidhmíochta
- Eolas nó míniúchán atá de dhíth a chuardach ó fhostaí ar bith de FnaSS nó de ghníomhaireacht maoinithe nó maoinithe go páirteach ag FnaSS
- Comhairle neamhspleách dlí nó comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil i gcomhréir le Beartas um Sholáthar Poiblí FnaSS
- Freastal daoine a bhfuil taithí agus saineolas cuí acu a iarraidh ag cruinniú de chuid an Choiste Feidhmíochta agus Soláthair mar is gá
- Tuarascálacha ar aithint rioscaí do shábháilteacht foirne a fháil agus maoirsiú a dhéanamh ar phleananna forbartha chun bheith ag súil le riosca agus freagairt a thabhairt air agus sprioc ann chun timpeallacht oibre shábháilte a chothú agus a choinneáil agus teagmhais dhíobhálacha a laghdú
- Tuairisciú a dhéanamh ar ábhair ar bith a cheaptar gur chóir aird an Bhoird a tharraingt air agus é a chur ar aghaidh.

Ghlac an Coiste Feidhmíochta agus Soláthair plan oibre mionsonraithe ina bhfuil príomhróil agus freagrachtaí an Choiste clúdaithe le cinntiú gur coinníodh an fócas cuí in 2020 ar gach réimse a thagann faoina shainchúram agus sna téarmaí tagartha. Bhí tionchar mór ag an bhfreagairt COVID-19 in 2020 ar obair an Choiste mar gheall ar athlonnú foirne. Le tacaíocht Fhoireann Bainistíochta na Feidhmeannachta, áfach, chomhlíon an Coiste a chuid freagrachtaí agus rinne sé maoirseacht ar fhorbairt Scórchárta Náisiúnta FnaSS *Tuarascáil Bhliantúil 2019, Plean Corparáideach 2021-2024* agus *Plean Seirbhíse Náisiúnta 2021* (Plean Caipitil, Plean Caipitil TFC agus Plean Rochtana Cúraim san áireamh). Críochnaíodh obair ar an bPlean Corparáideach agus ar Phlean Seirbhíse Náisiúnta i gcomhthráth agus i dteannta pleanáil COVID-19 agus ar phleanáil téarnaimh.

Rinne an Coiste maoirseacht ar obair ar an bPlean Corparáideach, rud a thosaigh le breithniú ar phróisis a bhí molta agus ar amlíntí don dréachtú. Bhí gá le chuid mhaith den dréachtplean Corparáideach a leasú chun na dúshláin a tháinig chun cinn de bharr COVID-19 a chur isteach. I rith an phróisis dréachtála, chuir an Coiste leis an bPlean Corparáideach trí aird a tharraingt ar réimsí a raibh aird bhreise de dhíth orthu. I measc na réimsí seo bhí béim le leagan ar thábhacht bainistíochta riosca sa bPlean, bhí athruithe molta d'eocharspriocanna seirbhísdirithe, bhí dúshláin theicniúla i dtaca le hoiriúnú teicneolaíochta digitéil i ngach sprioc agus leis an amlíne maidir le cur i gcrích na spriocanna. Ag an gcruinniú ar 18 Meán Fómhair, mhol an Coiste go rachadh an Plean Corparáideach faoi bhráid an Bhoird ar 25 Meán Fómhair.

Rinne an Coiste maoirseacht i rith dhréachtú Phlean Sheirbhíse Náisiúnta 2021. Chun seo a dhéanamh, b'éigean don Choiste a bheith ag obair le sprioc-am an-docht tar éis an Litir Chinnidh a fháil a mhínigh tosaíochtaí an Aire don bhliain. Rinne an Coiste athbhreithniú ar dhréachtaí Plean Seirbhíse Náisiúnta 2021 agus thug sé aischothú orthu i gcaitheamh roinnt cruinnithe speisialta i mí na Samhna 2020. I measc an phlé seo bhí plé ar dhearbhu a iarraidh go mbeadh an Plean Seirbhíse Náisiúnta i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach, an Plean Geimhridh agus *Sláintecare*, béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le socráíochtaí éifeachtacha monatóireachta agus tuairiscithe i bhfianaise an mhéadaithe ar mhaoiniú do 2021, agus plé ar leibhéil tomhais agus tuairiscithe sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta i bhfianaise thionchar COVID-19 ar leibhéil seirbhíse a bhí beartaithe in 2020.

I rith an phróiseis pleanála don Phlean Corparáideach agus don Phlean Seirbhíse Náisiúnta araon, rinne an Coiste athbhreithniú go rialta ar dhréachtaí a chuir an Príomhoifigeach Straitéise faoina bhráid agus thug aiseolas orthu a cuireadh san áireamh sna pleananna deiridh. Léirigh an mhaoirseacht seo réimsí áirithe d'Fhoireann Bainistíochta na Feidhmeannachta a raibh a thuilleadh forbartha de dhíth orthu agus chinntigh sé comhréir na bpleananna le spriocanna an Bhoird agus le forálacha *Sláintecare* sula cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad le haghaidh athbhreithnithe. Bhí gá le cruinnithe sa bhreis a eagrú agus le cumarsáid rialta idir baill an Choiste agus Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta chun a chinntiú gur baineadh amach amlínte reachtúla an-docht.

I gcaitheamh na bliana, d'oibrigh an Coiste leis an bPríomhoifigeach Oibríochtaí ar fhorbairt Scórchárta Náisiúnta do FnaSS a chuideoidh leis an gCoiste agus an Bord lena ról maoirseachta agus rialachais. Cé gur chuir an fhreagairt ar COVID-19 isteach ar obair chun an Scórchárta Náisiúnta a fhorbairt, bhí dul chun cinn suntasach déanta roimh dheireadh 2020 agus cuireadh an dréacht-Scórchárta Náisiúnta, athainmnithe ansin mar an Tuarascáil Seirbhíse Oibríochtúil, faoi bhráid an Choiste ag an gcruinniú i mí Dheireadh Fómhair. Díródh aird an Bhoird ar an Tuarascáil Seirbhíse Oibríochtúil ag an gcruinniú i mí na Samhna, agus rinneadh nóta de go mbeidh sé mar chuid de Scórchárta Straitéiseach an Bhoird, gné de phróiseas thuirisciú an Bhoird don Aire.

Ag gach cruinniú míosúil, phléigh an Coiste próifílí feidhmíochta a chuir an Príomhoifigeach Oibríochtaí ar fáil. Ó na próifílí seo, fuair an Coiste na sonraí a bhí de dhíth chun tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht FnaSS de réir spriocanna Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2020 i bpríomhréimsí le haghaidh cúram sláinte pobail, ospidéal ghéarchúraim agus seirbhísí náisiúnta chomh maith le cáilíocht agus sábháilteacht othar, airgeadas agus AD. Rinneadh athbhreithnithe ar bhonn ráithiúil ar an gCóras Comhtháite Bainistíochta Airgeadais, agus trí seo bhí an Coiste in ann monatóireacht a dhéanamh ar an dul dhun cinn a bhí déanta agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn mar gheall ar phaindéim COVID-19 araon. Rinne an Coiste monatóireacht ar bhonn ráithiúil freisin as na rioscaí sannta dó ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus a rialuithe. Is iad rioscaí an Choiste ná Riosca 8 – Acmhainn Rochtana agus Éileamh, Riosca 11 – Seirbhísí Míchumais agus Riosca 13 – Cibearshlándáil.

Tá na baill seo a leanas d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí FnaSS sannta ag an POF chun freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste Feidhmíochta agus Solathair: Anne O'Connor (Príomhoifigeach Oibríochtaí (COO)), Dean Sullivan (Príomhoifigeach Straitéise (CSO)), and Stephen Mulvany (Príomhoifigeach Airgeadais (CFO)). Tá an Coiste i dteideal a iarraidh freisin go dtiocfadh ball foirne FnaSS ar bith chuig cruinniú Coiste chun freastal agus cur i láthair a dhéanamh. Tá sé de cheart ag an gCoiste má mheastar gur ghá, eolas breise a chuardach agus freastal breise roimh an gCoiste a iarraidh i gcás nach meastar go bhfuil na sonraí cuí curtha isteach in uasdátú ó bhéal nó scríofa na mbainisteoirí.

Ag gach cruinniú, féadann an Coiste am a chur ar leataobh nuair nach bhfuil baill bhainistíochta FnaSS ann agus féadann an Coiste bualadh le bainisteoirí sinsearach astu féin. Chun clár a ullmhú do chruinnithe atá le teacht agus chun seiceáil ar ghníomhaíochtaí nár comhlíonadh, labhraíonn an Cathaoirleach, Tim Hynes, go rialta le baill chuig d'Fhoireann Bainistíochta na Feidhmeannachta agus le Rúnaí an Bhoird. Is ball de Bhord FnaSS é an Cathaoirleach agus mar sin de bhí idirghníomhú idir an Coiste agus an Bord tríd an eolas is déanaí a thabhairt ag gach cruinniú ar obair an Choiste Feidhmíochta agus Solathair. Scaiptear cóipeanna de mhiontuairiscí faoia chruinnithe an Choiste roimh chruinnithe an Bhoird.

Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Chinn an Bord ar bhunú an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta chun díriú ar ghnéithe cliniciúla den soláthar cúraim shóisialta agus sláinte.

Tá ballraíocht an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta ar 31 Nollaig 2020 mar seo a leanas:

- An tOll. Deirdre Madden, Cathaoirleach agus Ball an Bhoird
- An tOll. Fergus O'Kelly, Ball an Bhoird
- An Dr. Yvonne Traynor, Ball an Bhoird
- Anne Carrigy, Ball Seachtrach
- An Dr. Chris Luke, Ball Seachtrach
- Margaret Murphy, Ball Seachtrach
- An Dr. Cathal O'Keeffe, Ball Seachtrach.

Bhunaigh an Coiste Téarmaí Tagartha atá faoia ag an mBord. Níl sé freagrach as aon ghnó feidhmiúcháin agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin dílsithe ann; níl ach ról comhairleach agus tacaíochta aige. Tá gach gné a bhaineann le sábháilteacht agus cáilíocht laistigh den tseirbhís sláinte faoi raon feidhme údarás an Choiste.

Ghlac an Coiste Sábháilteacht agus Cáilíocht le plean oibre mionsonraithe ina bhfuil príomhróil agus freagrachtaí an Choiste clúdaithe lena chinntiú gur coinníodh an fócas cuí ar gach réimse a thagann faoina shainchúram agus sna téarmaí tagartha. Tá an-taithí ag na baill Choiste ar fad agus tá na scileanna agus an taithí cuí acu le feidhmeanna an Choiste a chur i gcrích. Cuimsíonn clár oibre an Choiste deiseanna foghlama agus forbartha do bhaill agus rinne saineolaithe ábhair cuir i láthair sna réimsí cáilíochta, sábháilteachta agus riosca os comhair an Choiste.

In 2020, bhí obair an Choiste buailte go mór ag an bhfreagairt COVID-19 de dheasca athlonnú foirne agus brú an ualaigh oibre ar fhoireann chliniciúil a dhéanfadh cuir i láthair os comhair an Choiste de ghnáth. In ainneoin na ndúshlán seo, rinneadh obair ar réimse leathan d'ábhair i rith na bliana.

Go luath in 2020, d'aontaigh an Coiste leis an bPróifíl Cháilíochta a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsuithe sábháilteachta in FnaSS agus chun iad a thomhas. Is sráith náisiúnta de phríomhtháscairí sábháilteachta agus cáilíochta í seo a d'fhorbair an Fhoireann Feabhsaithe Cáilíochta. Cuireadh Próifíl Cháilíochta ar an gclár cruinnithe mar bhuanmhír agus rinneadh plé uirthi ag gach cruinniú de chuid an Choiste.

Rinne an Coiste athbhreithniú ag na cruinnithe míosúla ar thuarascáil ón bPríomhoifigeach Cliniciúil lenar tugadh an t-eolas is déanaí maidir le réimsí ar nós seirbhísí náisiúnta scagthástála, athbhreithniú ar sheirbhísí gíniceolaíocha in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, agus cur i bhfeidhm *Sláintecare*. Maidir le COVID-19, thug an Príomhoifigeach Cliniciúil sonraí míosúla don Choiste ar chásanna nua agus ráta na dteagmhais 7 agus 14 lá don ghalar in aoisghrúpaí éagsúla, líon na gcásanna sna hospidéal agus sonraí ar ráigeanna ar fud na tíre, agus ráta COVID-19 na hÉireann i gcomparáid le tíortha AE/LEE eile ina measc. Pléadh freisin tuarascálacha ar thionchar na paindeime ar réimsí mar chúram sceidealaithe agus neamhsceidealaithe, cúram péidiatrach, cúram an duine bhreacaosta, agus an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse, agus, níos faide anonn sa bhliain, an clár vacsaínithe.

Gach mí, rinne an Coiste grinnscrúdú ar dhearbhu cáilíochta agus sábháilteachta i réimsí éagsúla trí scrúdú a dhéanamh ar thuarascálacha rialála, tuarascálacha teagmhais, Tuarascálacha Iniúchána Cúraim Sláinte, gearáin chliniciúla agus Clár Riosca Corparáideach FnaSS. Rinne an Coiste athbhreithniú ar thuarascálacha déanta ag an bhFaighiteoir Rúnda agus ag Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách agus thug ionchur maidir le saincheistean sábháilteachta agus cáilíochta agus freagairt FnaSS á dréachtú do *Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin ar Mheabharshláinte 2019*. D'éist an Coiste le cuir i láthair agus rinneadh athbhreithniú ar pháipéir ó ionadaithe ar réimsí éagsúla mar iniúcháireacht cúraim sláinte, sábháilteacht cógais, Clár Náisiúnta Sláinte Ban agus Naíonán agus nochtadh oscailte.

Déanann Cathaoirleach an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách tuairisciú don Chathaoirleach Coiste agus is freagracht an Choiste é maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dea-chleachtais chun cinntiú go ndéantar gníomhú tráthúil de réir gach rud atá foghlamtha ó theagmhais, athbhreithnithe, tuarascálacha, gearáin, éilimh agus ó bhealaí eile, agus go bhfuil an chumarsáid éifeachtach mar bhunchloch sa ghníomhú seo. In 2020, rinne an Coiste monatóireacht ghrinn ar dhul chun cinn maidir leis an athbhreithniú ar sheirbhísí gíniceolaíocha ag Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn agus ar thuarascáil ón bPainéal Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách. Rinne an Coiste plé rialta ar an dá dhoiciméad agus d'iarr an Coiste uasdátaithe ón bPríomhoifigeach Oibríochtaí agus ón bPríomhoifigeach Cliniciúil ar chur i bhfeidhm na moltaí.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar chlár oibre de rannáin ábhartha FnaSS mar a bhaineann siad le sábháilteacht agus cáilíocht agus thug sé comhairle don Bhord ar acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil agus ionadú cuí na bhfeidhmeanna seo laistigh de FnaSS. Mar shampla, mhol an Coiste, tar éis athbhreithniú seachtarach, go mbeadh feidhm Iniúcháireacht Cúraim Sláinte FnaSS laistigh d'Iniúcháireacht Inmheánach mar shainfhoireann iniúcháireachta agus tuairisciú a dhéanamh go díreach chuig an gCoiste.

Tá freagracht ag an gCoiste as rioscaí áirithe ar an gClár Riosca Corparáideach agus as a rialú. Rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras a bhunaigh an bhainistíocht chun na rioscaí seo a aithint, a mheas, a bhainistiú, agus tuairisc a thabhairt orthu trí thuairisc rialta a fháil ón Siúrthóir Náisiúnta um Dhearbhu agus um Fhíorú Cáilíochta agus ó bhall ábhartha d'Fhoireann Bainistíochta an Fheidhmeannaigh atá freagrach as réimsí riosca ar leith. Is iad rioscaí an Choiste ná Riosca 7 – Cumraíocht na nOspidéal faoi Láthair, Riosca 9 – Ionfhabhtú a Bhaineann leis an gCúram Sláinte/COVID-19 agus Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Frithmhiocróbaigh, Riosca 15 – Seirbhísí Scagthástála, Riosca 16 – Neamhchomhlíonadh Rialacháin Cúraim Sláinte agus Riosca 18 – Forbairt agus Cur i bhFeidhm Beartais agus Reachtaíochta. In Iúil 2020, tugadh cúig riosca COVID-19 áirithe sa bhreis ó Chlár Riosca Corparáideach don gCoiste chun monatóireacht a dhéanamh orthu. Cuireadh é sin i gcrích trí foghrúpa a bhunú ó bhaill den gCoiste Sábháilteachta agus Cáilíochta agus den gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca araon.

Tá na baill seo d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí FnaSS a leanas sannta ag an POF chun freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste Sábháilteachta agus Cultúir: An Dr Colm Henry (Príomhoifigeach Cliniciúil (CCO)), Patrick Lynch (Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhu agus um Fhíorú Cáilíochta) agus an Dr Philip Crowley (Stiúrthóir Náisiúnta um Fheabhsú Cáilíochta). Tá an Coiste i dteideal a iarraidh freisin go dtiocfadh ball foirne FnaSS ar bith chuig cruinniú Coiste agus cur i láthair a dhéanamh agus bhain an Coiste úsáid as an bhforáil seo go rialta in 2020. Ag gach cruinniú, féadann an Coiste am a chur ar leataobh nuair nach bhfuil baill bhainistíochta FnaSS ann agus féadann an Coiste bualadh le bainisteoirí sinsearaigh astu féin. Chun clár a ullmhú do chruinnithe atá le teacht agus chun seiceáil ar ghníomhaíochtaí nár comhlíonadh, bíonn cumarsáid rialta ag an gCathaoirleach, An Dr Deirdre Madden, leis an bPríomhoifigeach Cliniciúil, An Dr Colm Henry.

Oibríonn an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta leis na Coistí Boird eile chun a chúram a chomhlíonadh. Is trí chumarsáid rialta idir Cathaoirleach na gCoistí, miontuairiscí a roinnt, agus comhchruinnithe Coiste a eagrú mar is cuí chun saincheisteana tábhachtacha frithpháirteacha a phlé, a dhéantar teagmháil idir ceithre choiste an Bhoird. Go luath in 2020, bhí comhchruinniú ag an gCoiste i dteannta le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord FnaSS. Ag an gcruinniú rinne na Coistí breithniú ar bhainistíocht rioscaí, éilimh, cosaint sonraí agus caipiteal.

Tá an Cathaoirleach ina b(h)all de Bhord FnaSS agus tugtar an t-eolas is déanaí ón gCathaoirleach ag gach cruinniú Boird ar obair atá déanta ag Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta ó bhí an cruinniú deireanach ann, rud a éascaíonn cumarsáid idir an Coiste agus an Bord. Scaiptear cóipeanna de mhiontuairiscí faofa chruinnithe an Choiste roimh na cruinnithe.

Tacaíocht don Bhord agus do na Coistí

Ghníomhaigh Rúnaí Bhord FnaSS mar Rúnaí na gCoistí agus cuireadh tacaíocht riaracháin sa bhreis ar fáil trí Oifig an Bhoird.

Cód Rialachais

Faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), ní mór do FnaSS Cód Rialachais a bheith in áit ina leagtar amach na prionsabail agus cleachtais a bhaineann le dea-rialachas. Ullmhaíodh Cód Rialachais leasaithe in 2020, ghlac an Bord é i bhFeabhra 2021 agus tá sé curtha isteach faoi bhráid an Aire Sláinte, tráth na scríofa, le faomhadh. Léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach i gCuid II Rialachas Airgeadais den Tuarascáil Bhliantúil seo go bhfuiltear ag cloí le ceanglais an *Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*.

Neartaíonn *Acht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* maoirseacht neamhspleách agus feidhmiúchan FnaSS. Tá an Cathaoirleach agus an Bord ag obair go dlúth leis an POF agus le Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta chun a chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht go héifeachtach chomh maith le freagairt éifeachtúil agus tháirgiúil a thabhairt ar réimse úr de cheanglais rialachais a thagann ó na socraíochtaí úra.

Baill an Bhoird

(ar an 31 Nollaig 2020)



Ciarán Devane

Cathaoirleach

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

5 bliana

Scileanna agus Taithí

Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag Ionad um Ionabhas, Síocháin agus Caidrimh Shóisialta ag Ollscoil Coventry. Cathaoirleach ar Cheannaireacht Shóisialta Clore. Ball Bhord na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (NHS), Sasana, Príomhfheidhmeannach ar Thacaíocht Ailse Macmillan agus Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle na Breataine roimhe seo. Rinneadh ridire de sa RA ar mhaithe le seirbhísí d'othair ailse agus tugadh Saoirse Cathair Londain dó.



An tOllamh Deirdre Madden

Leaschathaoirleach

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

5 bliana

Scileanna agus Taithí

Ollamh le Dlí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus speisialtóireacht aici i ndlí agus eitic cúraim sláinte. Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus um Dhearbhu Cáilíochta agus an-taithí aici ar chúram sláinte agus rialachán gairme.



Fergus Finlay

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

5 bliana

Scileanna agus Taithí

POF Barnardos ar scor. Comhairleoir Rialtais agus polaitíochta roimhe seo. Cathaoirleach ar Bhord Athbheochan Theach an Charnáin agus Ball d'Udarás Rialála Carthanais. Gníomhaí Michumais ar feadh a shaoil.



Tim Hynes

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

3 bliana

Scileanna agus Taithí

Príomhoifigeach Eolais an Ghrúpa do Bhanc-Aontas Éireann. Máistreacht i gCeannaireacht Feidhmiúcháin aige ó Ollscoil Uladh, cáilithe mar stiúrthóir bainc, agus Comhalta de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann.



Brendan Lenihan

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

5 bliana

Scileanna agus Taithí

Stiúrthóir Bainistíochta ar Navigo Consulting agus iar-Uachtarán ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Bus Éireann. Bord iontaobhaithe den Aoire Maith, Corcaigh. Dioplóma Gairmiúil i Rialachas Corparáideach ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath Scoil Gnó Smurfit agus is ball é d'Institiúid na Stiúrthóirí.



An Dr Sarah McLoughlin

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

5 bliana

Scileanna agus Taithí

Abhcóide othar agus eolaí taighde i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus páirteach i dtionscnaimh othar, taighde agus chinlicíúla i gceantair thrasghalair in Éirinn. Céimí den chéad 'Chlár Oideachais Othar i Nuálaíocht Sláinte' in Éirinn ag Clár Oibre na hÉireann um Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionsclaíocht.



Aogán Ó Fearghail

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

3 Bliana

Scileanna agus Taithí

Teagascóir Sochrúcháin Scoile ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael ó 2015 go 2018. Iar-Phríomhoide Scoile.



An tOllamh Fergus O'Kelly

Ceaptha

28 Meitheamh 2019/28 Meitheamh 2019

Tionacht

5 bliana

Scileanna agus Taithí

Lia Teaghlaigh ar scor agus Stiúrthóir ar chlár oiliúna Miachaine Teaghlaigh in Éirinn. Iar-Uachtarán ar Cholaiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann agus ball de Bhord Rialacháin an Cholaiste ó 2014 go 2017.



Fiona Ross

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

5 bliana

Scileanna agus Taithí

Cathaoirleach ar Chóras Iompair Éireann (CIÉ), Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Rialtas na hAlban agus Network Rail sa RA. Stiúrthóir údaráithe ag Banc Ceannais na hÉireann ar Smith and Williamson, JK Funds agus SpherelInvest. Iarstiúrthóir POF ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Iar-Chathaoirleach ar Mheabharshláinte Éireann.



An Dr Yvonne Traynor

Ceaptha

28 Meitheamh 2019

Tionacht

3 bliana

Scileanna agus Taithí

Leas-Uachtarán ar Ghnóthai Rialacháin agus Eolaíochta le Kerry Group. Stiúrthóir Cairte agus bhí ról aige mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta de Sheirbhís Fulaistriúcháin na hÉireann. PhD aici sa Cheimic ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Dioplóma Deimhnithe sa Chuntasaíocht agus Airgeadais agus MSc sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin.

Baill Fhoireann Bainistíochta na Feidhmmheannachta

(ar 31 Nollaig 2020)



Paul Reid

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Scileanna agus Taithí

Is é Paul Reid Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS. Sna ról a bhí aige roimhe seo bhí sé i gceannas ar eagraíochtaí móra san earnáil phríobhaideach, san earnáil neamhbhrabúsach, sna hearnálacha a bhaineann le rialtas lárnach agus rialtas áitiúil, Comhairle Contae Fhine Gall, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Trócaire and eir san áireamh. Bhain sé Máistreacht amach sa Riarachán Gnó ó Cholaiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus BA in Acmhainní Daonna agus Caidreamh Tionsclaíoch ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann.



Anne Marie Hoey

Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna

Scileanna agus Taithí

Is í Anne Marie Hoey Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna FnaSS ó bhí 2019 ann. Tá breis agus 30 bliain de thaithí aici i Seirbhís Sláinte na hÉireann agus bhí ról ardbhainistíochta aici in ospidéal ghéarmhíochaine éagsúla, i seirbhísí pobail agus i Seirbhís Aisíochta Sláinte Príomhúla. Tá BSc sa Bhainistíocht aici chomh maith le Céim Máistir i mBainistíocht Seirbhíse Sláinte ó Choláiste na Tríonóide agus is Comhalta Cairte de CIPD í.



Anne O'Connor

Príomhoifigeach Oibríochtaí

Scileanna agus Taithí

Is í Anne O'Connor Príomhoifigeach Oibríochtaí FnaSS, tá sí i gceannas ar bhreis agus 100,000 ball foirne a bhíonn i mbun seirbhísí a sholáthar sa phobal agus sna hospidéal ar fud na hÉireann. Tá seirbhísí in Éirinn stiúrtha aici ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil. Is Teiripeoir Saothair í agus tá MSc aici sa Teiripe Shaothair chomh maith le MSc sa Chleachtas Bainistíochta.



Fran Thompson

Príomhoifigeach Faisnéise

Scileanna agus Taithí

Is é Fran Thompson Príomhoifigeach Faisnéise FnaSS i gceannas ar chlaochlú digiteach maidir le seirbhís sláinte na hÉireann. Tá breis agus 25 bliain de thaithí i gceannaireacht TFC aige agus é i mbun réimse leathan de chlár straitéiseacha eSláinte, agus tá sé dírithe go mór ar chlaochlú digiteach san earnáil sláinte a uasmhéadú.



Stephen Mulvany

Príomhoifigeach Airgeadais

Scileanna agus Taithí

Is é Stephen Mulvany Príomhoifigeach Airgeadais FnaSS agus tá an-taithí aige i bpleanáil airgeadais, pleanáil oibríochtúil agus soláthar seirbhísí. Is Cuntasóir Cairte é (FCCA) agus Dioplóma larchéime sa Teicneolaíocht Faisnéise do Bhainisteoirí, MSc sa Chleachtas Bainistíochta, Teastas ó Institiúid na Stiúrthóirí agus Dioplóma sa Treorú Comhlachta aige.



Mark Brennock

Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid

Scileanna agus Taithí

Is é Mark Brennock Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide atá i gceannas ar fhorbairt agus bainistíocht iarrachtaí chumarsáid FnaSS, ag cur comhairle comhairliúcháin agus tacaíocht ar fáil do bhaill foirne ar fud na heagraíochta. Roimhe sin bhí se ina Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí ag Murray, atá ar cheann de na gníomhaireachtaí cumarsáide is mó in Éirinn agus chaith sé 23 bliain ag obair mar iriseoir, go príomha le The Irish Times.



An Dr Colm Henry

Príomhoifigeach Cliniciúil

Scileanna agus Taithí

Is é an Dr Colm Henry Príomhoifigeach Cliniciúil FnaSS. Sular ceapadh mar Phríomhoifigeach Cliniciúil é, bhí sé ina Chomhairleoir Cliniciúil Náisiúnta agus Ceannaire an Ghrúpa d'Ospidéal Ghéarmhíochaine i FnaSS agus, roimhe sin, bhí sé ina Cheannaire Náisiúnta don Chlár Stiúrthóra Cliniciúil i FnaSS. Ceapadh ina gheiriatraí comhairleach é d'Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh in 2002 agus ba Stiúrthóir Cliniciúil an ospidéal é ó 2009 go 2012.



An Dr Geraldine Smith

Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchóireacht Inmheánach

Scileanna agus Taithí

Is í an Dr Geraldine Smith Stiúrthóir Náisiúnta Iniúchóireacht Inmheánach FnaSS. Is cathaoirleach í ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i Roinn Rialtais Láir. Is Comhalta í do Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus Iniúchóir Cairte Inmheánach, tá PhD aici sa Rialachas, Máistreacht sa Bhainistíocht Phoiblí agus Dioplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach.



John Kelly

Ceannaire Gnóthaí Corparáideacha

Scileanna agus Taithí

Is é John Kelly Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha FnaSS. Is dlíodóir cáilithe é agus d'oibrigh sé i gceann de na comhlachtaí dlíodóirí ba mhó sa tír, áit a raibh speisialtóireacht aige sa dlí riaracháin phoiblí, sa dlí fostaíochta agus sa dlí cúraim sláinte. Sula ndearna sé oiliúint sa dlí, d'oibrigh sé mar bhainisteoir sinsearach cúraim sláinte.



Dean Sullivan

Príomhoifigeach Straitéise

Scileanna agus Taithí

Is é Dean Sullivan Príomhoifigeach Straitéise FnaSS. Tá taithí 30 bliain aige sna hearnálacha poiblí agus príobhaideacha, lena n-áirítear ról shinsearach le Bord Sláinte agus Cúram Sóisialta Thuaisceart Éireann agus an Roinn Sláinte chomh maith le PA Consulting agus PriceWaterhouse. Is cuntasóir cáilithe é agus tá an Teastas agus an Dioplóma sa Treorú Comhlachta de chuid Institiúid na Stiúrthóirí bainte amach aige.



Niamh O'Beirne

Ceannaire Náisiúnta, Tástáil agus Rianú

Scileanna agus Taithí

Tá Niamh O'Beirne i gceannas ar Thástáil agus Rianú Teagmhálaithe sa bhfreagairt ar phaindéim COVID-19. Ó bhí 9 Aibreán 2020 ann tá sí ar iasacht ag FnaSS ó EY, áit ina bhfuil sí ina comhpháirtí. Tá breis agus 20 bliain de thaithí aici i gcomhairliúcháin bainistíochta san earnáil phoiblí agus fócas aici ar leasú, claochlú agus dearadh eagraíochta agus tá B.A. Onóracha agus Dioplóma larchéime sa Bhainistíocht aici.

4.2 Tuarascáil maidir le Bainistíocht Riosca

Bainistíocht Riosca

Príomhréimse ar a bhfuil fócas na heagraíochta dírithe is é cinntiú go bhfuil acmhainní in úsáid agus gníomhaíochtaí a ndéanamh a laghdóidh rioscaí i soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Bhí an-tionchar ag paindéim COVID-19 ar gach réimse den gcóras sláinte, próisis bainistíochta riosca san áireamh. Díreach tar éis mór-athbhreithnithe do phríomhrioscaí FnaSS ag tús 2020, fógraíodh gur phaindéim é COVID-19. Bhí tionchar ag luas na paindéime ar gach gné den tseirbhís sláinte agus ar na daoine a d'oibrigh ann, agus mar thoradh air seo aithníodh rioscaí úra agus athruithe ar rioscaí a bhí ann cheana. Mar gheall air seo rinne FnaSS an dara mór-athbhreithniú ar na heochar-rioscaí corparáideacha i mí na Bealtaine 2020.

Is próiseas eagraíochta ríthábhachtach é forbairt agus bainistíocht an Chláir Riosca Chorporáidigh a éascaíonn don Bhord agus d'Fhoireann Bainistíochta na Feidhmeannachta príomhrioscaí FnaSS agus freagairtí orthu a aithint agus athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh orthu. Sanntar gach riosca ar an gClár Riosca Corparáideach do bhall Fhoireann Bainistíochta na Feidhmeannachta mar 'úinéir' an riosca sin agus shann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca gach riosca do choiste amháin de cheithre choiste an bhoird. Tugann Coistí an Bhoird maoirseacht ar bhainistíocht na rioscaí atá sannta dóibh agus déanann siad na rioscaí agus pleananna gníomhaíochta bainteach leo a scrúdú le baill chuí Fhoireann Bainistíochta na Feidhmeannachta. Déanann comh-fhoghrúpa den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Coiste Sabháilteachta agus Cálíochta maoirseacht ar roinnt de na rioscaí úra atá bainteach le COVID-19. Le linn 2020 chuir an eagraíocht roinnt gníomhartha i bhfeidhm chun a rioscaí corparáideacha, rioscaí nua COVID-19 san áireamh, a aithint, athbhreithniú a dhéanamh orthu agus a mhaolú.


Rioscaí a Bhainistiú

Tá freagracht iomlán ag an mBord as an gcreat bhainistíocht riosca a fhaomhadh, inghlacthacht riosca FnaSS a leagan amach, agus plean Bainistíochta Riosca agus Clár Riosca Corparáideach a fhaomhadh go bliantúil. Tá freagracht aige freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú na bainistíochta ar bhainistíocht riosca agus nótaí a thaifeadeadh air agus/nó gníomhartha a fhaomhadh mar is cuí. Rinne an Bord athbhreithniú ar Chlár Riosca Corparáideach FnaSS ag an gcruinniú i mí na Nollag 2020, rinne sé é a fhaomhadh agus tá achoimre sna tablaí thíos. Tá tacaíocht ag an mBord ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, a dhéanann tuairisciú ar thorthaí a athbhreithnithe don bhord. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta agus rioscaí tuarascálacha rialta ó iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus déanann sé an dul chun cinn a sheiceáil i gcomparáid le pleananna gníomhaíochta aontaithe chun rioscaí aitheanta a bhainistiú.

Déanann FnaSS measúnú ar Chlár Riosca Corparáideach agus tuarascálacha sa phróiseas forbartha chun a Phlean Corparáideach, an Plean Náisiúnta Seirbhíse agus an Buiséad bliantúil a chur le chéile. Tá an próiseas bainistíochta riosca ann chun a chinntiú go ndéantar rioscaí bunairgid a aithint, a chur in ord tosaíochta, a bhainistiú, a thuairisciú agus go bhfuil monatóireacht déanta orthu go seasta ag leibheál náisiúnta. Déanann Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta athbhreithniú ar Rioscaí Corparáideacha agus cuireann siad faoi bhráid an Bhoird agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca iad. Déanann Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta athbhreithniú ar gach Riosca Corparáideach agus gach plean gníomhaíochta atá bainteach leo mar chuid de phróiseas athbhreithnithe go míosúil nó go ráithiúil ag brath ar chineál an riosca.

Tá FnaSS ag déanamh plé faoi láthair ar fheabhsuithe ar a phróiseas riosca san iomlán. Críochnéofar an obair in 2021 agus déanfaidh se eolas d'fhorbairt ar Chlár Fiontraíochta Bhainistíocht Riosca FnaSS atá beartaithe agus ar ráiteas inghlacthachta riosca nuashonraithe.

Réimsí Riosca		Réimsí Riosca	
1	Tástáil agus rianú teagmhálaithe comhtháite COVID-19	14	Athrú agus claochlú a chur i bhfeidhm agus athrú cultúir san áireamh
2	Bunoibriú na seirbhísí sláinte a thabhairt ar ais agus inniúlacht borrrha COVID-19 a choinneáil	15	Seirbhísí scagthástála
3	Láithreacha cúraim chónaithe fhadtéarmacha COVID-19	16	Comhlíonadh rialála
4	Soláthairtí agus trealamh criticiúil COVID-19 agus TCP (trealamh cosanta pearsanta) san áireamh	17	Clú na heagraíochta
5	Acmhainní a chur ar fáil do chumas agus foirne na sláinte poiblí	18	Forbairt agus cur i bhfeidhm beartais agus reachtaíochta
6	Maoiniú na seirbhíse sláinte	19	Sábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne
7	Cumraíocht reatha na n-ospidéal	20	Bainistíocht feidhmíochta agus freagracht aonair
8	Acmhainn agus rochtain i seirbhísí pobail agus seirbhísí géarmhíochaine	21	Córais agus bonneagar TFC
9	Infhabhtuithe bainteach le cúram sláinte/ COVID-19 agus le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh	22	Córas Rialaithe Imheánach
10	Fórsa oibre agus earcaíocht	23	Bainistíocht Leanúnachais Gnó
11	Seirbhísí Míchumais	24	Tionscadal Ospidéal nua na Leanaí
12	Bonneagar caipitil and trealamh criticiúil	25	Gníomhaireachtaí arna maoiniú ag FnaSS
13	Cibearshlándáil	26	Iar-Bhreathimeacht



↑ Méadú ar riosca ↔ Riosca cothrom ↓ Laghdú ar riosca

#	Réimsí Riosca	Rialaithe Maolaitheacha Ríthábhachtacha	Stádas
1	Tástáil agus rianú teagmhálaithe comhtháite COVID-19	- An acmhainn ann chun thart ar 25,000 scrúdú sa lá a chur ar fáil agus aga slánúcháin trí lá ann - Ionaid Tástála statacha agus Láithreacha don Rianú Teagmhála sa bhreis faighte i mí na Samhna 2020 - Stad sealadach ar thástáil le haghaidh dlúth-theagmhálaithe go tástáil ar dhaoine a bhfuil siomptóim orthu mar fhreagairt ar an mborradh faoi éileamh ar an tseirbhís um Thástáil agus Rianú le déanaí - Cumraíocht nua ar rianú teagmhálaithe ar nós méadú foirne trí sholáthar foirne borrrha, foireann sa bhreis a oiliúint chun glaonna a chur ar othair dheimhneacha, fad an chéad ghlaa a laghdú chun díriú ar shonraithe dlúth-theagmhálaithe a fháil.	↔
2	Bunoibriú na seirbhísí sláinte a thabhairt ar ais agus inniúlacht borrrha COVID-19 a choinneáil	- Soláthar d'acmhainn ghéarchúraim sa bhreis agus cúram criticiúil thar seirbhísí daoine fásta agus seirbhísí péidiatracha san áireamh - Teilleigheas chun teagmhálaithe ag láithreacha cúraim sláinte a laghdú - An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála/socraíochtaí Ospidéal Phríobháideacha - Beartú tosaíochta cliniúil/Treochlár ina leagtar amach na seirbhísí le hatósú in ord tosaíochta agus a dhéanann eolas d'athlonnú na foirne a leanann ar aghaidh.	↔
3	Láithreacha cúraim chónaithe fhadtéarmacha COVID-19	- Plean Feidhmithe a fhorbairt chun moltaí Phaineál Athbhreithniú na Saineolaithe a chur i bhfeidhm - Bunaíodh Foirne Freagartha COVID-19 sna hEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail - Bunaíodh Grúpa Náisiúnta Monatóireachta COVID-19 do Chúram Cónaithe - Nuashonrú ar an Treoir do Chúram Cónaithe ar chuairteanna.	↔
4	Soláthairtí agus trealamh criticiúil COVID-19 agus TCP (trealamh cosanta pearsanta) san áireamh	- Forbraíodh samhail réamhaisnéise TCP bunaithe ar áirímh ó ionchuir éagsúla agus treoir chliniciúil, a bheidh mar bhonn ag an stoc náisiúnta TCP a ordú ó mhargai baile agus idirnáisiúnta araon agus chun TCP a chur ar fáil do gach láthair cúraim sláinte in Éirinn - Tá comhaontú soláthair príomhúil curtha i gcrích le China Resource Pharmaceuticals agus rinneadh 86 milliún píosa de TCP a sheachadadh - Cuireadh samhail oibriúcháin inmheánaigh i bhfeidhm chun soláthar TCP a bhainistiú agus a choinneáil ag dul go héifeachtach.	↔
5	Acmhainní a chur ar fáil do chumas agus foirne na sláinte poiblí	- Ath-ímlonnú foirne go sealadach ó gach cearn de FnaSS agus seirbhís poiblí níos leithne sannta chun tacú le gníomhaíocht sláinte poiblí mar fhreagairt ar COVID-19 - Tacaíocht shealadach foirne sa bhreis curtha in áit chun acmhainn ranna sláinte poiblí a mhéadú le freagairt a thabhairt ar phaindéim COVID-19 - Bunaíodh clár athchóirithe sláinte poiblí chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm samhail úr do mhíochaine sláinte poiblí de réir moltaí a tugadh i dTuarascáil na Ranna Sláinte ar an Ról, Oiliúint, agus na Struchtúir Ghairme atá ag Lianna Sláinte Poiblí in Éireann (Tuarascáil Crowe Howarth) - Tá comhaontú déanta ar Shamhail Oibriúcháin Paindéime náisiúnta agus Plean Fórsa Oibre agus gealltanais maoinithe faighte ón Roinn Sláinte - Tá comhaontú déanta leis an Roinn Sláinte ar Phlean Feidhmithe d'fhórsa oibre náisiúnta na paindéime ina bhfuil na riachtanais láithreacha do fhreagairt COVID-19 agus Tuarascáil Crowe Howarth.	↔
6	Maoiniú na Seirbhíse Sláinte	- Tá príomhbheartais agus príomhchleachtais airgeadais in áit ar nós feidhmiúcháin i gcoinne buiséid, plean seirbhíse agus réamh-mheastachán - Cuireadh creat costas cód COVID-19 ar bun chun rianú cuí na gcostas a chinntiú - Uasdátú agus tuairisciú rialta idir FnaSS agus an Roinn Sláinte maidir le héilimh, maoiniú agus saincheisteanna a chur ar aghaidh - Idirghabháil rialta le Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, FnaSS agus an Roinn Sláinte chun monatóireacht a dhéanamh ar líon na n-éileamh.	↔
7	Cumraíocht reatha na n-ospidéal	- Athchumraíocht seirbhísí géarchúraim in bpríomhcheantair e.g. san Oirthuaisceart, san Iarthar Láir, san Iarthar agus san Iardheisceart - Cur i bhfeidhm struchtúir Grúpa Ospidéal chun rialachas cliniúil a chur ar fáil agus chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí ag leibhéal an Ghrúpa Ospidéal.	↔

#	Réimsí Riosca	Rialaithe Maolaitheacha Ríthábhachtacha	Stádas
7	Cumraíocht reatha na n-ospidéal (ar lean)	- Na ceapacháin seo a leanas: - Stiúrthóirí Cliniciúla Grúpa, Stiúrthóirí Altranais agus Cnáimhseachais Grúpa agus POF (Príomhoifigigh Feidhmiúcháin) Grúpa - Ceannairí cliniciúla le haghaidh gach príomhspeisialtachta - Prótacail a chur i bhfeidhm maidir le tráma agus seach-chonair ortaipéideach - Leapacha géarchúraim agus leapacha cúraim chriticiúil breise a thabhairt isteach i gcomhthéacs gníomhartha a glacadh le dul i ngleic le dúshlán COVID-19 - Deighilt seirbhísí cúraim idir sceidealaithe agus neamhsceidealaithe d'fhonn acmhainn agus rochtain a feabhsú a leanann ar aghaidh.	↔
8	Acmhainn agus rochtain i seirbhísí pobail agus seirbhísí géarmhíochaine	- Plean Geimhridh do 2020/2021. Plean Seirbhíse Náisiúnta 2021 (Meastacháin) - Acmhainn leapacha géarchúraim sa bhreis, Aonad Dianchúram san áireamh - Pacáistí tacaíochta baile sa bhreis - Leapacha cúraim idirmheánaigh sa bhreis - Forbairt samhlacha cúraim - Barrfheabhsú NTPF chun tacú le hacmhainn leapacha sa bhreis - Clár <i>Sláintecare</i> Acmhainne agus Rochtana - Acmhainn borrrha atá ann cheana agus pleananna maidir le borradh sna hospidéal ghéarmhíochaine – cúram criticiúil san áireamh - Faomhadh agus maoiniú faighte le haghaidh pleananna cúig bliana comhaontaithe.	↑
9	Infhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte/ COVID-19 agus le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh	- Bileoga eolais d'othair COVID-19 forbartha. Seimineáir ghréasáin oideachasúla ar Chosc agus Rialú Infhabhtuithe (IPC) maidir le COVID-19 seachadta - Feachtas feasachta deartha agus curtha i bhfeidhm - Feachtais maidir le heintreabhaictéar a tháirgeann carbaipeineamáis (CPE), sláinteachas lámha agus COVID-19 seachadta - Seirbhísí saotharlanna tagartha áirithe maidir le micribhitheolaíocht dailte thar roinnt láithreán - Creat dlí maidir le fógraí i dtaca le galair thógálacha agus ráigeanna - Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann (iNAP) i dtaca le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbach (AMR)	↔
10	Fórsa oibre agus earcaíocht	- Gníomhaíocht maidir le fórsa oibre a phleanáil a tugadh faoi sna gairmeacha éagsúla chun tacú le réamh-mheastacháin faoin bhfórsa oibre - Tá an Roinn Sláinte/FnaSS ag obair le gníomhaireachtaí seachtracha le comhaontuithe comhroinnte sonraí maidir le fórsa oibre a fhorbairt – e.g. Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann/Earnáil oideachais - Traenáil Phleanála d'Fhórsa Oibre do sheirbhísí tríd an Acadamh Ceannaireachta agus modúl traenála ar fáil ar HSELand - Tabharfaidh ospidéal phríobháideacha atá faoi sheirbhís phoiblí acmhainní breise a laghdóidh tionchar saoire bhreitheacha a bhaineann le COVID-19 - Forbraíodh straitéis acmhainne agus bunaíodh Grúpa Rialachais Earcaíochta chomh maith le Grúpa Gníomhaíochta Tascfhórsa Earcaíochta taobh le clár oibre a bhfuil sé mar sprioc aige riachtanais earcaíochta an Phlean Geimhridh a sheachadadh - Forbraíodh creat rialachais chliniciúil le haghaidh comhairleoirí Chláir um Rannán neamh-Speisialtóir (SDR) agus dáileadh don chóras oibriúcháin é - Tá córas ann chun monatóireacht ghníomhach ar líon na gcomhairleoirí nach SDR iad a dhéanamh.	↔

#	Réimsí Riosca	Rialaithe Maolaitheacha Ríthábhachtacha	Stádas
11	Seirbhísí Míchumais	- Tugann an Fhoireann Oibríochtaí Náisiúnta Míchumais agus na hEagraíochtaí Sláinte Pobail (CHOs) tacaíocht do na soláthraithe seirbhíse atá faoi dhúshlán chun oibríochtaí laethúla a chobhsú agus leanúnachas seirbhíse a chinntiú. Tá tacaíochtaí d'fhorbairt acmhainn ghairmiúil/tionscnaimh le seirbhísí a fheabhsú san áireamh chomh maith le tacaíochtaí airgeadais sainmhínithe chun leachtacht airgid thirim oibriúcháin go leor a chinntiú - Tá fóraim soláthraithe ann chomh maith leis na brateagraíochtaí chun cuidiú le seirbhís shábháilte a thabhairt ar ais, measúnuithe acmhainne agus riosca san áireamh - Tá Fóram Comhchomhairleach reatha i bhfeidhm ag FnaSS a bhfuil ionadaíocht príomhgheallshealbhóirí ann lena n-áirítear: - Cónaidhm na gComhlachtaí Deonacha - Cónaidhm na hÉireann um Míchumas - Cuimsiú Éireann - Seirbhís Náisiúnta Abhcóideachta - Eagraíochtaí Seachbhrabúsacha - Pleananna forbartha le cuidiú le daoine faoi mhíchumas dul ar ais chuig seirbhísí lae, gairm bheatha nó oideachas.	↔
12	Bonneagar caipitil and trealamh criticiúil	- Cistiú caipitil ar fáil curtha in ord tosaíochta le dul i ngleic le: - Riosca cliniciúil agus bonneagair - An Clár Athsholáthair Trealamh - Clár chothabhála choisctheacha pleanáilte ann do bhonneagar agus do threalamh ar fad - Foirgnimh FnaSS agus a bhfuil iontu faoi árachas leordhóthanach i gcomhréir le luach athsholáthair - Tá athbhreithniú déanta ar an bPlean Caipitil le cinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an bPlean Corparáideach FnaSS agus leis an bPlean Straitéiseach Náisiúnta (NSP).	↔
13	Cibearshlándaíl	- Fardal nochtucháin feistí leighis atá á bhainistiú ag an gCeannaire Náisiúnta Feistí Leighis - Táirgí Cosanta Cibearshlándaíla – rialtáin Friturscair/Frithvíreas/Ballaí dóiteáin curtha i bhfeidhm agus nuashonraithe go leanúnach - Tá sraith cibir-rialtáin ag FnaSS atá ag teacht le creat na hInstitiúide Náisiúnta um Cháilíochtaí agus Teicneolaíocht - Tástáil maidir le dul i bhfód fuascailtí nua atá bunaithe ar an idirlíon.	↔
14	Athrú agus claochlú a chur i bhfeidhm agus athrú cultúir san áireamh	- Tríd an bPlean Paindéime/Geimhrídh agus próiseas Meastachán an Phlean Náisiúnta Straitéise, fuarthas na hacmhainní a bhí de dhíth chun na tosaíochtaí claochlaithe a chur i bhfeidhm - Bunaíodh struchtúir agus próisis chúil chun príomhchláir claochlaithe a chur chun cinn. Tuarascálacha míosúla d'Fhoireann Bhainistíocht na Feidhmeannachta agus don Bhord trí Scórchárta Straitéiseach an Bhoird - Cuireadh sruth oibre r-Sláinte ar bun mar chuid de shocrúithe chun an Plean Paindéime/Geimhrídh a chur i bhfeidhm.	↔
15	Seirbhísí scagthástála	- Monatóireacht ar: - Teagmháil leis an bpobal le gach seirbhís scagthástála tar éis atosú na ceithre sheirbhís scagthástála - Acmhainn agus gníomhaíocht le soláthraithe cliniciúla in óst-ospidéal - Freastal rannpháirtithe, leibhéil foirne, rochtain ar dhiagnóis agus seirbhísí cóireála agus an tionchar níos leithne ar ár óst-ospidéal - Próiseas na Seirbhísí Náisiúnta Lárnacha Comhroinnte agus próiseas áitiúil clárbhunaithe in áit chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar líon na gcuirí scagthástála, an ráta freastail, monatóireacht inniúlachta d'aonaid scagthástála, aonaid measúnaithe agus saotharlanna, inniúlacht ionaid cóireála/riaráiste. Sceideal tuairiscithe don Phríomhoifigeach Cliniciúil ar ghníomh agus riosca - Córas maidir le cumarsáid leanúnach do dhuine ar bith a bhfuil siomptóim ábhartha d'aon riocht sláinte orthu atá scagtha ag an Seirbhís Náisiúnta Scagthástála chun dul i dteagmháil lena soláthróir cúraim sláinte mar is gnách - Le foilsiú na dtuarascálacha ailse eatraimh i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála in ann tús a chur le clár leis na moltaí a chur i bhfeidhm chun leibhéal an riosca a bhaineann leis dár seirbhís a mhaolú.	↑

#	Réimsí Riosca	Rialaithe Maolaitheacha Ríthábhachtacha	Stádas
16	Comhlíonadh rialála	• Creat Rialachais agus Cuntasaíochta • Próiseas dearbhaithe rialuithe FnaSS • Feidhmeanna Iniúcháireachta Inmheánaí agus Cúraim Sláinte • Iniúchtaí rialála ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, ón gCoimisiún um Mheabhairshláinte, ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta etc. tuarascálacha agus aischothú • I gcruinnithe riosca ráithiúla: - Cruinniú idir FnaSS agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte chun rioscaí rialála a phlé agus gníomhaíochtaí a aontú - Cruinniú idir oibríochtaí pobail agus an Comisiún um Mheabhairshláinte chun rioscaí rialála a phlé agus gníomhaíochtaí a aontú • Tuairisciú comhlíonta ráithiúil • Athbhreithniú ar fud na tíre ar shábháilteacht ó dhóiteán curtha i gcrích agus pleananna ar gníomhaíochtaí leasúcháin déanta.	↔
17	Clú na heagraíochta	• Feidhm náisiúnta cumarsáide agus preasoifig in áit • Obair dhearfach fheabhsaithe ghníomhach ar na meáin • Acmhainn HSELive feabhsaithe • Monatóireacht déanta agus foilsithe ar eolas feidhmíochta.	↔
18	Forbairt agus cur i bhfeidhm beartais agus reachtaíochta	• Tá réimse próiseas rialta ann maidir le teagmháil fhoirmiúil idir an Roinn Sláinte agus FnaSS, agus bíonn deiseanna iontu plé le mórbeartais náisiúnta atá ag teacht chun cinn agus le reachtaíocht nua go luath.	↔
19	Sábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne	• Cuimsíonn socraithe rialachais an Aonaid Náisiúnta um Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre sláinte agus sábháilteacht, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, athshlánúchán, sláinte ceirde agus sláinte eagraíochta. Téarmaí teagmhála leasaithe chun díriú ar fhreagairt straitéiseach i bhfianaise dhúshlán COVID-19 • Athbhreithniú rialta déanta ar shonraí FnaSS ar chásanna de COVID-19 san fhoireann agus anailís déanta orthu chun treochtaí a aithint • Tosaíocht tugtha do TCP don fhoireann líne thosaigh • Rochtain iomlán ar chlár thraenála Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann le COVID-19 go sonrach • Bainistíocht mhear ar ráigeanna COVID-19 i measc oibríthe líne thosaigh • Athbhreithniú déanta ar an acmhainn atá ann cheana agus ar an meascán de scileanna thar Aonad Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre agus easnaimh aitheanta. Plean fórsa oibre COVID-19 ar fáil • Athbhreithniú déanta ar acmhainn agus pleanáil an fhórsa oibre, struchtúr tuairiscithe agus deiseanna im-athlonnaithe sa rannán Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre • Tugadh freagracht reachtúil as seirbhísí meabhairshláinte fostaithe don Aonad Sláinte agus Folláine san ionad Oibre, agus rialachas aige go fóill ar thacaíochtaí meabhairshláinte fostaithe.	↔
20	Bainistíocht feidhmíochta agus freagracht aonair	• Sainmhíniú ullmhaithe agus aontaithe le heagraíochtaí ionadaíocha foirne ar phróiseas comhlíonta feidhmíochta • Tacair príomhtháscairí feidhmíochta forbartha • Ceanglais curtha in iúl agus treoir agus oiliúint curtha ar fáil don fhoireann • Seoladh próiseas cur i bhfeidhm comhlíonta feidhmíochta trí theachtaireacht físe • Cuireadh próiseas monatóireachta agus tuairiscithe d'Fhoireann Bainistíochta na Feidhmeannachta i bhfeidhm.	↔

#	Réimsí Riosca	Rialaithe Maolaitheacha Ríthábhachtacha	Stádas
21	Córais agus bonneagar TFC	- Cúltaicé agus aiscur sonraí - Athshlánú ó thubaiste ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil - Bainisteoirí teagmhais ag deasca chabhrach in áit - Bainisteoir Náisiúnta Deisce Seirbhíse in áit chun monatóireacht a dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha agus freagairt a thabhairt orthu - Plean cumarsáide ar theagmhais dhíobhálacha aontaithe - Bainistiú ar phleanáil acmhainne agus airgeadra eastáit trí phleanáil seirbhíse.	↔
22	Córas Rialaithe Inmheánach	- Príomhtháscairí Feidhmíochta sa Phlean Náisiúnta Seirbhíse agus monatóireacht feidhmíochta - Athbheithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras rialú inmheánach FnaSS - Iníuchóireacht Bhliantúil agus litir Bhainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste - Beartas Bainistíochta Riosca Comhtháite - Tuarascálacha agus aiseolas ó Iníuchtaí rialála (HIQA, MHC, HSA etc.) - Feidhmeanna iníuchóireachta inmheánaí agus cúraim sláinte.	↔
23	Bainistíocht Leanúnachais Gnó	- Próiseas teagmhála do bhainistíocht náisiúnta agus áitiúil le ceardchumann agus coistí stailce - Laghdú ar sheirbhísí neamhriachtanacha de réir a chéile, a fhad le dúnadh - Foireann Náisiúnta Bainistíochta Géarchéime - Foirne Limistéir Bainistíochta Géarchéime - Teagmháil struchtúrtha feabhsaithe le páirtithe leasmhara.	↔
24	Tionscadal Ospidéal nua na Leanaí	- Bunaíodh Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Phéidiatraicigh agus Sláinte Leanaí Éireann ar bhonn reachtúil agus príomhfhreagrachtaí acu as tógáil an ospidéil agus é a thabhairt chun feidhme, faoi seach - Tá struchtúir Thionscadal agus Chlár Ospidéal Nua na Leanaí in áit agus tá creat rialacháin don Tionscadal á sholáthar acu.	↔
25	Gníomhaireachtaí arna maoiniú ag FnaSS	- Cur i bheidhm an Chreat Feidhmíochta agus Freagrachta agus cruinnithe bainistíochta le soláthraithe san áireamh - Teagmháil le soláthraithe i bpleanáil, forbairt agus soláthar seirbhísí - Socraíochtaí seirbhíse le soláthraithe in áit agus sínithe.	↔
26	Iar-Bhreatimeacht	- Tá socraíochtaí soláthair seirbhísí aonarach a gcríochnú chun leanúint le socraíochtaí trasteorann, caidrimh sláinte poiblí, socrúcháin othar agus seirbhísí saotharlainne - Tharla seisiún faisnéisithe agus teagmháil le páirtithe leasmhara i mí na Nollag le soláthraithe leighis agus feistí leighis, Fóram Sábháilteachta Othar, Seirbhís Fuailistriúcháin na hÉireann, Comhlachas na nOspidéal Priobháideach, Eagraíochtaí Sláinte Pobail agus Grúpaí Ospidéal - Cuireadh tús le Plean Práinnfhreagartha an Bhreatimeachta, lena n-áirítear gníomhaireachtaí eile in earnáil na sláinte, ar 29 Nollaig 2020 chun tionchar an Bhreatimeachta a mhaolú - Leanann cruinnithe rialta leis an Roinn Sláinte ar aghaidh – Cruinnithe Oibríochtaí Breatimeachta (go seachtainiúil) agus cruinnithe le hArd-Rúnaí/Ceannasaithe na nGníomhaireachtaí (go míosúil) - Ceapadh gníomhaire imréitigh custam chun cúnamh a thabhairt le próiseas na hiompórtála ag na calafoirt.	↓

4.3 Gearáin agus Teachtaireachtaí Dea-mhéine

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

(Gan ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha a bheith san áireamh)

Táthar ag leanúint leis an obair chun an fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí dea-mhéine a thaifead mar go gcuireann siad eolas ar fáil faoi na gnéithe dearfacha dár seirbhísí agus foghlaimimid as sin cad atá ag oibriú go maith. Fuarthas 7,122 teachtaireacht dea-mhéine in 2020.

Fuarthas agus rinne oifigigh ghearán scrúdú ar 5,394 gearán foirmiúil in 2020 faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú) agus faoi *Acht Míchumas 2005*. As na gearáin seo, eisiadh 277 ó fhiosrúchán faoin bpróiseas gearáin Do Sheirbhís, Do Bharúil nó tarraingíodh siar iad. As na 5,117 gearán a bhí fágtha, réitigh oifigeach gearán 2,916 nó 57% ar bhonn neamhfhoirmiúil nó trí fhiosrúchan foirmiúil laistigh de 30 lá oibre.

Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha

In 2020, fuarthas 14,073 teachtaireachtaí dea-mhéine. Fuarthas agus rinne oifigigh ghearán scrúdú ar 9,633 gearán freisin. As na gearáin a fuarthas, rinneadh 9,285 a fhiosrú. Eisiadh nó tarraingíodh siar an 348 eile. As na gearáin a fiosaíodh, réitigh oifigeach gearán 8,116 nó 87% acu ar bhonn neamhfhoirmiúil nó trí fhiosrúchán foirmiúil laistigh de 30 lá.

Gearáin faoi Chuid 2 agus 3 den *Acht um Míchumas 2005*

In 2020, fuarthas 1,133 gearán faoi Chuid 2 den *Acht Míchumas 2005* maidir le measúnú linbh ar an ngá le seirbhísí míchumais, laghdú 7% ar 2019. As na gearáin seo, cláraíodh gur réitíodh 25% acu laistigh de 30 lá oibre. Fuarthas sé ghearán faoi Chuid 3 den *Acht um Míchumas*, i dtaca le rochtain chuig foirgnimh agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Gearáin fhoirmiúla FnaSS a fuarthas agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

	Líon na ngearán a fuarthas	Líon agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre
2020	5,394*	2,916 (57%)*
2019	5,938*	3,398 (65%)*
2018	6,610*	3,695 (56%)*
2017	8,281	6,298 (76%)
2016	9,158	6,972 (76%)

Foinse sonraí: Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta FnaSS

* Tá feabhas tágtha ar thuairisciú na ngearán foirmiúil mar gheall ar mhéadú ar oiliúint foirne agus tabhairt isteach Chóras Bhainistíocht Ghearán FnaSS. Tagraíonn líon na ngearán anois do ghearáin a ndéileálann Oifigigh Ghearán leo go foirmiúil amháin agus ní áirítear gearáin déanta ag an bpointe teagmhála anois, a fhaigheann seirbhísí líne tosaigh agus a réitítear láithreach (atá cláraithe go scártha). Léirítear seo i sonraí 2018-2020 thuas maidir le gearáin faighte agus gearáin a ndéileáladh leo laistigh de 30 lá oibre araon. Áirítear san uimhir seo 277 gearán a fuarthas, gearáin a eisiadh nó tarraingíodh siar ina dhiaidh sin

Gearáin a fuarthas de réir catagóire 2020

Catagóir	FnaSS (gan ospidéal dheonacha agus gníomhaireachtaí san áireamh)		Ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha	
	2019	2020	2019	2020
Rochtain	2,595	2,318	3,299	2,521
Dínit agus Meas	599	635	2,154	1,477
Cúram Sábháilte agus Éifeachtach	1,927	1,797	4,012	3,274
Cumarsáid agus Eolas	993	989	3,605	2,396
Rannpháirtíocht	3	33	199	253
Príobháideacht	61	55	419	213
Feabhsú sláinte	69	52	239	184
Freagracht	254	235	572	490
Breithiúnas clínicíúil	162	193	165	211
Gearáin chráiteacha	3	4	173	82
Tithe altranais/cúram cónaithe do dhaoine scothaosta (65 agus os a chionn)	2	8	20	27
Tithe altranais/cúram cónaithe (64 agus faoina bhun)	0	0	22	23
Seirbhísí iniúchta réamhscolaíochta	0	0	65	7
Muinín i gcúram	1	6	98	91
Tús áite do leanaí	2	10	31	35
Cosaint daoine leochaileacha	4	1	312	356

Foinse sonraí: Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta FnaSS

Nóta: Bíonn ilchúinsí i gcuid de na gearáin agus mar sin tagann siad faoi níos mó ná catagóir amháin

Oifig an Fhaighteora Rúnda

Is seirbhís náisiúnta í Oifig an Fhaighteora Rúnda, a fhaigheann ábhair imní/gearáin ar nós líomhaintí de dhrochíde, faillí, mí-úsáid nó droch-chleachtais chúraim i saoráidí chúram cónaithe FnaSS nó arna maoiniú ag FnaSS, a cuirtear isteach de mheon macánta ó othair, úsáideoirí seirbhísí, teaghlaigh agus daoine nó baill foirne a bhfuil imní orthu. Oibríonn an oifig i gcáil neamhspleách. Tá plé déanta ag an Oifig le níos mó ná 1,200 ábhar imní/gearán foirmiúil ó gach cearn den tír ó bunaíodh i mí na Nollag 2014 í.

In 2020, ba é líon iomlán na n-ábhar imní/na ngearán foirmiúil ar ghlac an Faighteoir Rúnda leo ná 165, nó deich níos mó ná in 2019. I measc na gcineálacha ábhair imní a ardaíodh bhí easpa soláthair seirbhísí agus socrúchán faoisimh, líomhaintí drochíde nó faillí agus socrúchán neamhfhoirsteanach d'úsáideoirí seirbhíse.


An tSeirbhís Náisiúnta Achomharc

Cinntíonn an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc go dtugtar an teidlíocht cheart d'iarratasóirí ar scéimeanna cáilitheachta riaracháin agus reachtúla araon (e.g. cártaí leighis/cártaí cuairte dochtúra, seirbhísí tacaíochta cónaithe a choinneáil agus ranníocaí cóiríochta, Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais), agus cuireann sí rialachas ar fáil do FnaSS maidir le cur i bhfeidhm cuí na reachtaíochta, na rialachán agus na dtreorlíní ábhartha. Próisealadh 1,731 cás in 2020, agus astu siúd ceadaíodh nó ceadaíodh go páirteach 33%. Roinneann an tSeirbhís Achomhairc a bhfuil foghlamtha ó achomhairc, aiseolas ó achomharcóirí san áireamh, le bainisteoirí scéime agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Cineál Achomhairc	Faighte	Próiseáilte	Faofa	Páirtfhaofa	% Faofa/ Páirtfhaofa
Cárta Cuairte Dochtúra/Leighis (Scéim Ghinearálta)	772	776	178	90	35%
Cárta Cuairte Dochtúra/Leighis (Scéim thar 70idí)	111	118	32	5	31%
16 agus 25 bliain d'aois Cárta Cuairte Dochtúra/Leighis	253	254	78	23	40%
Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais	468	495	50	98	30%
Liúntas Leasa na nDall	8	8	3	0	38%
Tuarascáil ar Chóimheasúnacht Achomair	36	36	4	0	11%
Pacáiste Cúraim Bhaile	0	0	0	0	0%
Cúntóir Baile	3	2	0	0	0%
Ranníoc Cóiríochta agus Cothabhála le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe	23	25	3	3	24%
Eile	21	17	0	0	0%
Iomlán	1,695	1,731	348	219	33%

Nóta: Tá na hAchomhairc a fuarthas ó 01.01.2020 – 31.12.2020. Chomh maith leis sin, baineann siad atá próiseáilte le cásanna a tugadh anonn ó 2019





Aguisíní

Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar Seirbhíse

Aguisín 2: Caiteachas agus Sonraí maidir le hAcmhainní Daonna

Aguisín 3: Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí i dtaca le Plean Seirbhíse Náisiúnta 2020

Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

Aguisín 5: Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Aguisín 6: Comhlíonadh Reachtaíochta


Aguisín 7: Foclóirín/Liosta Acrainmneacha

Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar Seirbhíse

Is freagracht í de chuid FnaSS seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta a sholáthar do gach duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Cuireann FnaSS na mílte seirbhís ar fáil do dhaoine idir óg agus aosta, in ospidéal, i saoráidí sláinte agus i bpobail ar fud na tíre. Cuimsíonn an réimse seirbhísí seo altraí sláinte poiblí atá ag obair le daoine scothaosta sa phobal nó ag tabhairt cúram do leanaí a léiríonn iompraíocht dhúshlánach, máinliacht an-chasta a dhéanamh, pleanáil d'éigeandálaí móra, agus srian a choinneáil ar scaipeadh na ngalar tógálach. Is í an fostóir is mó sa Stát, agus tá breis agus 81,000 d'fhoireann fostaithe go díreach ag FnaSS agus beagnach 45,000 d'fhoireann fostaithe ag ospidéal shaorálacha agus eagraíochtaí arna maoiniú ag FnaSS. Is é buiséad FnaSS an buiséad is mó san earnáil phoiblí. Baineann ríthábhacht do dhaoine iomlán na tíre leis na seirbhísí a chuireann FnaSS ar fáil mar bainfidh gach duine in Éirinn úsáid as seirbhís éigin dár gcuid am éigin i rith na bliana.

Is féidir cur síos ar struchtúr na heagraíochta agus ar an meicníocht trína gcuirtear ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fáil a fheiceáil ar na leathanaigh atá le teacht.

Struchtúr na hEagraíochta



Aguisín 2: Caiteachas agus Sonraí maidir le hAcmhainní Daonna

Miondealú ar Chaiteachas

Réimse seirbhíse	2019 €'000	2020 €'000
Sláinte agus Folláine	240,647	263,266
Cúram Príomhúil	4,157,149	4,581,477
Meabhairshláinte	964,101	1,038,601
Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta	3,441,315	3,695,946
Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéal	6,813,419	7,749,615
Seirbhísí Tacaíochta Corparáide	480,691	2,735,124
Iomlán	17,237,833	20,064,029

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

	2019 €'000	2020 €'000
Caiteachas iomlán FnaSS 2020	17,237,833	20,064,029
Caiteachas caipitil iomlán 2020	687,649	983,719
Tionscadail chaipitil TFC san iomlán	85,000	120,000
Deontais chaipitil iomlán do ghníomhaireachtaí deonacha	324,967	359,730

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

Párolla

	2019 €'000	2020 €'000
Bille pá foriomlán na seirbhíse sláinte (gan soláthraithe seirbhíse deonacha agus aoisliúntas a áireamh)	5,259,333	5,679,547
Bunphá	3,803,874	4,074,480
Liúntais eile	124,738	132,135

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

Socruithe rialachais leis an earnáil neamhrechtúil

Lean an obair in 2020 chun socruithe rialachais a fheabhsú le gníomhaireachtaí maoinithe trí alt 38 agus alt 39. D'ainneoin dhúshláin na paidéime sa chéad chuid den bhliain, cuireadh i gcrích agus síníodh Socruithe Seirbhíse agus Comhaontuithe Cúnaimh Deontais ar bhealach a bhí ag teacht le blianta roimhe. Chuir gach gníomhaireacht ábhartha Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil ar ais agus cuireadh i gcrích beagnach gach athbhreithniú seachtrach de cheim 1 ar rialachas i ngníomhaireachtaí alt 38. Rinneadh dul chun cinn in Aonaid Phiólóta Tacaíochta do Bhainistíocht Conartha i gceithre Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail, agus chuir trí cinn eile tús leis an bpróiseas chun Aonad Tacaíochta do Bhainistíocht Conartha a chur ar bun.

Maoiniú a sholáthraíonn FnaSS	2019 €'000	2020 €'000
Ospidéal dheonacha ghéarmhíochaine	2,501,115	2,768,991
Gníomhaireachtaí neamh-ghéarmhíochaine	2,198,224	2,673,832
Iomlán	4,699,339	5,442,823

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

Socruithe maoinithe	2019	2020
Líon iomlán gníomhaireachtaí maoinithe	2,382	2,268
Socruithe maoinithe ar leithligh i bhfeidhm	5,520	4,873

Foinse sonraí: Aonad Comhlíonachta

Sonraí Acmhainní Daonna

CL de réir catagóire foirne

Catagóire Foirne	CL Nollaig 2019	CL Nollaig 2020
Leigheas agus fiaclóireacht	10,857	11,762
Altranas agus cnáimhseachas	38,205	39,917
Gairmithe cúraim sláinte agus cúraim shóisialta	16,774	17,807
Bainistíocht agus riarachán	18,846	19,829
Tacaíocht ghinearálta	9,416	9,876
Cúram othar agus cliaint	25,719	26,985
Iomlán na seirbhíse sláinte	119,817	126,174

Foinse sonraí: Áireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte

Nóta: Figiúirí slánaithe go dtí an CL is gaire

Comhlíonacht EWTĐ

	2019 %	2020 %
Comhlíonadh an tseala 24 uair an chloig		
DNCOanna, géarmhíochaine	97.1%	97.7%
DNCOanna, meabhairshláinte	98.3%	97.6%
Seirbhísí míchumais, oibrithe cúraim shóisialta	80.0%	83.0%
Fuair sosanna scíthe laethúla 11 uair an chloig nó scíth chúitimh choibhéiseach (DNCOanna)	98.0%	97.7%
Comhlíonadh le sosanna 30 nóiméad (DNCOanna)	99.0%	98.6%
Comhlíonadh le scíth sheachtainiúil/choicisiúil nó le scíth chúitimh choibhéiseach (DNCOanna)	99.0%	98.6%

Foinse sonraí: AD Náisiúnta

Nóta: Sonraí maidir le seachtain oibre 48 uair an chloig le fáil in Aguisín 3 na Tuarascála Bliantúla seo

Aguisín 3: Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí i dtaca le Plean Seirbhíse Náisiúnta 2020

Nóta: Tá suíomh na sonraí tuairiscithe bunaithe ar na sonraí is déanaí a bhí ar fáil tráth forbartha na tuarascála seo agus b'fhéidir nach léireoidh siad an seasamh ag deireadh na bliana (mar gheall ar thuairisciú sonraí i riaráistí)

Aguisín 3(a) Scórchárta Náisiúnta

Ceathrú Scórchárta	Réimse Tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Spríoc PSN2020	Fíormhéid Tuairiscithe 2020
Cáilíocht agus Sábháilteacht	Gearáin a imscrúdaíodh laistigh de 30 lá	% na ngearán a imscrúdaíodh taobh istigh de 30 lá oibre ó ghlac an t-oifigeach gearán leo	75%	57.0%
	Teagmhais Thromchúiseacha	% na dteagmhais tromchúiseach ar gá athbhreithniú a dhéanamh orthu laistigh de 125 lá féilire ó tharla an teagmhas	80%	23.0%
	Sláinte Leanaí	% de leanaí nuabhreithe ar thug PHN cuairt orthu laistigh de 72 uair an chloig ón am a scaoileadh as na seirbhísí máithreachais iad	99%	96.5%
		% de leanaí a shroich 10 mí laistigh den tréimhse tuairiscithe a ndearnadh scagthástáil sláinte ar fhorbairt leanaí in am nó sular shroich siad 10 mí d'aois*	95%	52.5%
		% de leanaí 24 mí d'aois a fuair an vacsaín brúitíneach, leicneach, rubella (MMR)	95%	91.6%
	Laethanta Leapa SMLD a Úsáideadh	% na laethanta leapa ideadh in Aonaid Othair Chónaitheacha Géarmhíochaine Leanaí agus Ógánach de chuid FnaSS mar iomlán laethanta leapa a bhí úsáidte ag leanaí in aonaid othair chónaitheacha géarmhíochaine meabhairshláinte	95%	98.8%
	Comhlíonacht Iniúchta UFCS	% de chomhlíonadh na rialachán tar éis iniúchadh UFCS ar sheirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas	80%	91.7%
	Rátaí HCAIanna	Ráta cásanna nua Staph a thóg daoine san ospidéal. Ionfhabhtú Aureus sa sruth fola	<0.9/10,000 laethanta leapa úsáidte	0.9
		Ráta na gcásanna nua d'ionfhabhtú C. difficile a bhaineann le hospidéal	<2/10,000 laethanta leapa úsáidte	2.2
		% na n-ospidéal géarmhíochaine a chuireann na ceanglais maidir le scagadh othar agus treoirilínte CPE i bhfeidhm	100%	83.0%
	Ionscópacht Phráinneach laistigh de 4 seachtaine	Líon na ndaoine atá ag fanacht >4 seachtaine le haghaidh rochtana ar ionscópacht phráinneach	0	6,475
	Máinliacht	% den mháinliacht ar bhriseadh cromáin a rinneadh laistigh de 48 uair an chloig ón gcéad mheasúnú (bunachar sonraí ar bhriseadh cromáin)	85%	75.0%
		% d'athiontrálacha máinliachta san ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar urscaoileadh iad	≤2%	2.1%
	Leigheas	% d'athiontrálacha éigeandála do chásanna géarmhíochaine san ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar urscaoileadh iad	≤11.1%	11.7%
	Aga Slánúcháin Otharcharranna	% d'otharcharranna a bhfuil eatramh ama de ≤30 nóiméad acu ón am a shroicheann siad an RÉ go dtí go ndearbhaíonn an criú otharchairr go bhfuil an t-otharcharr réidh chun glacadh le glao eile (glan agus ar fáil)	80%	36.4%
		% de mhoilleanna slánúcháin otharcharranna a géaraíodh i gcásanna nár tugadh cead d'fhoirne otharcharranna go náisiúnta (ó am teachta otharchairr trí aistriú cliniciúil in RÉ nó aonad speisialtóir go dtí an am a dhearbhaíonn foireann an otharchairr go bhfuil sí réidh chun glacadh le glao eile), ar aon dul leis an bpróiseas/cosán sreafa sa chreat slánúcháin otharcharranna, laistigh de 30 nóiméad	80%	82.2%

Ceathrú Scórchárta	Réimse Tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Sprioc PSN2020	Fíormhéid Tuairiscithe 2020
Cáilíocht agus Sábháilteacht	Bainistíocht Galair Ainsealaigh	Líon na ndaoine a bhfuil clár struchtúrtha oideachais othar críochnaithe acu le haghaidh diaibéiteas chineál 2	3,700	802
	Éire Shláintiúil	% na gcaiteoirí tobac i gclár scoir a d'éirigh as tar éis ceithre seachtaine	45%	50.9%
Rochtain agus Comhthathú	Liostaí Feithimh Teiripe	Fisiteiripe – % ar liosta feithimh le haghaidh measúnú ≤52 seachtain	94%	77.9%
		Teiripe Shaothair – % ar liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain	95%	57.9%
		Teiripe Urlabhra agus Teanga – % ar liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain	100%	78.4%
		Síceolaíocht – % ar liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	81%	49.1%
	SMLD Rochtain don gCéad Choinne	% de na hatreoruithe/ath-atreoruithe inghlactha a chonaic Foirne Meabhairshláinte Pobail Leanaí agus Déagóirí laistigh de 12 mhí seachas NFanna	95%	95.7%
	Aistrithe Moillithe Cúraim	Líon na leapacha a raibh tionchar ag aistrithe moillithe cúraim orthu	≤550	363
	Cloí leis an Acht um Míchumas	% na measúnuithe leanaí a cuireadh i gcrích laistigh de na hamlínte atá leagtha amach sna rialacháin	100%	8.2%
	Amanna Freagartha Otharcarranna	% de theagmhais de Stádas Cliniciúil 1 ECHO ar a d'fhreastail feithicil ina raibh othar á iompar laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú	80%	79.5%
		% de theagmhais de Stádas Cliniciúil 1 DELTA ar a d'fhreastail feithicil ina raibh othar á iompar laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú	70%	54.0%
	Taithí Othar sa Rannóg Éigeandála ó thaobh Ama de	% den líon iomlán daoine in aois a 75 bliain nó os a chionn a d'fhreastail ar RÉ a urscaoileadh nó a glacadh isteach laistigh de 24 uair an chloig ón am ar chláraigh siad	99%	95.3%
		% den líon iomlán daoine a d'fhreastail ar RÉ a urscaoileadh nó a glacadh isteach laistigh d'uair an chloig ón am ar chláraigh siad	65%	69.3%
	Am feithimh le haghaidh gnáthamh	% de daoine fásta ag feitheamh <15 mí le hobráid roghnach (othar cónaitheach)	85%	76.9%
		% daoine fásta ag feitheamh <15 mí le hobráid roghnach (cás lae)	95%	85.4%
		% leanaí ag feitheamh <15 mhí le hobráid roghnach (othar cónaitheach)	95%	79.6%
		% leanaí ag feitheamh <15 mhí le hobráid roghnach (cás lae)	90%	81.4%
		% daoine ag feitheamh <52 seachtain dá gcéad rochtain ar sheirbhísí OPD	80%	57.8%
	Ailse	% na n-othar nua a fhreastalaíonn ar chlinicí cíche, scamhóg agus próstatach rochtana tapa laistigh den chreat ama molta	95%	70.3%
		% d'othair a fuair fréamhchóireáil radaiteiripe a thosaigh ar a gcóireáil laistigh de 15 lá oibre ón am ar mheas an t-oinceolaí radaíochtaí go raibh siad réidh don chóireáil (níl cúram maolaitheach d'othair san áireamh)	90%	82.2%
	Daoine Scothaosta	Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a soláthraíodh (gan soláthar uaireanta ó Phacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) a áireamh)	18.67m	17.55m

Ceathrú Scórchárta	Réimse Tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Sprioc PSN2020	Fiormhéid Tuairiscithe 2020
Airgeadas, Rialachas agus Comhlíonadh	Bainistíocht Airgeadais	Athraicheas glanachaiteachais ón bplean (pá + neamhphá – ioncam)	≤0.1%	Tuairiscithe i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2020
	Rialachas agus Comhlíonadh	% luach airgeadúil na Socruithe Seirbhíse a síníodh	100%	92.1%
		Soláthar – caiteachas (neamhphá) faoi bhainistíocht	80%	44.4%
		% na moltaí iniúchóireachta inmheánaí a bhí curtha i bhfeidhm, i gcomparáid le líon iomlán na moltaí, taobh istigh de 12 mhí ó fuarthas an tuarascáil	95%	83.0%
Fórsa oibre	EWTD	Seachtain oibre <48 uair an chloig (géarmhíochaine – DNCOanna)	95%	86.0%
		Seachtain oibre <48 uair an chloig (meabhairshláinte – DNCOanna)	95%	89.9%
		Seachtain oibre <48 uair an chloig (seirbhísí míchumais – oibríthe cúraim shóisialta)	90%	89.0%
	Bainistíocht Tinrimh	% rátaí neamhláithreachta de réir catagóir foirne	≤3.5%	5.9%**

* In PSN2020 thagair an príomhtháscaire seo do 12 mhí; biodh sin mar atá, lean an tuairisciú bunaithe ar 10 mí ar aghaidh in 2020, agus cuireadh tús le tuairisciú in 2021 ar an méadracht 12 mhí

** Ráta neamhláithreachta COVID-19 san áireamh

Aguisín 3(b) Príomhghníomhaíocht in 2020

Réimse de Sholáthar Seirbhíse		Príomhghníomhaíocht	Gníomh-aíocht Mheasta PSN2020	Fíormhéid Tuairiscithe 2020
Sláinte agus Folláine Daonra	Éire Shláintiúil	<i>Tobac</i> Líon na gcaiteoirí tobac atá ag fáil seirbhísí tacaíochta scoir ar líne	6,000	7,755
	Making Every Contact Count (Tábhacht a Thabhairt do gach Teagmháil)	<i>Making Every Contact Count (Tábhacht a Thabhairt do gach Teagmháil)</i> Líon na foirne túslíne a chríochnaigh an oiliúint r-Fhoghlama, Tábhacht a Thabhairt do Gach Teagmháil, in idirghabháil ghearr	4,241	1,505
An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála	BreastCheck	<i>BreastCheck</i> Líon na mban sa daonra incháilithe a ndearnadh mamagram iomlán orthu	185,000	56,270
	CervicalCheck	<i>CervicalCheck</i> Líon na mban aonair a ndearnadh tástáil smearaidh amháin nó níos mó orthu i suíomh cúraim phríomhúil	255,000	143,334
Cúram Sláinte Pobail	Cúram Príomhúil	<i>Foirne Idirghabhála Pobail</i> Líon iomlán na n-atreoruithe ó Fhoirne Idirghabhála Pobail	45,432	60,169
		<i>Altranas</i> Líon na n-othar feicthe	474,366	389,829
		<i>Seirbhísí Teiripí/Líonra Cúraim Sláinte Pobail</i> Líon iomlán na n-othar feicthe	1,632,047	1,142,555
		<i>Fisiteiripe</i> Líon na n-othar feicthe	587,604	414,345
		<i>Teiripe Shaothair</i> Líon na n-othar feicthe	389,256	310,153
		<i>Teiripe Urlabhra agus Teanga</i> Líon na n-othar feicthe	282,312	165,657
		<i>Síceolaíocht</i> Líon na n-othar feicthe	49,757	41,800
		<i>Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean</i> Líon úsáideoirí seirbhíse a ligeadh isteach in óstáin/áiseanna cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean a ndearnadh measúnú ar a riachtanais sláinte laistigh de choicís tar éis iontrála	1,245	984
	Cuimsiú Sóisialta	<i>Mí-úsáid Substaintí</i> % de dhaoine a mhí-úsáideann substaintí (os cionn 18 mbliana) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de mhí féilire tar éis an mheasúnaithe	4,940	2,671*
		% de dhaoine a mhí-úsáideann substaintí (faoi 18 mbliana) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de sheachtain tar éis an mheasúnaithe	360	208*
		<i>InterRAI Ireland (Measúnú bunaithe ar TF)</i> Líon na ndaoine atá ag lorg seirbhíse a ndearnadh measúnú orthu agus an Córas Measúnaithe InterRAI Ireland á úsáid	1,200	2,754
	Seirbhísí Daoine Scothaosta	<i>Pacáistí Dianchúraim Baile (IHCPs)</i> Líon iomlán daoine a fuair Pacáiste Dianchúraim Baile	235	149
		<i>Tacaíocht Bhaile</i> Líon na ndaoine a fuair tacaíocht bhaile (gan soláthar ó Phacáistí Dianchúraim Bhaile (IHCPanna a áireamh) – gach duine a chomhaireamh uair amháin	53,475	52,881

Réimse de Sholáthar Seirbhíse		Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíocht Mheasta PSN2020	Fiormhéid Tuairiscithe 2020
Cúram Sláinte Pobail	Cúram Maolaitheach	<i>Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh Othar Cónaitheach</i> Líon na n-othar a fuair rochtain ar leaba speisialtóra d'othair chónaithe laistigh de sheacht lá (i rith na bliana tuairiscithe)	4,201	3,210
		<i>Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh sa Phobal</i> Líon othar a fuair cúram mhaolaitheach speisialtachta ina ngnáth áit chónaithe sa mhí	3,532	3,281
	Seirbhísí Míchumais	Líon na ndaoine fásta faoi mhíchumas i ngach ECSP ag glacadh páirt i dtionscadail taispeána faoi bhuiseid phearsanaithe	180**	32
		Líon iomlán áiteanna nua éigeandála agus tacaíochta cónaitheacha	208	943
		<i>Suíomhanna Comhchónaithe</i> Gluaiseacht daoine ó shuíomhanna comhchónaithe go suíomhanna pobail a éascú	132	75
		<i>Seirbhísí Faoisimh</i> Líon na laethanta faoisimh a fuair ag daoine faoi mhíchumas	33,712	21,032
		Líon daoine faoi mhíchumas atá ag fáil seirbhísí faoisimh (ID/uathachas agus míchumas coirp agus céadfach)	6,060	3,774
		<i>Cúnamh Pearsanta (PA)</i> Líon na n-uaireanta seirbhíse PA a cuireadh ar fáil do dhaoine fásta a bhfuil míchumas coirp agus/nó céadfach orthu	1.67m	1.78m
		<i>Seirbhís Tacaíocht Baile</i> Líon na n-uaireanta seirbhíse baile a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas	3.08m	2.94m
		<i>Cloí leis an Acht um Míchumas</i> Líon na n-iarratas ar mheasúnú riachtanas a fuarthas do leanaí	5,975	4,674
		<i>Clár Cur Chun Cinn Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga (0-18)</i> Líon na bhFoirne Líonra Míchumais do Leanaí a bunaíodh	96	10
	Meabhairshláinte	<i>Foirne Ginearálta Meabhairshláinte Pobail do Dhaoine Fásta</i> Líon na ndaoine fásta a atreoríodh feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	28,716	23,883
		<i>Foirne Meabhairshláinte um Shíciatracht Pobail Scothaosta</i> Líon na n-atreoruithe de chuid Síciatracht Scothaosta feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	8,896	7,640
		<i>Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail do Leanaí agus d'Ógánaigh</i> Líon na n-atreoruithe SMLD feicthe ag na seirbhísí sláinte	10,833	10,456
Cúram Ospidéal Géarmh-íochaine	Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéal	<i>Gníomhaíocht Scaoilte</i> Othar Cónaitheach***	645,037	562,834
		Cás lae (scagdlhealú san áireamh)***	1,142,437	923,579
		Leibhéal gníomhaíochta GC scóp	108,260	73,423
		<i>Cúram Éigeandála</i> Daoine nua ag freastal ar RÉ	1,283,401	1,063,824
		Daoine ag freastal ar RÉ arís	116,180	87,483
		Líon na ndaoine a d'fhreastail ar aonaid gortaithe	103,215	89,266
		Samplaí eile de theacht i láthair éigeandála	44,916	37,710

Réimse de Sholáthar Seirbhíse		Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíocht Mheasta PSN2020	Fiormhéid Tuairiscithe 2020
Cúram Ospidéil Géarmh-íochaine	Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéal	<i>Othair Sheachtracha</i> Líon na n-othar a d'fhreastail nó a d'fhill mar othar seachtrach***	3,318,604	2,992,016
		<i>Ionfhabhtuithe Bainteach leis an gCúram Sláinte (HCAI)</i> Líon na gcásanna nua CPE	N/A	659
	An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna	Líon glaonna stádas cliniciúil 1 ECHO a tháinig ar an láthair (fághtar na cinn a stopadh ar an mbealach as an roimh áireamh)	4,940	5,088
		Líon glaonna de roimh stádas cliniciúil 1 DELTA a tháinig ar an láthair (fághtar na cinn a stopadh ar an mbealach as an áireamh)	130,000	110,050

* Tá na sonraí ag baint le hEanáir go Meán Fómhair 2020 amháin

** Tá an sprioc 180 thar thréimhse 2 bhliain 2020-2021

*** Níl gníomhaíocht NTPF san áireamh

Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

Leanadh leis an obair in 2020 chun na tionscadail a sonraíodh i bPlean Caipitil FnaSS a sholáthar. Tugann na tablaí thíos breac-chuntas ar na tionscadail sin: 1) a críochnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm in 2020; 2) a críochnaíodh in 2020 agus a bheidh i bhfeidhm in 2021; agus 3) a raibh moill leo ach atá le bheith críochnaithe anois in 2021/2022.

Críochnaithe agus i bhfeidhm in 2020

Cúram Sláinte Pobail		
Seirbhísí Cúraim Phríomhúil	Seirbhísí Daoine Scothaosta	Seirbhísí Míchumais
- Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Cloich na Coillte, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - An Chathair, Co. Thiobraid Árann: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Seanchill, Baile Átha Cliath 18: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Bré, Co. Cill Mhantáin: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Rialto, Baile Átha Cliath 8: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Tamhlacht Corr an Dairín, Baile Átha Cliath 24: Síneadh ar Ionad Cúraim Phríomhúil ar conradh léasa - Baile Átha Í/Diseart Diarmada, Co. Cill Dara: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Éadan Mór (Taobh thoir den Chúló), Baile Átha Cliath 5: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa	- Ospidéal Pobail Dhún Mánmhaí, Co. Chorcaí: Athchóiriú agus uasghrádú (chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach) - Ospidéal Phádraig, Cnoc Eoin, Cathair Phort Láirge: Aonad altranais 100 leaba in áit na leapacha i St. Patrick's and St. Otteran's (lena n-áirítear 20 leaba siciatrachta agus 80 leaba scothaosta le fanacht fada) - Aonad Cúraim Mhaolaithe (Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge): Bloc nua a fhorbairt lena n-áireofar aonad cúraim mhaolaithe, comhaoinithe ag Ospis Phort Láirge - Páirc Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18: Oibreacha uasghrádaithe tine - Aonad Altranais Pobail Dheiligínse, Co. Baile Átha Cliath: Athchóiriú agus uasghrádú (chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach) - Tigh Motháin Thuaidh, Co. Baile Átha Cliath: Aonad Altranais Pobail nua 100 leaba - Ospidéal Peamount, An Caisleán Nua, Co. Baile Átha Cliath: Aonad Altranais Pobail nua 100 leaba. Comhaoinithe ag Peamount	Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Ascaill Bhaile an Róistigh, Dún Laoghaire, Co. Baile Átha Cliath: Athfhorbairt/athsholáthar Chéim 1 ar an tsaoráid atá ann cheana i bhforbairt chéimnithe. Comhaoinithe ag lontaobhas NRH
		Seirbhísí Meabhairshláinte
		- Ospidéal Ollscoile Shligigh: Aonad géarmhíochaine meabhairshláinte - Ospidéal Naomh Damhnait, Baile Muineacháin: Athchóiriú/síneadh ar Theach Oiriall, Ospidéal Naomh Damhnait chun 15 leaba cúraim leanúnaigh a sholáthar - Baile an Teampaill/An Garrán Cnó, Baile Átha Cliath 24: Síneadh leis an Ionad Cúraim Phríomhúil, cóiríocht d'fhoireann meabhairshláinte pobail, trí chomhaontú léasa - Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22: Ionad Cúraim Phríomhúil (Steeple FnaSS), foireann meabhairshláinte pobail, ar conradh léasa
Cúram Ospidéil Géarmhíochaine		
- Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath 1: Oibreacha eatramhacha lena n-áirítear seomra leictreacardagraim, aonad na n-othar isteach, saoráid um ionphlanduithe cochla/éisteolaíocht, clinic mear-rochtana in RÉ, uasghrádú ionscópachta agus raideolaíochta, agus aonad néareolaíochta. - Ospidéal Réigiúnach Lár na Tíre, Port Laoise, Co. Laoise: Síneadh nua sráide ospidéil - Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, Baile Átha Cliath 24: Uasghrádú/athsholáthar an aonaid scagdhéalaithe duán atá ann cheana - Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, Co. Lú: Sraith Nua Obrádlanna (cúig san iomlán). Céim dheireanach de shíneadh nua cúig urlár	- Ospidéal Ollscoile Shligigh: Seomra idirghabhála iomlán a chur in ionad seomra fluairiscópachta - Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Dhá shaotharlann caitaitéaraithe cairdiach a athsholáthar (Céim 1) - Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Athchóiriú/uasghrádú marbhlainne - Ospidéal na hOllscoile Corcaigh: Aonad oinceolaíochta radaíochta nua - Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas: Aonad modúlach 40 leaba - Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Bloc nua a fhorbairt chun leapacha ionadacha othar cónaitheach a áireamh*	- Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Uasghrádú sábháilteacht ar dhóiteáin – soilse éigeandála - Ospidéal an Aonaigh: Síneadh ar bhloc bardaí agus clár athchóirithe, ar a n-áirítear. 16 sheomra singil agus ceithre sheomra dubailte – páirt-mhaoinithe ag Cairde Ospidéil an Aonaigh
		Seirbhísí Corparáideacha
		Ospidéal Naomh Seosamh, Luimneach: An spás folamh atá ann cheana a athchóiriú le haghaidh bainistíocht pinsin
* Is comhthionscadal caipitil é seo idir seirbhísí géarmhíochaine agus cúram maolaitheach		

Críochnaithe in 2020 and i bhfeidhm in 2021

Cúram Sláinte Pobail		
Seirbhísí Cúraim Phríomhúil	Seirbhísí Míchumais	Seirbhísí Meabhairshláinte
- Cromadh, Co. Luimnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - An Margadh Nua, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Lios Tuathail, Co. Chiarraí: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Bealach Conglais/Dún Luáin, Co. Chill Mhantáin: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa	Iníonacha na Carthanachta, Co. Luimnigh, Iníonacha na Carthanachta, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann: Sé aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógála nua/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do 24 duine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	Ospidéal um Sheirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Foréinsí, Port Reachrann, Co. Baile Átha Cliath: Céim 1. Ospidéal Náisiúnta Foréinseach Lárnach, 100 leaba ionadach agus 70 leaba breise (lena n-áirítear 30 leaba athshlánaithe dianchúraim, 10 leaba do leanaí agus do dhéagóirí, 10 leaba do mhíchumas intleachtúil sláinte meabhrach agus 20 leaba mheándaingeán)
Cúram Ospidéal Géarmhíochaine		
Ospidéal Ollscoile Shligigh: Ionad do dhiaibéitigh curtha ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh ar thús a chur le seirbhís caidél insline péidiatraice	Ospidéal na hInse, Co. an Chláir: Othair sheachtracha (réiteach lasmuigh den láithreán)*	
* Costais fheistithe amháin		

Críochnú moillithe go dtí i ndiaidh 2020

Cúram Sláinte Pobail		
Seirbhísí Cúraim Phríomhúil	Seirbhísí Daoine Scothaosta	Seirbhísí Míchumais
- Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Cluain Eois, Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Cill na Seanrátha, Aonad Cúraim Phríomhúil, Co. an Chabháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Beanntraí, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Droichead na Bandan, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Cathair Chill Chainnigh Thoir: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Ráth Droma, Co. Chill Mhantáin: Ionad Cúraim Phríomhúil, ar conradh léasa - Ionad Sláinte Phlásóg na Rós, Baile Bhlaínséir, Baile Átha Cliath 15: Athchóiriú ar Ionad Sláinte Phlásóg na Rós, chun seirbhísí cúraim phríomhúil a chur i gcrích i líonra na Coirre Duibhe/Bhaile Bhlaínséir	- Ospidéal Pobail an Chlocháin Léith, Co. Dhún na nGall: Athchóiriú agus uasghrádú (chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach) - Aonad Altranais na Ráithíní, Co. an Chláir: Athchóiriú agus uasghrádú chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach (Céim Deireanach) - Ospidéal Pobail Chathair Saidhbhín, Co. Chiarraí: Athchóiriú agus uasghrádú (chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach) - Ospidéal Pobail Lios Tuathail, Co. Chiarraí: Athchóiriú agus uasghrádú (chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach) - Ospidéal Pobail an Sciobairín, Co. Chorcaí: Athchóiriú agus uasghrádú (chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach) - Ospidéal Pobail Bhaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí: Athchóiriú agus uasghrádú (chun comhlíontacht le HIQA a bhaint amach) - Aonad Altranais Pobail Seancara/Clarehaven, Baile Átha Cliath 11: Uasghrádú, leathnú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach	- Teach na Creige agus Chluain na Maithín, Co. Shligigh: Cúig aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógála nua/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do 20 duine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe - Bráithre na Carthanachta, Gaillimh: Aonad amháin le ceannach/athchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta do cheathrar atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe - Áras Attracta, Béal Átha na Múice, Co. Mhaigh Eo: Dhá aonad ag céimeanna éagsúla den cheannach/foirgneamh nua/athchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta do sheachtar atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe - Naomh Rafael, Eochail, Co. Chorcaí, Naomh Unseann, Bóthair Mhuire, Corcaigh: Dhá aonad de cheannach/athchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta d'ocht ar aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe - Ionad Naomh Pádraig, Co. Cill Chainnigh: Ceithre aonad d'athchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta 12 duine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe - Naomh Eoin Dé, Campas Naomh Mhuire, Droim Chora, Co. Lú: Trí aonad ceannaithe/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do dháireag atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe
	Seirbhísí Meabhairshláinte - Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe: Dhá theach a sholáthar (brúna ardtacaíochta) do 10 gcónaitheoir faoi mhíchumas intleachta atá in Oakgrove House ar thalamh Naomh Bríd faoi láthair - Ardán Stanhope, Baile Átha Cliath Lár Thuaidh: Athchóiriú ar Ardán Stanhope chun cóiríocht a sholáthar do 10 duine atá i dTeach Weir faoi láthair - Gráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath 7: Athlonnú Eve Holdings go 1-5 Baitíní Ghráinseach Ghormáin chun forbairt ICP Ghráinseach Ghormáin a éascú	

Críochnú moillithe go dtí i ndiaidh 2020

Cúram Ospidéal Géarmhíochaine		An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna
- Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, Baile Átha Cliath 24: Ionad Cúraim Phráinne agus Péidiatraice Shiúlaigh - Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh: Síneadh le raideolaíocht agus ÍAM nua a sholáthar - Ospidéal Réigiúnach an Mhuilinn Chearr, Co na hIarmhí: Síneadh leis an roinn raideolaíochta chun spás a dhéanamh d'ÍAM - Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo: Uasghrádú leictreach, céim 1 agus 2 (céim 1 le críochnú in 2020) - Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Dhá shaotharlann caitéaraithe cairdiach a athsholáthar (Céim 2) - Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh: Seomra IT nua a sholáthar don ospidéal	- Ospidéal na hOllscoile Corcaigh: Tionscadal eolaíochta fola – síneadh agus athchóiriú na saotharlainne paiteolaíochta atá ann cheana chun tairiscint seirbhísí bainistíochta a éascú - An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria, Corcaigh: Athlonnú OPD oftailmeolaíochta ó OOC go OTOOV - Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Dara saotharlann um chaitéarú cairdiach a sholáthar chun leathnú ar an tseirbhís dhiagnóiseach chairdiach a éascú - Ospidéal Ollscoile Luimnigh: Ardaitheoir a athsholáthar	- Ospidéal Pobail Naomh Seosamh, Srath an Urláir Co. Dhún na nGall: Seomra scíthe otharcharranna a sholáthar in Ospidéal Naomh Seosamh, Srath an Urláir - Bunáit Otharcharranna an Mhuilinn Chearr: Bunáit Otharcharranna Nua

Aguisín 5: Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Bord

Faoi réir Sceideal 2, mír 2 den *Acht Sláinte 2004*, (arna leasú le hAlt 32(b) den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*), tá sé de dhualgas ar an mBord cruinníú amháin ar a laghad a bheith aige i ngach aon mhí de 11 mhí sa bhliain sin.

Don tréimhse sin ó mhí Eanáir – Mí na Nollag 2020, tháinig Bord FnaSS le chéile 34 uair, agus 11 chruinniú Boidr mhíosúla reáchtáilte aige, chomh maith le 23 cruinniú sa bhreis. Tá taifead tinrimh chruinnithe an Bhoird léirithe sa tábla thíos. I mbliana, bhí baint mhór ag an mBord le maoirseacht na freagartha a leanann go fóill ar COVID-19, an Plean Corparáideach, an Clár Riosca Corparáideach, an Plean Seirbhíse Náisiúnta agus feidhmeanna coimeáda agus príomhréimsí eile.

	Cruinnithe Breise																Líon na gcruinnithe a raibh a raibh freastal orthu	Luach Saothair €	Speansais €																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																																							
Ball an Bhoird	31/01/2020	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓</

Nóta: Ní fhaigheann an tOllamh Deirdre Madden táille as a bheith ina ball de chuid Bhord FnaSS de réir na rialach 'duine amháin, tuarastal amháin'. Mar sin féin, déantar luach colbhaiseach a íoc le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, maidir lena post a athlíonadh

Coiste Iniúchoireachta agus Riosca

Ball de chuid an Choiste Iniúchoireachta agus Riosca	17/01/2020	04/02/2020	14/02/2020	13/03/2020	08/04/2020	12/05/2020	15/05/2020	11/06/2020	12/06/2020	10/07/2020	24/07/2020	26/08/2020	11/09/2020	09/10/2020	19/10/2020	13/11/2020	11/12/2020	Líon na gcrúinnithe a raibh freastal orthu	Luach Saothair €
Brendan Lenihan (Leaschathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	17	Ball den Bhord
Fiona Ross	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✗	✓	✓	✓	✓	✓	15	Ball den Bhord
Fergus Finlay	✗	✓	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	14	Ball den Bhord
Tim Hynes*	✗	✗	✗	✗	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	2	Ball an Bhoird
Ann Markey	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	15	1,710.00
Colm Campbell	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	17	1,710.00
Pat Kirwan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	17	N/B
Martin Pitt	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	16	1,710.00

* D'aontaigh an Bord nach mbeadh Tim Hynes ina bhall den Choiste Iniúchoireachta agus Riosca a thuilleadh ó 9 Meitheamh 2020 ar aghaidh, sa dóigh is go dtiocfadh leis níos mó ama a thabhairt don Choiste Feidhmíochta agus Seachadta. Mar gheall ar a chuid saimeolais i gcurál TFC, áfach, bíonn sé i láthair agus tugann sé tacaíocht don Choiste le míreanna a bhaineann le TFC go sonrach ar an gclár cruinnithe

Nóta: Ní fhaigheann Pat Kirwan táille as a bheith ina bhall den Choise Iniúchoireachta agus Riosca de réir na rialach 'duine amháin, tuarastal amháin'

Coiste Daoine agus Cultúir

Ball de chuid an Choiste Daoine agus Cultúir	10/02/2020	03/04/2020	12/06/2020	24/08/2020	02/10/2020	04/12/2020	Líon na gcrúinnithe a raibh freastal orthu	Luach Saothair €
Yvonne Traynor (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	Ball den Bhord
Aogán Ó Fearghail	✓	✓	✓	✓	✓	✗	5	Ball den Bhord
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	Ball den Bhord
Fiona Tierney	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	N/B
Bernie O'Reilly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	1,710.00

Coiste Feidhmíochta agus Soláthair

Ball de chuid an Choiste Feidhmíochta agus Soláthair	24/01/2020	21/02/2020	17/04/2020	22/05/2020	08/06/2020	19/06/2020	15/07/2020	24/07/2020	03/09/2020	18/09/2020	23/10/2020	11/11/2020	18/11/2020	11/12/2020	Líon na gcrúinnithe a raibh freastal orthu	Luach Saothair €
Tim Hynes (Cathaoirleach)	✓	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	13	Ball den Bhord
Brendan Lenihan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	x	13	Ball den Bhord
Fergus Finlay	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	x	✓	✓	13	Ball den Bhord
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	14	Ball den Bhord
Louis Flynn	✓	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	13	N/B
Regina Moran	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	x	✓	✓	✓	✓	13	1,710.00
Sarah Barry	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	13	1,710.00

Nóta: Ní fhaigheann Louis Flynn táille as a bheith ina bhall den Choiste Feidhmíochta agus Seachadta de réir na rialach 'duine amháin, tuarastal amháin'.

Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Ball de chuid an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta	22/01/2020	04/02/2020	19/02/2020	29/04/2020	21/05/2020	17/06/2020	14/07/2020	07/08/2020	15/09/2020	13/10/2020	11/11/2020	16/12/2020	Líon na gcrúinnithe a raibh freastal orthu	Luach Saothair €
Deirdre Madden (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	12	Ball den Bhord
Fergus O'Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	x	✓	✓	11	Ball den Bhord
Yvonne Traynor	✓	x	x	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9	Ball den Bhord
Margaret Murphy	✓	x	x	✓	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9	1,710.00
Cathal O'Keeffe	✓	✓	✓	✓	✓	✓	x	✓	✓	✓	✓	✓	11	N/B
Chris Luke	✓	✓	✓	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11	1,710.00
Anne Carrigy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	12	1,710.00

Nóta: Ní fhaigheann Cathal O'Keeffe táille as a bheith ina bhall den Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta de réir na rialach 'duine amháin, tuarastal amháin'.

Aguisín 6: Comhlíonadh Reachtaíochta

Riachtanais Reachtacha na Tuarascála Bhlíantúla

Gníomh Reachtach

Acht Sláinte 2004

Mír 37. – (2) Beidh na nithe seo a leanas i dtuarascáil bhlíantúil:

- (a) ráiteas ginearálta ar na seirbhísí sláinte agus pearsanta a soláthraíodh i rith na bliana roimhe sin ag an bhFeidhmeannacht nó thar a ceann (i gcomhréir le comhaontú faoi alt 8 nó le socrú faoi alt 38) agus ar na gníomhaíochtaí a rinne an Fheidhmeannacht sa bhliain sin
- (b) tuarascáil ar chur chun feidhme an phlean chorparáidigh i rith na bliana
- (c) tuarascáil ar chur chun feidhme an phlean seirbhíse i rith na bliana
- (d) tuarascáil ar chur chun feidhme an phlean caipitil i rith na bliana
- (e) léiriú ar na socruithe atá ag an Fheidhmeannacht chun a cód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis
- (f) an tuarascáil a cheanglaítear le halt 55 (gearáin), agus
- (g) cibé faisnéis eile is cuí leis an bhFeidhmeannacht nó a shonróidh an tAire.


Aguisín 7: Foclóirín/Liosta Acrainmneacha

Acrainm	
ABF (MBG)	Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht
ADA-SCID (CIT-UDA)	Comheaspa Imdhíonachta Throm Uireasa Dí-aimíonaise Adanáisín
AMR (FF)	Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach
ARC (CIR)	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
BA	Baitsiléir Ealaíon
C&AG (ARC&C)	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CAMHS (SMPLÓ)	Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail do Leanaí agus d'Ógánaigh
CAWT (COC)	Comhoibriú agus ag Obair le Chéile
CCO (POC)	Príomhoifigeach Cliniciúil
CCT (RCC)	Rianaire Cúraim COVID-19
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
CF (FC)	Fíobrós Chisteach
CFO (POA)	Príomhoifigeach Airgeadais
CHI (SLÉ)	Sláinte Leanaí Éireann
CHN (LCSP)	Líonra Cúraim Sláinte Pobail
CHO (POA)	Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail
CIÉ	Córas Iompair Éireann
CIO (PF)	Príomhoifigeach Faisnéise
CIPD (ICFP)	An Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra
CIPFA (ICAPC)	An Institiúid Chairte um Airgeadais Phoiblí agus Cuntasaíochta
CIT (FIP)	Foireann Idirghabhála Pobail
CMSUs (ATBCanna)	Aonaid Tacaíochta um Bainistíocht Conartha
CNU (AAP)	Aonad Altranais Pobail
COO (PO)	Príomhoifigeach Oibríochtaí
COVID	Galar Coróinviris
CPE (ETC)	Eintreabhaictéar Tairgthe Carbapineamáise
CPR (ACS)	Athbheochan Chardascamhógach
CSO (POS)	Príomhoifigeach Straitéise
CUH (OOC)	Ospidéal na hOllscoile Corcaigh
DCU (OCBÁC)	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
DNA (NF)	Níor Fhreastail
DNAR (NBTA)	Ná Bain Triail as Athbheochan
DoH (RS)	An Roinn Sláinte
DPER (RCPA)	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
ECC (CPF)	Cúram Pobail Feabhsaithe

Acrainm	
ECG (LCG)	Leictrecardagram
ECHO (MG)	Macallagram
ED (RÉ)	An Rannóg Éigeandála
EEA (LEE)	Limistéir Eorpach Eacnamaíoch
EHR (TSL)	Taifead Sláinte Leictreonach
EMA (GLE)	An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach
EMT (FBF)	Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta
EU (AE)	Aontas Eorpach
EWTD	An Treoir Eorpach i dTaca le hAm Oibre
FCCA (CCCCDC)	Comhalta de Chomhaltas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte
FIT (TIA)	Teiripe Idirghabhála Anbhainne
GDPR (RGCS)	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
GI (GS)	Gastraistéigeach
GP (DT)	Dochtúir Teaghlaigh
GWh (UGV)	Uaireanta Gigeavata
HBS (SGS)	Seirbhísí Gnó Sláinte
HCAI (IBCS)	Ionfhabhtú Bainteach leis an gCúram Sláinte
HIQA (UFCS)	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht
HIV (VEID)	Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna
HPSC (ICSF)	An tIonad Cosanta Sláinte agus Faireachas
HPV (VPD)	Víreas Paplóma Daonna
HR (AD)	Acmhainní Daonna
HSA (ÚSS)	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
HSCPs (GSCSanna)	Gairmithe Cúraim Shláinte agus Shóisialta
HSE (FnaSS)	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
HSELand (RFFnaSS)	Ríomhfhoghlaim agus Forbairt na Seirbhíse Sláinte
ICGP (CDTÉ)	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann
ICT (TFC)	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ICU (ADC)	Aonad Dianchúraim
ID (MI)	Míchumas Intleachtúil
IFMS (CCBA)	Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais
IHCPs (PDCBanna)	Pacáistí Dianchúraim Baile
iNAP (PGNÉ)	Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann
INOH (MNOC)	Mol Náisiúnta Oibríochtaí Comhtháite
IPC (CRI)	Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe
IR (CT)	Caidrimh Tionsclaíoch
ISBN	Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta
IT (TF)	Teicneolaíocht Faisnéise

Acrainm	
KPI (PTF)	Príomhtháscaire Feidhmíochta
MECC (TTGT)	Making Every Contact Count (Tábhacht a Thabhairt do Gach Teagmháil)
MHC (CMS)	An Coimisiún Meabhair-Shláinte
MMR (BLBD)	Bruitíneach, Leicneach, Bruitíneach Dhearg
MRI (íAM)	Íomháu Athshondais Maighnéadaigh
NAS	An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna
NCHD (DONC)	Dochtúir Ospidéil Neamhchomhairleach
NHS	An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte
NHSS (STTA)	Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais
NIRP (PNAN)	Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách Náisiúnta
NPHET (FNÉSP)	Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí
NRH (OAN)	An tOspidéal Athshlánaithe Náisiúnta
NSC (SCN)	Scórchárta Náisiúnta
NSP (PSN)	An Plean Seirbhíse Náisiúnta
NSS (SNS)	An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
NTPF (CNCC)	An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
OoCIO (OPF)	Oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin
OPD (ROS)	Roinn na nOthar Seachtrach
OSR (TSO)	Tuarascáil Seirbhíse Oibríochtúil
PA (CP)	Cúntóir Pearsanta
PCC (ICP)	Ionad Cúraim Phríomhúil
PHN (ASP)	Altra Sláinte Poiblí
PPE (TCP)	Trealamh Cosanta Pearsanta
RAC (CRT)	Clinic Rochtana Tapa
SDR (CRS)	Clár na Rannán Speisialtóirí
SEAI (UFIÉ)	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SIVUH (OTOOV)	An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria
TAPS (SÍCS)	Scéim um Iocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh
TCD (CTBÁC)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
UCC (COC)	Coláiste na hOllscoile Corcaigh
UCD (COBÁC)	Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath
UK (RA)	An Ríocht Aontaithe
VAT (CBL)	Cáin Breisluacha
VTE (TF)	Troimbeambólacht Fheitheach
WHO (EDS)	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
WHWU (ASFAO)	Aonad um Sláinte agus Folláine san Áit Oibre
WTE (CL)	Coibhéis Lánaimseartha





Rialachas Airgeadais

Athbhreithniú ar Oibríochtaí
agus Airgeadas 2020

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuarascáil an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste lena Cur
faoi bhráid an Oireachtais

Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Aguisíní

Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Airgeadas 2020

Brollach

Tá paidéim COVID-19 i ndiaidh tionchar nach bhfacthas riamh cheana a imirt ar FnaSS agus bhí brú suntasach ar mhaoiniú agus ar chaiteachas i rith na bliana 2020 ó thús go deireadh na bliana. Tá ioncam sa bhreis agus cistiú caipitil €3.3bn faighte ag FnaSS ón Roinn Sláinte in 2020, agus cuireadh €2.8bn de seo ar fáil do thionscnaimh chun seirbhísí sláinte leanúnacha a chinntiú.

Baineadh úsáid as an maoiniú breise seo sna tionscnaimh agus príomhréimsí faoi leith a leanas atá mar bhunchlocha ag freagairt FnaSS do COVID-19. Tá achoimre orthu seo thíos:

- Tionscnamh Tástála agus Rianaithe.
- Seirbhísí dochtúirí teaghlaigh a bhaineann le COVID-19.
- Scéim Shealadach um Íocaíochtaí Cúnaimh (TAPS) do thithe altranais phríobháideacha.
- Acmhainn ospidéal príobháideach a choimisiúnú.
- Soláthar TCP agus costais lóistíochta a bhaineann leis.
- Pleanáil geimhrídh i gcomhthéacs na paidéime.
- Costais chaipitil maidir le hionaid tástála a chur ar bun, saoráidí íoschéimneach ar nós Citywest, Baile Átha Cliath, agus oibreacha i réimse láithreacha a chumasú mar gheall ar riachtanais sábháilteachta a bhaineann le COVID-19.

Comhthéacs Straitéiseach

Ba bhliain ar leith í 2020. Nuair a tháinig COVID-19 chun cinn, athraíodh fócas na gcóras sláinte in Éirinn de réir mar a tharla ar fud an domhain. Chomh maith le seirbhísí sláinte a sholáthar, sláinte agus folláine na ndaoine a fheabhsú agus cúram sláinte agus sóisialta a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann, b'éigean dúinn freisin dul i ngleic le paidéim dhomhanda.

Meastar go bhfuil beagnach 5m de dhaoine in Éirinn faoi láthair, agus méadú bliantúil de bhreis agus 50,000 gach bliain, le blianta beaga anuas. Tháinig méadú 35% ó bhí 2009 ann ar líon na ndaoine os cionn 65 bliain d'aois, faoi dhó níos mó ná meánráta an AE sa tréimhse chéanna, agus meastar go leanfaidh an treocht seo san am amach romhainn. Is dúshlán suntasach é seo do phleanáil na seirbhísí sláinte, rud a rinneadh níos measa mar gheall ar thionchar COVID-19. Tá ráta cúraim othar cónaitheach breis agus 7 n-uaire níos airde do dhaoine atá 65 bliain d'aois nó níos sine, agus 14 uaire níos airde do dhaoine atá 80 agus os a chionn, i gcomparáid le daoine atá 64 bliain d'aois nó níos óige. Tá an rud céanna le feiceáil sna seirbhísí sláinte eile, cúram príomhúil agus cúram pobail san áireamh. Ós rud é go bhfuil an daonra ag méadú agus go mbíonn daoine ag maireachtáil níos faide, tá sé rithabhachtach go bpleanálfa seirbhísí sláinte go héifeachtach ar mhaithe le riachtanais cúraim sláinte amach anseo.

Tá méadú beagnach sé bliana tagtha ar ionchas saoil dhaoine na hÉireann ó bhí 2000 ann agus tá sé anois os cionn mheán an AE, rud a léiríonn gur éirigh go geal linn agus muid ag tacú le daoine le bheith folláin chomh maith le rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte a chur ar fáil i gcas tinnis. Ag tús 2020, bhí an t-ionchas saoil ab fhearr san Aontas Eorpach (AE) á thuairisciú in Éirinn agus bhí ár bpobal ag féintuairisciú an tsláinte ab fhearr san AE. Tá an t-ionchas saoil do mhná tar éis méadú dhá bhliain agus 2.5 bliain d'fhir ó 2008. Bhí mná ag maireachtáil go 84.1 bliain agus fir go 80.5 bliain in 2018. Ba é an laghdú sna rátaí mortlaíochta a bhain leis na galair mhóra ar an gcúis ba mhó leis an méadú ar an ionchas saoil.

Cuireann fachtóirí stíle maireachtála le castacht an tsoláthair sláinte in Éirinn. Áirítear leis sin tionchar caitheamh tobac, úsáid drugaí, tomhaltas alcóil agus murtall. Cé gur tháinig laghdú suntasach ar líon na ndaoine fásta a chaitheann tobac in Éirinn, thuairiscigh beagnach aon trian d'aoisigh na hÉireann gur ól siad go trom go rialta agus tá an chuma ar an scéal go bhfuil rátaí murtall ag méadú freisin agus is dócha gur chuir srianta agus dianghlásáil a bhí ann ar na mallaibh leis seo.

Ag tús 2020, dhíríomar ár gcuid iarrachtaí ar sholáthar shábháilte de sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta, mar aon le seandúshlán na seirbhísí sláinte lena n-áirítear liostaí feithimh fada ar chúram sceidealaithe in ospidéal chomh maith le hamanna feithimh fada i rannóga éigeandála, go háirithe do dhaoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil riachtanais níos casta acu.

I rith 2020 chuireamar conairí nua cúraim i bhfeidhm do sheirbhísí a bhaineann le COVID-19 agus nach mbaineann; chuireamar le hacmhainn ospidéal; chuireamar acmhainní i seirbhísí pobail chun cúram a thabhairt do dhaoine níos gaire don bhaile; agus d'fhorbraíomar agus chuireamar teicneolaíocht r-Sláinte i bhfeidhm ar ráta nach bhfacthas riamh roimhe seo. Cé gur tharla na hathruithe seo trí chúinsí thar a bheith deacair, tá na hathruithe seo ag teacht lenár dtreo fadtéarmach *Sláintecare*. Anois agus vacsaíní éifeachtacha ar fáil, ní mór dúinn bheith airdeallach agus na rioscaí a bhaineann le COVID-19 maidir le gnáthchúram sláinte a mhaolú.

Forbhreathnú Airgeadais

Anailís Ioncaim

Fuair FnaSS maoiniú ioncaim ón Roinn Sláinte de €19.451bn chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar. Áiríodh leis seo tá leithdháileadh in 2020 de ghlan-mhaoiniú breise aon uaire níos mó ná leibhéil mhaoinithe Plean Náisiúnta Seirbhíse 2020 de €2,329m. Den mhaoiniú seo a fuarthas, bhí €2,129m ar fáil le haghaidh chostais COVID-19 2020 mar aon le €200m ar mhaithe le maoiniú Plean Geimhridh.

Anuas air sin, mar thoradh ar choigiltis atá bainteach le ham maidir le leibhéil laghdaithe gníomhaíochta sna croí-sheirbhísí agus i bhforbairtí a bhí beartaithe, leithdháileadh €162m sa bhreis sa bhliain sin chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais COVID-19, rud a chiallaíonn gur €2,291m an méid iomlán a leithdháileadh in 2020 ar chostas phaindéim COVID-19.


San iomlán, léirigh se seo méadú de thart ar €2.98 billiún nó méadú 18% i gcomparáid le 2019.

Déantar anailís ar ioncam foriomlán FnaSS do 2020 agus 2019 i dTábla 1

Sruth Ioncaim	FY2020	FY2019	% ATHRÚ
Deontas na Roinne Sláinte	19,451,541	16,471,023	18%
"An Chéad Mhuirear"	6,472	(85,174)	-108%
Ioncam Othar	328,549	408,249	-20%
Ioncam Aoisliúntais	159,838	158,099	1%
Asbhaintí Tobhach Pinsin	191,903	216,023	-11%
Ioncam Eile	126,437	130,075	-3%
Ioncam Iomlán de réir AFS	20,264,740	17,298,295	17%

Figiúr 1 Ioncam FnaSS ó 2005

Léirítear i bhFigiúr 1 go bhfuil méadú tagtha ar ioncam agus ar mhaoiniú FnaSS agus léirítear an méadú suntasach in 2020 mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.



Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Airgeadas 2020 – ar lean


Bhí caiteachas sláinte poiblí na hÉireann (caipiteal agus ioncam) ag méadú ón leibhéal is ísle de €13.4bn in 2013 go os cionn €20bn in 2021.

Mar sin féin, tá ráta an mhéadaithe do gach duine in Éirinn i bhfad níos moille ná meánmhéadú na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Déanta na fírinne, idir 2010 agus 2019, ba é an méadú in aghaidh an duine ar chaiteachas ar shláinte poiblí ná 27% in Éirinn i gcomparáid le 40% ar an meán ar fud na 37 tír ECFE.

Léirítear an treocht seo i bhFigiúr 2.

Figiúr 2 % Athruithe ar Chaiteachas Sláinte Poiblí, Per Capita, 2010-2019



Anailís ar Chaiteachas agus ar Thorthaí

Ag deireadh 2020, sheachaid FnaSS barrachas ioncaim thar chaiteachas de €200.7m nó 1% dá ioncam iomlán. D'eascair an barrachas seo go príomha mar thoradh ar láimhseáil na leibhéal stoic do Threalamh Cosanta Pearsanta (TCP) ag deireadh 2020 mar thoradh ar an bhfreagairt ar an bpaindeim.

D'imir paindéim COVID-19 tionchar ar gach seirbhís sláinte i suíomhanna géarmhíochaine, pobail agus sláinte daonra. I mí Mhárta 2020, chiorraigh seirbhísí ar nós máinliacht neamhriachtanach, gnáthaimh sláinte agus seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta eile mar fhreagairt ar COVID-19 agus le treoir ó NPHET a chomhlíonadh. Mar gheall ar na cinntí seo, bhí an córas sláinte in ann cúramcriticiúil a chur ar fáil do líon méadaitheach othair dheimhnithe COVID-19 agus laghdaíodh an seans go mbeadh acmhainn sáraithe. Thacaigh na cinntí leis an bhfoireann agus le hothair cloí le scaradh fisiciúil, agus leis an ngá a bhí ann chun baill foirne agus áiseanna a athlonnú chun seirbhísí COVID-19 a chur ar fáil.

Is é an caiteachas foriomlán a tuairiscíodh do 2020 ná €20.064bn atá 16% níos airde ná an caiteachas in 2019. Déantar anailís ar an gcaiteachas seo de réir réimse seirbhísí FnaSS sa tábla thíos. Is ionann cúram príomhúil agus cúram sóisialta le chéile agus timpeall 41% den chaiteachas agus is ionann soláthar géarmhíochaine ospidéal agus Seirbhísí Náisiúnta Otharcharranna agus beagnach 40% den chaiteachas sin.

Tábla 2 Caiteachas FnaSS de réir Réimse Seirbhíse 2020 agus 2019

Rannóg FnaSS	FY2020	FY2019	% ATHRÚ
Ospidéal Ghéarmhíochaine	7,749,615	6,813,419	14%
Cúram Príomhúil	4,581,477	4,157,149	10%
Cúram Sóisialta	3,695,946	3,441,315	7%
Seirbhísí Tacaíochta Corparáide	1,590,968	426,690	273%
Meabhairshláinte	1,038,601	964,101	8%
Sláinte agus Folláine	263,266	240,647	9%
Éileamh Eile faoi stiúir	1,144,156	1,194,512	-4%
Caiteachas Iomlán	20,064,029	17,237,833	16%

Baineann an caiteachas méadaithe foriomlán de 16% nó €2.78bn in 2020 go príomha le bearta sa bhreis a cuireadh in áit in 2020 maidir le freagairt na seirbhísí sláinte ar phaindéim COVID-19.

Ba mhórghné é de chaiteachas in 2020 ná caiteachas maidir le TCP agus tugadh ceadú do FnaSS do €920m chun a chinntiú gur cosnaíodh an fhoireann, na hothair agus na húsáideoirí seirbhíse de réir na dtreoirilínte cliniciúla is fearr.

B'éigean do FnaSS orduithe a aimsiú i dtréimhse ina raibh ganntanis dhomhanda ann le soláthar íseal agus éileamh níos airde ná mar a bhí riamh. Mar thoradh air seo, bhí méadú suntasach i gcostas TCP ar fud an domhain cé gur éirigh le FnaSS TCP a aimsiú agus a fháil.

Ba é an muirear ar loncam agus Caiteachas FnaSS in 2020 do TCP ná thart ar €738m, áfach, airítear sa mhuirear seo tá figiúr de €374m bainte leis an díluacháil do ghlánluach inréadaithe de stoic dheireadh na bliana chomh maith leis an díluacháil maidir le diffeidhmeacht cultacha cosanta a sonraítear i Nóta 1(b) de na Ráitis Airgeadúla Bliantúla (AFS) agus sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC).

Tugtar anailís níos mionsonraithe de réir réimse seirbhíse níos déanaí sa tuarascáil seo.

Seirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine

Cuirtear seirbhísí géarmhíochaine ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí laistigh de shé Ghrúpa Ospidéal, Sláinte Leanaí Éireann agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (SNO). I measc na seirbhísí seo tá cúram sceidealaithe (cúram pleanáilte), cúram neamhsceidealaithe (cúram neamhphleanáilte/éigeandála), diagnóisic, cóireáil aille, seirbhísí máithreachais agus leanaí chomh maith leis an gcúram éigeandála réamh-ospideil agus idirmheánach a sholathraíonn an SNO.

Cuireadh isteach go mór ar ghnáthoibriú cúraim sláinte mar thoradh ar an bpaindéim agus mar gheall air seo laghdáíodh leibhéil gníomhaíochta sa chóras géarmhíochaine go suntasach in 2020. Chuir córas na n-ospidéal bearta i bhfeidhm go sciobtha chun ár n-othair a chosaint, lena n-áirítear leibhéil áitíochta a laghdú, seirbhísí a bhogadh den champas agus conairí úra cúraim a fhorbairt. De bharr na hacmhainne méadaithe leapacha agus an laghdaithe ar ghníomhaíochtaí, sceidealaithe agus neamhsceidealaithe araon, cinntíodh go raibh córas géarmhíochaine an ospidéal ag obair ar acmhainn 80% (nó faoin bhun sin), rud a d'fhág go raibh an cumas ann othair a ligean isteach gan mhoill.

Mar gheall ar bhrúna seirbhíse oibriúcháin a bhaineann le COVID-19 bhí costas cliniciúil neamhphá méadaithe, go háirithe maidir le drúgaí agus saotharlann. I measc na mbrúna eile ar chostais neamhphá bhí glanadh agus cothabháil riachtanach maidir le riachtanais mhéadaithe rialaithe ionfhabhtaithe agus comhlíonta. Ó thaobh ioncaim de, agus mar thoradh ar phaindéim 2020 tháinig laghdú ábhartha ar fháltais ó mhuirir chothabhála phríobháideacha ospidéal mar go raibh laghdú ar ghnáthleibhéil gníomhaíochta chun conairí cúraim a shaoradh d'othair COVID-19.

Baineadh leas as teile-shláinte agus réitigh dhigiteacha eile agus áiríodh orthu sin feidhmiú na gclínici fíorúla othar seachtrach chun go bhféadfaí cúram a thabhairt d'othair i gcónaí i dtimpeallacht shábháilte. Forbraíodh plean náisiúnta maidir le hathchumraíocht agus cuíchóiriú a dhéanamh ar sheirbhísí máinliachta ortaipéideacha agus tráma chun tionchar COVID-19 a mhaolú.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Airgeadas 2020 – ar lean

I measc na seirbhísí a cuireadh ar athló in 2020 bhí seirbhísí cáis lae, obráidí roghnacha agus coinní othar seachtrach. Ar an iomlán, i gcomparáid le 2019, tháinig laghdú 20% ar ghníomhaíocht roghnach d'othair chónaithe agus laghdú 16.5% ar ghníomhaíocht cháis lae. Le COVID-19 ba ghá atheagrú mór ar bhainistíocht othar, ar a n-áiríodh scagthástáil ar theacht i láthair dóibh agus roinnt i gconairí COVID-19 agus neamh-COVID-19, rud a maolaíodh le laghdú gan choinne ar theachtanna i láthair i Ranna Éigeandála. Tháinig laghdú 15% freisin ar fhreastal iomlán ar Rannóga Éigeandála i gcomparáid le 2019.

Cúram Sóisialta – a chuimsíonn Seirbhísí Míchumais agus seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Ba e an dúshlán in 2020 do na seirbhísí cúraim shóisialta ná freastal ar an éileamh ar sheirbhísí i dtimpeallacht paidéime. I mí Mhárta, bunaíodh Foirne Freagartha COVID-19 ar fud na nEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail chun tacú le foirne ráigeanna sláinte phoiblí ag clúdach gach seirbhís conaithe mar aon le suíomhanna tacaíochta bhaile. Díriodh ar shaineolas ar dhaoine breacaosta agus ar chúram cónaithe agus na foirne á gcur le chéile, agus geiriatraithe comhairleacha, stiúrthóirí altranais, seirbhísí cúram cónaithe, pearsanra sláinte phoiblí, altraí agus tacaíocht riaracháin ina measc. Bhí na foirne in ann tacaíocht gutháin, cuairteanna agus measúnuithe ar an láthair, rochtain ar línte soláthair TCP, agus comhairle nuashonraithe IPC agus sláinte phoiblí le hábhair treanála san áireamh a chur ar fáil.

Seirbhísí Daoine Scothaosta

Soláthraíonn seirbhísí do dhaoine scothaosta raon leathan seirbhísí lena n-áirítear tacaíochtaí baile, tacaíochtaí pobail, cúram idirmheánach (idir chónaithe agus sa bhaile), chomh maith le cúram gearrfhanachta agus fadrfhanachta nuair nach féidir leo fanacht sa bhaile a thuilleadh (Scéim Tacaíochta na dTíthe Altranais). Cinntíonn sé sin go bhfuil conair cúraim cuí i bhfeidhm chun gur féidir seirbhísí a sheachadadh ag leibhéil chuí, ar bhealach comhtháite chun freastal ar riachtanais dhaoine scothaosta.

Cuireadh soláthar seirbhísí in 2020 chun cinn i roinnt príomhréimsí mar fhreagairt ar an bpaindéim agus ar éilimh ar phríomhsheirbhísí freisin, lena n-áirítear:

- Cuireadh seirbhísí lae ar fionraí mar gheall ar phaindéim COVID-19. Cuireadh oiriúnuithe do sholáthar seirbhíse i bhfeidhm, áfach, ar nós Béilí ar Rothaí a mhéadú, tacaíocht líne fóin agus for-rochtain trí chuairteanna ina gcomhlíontar scaradh sóisialta.
- Lean seirbhísí a thacaíonn le scaoileadh amach ó ospidéal (cúram idirthréimhse) ach laghdaíodh iad mar gheall ar shrianta ar chúram cónaithe fadtéarmach a bhain le riachtanais sláinte phoiblí. Tháinig laghdú ar infhaighteacht seirbhísí faoisimh cónaitheacha mar gheall ar shrianta acmhainne, agus ar fhaoiseamh baile agus ar thacaíocht do chúramóirí freisin.
- Lean seirbhísí tacaíocht baile ar aghaidh ar leibhéal laghdaithe (mar gheall ar chlutharú go pointe áirithe), go háirithe dóibh siúd atá ar leibhéal tosaíochta 3 agus 4. Tháinig laghdú freisin ar sholáthar áiseanna agus fearais chun neamhspleáchas a chothú. In ainneoin an laghdaithe seo ar ghníomhaíochtaí, soláthraíodh breis agus 17.5 milliún uair tacaíochta baile in 2020.
- Bunaíodh Foirne Freagartha COVID-19 agus leanadh leo mar gheall ar an tionchar díréireach ata ag an bpaindéim ar thithe altranais; Dhírigh na sainfoirne seo ar thacaíocht a chur ar fáil do láithreacha cónaithe chun ráigeanna COVID-19 a bhainistiú, i gcomhar le foirne sláinte phoiblí.

Seirbhísí Míchumais

Cuirtear seirbhísí míchumais ar fáil dóibh siúd faoi mhíchumas coirp, ceadfach, intleachtúil nó a bhfuil uathachas orthu i suíomhanna lae, faoisimh agus cónaithe. I measc na seirbhísí tá cúntóirí pearsanta, tacaíocht bhaile, tacaíocht ildisciplíneachta agus tacaíocht phobail eile. Sna seirbhísí míchumais, is é riachtanais na gcliant agus castacht gach cáis aonair a chuirtear i láthair a spreagann an costas go príomha. Bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim ar sholáthar seirbhísí in 2020. Chun ullmhú do COVID-19 agus freagairt a thabhairt air agus chun teacht le treoir sláinte poiblí arna moladh ag an bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Slainte Poiblí, chuir FnaSS agus a chomhpháirtithe soláthair seirbhíse réimse beart in áit, lena n-áirítear tús áite a thabhairt do sheirbhísí cónaitheacha (socrúcháin chónaitheacha nua éigeandála san áireamh) agus tacaíochta baile/cúntóra pearsanta. Ag an am céanna, dúnadh seirbhísí áirithe ar nós seirbhísí lae, seirbhísí faoisimh agus tacaíochtaí cliniciúla áirithe.

I rith na paidéime, rinneadh foireann agus acmhainní a bhaineann le seirbhísí a bhí dúnta nó ciorraithe a athlonnú aon áit arbh fhéidir chun tacú le soláthar cónaitheach agus chun tacaíochtaí dírithe sa bhaile, sa phobail ar líne nó ar an bhfón a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse agus teaghlach in ord tosaíochta bunaithe ar riachtanais.

Seirbhísí Meabhairshláinte

Mar thoradh ar COVID-19, laghdaíodh roinnt seirbhísí meabhairshláinte pobail. Bhí an laghdú seirbhísí i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí ar sholáthar seirbhísí sábháilte. Baineadh úsáid fhorleathan as uirlisí cianchomhairliúcháin ar nós Attend Anywhere chun leanúnachas sna seirbhísí a chinntiú d'othair mheabhairshláinte. Cuirtear sainseirbhísí meabhairshláinte ar fáil i gceantair phobail áitiúla. I measc na seirbhísí seo tá seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaithe, ospidéal lae, clinici d'othair sheachtracha, foirne meabhairshláinte pobalbhunaithe (CAMHS, daoine fásta ginearálta agus seirbhísí síciatracha deireadh saoil), meabhairshláinte míchumais intleachtúil, seirbhísí cónaithe pobail agus cúram cónaithe. I measc na bhfo-speisialtachtaí tá athshlánú agus aisghabháil, neamhoird iteacháin, síciatracht idirchaidrimh agus meabhairshláinte imbhreithe. Cuirtear an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí ar fáil freisin, lena n-áirítear seirbhísí príosúin inrochtana d'othair chónaithe le saoráid nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm, rud a mhéadaíonn acmhainn go 130 leaba.

Maidir le seachadadh seirbhíse cuireadh roinnt feabhsaithe agus forbairtí chun cinn in 2020, lena n-áirítear:

- Dul chun cinn le tionscadal caipitil na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí atá le hoscailt i ráithe a dó de 2021
- Infheistíocht i mbonneagar seirbhíse chun cabhrú le costais dosheachanta a bhaineann le comhlíontacht agus sábháilteacht lena n-áirítear oibreacha a thagann cun cinn ó thuarascálacha an Choimisiúin Meabhairshláinte
- Dul chun cinn eile maidir le freagairtí aontaithe digiteacha r-Meabhairshláinte lena n-áirítear clár féinchabhrach d'fhoireann FnaSS, SilverCloud, comhairleoireacht ar líne (Turn2me agus MyMind), seirbhís freagartha géarchéime téacs 50808 agus comhairliú físe na seirbhíse meabhairshláinte trí BlueEye agus Attend Anywhere a úsáid
- Cur i bhfeidhm leantach den *Chreat Náisiúnta um Athshlánú i Meabhairshláinte 2018-2020*
- Cur i bhfeidhm scéim deontais aonuaire COVID-19 ENR ag leibhéal na nEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail chun tacú le freagairtí áitiúla maidir leis na srianta a leanann ar aghaidh.

D'ainneoin na bhforbairtí thuas, tá roinnt dúshlán ag meabhairshláinte freisin, is é sin leibhéal ard gníomhaireachta agus ragoibre de thoradh cumas laghdaithe chun baill foirne a earcú i bpoist atá ar fáil, agus leibhéal costais a bhaineann le socrúcháin cónaitheacha le soláthróirí seachtracha príobháideacha ag méadú. Tá leibhéal an chaiteachais ar shocrúcháin chónaithe sheachtracha ardchostais ag fás bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar chastacht mhéadaitheach riachtanais na n-othar, chomh maith le srian acmhainne laistigh den chóras poiblí.

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Cuireadh brú breise ar an mbonn costais oibríochta cúraim phríomhúil le hoscailt na n-ionad cúraim phríomhúil le blianta beaga anuas. Tá na háiseanna seo ina gcuid lárnach den bhonneagar a theastaíonn chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar do dhaonra atá ag dul anonn in aois agus tá siad mar bhonn agus taca ag an aistriú foriomlám chuig cúram príomhúil. I rith 2020, ba chuid lárnach de fhreagairt na seirbhísí sláinte don phaindéim iad na hionaid seo, agus iad in úsáid mar mhoil mheasúnaithe COVID-19, suíomhanna maipíneachta agus ionaid vacsaínithe.

Ar bharr na rudaí thuasluaite agus i gcomhthreo leis an bhfreagairt ar an bpaindéim, cuireadh roinnt feabhsaithe agus forbairtí chun cinn in 2020, lena n-áirítear:

- Rinneadh socruithe ar leith a eagrú ag FnaSS agus an Roinn Sláinte maidir le soláthar seirbhíse lasmuigh de ghnáthuaireanta, forbairt na mol measúnaithe pobail agus clár modhnaithe galair ainsealaigh
- Tugadh tús áite do sholáthar seirbhísí cúram príomhúil i rith na bliana agus sláinte leanaí, scaoileadh amach ó ghéarchúram go pobal, teiripí agus seirbhísí éigeandála (e.g. seirbhísí fioclóra éigeandála), pacáistí tacaíochta altranaís do leanaí a bhfuil riochtaí a chiorraíonn a saol orthu, agus altranas sláinte phoiblí san áireamh
- Cé gur cuireadh teiripí clinic-bhunaithe ar athló ag tús na paindéime, bunaíodh cuir chuige nuálacha (ar nós Attend Anywhere) chun teiripí a chur ar fáil go fíorúil, aon áit arbh fhéidir, agus roimh dheireadh mhí na Nollag, bhain 78% d'atreoruithe fisiteiripe, 78% d'atreoruithe urlabhra agus teanga, 58% d'atreoruithe teiripe shaothair agus 49% d'atreoruithe síceolaíochta úsáid as na seirbhísí seo laistigh den sprioc-tréimhse.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Airgeadas 2020 – ar lean

Seirbhísí Sláinte agus Folláine agus Sláinte Phoiblí

Tacaíonn seirbhísí sláinte agus folláine lenár ndaonra iomlán fanacht sláintiúil agus folláin trí dhíriú ar chosc, ar chosaint, ar chur chun cinn agus ar fheabhsú sláinte, ar éagothroime sláinte a laghdú agus ar dhaoine a chosaint ar bhagairtí ar a sláinte agus a bhfolláine. Tacaíonn na seirbhísí laistigh den réimse sláinte agus folláine le daoine agus le pobail a sláinte agus a bhfolláine a chosaint agus a fheabhsú; taighde, fianaise agus eolas a chur i ngníomh; gníomhú mar údarás ar shláinte, folláine agus forbairt beartais; córas sláinte cliste agus daonra níos folláine a thógail.

Bhí ról tábhachtach ag ár bhfoirne sláinte poiblí i bhfreagairt ar phaindéim COVID-19. D'oibrigh foirne sláinte poiblí go dlúth leis an gcóras sláinte níos forleithne chun scaipeadh an víris a mhaolú agus srian a chur leis agus straitéisí fianaisebhunaithe, treoir, faireachas galair agus faisnéis sláinte a forbraíodh go náisiúnta in úsáid acu. Thacaigh lucht sláinte poiblí freisin le tástáil COVID-19 ó thús go deireadh agus rianú teagmhála a dearadh agus a soláthraíodh chun sláinte daoine in Éirinn a chosaint go sonrach.

Scéim Aisíocaíochta do Chúram Príomhúil

Tacaíonn an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil le raon leathan seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar don phobal i gcoitinne trí chonraitheoirí cúraim phríomhúil mar liachleachtóirí ginearálta, Dochtúirí Teaghlaigh, radharceolaithe nó cogaiseoirí as na seirbhísí saor in aisce nó ar chostas laghdaithe a sholáthraíonn siad don phobal thar raon scéimeanna nó socruithe sláinte pobail. Is iad na scéimeanna nó na socruithe seo an bonneagar trína maoíníonn córas sláinte na hÉireann cion shuntasach de chúram príomhúil don phobal. Is é Scéim Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil a oibríonn na scéimeanna ar bhonn reachtaíochta agus/nó bheartais an rialtais.

Tionscnaimh a Bhaineann le hAirgeadas

Tugann Airgeadas Náisiúnta tacaíocht don eagraíocht chun an t-uasmhéid infheistíochta cuí inár seirbhísí sláinte a fháil agus cuntas a thabhairt uirthi, chun soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú agus luach ar airgead a léiriú. Bíonn dúshlán sa bhreis ag gabháil le feidhmiú éifeachtach an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais de bhrí nach bhfuil córas singil airgeadais agus soláthair ann. Leanadh leis an obair, áfach, chun pleanáil agus bainistíocht airgeadais a fheabhsú, chun cur le rialú airgeadais agus chun ionchais bhuiseid a bhaint amach.

I measc na bpríomhréimsí a cuireadh chun cinn in 2020 tá na rudaí seo a leanas:

- Obair ar bun chun Córas Comhtháite Bainistithe Airgeadais agus Soláthair (IFMS) a chur i bhfeidhm faoin gClár Athchóirithe Airgeadais, rud a chuirfidh ar chumas na bhfoirne airgeadais tacú níos fearr le seirbhísí feidhmiú leis na hacmhainní atá acu agus iad ag cur lena soláthar agus luach a léiriú do na hothair
- Síneadh curtha le Maoiniú Gníomhaíocht-Bhunaithe lena n-áirítear forbairt ar acmhainn costála pobail laistigh d'Oifig Praghsála Cúraim Sláinte chun síneadh eile sa suíomh pobail a éascú
- An Clár Pá agus Taifid Foirne Comhtháite (NISRP) chun taifid foirne náisiúnta agus córais phárolla chomhtháite a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, rud a dhéanfaidh nua-aoisiú ar theagmháil FnaSS leis an fhoireann
- An Bonnchlár Pá chun pá sa tSeirbhís Sláinte a fheabhsú, a chostáil, a thuairisciú agus a phleanáil go beacht
- Rianú agus tuairisciú feabhsaithe chun cuntas a thabhairt ar an infheistíocht shuntasach i seirbhísí sláinte in 2020 mar gheall ar COVID-19
- Forbairt ar chlár feabhsaithe rialaithe a thosaigh in 2021.

An Dealramh atá ar Ghnóthaí le haghaidh 2021

Ó go luath in 2020, tá paindéim leantach COVID-19 ag imirt tionchar ar dhaonra na hÉireann, agus ar an domhan agus leantar ar aghaidh leis seo in 2021. Tá scála an infheistithe sa bhreis inár seirbhísí sláinte in 2021 gan fasach i gcomparáid le bliain ar bith roimhe seo agus ta sé an-suntasach nuair a scaraimid infheistiú sonrach COVID-19 in 2021. Tá paindéim COVID-19 í féin gan fasach i stair an Stáit le blianta beaga anuas.

Foilsíodh Plean Náisiúnta Seirbhíse do FnaSS an 24 Feabhra 2021 agus sonraítear ann mar a caithfear an €20.623bn a leithdháileadh dó in 2021. Léiríonn an leithdháileadh airgeadais méadú de €3.5bn nó 21% ar Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2020. Laistigh den €3.5bn sa bhreis do chostais oibríochta, tá €1.68bn ann do chaiteachas COVID-19. Léiríonn an €1.8bn atá fágtha

bunmhéadú de 10.6% i gcaiteachas ar shláinte i gcomparáid le anuraidh, chun tosaigh go maith ar an meánmhéadú bliantúil de 7.3% a fuarthas sna blianta 2016-2020. Tá €1.1bn san iomlán den infheistíocht seo chun feabhsuithe seasmhacha buan i gcúram sláinte a sholáthar a eascraíonn as clár leasaithe *Sláintecare*.

Tá buiséad caipitil 2021 de €1,023.3m níos mó ná 20% chun tosaigh ar leibhéal 2020. Léirítear tiomantas don tseirbhís sláinte in 2021 leis an infheistíocht seo agus go pointe is léiriú é ar an tuairim an-dearfach atá ann ar fheidhmiú fhoireann an chórais sláinte i rith na paindéime. Léiríonn sé deis, más féidir á glacadh agus tógáil uirthi, a bheadh mar bhunchloch ag feabhsú seasmhach i neart réimsí dár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Déanfaimid ár n-acmhainn oibriúcháin ginearálta a neartú go háirithe thar ár seirbhísí pobail agus ospidéal i réimsí mar chailíocht agus sábháilteacht othar, rannpháirtíocht othar agus úsáideoirí seirbhíse, sonraí agus anailísíocht, bainistiú airgeadais, cumhdach, r-Sláinte, comhlíontacht soláthair agus araile. Beidh a thuilleadh neamhchinnteachta agus castachta maidir le pleanáil agus soláthar seirbhísí in 2021 mar gheall ar an bpaindéim COVID-19 a leanann ar aghaidh. Mar thoradh air seo, baineann neamhchinnteacht agus castacht lenár n-iarrachtaí pleanáil airgeadais agus bainistíocht airgeadais a dhéanamh do 2021. Chun seo a bhainistiú, bainfimid úsáid as gach deis chun an fhoireann a earcaíodh mar chuid den chéadfhreagairt ar COVID-19 a athdhíriú i dtreo na bpost buan úr a cumasaíodh mar gheall ar infheistíocht 2021.

Mar gheall ar an airgead a fuarthas in 2021 tá deis againn leibhéal an riosca airgeadais a laghdú a bhí ann i roinnt dár seirbhísí roimh COVID-19, go háirithe laistigh de sheirbhísí géarmhíochaine ospidéal, seirbhísí míchumais agus seirbhísí meabhairshláinte. I rith 2021 déanfaimid iarracht forbairt ar an deis seo agus muid ag súil le tús a chur le 2022 agus pleananna in áit chun feabhsuithe eile a chumasú, ar an luach a sholáthraítear lenár seirbhísí san áireamh, agus dóchas againn gan COVID-19 a bheith linn.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Is léiriú é an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach ar staid na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2020. Leagatar amach ann cur chuige agus freagracht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Bainistíocht Riosca, Rialuithe Inmheánacha agus Rialacha. Scríobhadh an ráiteas seo agus aird á tabhairt ar chomhthéacs phaindéim COVID-19 gan fasach in 2020 a leanann ar aghaidh fós i rith 2021 go dtí seo. Agus é seo á scríobh tá cibirionsaí tromchúiseach á dhéanamh ar FnaSS, rud atá aitheanta arís níos faide ar aghaidh sa ráiteas seo.

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS), dearbhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Ullmhaíodh an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* atá curtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá foráil deanta san *Acht Sláinte 2004 arna leasú le hAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* do bhord a bheith bunaithe (an “**Bord**”), arbh é comhlacht rialaithe FnaSS é, agus údarás aige, in ainm FnaSS, a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte as comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin. Foráiltear leis an Acht leasaithe de 2004 freisin do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá cuntasach don Bhord. Caithfidh an Bord é féin a shásamh go bhfuil córais iomchuí rialaithe inmheánaigh curtha i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá glactha ag FnaSS d’fhonn dearbhu réasúnta a thabhairt dó féin go bhfuil siad leordhóthanach chun oibleagáidí reachtúla agus rialachais a chomhlíonadh ag FnaSS. Tá an Bord freagrach as an rialachas, an maoirseacht agus as an bhfeidhmíocht a neartú. Tá taithí agus saineolas leordhóthanach ag baill an Bhoird maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna FnaSS chun a chur ar a gcumas a chur go mór le feidhmíocht éifeachtach agus éifeachtúil na bhfeidhmeanna sin. Foráiltear leis an Acht leasaithe de 2004 freisin go mbunófar Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus cibé coistí nó fochoistí eile a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun cabhrú leis chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord chun maoirseacht níos mionsonraithe a sholáthar ar réimsí ar leith mar a shainmhínítear i dtéarmaí tagartha an choiste faoi seach. Is iad seo a leanas na coistí sin:

- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta
- Coiste Daoine agus Cultúir.

Tá na téarmaí tagartha atá ag Coistí an bhoird foilsithe ar shuíomh gréasáin FnaSS agus tagann siad faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla.

Tá tionchar mór ag paindéim COVID-19 a leanann ar aghaidh fós ar obair Bhord FnaSS agus ar a Choistí agus an Fheidhmeannacht.

Agus aitheantas á thabhairt ag Bord FnaSS don timpeallacht faoi leith atá ag athrú go tapa mar thoradh ar COVID-19, ghlac sé cinneadh sainordú a thabhairt don POF chun cinntiú riachtanacha a ghlacadh mar is gá laistigh de chur chuige uile an Rialtais agus ilghníomhaireachta i leith bhainistíocht na héigeandála. Tugadh údarás don POF leis an sainordú aon chaiteachas atá bainteach le paindéim COVID-19 a fhaomhadh a luaithe a bheidh sin formheasta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus ag an Roinn Sláinte. Is é gnáth-theorainn faofa an POF ná conarthaí a fhorghníomhú suas go dtí luach €10m, nó i gcás idirbhearta a bhaineann le talamh nó le maoín suas go dtí luach €2m. De ghnáth, bíonn faomhadh foirmiúil ón mBord de dhíth ar luachanna thar na tairseacha seo. Tugadh údarás freisin don POF glacadh le haon tairiscint ón earnáil phríobháideach a chuideodh le bainistíocht phaindéim COVID-19. Coinníodh an Bord ar an eolas le huasdátú in amanna agus bhuail sé le chéile go rialta chun dul chun cinn na freagartha éigeandála a mheas.

Ba mhian le FnaSS aitheantas a thabhairt don tacaíocht shuntasach ón earnáil phríobháideach agus ó shaoránaigh na hÉireann i dtólamh i gcaitheamh 2020 agus a leanann ar aghaidh. Bhuail Bord FnaSS le chéile ar 34 ócáid in 2020 mar fhreagairt dhíreach ar phaindéim COVID-19.

Mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 i rith 2020, bhí ar fhóstaí FnaSS dul i ngleic go tapa le timpeallachta oibre athraithe agus le cleachtais mar ath-implonú óna ngnáthróil chun tacú le riachtanais COVID-19 chomh maith le bheith ag obair ón bhaile de réir ceanglais scaradh sóisialta an Rialtais.

Meastar gur tábhachtaí arís é córas rialaithe inmheánaigh in am na géarchéime agus b'éigean don Bhord agus don bhainistíocht athbhreithniú agus athmheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe den timpeallacht rialaithe a mheastar freisin mar chuid den athbhreithniú foriomlán bliantúil a dhéantar ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Ar 13 Bealtaine 2021 rinne eagraíocht choiriúil a chreidtear gur lasmuigh den Stát a bhfuil siad ag obair, cibirionsaí an-tromchúiseach ar chórais FnaSS agus ar an gcóras sláinte níos forleithne. Mar fhreagairt ar an gcibirionsaí seo, dúnadh córais TFC FnaSS láithreach chun stad a chur le hionsaithe eile. Tá FnaSS ag obair leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, An Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus saineolaithe slándála príobháideacha (náisiúnta agus idirnáisiúnta) chun ár gcórais TFC a athchóiriú.

Is í tosaíocht láithreach do FnaSS í ár n-othair agus ár n-úsáideoirí seirbhíse a choinneáil sábháilte agus cúram riachtanach agus seirbhísí tacaíochta a choinneáil ag dul. Tá FnaSS ag obair chun córais tosaíochta othar agus dhiagnóiseacha a chur ar ais ar líne.

Tá ceithre chéim ann san iomlán maidir le Freagairt Chórais Faisnéise FnaSS:

- Srianadh
- Cumarsáid
- Measúnú
- Athshlánú.

Faoi láthair, tá FnaSS ar chéim an mheasúnaithe maidir le roinnt réimsí agus go luath sa chéim athshlánaithe maidir le réimsí eile. Cé go dtugtar tús áite do chórais sábháilteachta othar, tá FnaSS ag obair freisin chun córais tosaíochta airgeadais a athshlánú, lena n-áirítear párolla, cuntais iníochta agus córais baincéireachta. Tá foireann FnaSS ag obair de lá agus d'oíche chun an scéal seo a réiteach ar bhealach pleanáilte struchtúrtha faoi stiúir ionad náisiúnta comhordaithe FnaSS.

1. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ta an córas rialaithe inmheánaigh deartha ionas go ndéanfar an riosca a bhainistiú agus a laghdú, seachas chun deireadh a chur leis an riosca agus dá bhrí sin tá an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh deartha chun dearbhú éifeachtúlachta réasúnta a sholáthar, seachas dearbhú iomlán. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha sa chaoi go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadh go cuí, agus go gcoiscítear nó go mbraítear earraí ná mírialtachtaí go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha freisin chun a chinntiú go bhfuil prótacail agus beartaí chuí curtha i bhfeidhm agus go bhfuil siad á n-oibriú go héifeachtach i gcomhthéacs na sábháilteachta cliniciúla agus i gcomhthéacs shábháilteacht na n-othar.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in FnaSS don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 agus go dtí an dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais, cé is moite de na ceisteanna rialaithe atá sonraithe thíos.

Sonraítear in Alt 7 tionchar phaindéim COVID-19 ar thimpealleacht rialaithe FnaSS agus na gníomhaíochtaí maolaithe atá curtha i bhfeidhm ag an bhainistíocht chun a chinntiú go mbeidh a rialuithe inmheánacha oiriúnach don fheidhm.

2. An Cumas le Riosca a Láimhseáil

Ina cháil mar chomhlacht rialaithe FnaSS, tá freagracht iomlán ar an mBord as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca. Féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a sholáthar i dtaca le feidhmíocht a dhualgais agus a fheidhmeanna.

Bunaíodh an **Coiste Iniúcháireachta agus Riosca** de réir fhóralacha Acht 2019. Is ionann ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ceathrar ball seachtarach agus ceathrar baill Bhoird de chuid FnaSS. Measann an Coiste go bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach aon duine díobh chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh, agus ina measc tá gairmithe airgeadais ardcháilithe a bhfuil ardchumas acu.

I measc na bhfreagrachtaí atá aige, ceanglaítear ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar ábhair airgeadais a bhaineann lena gcuid bhfeidhmeanna, chomh maith le ceisteanna comhlíonta atá gaolmhar leo siúd
- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar rialacht agus cuibheas na n-idirbheart atá taifeadta sna cuntais, chomh maith le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh arna fheidhmiú ag FnaSS
- Maoirseacht agus comhairle a sholáthar maidir le hoibriú chreat Bhainistíocht Riosca FnaSS agus bearta gaolmhara
- Maoirseacht agus comhairle a sholáthar maidir le Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí FnaSS
- Tuairisciú i scríbhinn ar a laghad uair amháin gach bliain don POF agus don Bhord maidir leis na nithe go léir atá faoina shainchúram agus cóip den tuarascáil sin a chur ar fáil don Aire Sláinte.

Cuimsíonn feidhmeanna an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca raon cúrsaí airgeadais, reachtúla, comhlíonta agus rialachais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de réir Cairt chomhaontaithe ina leagtar amach go mionsonraithe ról, dualgaí agus údarás an Choiste. Tá sé de cheanglas ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca teacht le chéile ceithre huairé in aghaidh na bliana ar a laghad. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 17 n-uaire le linn 2020, rud a leiríonn na freagrachtaí breise a tháinig chun cinn mar gheall ar phaindéim COVID-19. Chomh maith lena ghnáthphlean oibre, thug an Coiste maoirseacht ar dhá athbhreithniú agus uasghrádú mhionsonraithe den Chlár Riosca Corparáideach. Ceann amháin acu a rinneadh díreach roimh theacht na paindéime in Éirinn agus an dara cheann sa dara ráithe de 2020 mar fhreagairt ar na rioscaí suntasacha a tháinig chun cinn mar gheall ar COVID-19. Bhí athmhúnlú ceartaitheach agus athbhreithniú de Rioscaí Corparáideacha FnaSS agus ar na rialuithe in áit do gach riosca i gceist leis na hathbhreithnithe seo a rinne Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta. Bunaíodh comh-fhóghrúpa riosca de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Sábháilteachta agus Cálíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúig cinn de na sé riosca COVID-19 a raibh baint acu leis an gClár Riosca Corparáideach. Coinníodh an séú riosca faoi mhaoirseacht dhíreach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Bhí ról ag an gCoiste in ullmhacht FnaSS maidir le tionchar an Bhreathimeachta a thástáil agus a mheas.

Tá **Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí** curtha ar bun ag FnaSS, a bhfuil pearsanra leis an oiliúint chuí ann, agus feidhmíonn seo de réir cairt i scríbhinn arna faomhadh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúchóireachta Inmheánaí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don POF agus tá an stiúrthóir ina b(h)all d'Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin FnaSS. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhaontú agus monatóireacht ar chlár oibre an Iniúchta inmheánaigh.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh FnaSS freagrach as a chinntiú go ndéantar clár cuimsitheach d'obair iniúchta go leanúnach ar fud FnaSS. Is é aidhm na hoibire seo ná dearbhú a thabhairt go bhfuil na rialuithe agus na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ar aon dul leis an dea-cheleachtas agus na rialacháin iomchuí, agus go ndéanfar moltaí chun na rialuithe agus na nósanna imeachta sin a fheabhsú. Clúdaíonn scóip na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí gach córas agus gníomhaíocht ar fud FnaSS lena n-áirítear comhlachtaí arna maoiniú ag FnaSS.

Chun cabhrú le freagairt FnaSS ar COVID-19, rinneadh formhór na foirne iniúchóireachta inmheánaí a athlonnú chun cabhrú le haonaid ghnó eile ó lár mhí Mhárta go Lúnasa in 2020. In ainneoin an athlonnaithe seo, lean an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí léi ag tacú le FnaSS chun an timpeallacht rialachais agus rialaithe a neartú agus tionchar COVID-19 curtha san áireamh mar chuid de sin.

Le linn 2020 chríochnaigh an Iniúchóireacht Inmheánach roinnt mhaith oibre mar chuid dá phlean oibre bliantúil bunaithe ar an riosca, agus eisíodh 110 tuarascáil iniúchta, ina raibh 710 moladh déanta maidir le FnaSS agus na gníomhaíochtaí arna maoiniú aici. Mar fhreagairt ar an ngá chun prótacail scartha shóisialta a chomhlíonadh, rinne an rannóg iniúchóireachta inmheánaí a próisis iniúchóireachta a oiriúnú trí iniúchadh cianda a chur chun cinn nuair is féidir agus úsáid bainte as uirlisí agus feidhmeanna ar líne. Mar aon le blianta roimhe, cuireadh béim ar leith ar ghníomhaíochtaí maoinithe a iniúchadh agus ar iniúchtaí TFC. Bhreithnigh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca FnaSS agus Foireann Bainistíochta na Feidhmeannachta torthaí na dtuarascálacha seo.

Bunaithe ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ar thorthaí na mbeart iniúchóireachta inmheánaí ar leith, bhí tuairim iniúchta curtha ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2020 an Stiúrthóra Náisiúnta Iniúchóireachta Inmheánaigh, ar an iomlán, gur féidir dearbhú teoranta a sholáthar maidir leis na próisis rialachais, bainistíocht riosca agus rialaithe airgeadais.

Tá tuairim na hIniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ar na ceithre ráta fhéideartha agus a sainmhínithe seo a leanas ar a ndearnadh athbhreithniú agus a athdhearadh le linn 2020:

Ráta na Tuairime Foriomláine	Sainmhíniú
Sásúil	Ar an iomlán, tá córas leordhóthanach éifeachtach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe i bhfeidhm. D'fhéadfaí go mbeadh gá le roinnt feabhsuithe chun leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
Measartha	Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe a chruthaíonn riosca measartha nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá ann leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
Teoranta	Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe a chruthaíonn riosca suntasach nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá ann leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.

Mishásúil	Tá laigí sa chóras rialacháis, bainistíochta riosca agus rialaithe a chruthaíonn riosca substaintiúil agus tromchúiseach nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá ann le beart práinneach chun leordhóthanacht agus/nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
-----------	---

Tá FnaSS tar éis **beartas bainistithe riosca** a fhorbairt, ina sonraítear go cruinn na róil agus na dualgais atá ag baill foirne ag gach leibhéal maidir le riosca (idir airgeadais agus neamhairgeadais). Cuirtear an beartas sin in iúl do bhaill foirne ag gach leibhéal san eagraíocht. Tá FnaSS tiomanta dona chinntiú go bhféachfar ar bhainistiú riosca mar fhadhb nach mór do gach duine díriú uirthi, go ndaingneofar é mar chuid den ghnó laethúil agus go mbeidh sé mar bhonn agus thaca ag an timthriall pleanála agus feidhmíochta i dtaca le straitéisí agus oibriúchán.

Is iad na bainisteoirí ag gach leibhéal de FnaSS atá freagrach don Phríomhfheidhmeannach as cur i bhfeidhm agus coinneáil rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh i ndáil lena bhfeidhmeanna agus lena n-eagraíochtaí ar leith. Is é aidhm dhaingniú na freagrachta as an gcóras rialaithe inmheánaigh ná a chinntiú, ní hamháin gur féidir le FnaSS fadhbanna rialaithe a bhrath agus freagairt dóibh má thagann siad chun cinn trí na prótacail chuí a úsáid chun iad a chur in iúl do bhainisteoirí níos airde, ach freisin go bhfuil cultúr cuntasachta agus freagrachta i bhfeidhm san eagraíocht ina hiomláine.

Agus leas á bhaint acu as *Tuairisc Scally, Scoping Inquiry into the Cervical Check Screening Programme*, choimisiúnaigh an Fhoireann Bainisteoirí Feidhmiúcháin Grúpa Stiúrtha um Bainistiú Riosca chun moltaí a ullmhú i ndáil le bainistíocht riosca in FnaSS.

Áiríodh sa ghrúpa oibre sin príomhbhainisteoirí sinsearach FnaSS a bhí ag déanamh ionadaíocht ar gach réimse seirbhíse náisiúnta, Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (CHOnna) agus Grúpaí Ospidéal; ba é an Stiúrthóir Náisiúnta, Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta, a d'urraigh an grúpa oibre, agus thacaigh saineolaithe seachtracha sa réimse bainistíocht riosca leis.

Tugadh an t-athbhreithniú sin chun críche in 2019 agus ghlac an Bord leis an tuairisc agus na moltaí athbhreithnithe i Meán Fómhair 2019.

Áirítear le moltaí an Athbhreithnithe an gá go ndéanfaidh FnaSS an méid seo a leanas:

- Cur chuige um Bainistiú Riosca Fiontair (ERM) a ghlacadh
- Clár ERM a chur ar bun
- Príomhoifigeach Riosca tiomnaithe a cheapadh.

Cé nár éirigh linn Príomhoifigeach Riosca a cheapadh in 2020 agus d'ainneoin thionchar leanúnach phaindéim COVID-19, brúdh roinnt mhaith gníomhaíochtaí suntasacha chun cinn i rith 2020, agus tá sonraí fúthu sin i gCuid 8. Seo thíos achoimre orthu:

- Athbhreithniú ar Rioscaí Corparáideacha, agus an Clár Rioscaí Corparáideacha leasaithe go hiomlán ag deireadh an athbhreithnithe
- Cuimsiú rioscaí móra nua a bhaineann le COVID-19
- Cheap FnaSS saineolaí riosca seachtrach chun tacú le forbairt phróiseas riosca FnaSS, agus táthar ag súil le tuairisc faoi dheireadh Ráithe 2, 2021
- Foireann Tacaíochta um Rioscaí Corparáideacha a bhunú
- Maoirseacht Rioscaí i dtaca le Coiste an Bhoird
- Córas Faisnéise Bainistíochta Riosca a fhorbairt.

Tá feidhm Iniúchta Cúraim Sláinte sheanbhunaithe ag FnaSS, agus is cuid lárnach í sin den Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta. An pearsanra atá san Fhoireann Iniúchta Cúraim Sláinte, tá siad oile go cuí. Is é aidhm na foirne sin ná dearbhú a thabhairt go n-oibreofar na rialuithe agus nósanna imeachta a bhaineann le soláthar cúraim sláinte i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus faoi réir na rialachán cuí, agus go ndéanfar moltaí chun na rialuithe agus nósanna imeachta sin a fheabhsú. Clúdaítear i scóip na Foirne Iniúchta Cúraim Sláinte na córais agus gníomhaíochtaí uile ar fud FnaSS, lena n-áirítear comhlachtaí arna maoiniú ag FnaSS.

Chuir Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha Measúnú Cáilíochta Seachtrach (EQA) ar an bhfeidhm Iniúchta Cúraim Sláinte i gcrích in 2020, agus chuir siad na torthaí faoi bhráid Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta an Bhoird.

Rinneadh an fhoireann Iniúchta Cúraim Sláinte a imlonnú ina hiomláine i rith 2020 agus suas go dtí Márta 2021 chun tacú le príomhshruthanna oibre COVID-19.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

De ghnáth, déantar clár oibre bliantúil na Rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí a chomhordú le go mbeadh sé in oiriúint do chlár oibre na feidhme iniúchta cúraim sláinte, agus anois in 2021, tá an fhoireann iniúchta cúraim sláinte (HCA) tar éis a bheith cuimsithe i Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí FnaSS.

Bunaíodh an **Coiste Feidhmíochta agus Cur chun Feidhme** chun comhairle a chur ar an mBord faoi gach a mbaineann le feidhmíocht laistigh den tseirbhís sláinte, lena chinntiú go ndéanfaí an fheidhmíocht sin a bharrfheabhsú i réimsí ábhartha uile an scórchárta ualaithe chomhaontaithe, rud a dheimhneoidh go mbeidh eispéireas níos fearr ann d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí araon.

Cuireann an **Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta** comhairle ar an mBord maidir le ceisteanna Sábháilteachta agus Cáilíochta na nOthar.

Cuireann an **Coiste Daoine agus Cultúir** comhairle ar an mBord maidir le cúrsaí a bhaineann le baill foirne agus planáil fórsa oibre.

Tagann na Coistí FnaSS uile le chéile go rialta de réir a gcairteacha ar leith, agus cuireann siad ról monatóireachta i bhfeidhm freisin thar ceann Bhord FnaSS.

3. An Creat Riosca agus Rialaithe

Is gné lárnach den dea-rialachas é bainistiú riosca. Tá FnaSS tar éis beartas Bainistithe Riosca Chomhtháitea fhorbairt, arna threorú ag na prionsabail um bainistiú riosca atá sonraithe in ISO 31000 (is caighdeán é ISO 31000 atá aitheanta go hidirnáisiúnta, agus é saincheaptha ag saineolaithe sa réimse bainistíocht riosca). Tá an beartas sin, chomh maith leis na doiciméid treorach bhainteacha, ar fáil do gach ball foirne. Is iad na ceannairí Caighdeán agus Sábháilteacht Othar sna réimsí seirbhíse a éascaíonn agus a thacaíonn le baill foirne ó thaobh chur i bhfeidhm an bheartais seo de.

De réir bheartas bainistithe riosca FnaSS, caithfear sainaithint réamhghníomhach a dhéanamh ar rioscaí atá ina mbagairt do chur i bhfeidhm cuspóirí, agus caithfear bearta a chur i ngníomh chun na rioscaí sin a mhaolú go leibhéal inghlactha. Leagtar amach sa bheartas na próisis bainistithe riosca atá i bhfeidhm agus tugtar sonraí faoi ról agus dualgais na foirne i dtaca le riosca. Is iad na bainisteoirí agus na baill foirne uile ag gach leibhéal de FnaSS atá freagrach as bainistiú riosca.

Tá an Príomhfeidhmeannach freagrach as gníomhaíochtaí FnaSS a threorú agus a stiúradh, lena n-áirítear forbairt beartas um bainistiú riosca. Is iad an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord a cheadaíonn creat um bainistiú riosca FnaSS.

Thar ceann an Bhoird, soláthraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht agus comhairle i dtaca le hoibriú Chreat um Bainistiú Riosca FnaSS.

Is gá **cláir riosca** a bheith i bhfeidhm ag na leibhéil is tábhachtaí san eagraíocht. Aithnítear iontu seo na príomhrioscaí atá roimh FnaSS.

Ar leibhéal eagraíochtúil, tá an **Clár Riosca Chorpáridigh** faoi réir monatóireachta agus nuashonraithe ar bhonn ráithiúil. Leagtar amach sna cláir riosca na rialuithe reatha, an rátáil riosca, agus aon rialuithe breise a theastaíonn chun gach riosca a mhaolú, agus dáiltear na tascanna sin ar dhaoine faoi leith a chaithfidh iad a chur i gcrích de réir sprioc-am sonraithe. Gné amháin den phróiseas monatóireachta ráithiúil ná monatóiriú a dhéanamh ar chur i gcrích na mbeart breise a theastaíonn agus an riosca a athmheasúnú bunaithe ar an méid sin. Déantar athbhreithniú míosúil freisin ar aon rioscaí atá ag eascairt as COVID-19 chun rioscaí breise mar thoradh ar an bpaindéim a chur san áireamh.

Tá cúram leagtha ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) as bainistiú éileamh a thagann as teagmhais chliniciúla agus oibríochtúla faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla (CIS) agus faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta (GIS) i gcomhréir leis an *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000*. Soláthraíonn an SCA sainchomhairle agus bainistiú riosca do FnaSS chomh maith, agus tacaíonn NIMS, an córas leictreonach tuairiscithe ar bhainistiú teagmhas náisiúnta, leis sin.

Tá creat rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm in FnaSS, a ndéantar monatóiriú leanúnach air lena chinntiú go spreagtar cultúr éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá **Cód Rialachais** FnaSS leagtha amach ar www.hse.ie agus cuimsítear an méid seo a leanas ann:

(Agus é seo á scríobh, tá an Cód Rialachais á nuashonrú chun socruithe rialachais reatha FnaSS a chur san áireamh, arna n-eascairt as ceapachán Bhord FnaSS i Meitheamh 2019, agus táthar ag súil go gceadóidh an tAire Sláinte an Cód go gairid):

- Léiríonn an Cód Rialachais na caighdeáin, beartais agus nósanna imeachta reatha iompraíochta atá le cur i bhfeidhm ag FnaSS agus laistigh dó, agus sna gníomhaireachtaí arna maoiniú aige agus laistigh dóibh chun seirbhísí a sholáthar thar a cheann
- Cuirtear síos go mionsonraithe sa Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta ar conas a thabharfar bainisteoirí sa tseirbhís sláinte, lena n-áirítear iad siúd in CHOnna agus Grúpaí Ospidéal, chun cuntais as feidhmíocht i dtaca le soláthar seirbhísí, cáilíocht agus sábháilteacht othar, cúrsaí airgeadais, agus fórsa saothair

- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas, córas tarmiligin agus cuntasachta, córas chun caiteachas a údarú, agus tuairisciú rialta bainistíochta
- Is cuid lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh iad Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FnaSS, agus tá siad ceaptha a bheith ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus comhlíonadh na dtreoirlínte earnála poiblí a chinntiú, arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú
- Tá córas buiséid déabhlóidithe bliantúil i bhfeidhm in FnaSS, agus gach bliain, déanann an tAire Sláinte an plean seirbhíse bliantúil a fhaomhadh go foirmiúil. Socraítear teorainneacha cuntasachta ar leith, agus déanann an Grúpa um Maoirseacht ar Fheidhmiú Náisiúnta (NPOG) na teorainneacha sin a mhonatóiriú go mion thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tá réimse leathan beartas, nósanna imeachta, prótacal agus treoirlínte i bhfeidhm in FnaSS maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais
- Cuireann FnaSS athbhreithniú cuimsitheach bliantúil i bhfeidhm ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, a gcuirtear síos go mion air níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo
- Tá córais agus rialuithe ann a bhfuil d'aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide laistigh de FnaSS a chinntiú. Is réimse ardtosaíochta é sin do FnaSS, i bhfianaise an dúshláin a bhaineann le han-chuid córas ar fud FnaSS ina iomláine a bhainistiú. Tá forbairtí leantacha idir lámha chun an tslándáil a fheabhsú agus lena chinntiú go bhfuil acmhainní agus scileanna leordhóthanacha ag FnaSS chun sláine a chóras a chosaint lena dheimhniú go mbeidh na sonraí agus an fhaisnéis ar fad cosanta.

Anuas air sin, ní mór do na bainisteoirí sinsearach uile atá ag Céim VIII nó níos airde Ráiteas um Dhearbhu Rialuithe (CAS) a chomhlánú gach bliain. De réir an ráitis sin, is gá do bhainisteoirí a dhearbhu go bhfuil siad eolach ar na príomhrialuithe agus an cód rialachais atá i bhfeidhm in FnaSS, agus go bhfuil siad á gcomhlíonadh.

4. Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm in FnaSS chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar, caithfidh gach réimse laistigh de FnaSS cloí leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair atá leagtha síos go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS.

I rith luath-chéimeanna phaindéim COVID-19 in 2020, bhí géarghá ann do FnaSS agus d'Eirinn ceannacháin leordhóthanacha trealamh cosanta pearsanta (TCP) a fhoinsiú le go mbeadh córas cúraim sláinte na hÉireann in ann freagairt don phaindéim COVID-19. Bhí teorainn le soláthar TCP ar fud an domhain, agus mar sin bhí go leor tíortha san iomaíocht chun an trealamh a fháil. Mar thoradh ar an easpa soláthair agus an éileamh mór, bhí meánchostas i bhfad ní b'airde ar na príomh-mhíreanna TCP uile ná mar a bhíonn i dtréimhsí gnáthéilimh. Bhí ar FnaSS a iarrachtaí soláthair a bhrú chun cinn ar luas mire, agus cuireadh prótacail éigeandála airteagal 32 in áit na ngnáthrialachán maidir le soláthar poiblí¹.

Rialaíonn Airteagal 32 úsáid an nóis imeachta idirbheartaíochta gan foilsíú roimh ré sa mhéid go bhfuil sin riachtanach ar chúiseanna práinne thar na bearta, agus ceadaíonn sé fáil réidh leis an ngá tairiscintí a lorg le haghaidh conarthaí arna mbronnadh go poiblí.

Aon cheisteanna a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar, tarraingítear aird orthu faoi cheannteideal 8, mar atá, Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach.

5. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm, don Bhord agus do na bainisteoirí sinsearach. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sainaitheanta, agus tá próiseas i bhfeidhm chun oibriú na rialuithe sin a mhonatóiriú
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais leagtha
- Déanann bainisteoirí sinsearach athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil, agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht FnaSS de réir buiséad/réamhaisnéisí
- Déanann an Roinn Sláinte athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht FnaSS i dtéarmaí buiséid agus pleananna seirbhíse, agus áirítear leis sin tuairisciú neamhairgeadais eile amhail pleanáil fórsa saothair

1 Airteagal 32c de Threoir 014/24/AE

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

- Tagann an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíocht Feidhmiúcháin le chéile dhá uair sa mhí ar a laghad mar chuid den ghnáthchúrsa gnó
- Eagraítear cruinnithe Boird míosúla a bhfreastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus baill den Fhoireann Bainistíocht Feidhmiúcháin orthu
- I rith 2020, tháinig an Bord le chéile níos rialta ná gach mí le go bhféadfaidís aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha ó thaobh freagairt FnaSS do COVID-19 de. Tagann gach Coiste Boird le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na réimsí ar sainchúram faoi leith dóibh iad, agus chun comhairle agus aiseolas a sholáthar don Bhord
- Tá an Bord agus a choistí, mar aon leis an EMT, tar éis plé a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar gach gné de FnaSS, lena n-áirítear maoiniú, a thimpeallacht rialaithe agus riosca, agus socruithe an rialtais.

Is é an **Grúpa Náisiúnta um Maoirsiú Feidhmíochta** (NPOG) atá freagrach, mar chuid den phróiseas cuntasachta foriomlán, as feidhmíocht a mhonatóiriú de réir an Phlean Seirbhíse Náisiúnta.

Tagann baill NPOG le chéile gach mí chun feidhmíocht a athbhreithniú os coinne an Phlean Seirbhíse Náisiúnta. Ullmhaítear tuairisc mhíosúil don Phríomhfheidhmeannach, agus cuimsítear ansin sonraí aon fhadhbanna tromchúiseacha maidir le feidhmíocht, a dteastaíonn atreorú chuig leibhéal níos airde ina leith.

Gach mí, cuireann an Príomhfheidhmeannach nuashonrú maidir le feidhmíocht faoi bhráid an Bhoird agus áirítear leis sin ionchur ábhartha ón NPOG.

Lena hais sin, de réir mar atá luaite i gcuid 3, tá coistí cuí ceaptha ag an mBord chun comhairle a chur air maidir lena feidhmeanna a chur i gcrích.

Is gné rithabhachtach é obair Iníuchóireachta Inmheánaí de mhonatóiriú an chórais rialaithe inmheánaigh laistigh de FnaSS. Is é atá mar bhonn agus thaca ag plean oibre bliantúil Iníuchóireachta Inmheánaí ná anailísiú na bpríomhrioscaí a bhfuil FnaSS neamhchosanta orthu, agus is é an Coiste Iníuchóireachta agus Riosca a fhaomhann an plean sin. Freastalaíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIníuchóireachta Inmheánaí ar chruinnithe uile an Choiste Iníuchóireachta agus Riosca, agus bíonn cruinnithe rialta pearsanta aige le Leas-Chathaoirleach an Choiste Iníuchóireachta agus Riosca, atá ina chomhalta Boird, agus leis an bPríomhfheidhmeannach freisin.

Anuas air sin, tacaíonn obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) le monatóiriú agus athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha FnaSS. Ná tráchtanna agus moltaí a dhéanann an C&AG ina litreacha bainistíochta, deimhnithe iniúchta nó tuarascálacha bliantúla, déanann an Bord, an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus an Coiste Iníuchóireachta agus Riosca athbhreithniú orthu, agus cuirtear bearta i bhfeidhm chun moltaí a thabhairt chun críche.

6. Tionchar COVID-19 ar an gCóras Rialaithe Imheánaigh

Tá paidéim COVID-19 tar éis tionchar a imirt ar na gnáthbhealaí oibre i ngach rannán mór de FnaSS, agus bhí ar fhoireann FnaSS obair ó chian chun géilleadh do na treoirínte sláinte poiblí agus rialtais d'fhonn sláinte fhórsa saothair FnaSS a chosaint, chomh maith le sláinte an phobail a bhíonn ag brath orthu.

Mar a luadh i gcuid 1, thug Board FnaSS sainordú don Phríomhfheidhmeannach chun na cinntí riachtanacha a dhéanamh i gcomhréir leis an gcur chuige Rialtais Uile i leith paidéim COVID-19 a bhainistiú.

Bhí ar bhaill foirne agus bainisteoirí FnaSS an-chuid athruithe suntasacha a dhéanamh chun tacú le soláthar seirbhísí i rith phaindéim COVID-19. Áiríodh leis sin baill foirne a athlonnú chun tacú le gníomhaíochtaí soláthair le go bhféadfaidís trealamh cosanta pearsanta agus trealamh ospidéal a fháil, ionaid tástála a bhunú, ospidéal mhachaire a chur ar bun, agus neart gníomhaíochtaí tábhachtacha eile nach iad.

Tá FnaSS tar éis lear mór ciorclán a eisiúint le bliain anuas chun treoir agus tacaíocht chuí a thabhairt do bhaill foirne agus bhainisteoirí FnaSS i bhfianaise na socruithe oibre nua seo. Clúdaítear sa treoir réimsí amhail iad seo a leanas:

- Treoir sláinte agus sábháilteachta
- Bearta tacaíochtaí don mheabhairshláinte
- Rialuithe TFC, riachtanais chriptithe agus prótacail pasfhocal
- Riachtanais maidir le RGCS agus cosaint sonraí.

D'ainneoin na timpeallachta oibre athraithe, oibríonn córais airgeadais FnaSS faoi réir na rialuithe slándála céanna, is cuma cé acu an i láthair FnaSS nó sa bhaile atá baill foirne ag obair. Tá rochtain ar líne ar ár gcórais airgeadais; baintear leas as ríomhairí glúine agus ríomhairí pearsanta criptithe a úsáideann gléasanna VPN agus/nó MIFI. Tá an trealamh thuas ar fad cosanta ag prótacail pasfhocal.

Aon bhaill foirne a bhíonn ag obair ar chórais faoi phribhléid amhail párolla, cuntais iníoctha, an Scéim Cothrom na Féinne, nó cistíocht, thacaigh pleananna teagmhais nuashonraithe leo, rud a thug slándáil agus comhairle breise dóibh i ndáil leis na socruithe oibre nua. Bhí tascanna tábhachtacha ann nach rabhthas in ann tabhairt fúthu ach amháin i láthair shlán FnaSS ina raibh na prótacail sábháilteachta chuí i bhfeidhm leis na baill foirne sin a chosaint. I gcásanna mar sin, cuireadh uainchláir i bhfeidhm don fhoireann chun cosaint na foirne, na gníomhaíochta agus na timpeallachta rialaithe a chinntiú.

Bhí na gnáthphrotacail TFC fós i bhfeidhm, agus prótacail pasfhocal d'úsáideoirí ag teastáil lena n-aghaidh. I gcás córais tosaíochta, bhí rithábacht ag baint fós le deighilt dualgas i ndáil le tascanna ionchuir agus údaraithe, agus ní dhearnadh aon athruithe ar na leibhéil údaraithe sna príomhréimsí úd.

Bhí gá le leasuithe ar chuid de rialacháin airgeadais náisiúnta (NFRanna) FnaSS mar thoradh ar na socruithe oibre nua, chun tionchar ag athlonnú foirne agus an baol easpa foirne a chur san áireamh, le go mbeadh leanúnachas gnó mar is gnách ann, a oiread agus arbh fhéidir.

Cuireann NFR19 Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de cheangal ar gach réimse de FnaSS ina bhfuil fardail shuntasacha ag deireadh na bliana, stocáireamh a dhéanamh. I bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19, cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm i láithreacha a raibh tionchar díreach ag COVID-19 orthu, mar sheift sábháilteachta d'fhoirne, d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí. Rinneadh thart ar €14 milliún d'fhadail deireadh bliana FnaSS a mheas ar bhonn na faisnéise stocáirimh is déanaí agus is réasúnta.

Déanann an Rannán Airgeadais Náisiúnta monatóireacht ghéar ar na rialacháin leasaithe.

Is í Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) FnaSS an rannán atá freagrach as íocaíochtaí a dhéanamh le gairmithe cúraim sláinte as na seirbhísí agus drugaí a chuirtear ar fáil don phobal saor in aisce nó ar chostas laghdaithe. Cuimsíonn sé sin cártaí leighis, cártaí cuairte dochtúra agus bainistíocht Drugaí Ardteicneolaíochta.

Tá teidlíocht daoine ar chárta leighis nó cárta cuairte dochtúra bunaithe ar athbhreithniú ar acmhainn an iarratasóra, agus déantar é a mhonatóiriú trí athbhreithniú rialta chun teidlíocht leantach an duine a dhearbhu. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, chuir FnaSS athbhreithniú cártaí a bhí ag daoine cheana ar fionraí go sealadach, cé gur leanadh d'iarratais nua a phróiseáil. Cuireadh an beart sealadach sin i bhfeidhm ar go leor cúiseanna:

- Chun míbhuntáistí breise do bhaill an phobail a sheachaint, go háirithe iad siúd a bhí buailte ag cruatan eacnamaíoch de bharr phaindéim COVID-19
- Chun ligean do FnaSS ionad teagmhála na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) a úsáid mar phríomhthacaíocht do líne faisnéise FnaSS i luathchéim phaindéim COVID-19
- Chun cead a thabhairt don PCRS córais nua aisíocaíochta a fhorbairt agus tacú leo, mar shampla, bearta tacaíochta COVID-19 le haghaidh dochtúirí teaghlaigh
- Chun ligean do bhaill foirne an PCRS líne teagmhála um Obair Cúraim Sláinte FnaSS a fhorbairt agus tacú léi, líne atá fós i bhfeidhm
- Rinneadh baill foirne PCRS a imlonnú freisin de réir mar ba chuí chun tacú le príomhriachtanais COVID-19.

Cuireadh tús leis an mbeart sealadach sin i Márta 2020 agus atosáíodh é i Meán Fómhair 2020. Tá sé measta ag FnaSS gurb ionann agus €25 milliún costais an tsosa thuas sna hathbhreithnithe, ach bhí tábhacht ag baint leis an mbeart sealadach sin i gcomhthéacs níos leithne maidir le paindéim COVID-19.

7. Mír maidir le Soláthar Trealamh Cosanta Pearsanta agus Aerálaithe

Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)

Ba ghné shuntasach den bhealach ar bhainistigh an Rialtas agus FnaSS paindéim COVID-19 é úsáid TCP ag leibhéil nár theastaigh riamh roimhe seo. Bhí FnaSS ar thús cadhnaíochta i dtaobh TCP a fháil, tráth a raibh éileamh ollmhór air go hidirnáisiúnta agus tráth nach rabhthas in ann soláthairtí TCP a fhoinsiú ach amháin ón tSín.

Thug an Rialtas sainordú do FnaSS TCP a fháil agus fuair siad údarú thart ar €920m lena chinntiú go mbeadh soláthairtí ar fáil.

D'éirigh le FnaSS orduithe a fháil i rith tréimhse ina raibh ráchairt thar na bearta ar TCP, mar a luadh thuas, agus dá bhrí sin bhí praghsanna níos airde i gceist, mar aon le horduithe suntasacha. Níorbh fholáir an TCP sin a bheith ar fáil i ngach timpeallacht cúraim sláinte, mar shampla, ospidéal ghéarmhíochaine, ionaid chúraim agus saoráidí cúraim sláinte eile nach iad.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

Amhail ar an 31 Nollaig 2020, tá FnaSS tar éis a thuairisciú go bhfuil €182 milliún de stoc ina sheilbh, a bhaineann le míreanna TCP nár úsáideadh roimh dheireadh na bliana. Ceannaíodh na míreanna sin ar chostas thart ar €556m do FnaSS mar thoradh ar na fórsaí margaidh a luadh thuas. Tuairiscítear an stoc sin sa ráiteas ar an staid airgeadais ag na praghsanna a bhí ann amhail ag deireadh na bliana, agus tá tuilleadh sonraí faoi i Nóta 16 Fardail sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS).

I rith 2020, bunaithe ar riachtanais, cheannaigh FnaSS éidí cosantacha a bhí le húsáid i dtimpeallachtaí cliniciúla chun baill foirne agus úsáideoirí seirbhísí a chosaint. D'athraigh an treoir chliniciúil i rith phaindéim COVID-19, agus dá bhrí sin ba é an rogha chliniciúil ná gúnaí, a measadh ina leith gurbh iad is oiriúnaí le haghaidh riachtanais fhoirne cliniciúla FnaSS. Mar thoradh air sin, bhí an-chuid de na héidí cosantacha úd ann ag deireadh 2020, agus mheas FnaSS nár dhócha go n-úsáidí na héidí cosantacha uile faoi dheireadh a saolré úsáideach 3 bliana; mar sin, chinn siad go stuama iad a bhearnú bunaithe ar dhífheidhmeacht ionchais. An costas a bhí ar FnaSS as na héidí cosantacha sin ná €64m.

Is é an díluacháil iomlán i luach an TCP ná €374 milliún (lena n-áirítear an €64 milliún), agus tá sin taifeadta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2020. Anuas ar an gceist thuasluaite maidir leis na héidí cosantacha, baineann an fuilleach de dhíluacháil an luacha, is é sin, €310 milliún, leis an ngá le stoc a thuairisciú ag luach infhíoraithe.

Cheap FnaSS cuideachta phríobháideach chun iniúchadh a dhéanamh ar a chórais agus a rialuithe maidir le foinsiú, bainistiú agus úsáid TCP. Tá an tuairisc thuas ag an gcéim dheiridh ar fad agus tá FnaSS i mbun feabhsúcháin rialaithe agus córais a chur i bhfeidhm san phríomhréimse seo faoi láthair.

Aerálaithe

Bhí an-tábhacht ag baint le haerálaithe i dtaobh chóireáil na n-othar COVID-19 nuair a bhí an phaindéim faoi lánseol, agus mar sin, ghlac FnaSS a oiread bearta agus arbh fhéidir thar ceann shaoránaigh na hÉireann lena chinntiú go mbeadh píblíne orduithe ann chun ganntanais a sheachaint. Mar thoradh ar na coinníollacha margaidh, ar an éileamh agus an luaineacht, is é an t-aon bhealach ar féidir orduithe a ghnóthú ó sholáthraithe thar lear ná íocaíochtaí a dhéanamh roimh ré. Rinne FnaSS réamhíocaíochtaí ar luach €81 milliún le 10 ndíoltóir chun orduithe a chomhlíonadh le haghaidh aerálaithe breise. Amhail deireadh na bliana, tá FnaSS tar éis soláthar do dhrochfhiacha a chruthú i gcomhair réamhíocaíochtaí le díoltóirí ar luach €42.5m, i gcás nach bhfuil orduithe comhlíonta nó i gcás go bhfuil trealamh faighte ach nár measadh é a bheith cuí. Tá FnaSS tar éis comhairle dlí a lorg agus tá imeachtaí dlí tionscanta i roinnt mhaith cásanna.

Breathnóireachtaí Rialaithe

De bharr gur sholáthair FnaSS stoic rithabhachtacha TCP agus trealamh leighis, bhí ar FnaSS obair ar luas lasrach i margadh corrach dúshlánach lena chinntiú go mbeadh TCP leordhóthanach ann do FnaSS agus don chóras cúraim sláinte i gcoitinne, sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon.

Bhí ar FnaSS próisis shuntasacha nua a bhunú in am éigeandála, ach ag an am céanna, tús áite a thabhairt d'fhoinsiú an TCP ábhartha.

B'éigean do FnaSS próisis nua a fhorbairt ar lánluas, mar shampla, mórchainéal nua trádastórála agus dáileacháin a bhunú.

Ba é an príomhdhúshlán ná TCP a dhaingniú agus a fháil, agus d'éirigh le gníomhaíocht soláthair FnaSS an tasc sin a bhaint amach.

Mar gheall ar an gcineál dúshláin a bhí ann do FnaSS, imíodh ó na gnáthrialuithe inmheánacha anois is arís mar gur ghá obair faoi lánluas de lá agus d'óiche. Ba é an tosaíocht ná TCP a dhaingniú, ós rud é go raibh sainordú faighte chuige sin ón Rialtas, ón earnáil Sláinte Poiblí agus de réir an dea-chleachtais chliniciúil.

Seo a leanas cuid de na fadhbanna maidir le rialú atá sainaitheanta ag FnaSS:

- Bhí ar FnaSS cuid mhaith díoltóirí nua a thabhairt isteach, a bhfuarthas roinnt díobh trí chainéil taidhleoireachta, agus i gcás cuid de na díoltóirí sin, níor tugadh faoi chleachtadh díchill chuí ina leith toisc gur ghá cinntí gasta a dhéanamh chun conarthaí a dhaingniú
- I roinnt cásanna, theastaigh réamhíocaíochtaí chun TCP agus trealamh rithabhachtach a fháil lasmuigh de na gnáthnósanna imeachta
- Uaireanta ní raibh ar chumas na sínitheoirí cuí a n-ainmneacha a chur le horduithe ceannaigh, agus mar sin ní raibh na tairseacha Ordaithe Ceannaigh le haghaidh ceaduithe ag teacht i gcónaí le Rialachán Airgeadais Náisiúnta 1, Ceannach go hIóc. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, gur ceadaíodh an Caiteachas i gceart ina iomláine

- Toisc gur ghá TCP a fháil go han-tapa, tá barrachas stoc TCP áirithe ag FnaSS amhail deireadh na bliana, ach lasmuigh de dhíscríobh na n-éidí cosantacha a luadh thuas, meastar go n-úsáidfear na stoic sin
- Ag céim luath na gníomhaíochta soláthair, bhíothas ag brath go trom ar phróisis de láimh amhail úsáid scarbhileog seachas úsáid córas bogearraí.

Bhí ar FnaSS glacadh le leibhéal níos airde inghlacthacht riosca ná mar ba ghnáth i ndáil le gníomhaíochtaí soláthair, lena chinntiú go mbeadh TCP agus trealamh ar fáil chun go bhféadfaí aire a thabhairt dóibh siúd uile a raibh cabhair ag teastáil uathu in am na héigeandála idirnáisiúnta.

Tá obair shuntasach déanta chun próisis a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí reatha comhlíontach agus go bhfuil siad i gcomhréir leis na rialacháin.

8. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm in FnaSS chun éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistiú riosca agus rialú a mhonatóiriú. Is é atá ina thacaíocht le monatóiriú agus athbhreithniú FnaSS ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ná obair na nIníúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus na mbainisteoirí sinsearach in FnaSS atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir FnaSS athbhreithniú bliantúil i bhfeidhm maidir le héifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2020, inar díriodh ar na gnéithe seo a leanas:

- Miontuairiscí/tuairiscí an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca
- Torthaí, moltaí agus Tuairimí Iníúcháireachta ó thuairiscí iníúcháireachta inmheánaí
- Tuarascáil Bhliantúil Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúcháireachta Inmheánaí
- Torthaí an Cheistneora maidir le Rialú Inmheánach
- Stádas na moltaí a rinneadh sna tuairiscí i mblianta roimhe seo ar an Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach
- Moltaí ó litreacha bainistíochta an C&AG
- Clár iniúchta 2020 an C&AG, go háirithe na rioscaí iniúchta a sainaithníodh iontu
- Tuarascálacha Choiste na gCuntas Poiblí
- Miontuairiscí Bhord FnaSS agus an EMT
- Miontuairiscí na meithle stiúrtha/na meithle oibre/na meithleacha cur i bhfeidhm srl.
- Athbhreithnithe seachtracha déanta ag FnaSS le cabhrú le fadhbanna rialaithe airgeadais a aithint agus beartais/próisis athmheasta ghnó a chur i bhfeidhm
- Próiseas míosúil nua Chlár Riosca Chorpáraidigh FnaSS i ndáil leis na príomhrioscaí oibriochtúla, lena n-áirítear rioscaí COVID-19 agus próiseas feabhsaithe um athbhreithniú ráithiúil arna mhaoirsiú ag an nGrúpa Tacaíochta um Riosca Corparáideach
- Torthaí arna n-eascairt as na socruithe um monatóiriú comhlíonta le gníomhaireachtaí S38 agus S39
- Treoir ó oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Páipéar faoi Léargais Iniúchta 2020) le haghaidh eagraíochtaí poiblí i ndáil lena dtimpeallacht rialaithe sa phaindéim reatha COVID-19
- Athruithe ar an timpeallacht oibre agus ar an gcianoibriú, agus bealaí nua oibre
- Tionchar ag athlonnú na foirne, go háirithe i bpríomhréimsí faoi phribhléid, mar shampla, Párolla, Cuntais Iníochta, agus na feidhmeanna Baincéireachta agus Cistíochta
- Athbhreithniú ar NFRS an-tábhachtach i rith COVID-19, go háirithe maidir le ceadú ceannachán (soláthar)
- Athbhreithniú ar an rialachas i ndáil le deonuithe i rith 2020
- Athbhreithniú ar phríomhphleananna amhail Winterplan FnaSS (Plean an Gheimhridh), an Plean Seirbhíse Náisiúnta agus tionchar aon mhaoinithe bhreise.

Ar bhonn bliantúil, éilíonn FnaSS ar gach ball foirne sinsearach ag Grád VIII (ná a mhacasamhail) agus níos airde, ceistneoir faoi rialú inmheánach (ICQ) a chomhlánú; dearadh an cheistneora sin chun aiseolas riachtanach a sholáthar i ndáil le príomhréimsí rialaithe agus riosca. Cuireann sin ar chumas FnaSS éifeachtúlacht na rialuithe is tábhachtaí a mhonatóiriú agus bearta ceartaitheacha a dhíriú ar cibé réimse ina dteastaíonn siad.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

D'ainneoin na ndúshlán a bhaineann le COVID-19, ghlac 5% breise d'fhoireann FnaSS páirt sa phróiseas ICQ. Léiríonn sin go bhfuil tuiscint ag méadú i measc foirne ag gach leibhéal in FnaSS ar a thábhachtaí atá rialuithe stuama agus ar a thábhachtaí atá sé iad a chomhlíonadh.

Lena chois sin, mar fhreagairt ar thionchar COVID-19 ar a thimpeallacht rialuithe, áiríodh cuid bhreise faoi rialuithe COVID-19 in ICQ Ceannaireachta FnaSS. Cuireadh an treoir ó oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste san áireamh sa mhéid sin, mar a luadh thuas.

Tá FnaSS tar éis cuideachta iniúchóireachta neamhspleách a cheapadh trí phróiseas iomaíoch, agus tá athbhreithniú déanta acu sin ar thart ar 5% de na rannpháirtithe ICQ chun iontaofacht na bhfreagairtí a dhearbhu.

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, chomh maith leis na bPríomhfheidhmeannach, an EMT agus Bord FnaSS, an tuairisc ar an gcóras rialaithe inmheánaigh a phlé.

De réir thorthaí an athbhreithnithe, tá fianaise ann:

- Go bhfuil FnaSS tar éis sraith beartas agus nósanna imeachta a ghlacadh, atá ina bonn leis an gcreat rialaithe inmheánaigh
- Áit a bhfuiltear tar éis rioscaí ardleibhéil a shainiú, go bhfuil rialuithe maolaithe/cúitithe i bhfeidhm de ghnáth
- Sainithníodh an-chuid samplaí de neamhchomhlíonadh na mbeartas agus nósanna imeachta arna nglacadh ag FnaSS, agus cé go bhfuil sin tar éis an eagraíocht a fhágáil neamhchosanta ar riosca ábhartha, tá feabhsúcháin phróisis agus rialaithe le feiceáil in an-chuid réimsí
- I rith 2020, tá feasacht ar an ngá le rialuithe inmheánacha agus cuntasacht tar éis méadú, agus tá méadú leanúnach de 5% freisin ar líon na foirne a bhfuil an suirbhé ICQ déanta acu, rud atá thar a bheith suntasach i gcomhthéacs na timpeallachta COVID-19 a raibh ar an gcuid is mó den fhoireann dul i ngleic léi. Tugann an anailís le fios go bhfuil leibhéal ard tuisceana agus feasachta ag an gcuid is mó de na bainisteoirí ar a bhfreagracht i ndáil le rialuithe inmheánacha. Cé gur léir ón anailís go bhfuil ardleibhéal chomhlíonadh na rialuithe inmheánacha á dtuairisciú ag mórchuid na mbainisteoirí, tá fianaise ann fós go raibh easpa leanúnachais ann maidir le cuid de na freagairtí in 2020, rud a thaispeánann go bhfuil tuilleadh iarrachtaí ag teastáil in 2021 chun feabhsuithe a bhaint amach ar thuiscint agus comhlíonadh na rialuithe inmheánacha
- Lorgaíodh dearbhuithe breise i dtaca le COVID-19 ó cheannairí FnaSS bunaithe ar dhoiciméad Léargais Iniúchta C&AG, a úsáideadh mar chuid den athbhreithniú ICQ, agus ina raibh dearbhuithe maidir le rialuithe a cuireadh i bhfeidhm i rith phaindéim COVID-19
- Cé go raibh coinníollacha oibre diana i gceist, chomh maith le baic ó thaobh acmhainní de, tá dearbhú réasúnta ann go mbeidh na rialuithe inmheánacha leordhóthanach chun na príomhrioscaí a mbíonn gníomhaíochtaí neamhchosanta orthu go hiondúil a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Ach tá líon mór laigí i rialuithe inmheánacha airgeadais FnaSS fós, rud is léir ó líon na sárúithe a tharlaíonn. Ba cheart cuimhneamh air, áfach, gur ardtosaíocht i gcónaí iad rialuithe agus comhlíonadh fad is atá na coinníollacha diana seo i gceist, agus i réimsí áirithe, aithníodh feabhsúcháin
- Is ann d'fhianaise go bhfuil feasacht agus tuiscint leanúnach ar an ngá go mbeadh bainisteoirí FnaSS cuntasach agus freagrach, chun a chinntiú go mbeadh córas láidir rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm. Tá fianaise ann freisin, áfach, go bhfuil easpa tuisceana iomláine ar na príomhthreoirínte agus beartais ábhartha ar fud na heagraíochta. Mar shampla, gné amháin a bheidh ina dlúthchuid de na pleananna chun rialuithe a fheabhsú in 2021 ná fócas níos láidre ar sheisiúin oiliúna do bhainisteoirí agus d'fhoirne
- Tá dearbhú teoranta ann, ach ní dearbhú iomlán, maidir leis an gcóras reatha rialaithe inmheánaigh, go bhfuil sé in ann na príomhrioscaí bunúsacha a mhaolú/a bhainistiú, a bhfuil gníomhaíochtaí airgeadais neamhchosanta orthu. Na cásanna neamh-chomhlíonta atá feicthe, laghdaíonn siad an leibhéal dearbhaithe ar féidir a chur ar fáil. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, beidh FnaSS ag díriú go mór fós ar fheabhsuithe a dhéanamh sna réimsí sin.

Na laigí maidir le rialú a chonacthas san athbhreithniú, tá siad leagtha amach i gCuid 9, Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach, mar aon leis an mbeart bainistíochta atá le cur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin.

9. Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Plean Feabhsaithe an Chreata Rialaithe Inmheánaigh

I rith 2020, d'urraigh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainisteoirí Sinsearach (EMT) tosach phlean 3 bliana atá ceaptha creat reatha um rialú inmheánach FnaSS a fheabhsú, agus chuir siad tacaíocht ar fáil dó. Táthar ag súil go mbeidh an plean dréachta comhaontaithe ag an EMT agus an Bord faoi Ráite 2, 2021.

Díreofar sa phlean sin ar na cúig phríomhshruth seo a leanas, a bheidh ina mbonn le rialuithe láidre i ngach réimse tábhachtach in FnaSS:

- Athbhreithniú ar Chreat Náisiúnta um Rialachán Airgeadais FnaSS
- Clár Cumarsáide agus Oiliúna níos fearr chun tacú le Feasacht
- Forbairt stór sonraí agus uirlis tuairiscithe chun cur i bhfeidhm moltaí agus feabhsuithe maidir le rialú a rianú
- Athbhreithniú Airgeadais agus Riosca
- Cuntasacht Feabhsúcháin agus Bainistiú Feidhmíochta.

Cabhróidh na sruthanna oibre sin le FnaSS agus iad ag iarraidh díriú ar phríomhréimsí rialaithe, lena chinntiú go mbeidh dearbhú réasúnta ann i ndáil leis an gcóras rialuithe inmheánacha chun an riosca a mhaolú agus a bhainistiú.

Sonraítear thíos na laigí atá sainaitheanta.

I. Córas Comhtháite Bainistithe Airgeadais agus Soláthair (IFMS)

Níl aon chóras aonair airgeadais agus soláthair ag FnaSS. Ós rud é nach bhfuil a leithéid de chóras in FnaSS, tá dúshlán bhreise roimh oibriú éifeachtach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tá athdhearbhú déanta ag roinnt athbhreithnithe seachtracha ar an gcomhdhearcadh i measc lucht airgeadais FnaSS nach bhfuil na córais airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm.

Ós rud é nach bhfuil aon chóras náisiúnta amháin ann, is gá an-chuid oibre a dhéanamh de láimh lena chinntiú go bhfuil na córais airgeadais logánta agus an Réiteach um Thuairisciú Náisiúnta Airgeadais sioncronaithe agus go réitíonn siad lena chéile. Tá an cur chuige seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfianaise athruithe ar an struchtúr eagraíochtúil agus dul in aois na gcóras.

Is gné rithabhachtach den Chlár Athchóirithe Airgeadais é córas comhtháite náisiúnta bainistithe airgeadais agus soláthair amháin, nó IFMS, a chur i bhfeidhm, agus é bunaithe ar shraith próiseas comhaontaithe náisiúnta maidir le hairgeadas agus soláthar, Cairt Náisiúnta amháin i dtaca le Cuntais agus Struchtúr Fiontair Náisiúnta, agus Samhail Náisiúnta nua um Sheirbhísí Comhroinnte.

Rud tábhachtach a dhéanfaidh an tionscadal IFMS a chumasú ná forbairt Creata um Bainistiú Airgeadais, a shonróidh an próiseas, an rialachas agus na rialuithe a theastóidh chun cleachtas éifeachtach maidir le bainistiú airgeadais a léiriú ar fud an chórais sláinte. Is doiciméad beo é an creat, agus d'fhaomh Coiste Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais (FRP) é le déanaí i Meitheamh 2020. Leanfar den chreat agus de na straitéisí bainteacha a fhorbairt de réir mar a théann an clár chun cinn.

Tar éis próisis tairisceana poiblí chuimsitheacha arna soláthar ar an gcaoi cheart, roghnaíodh SAP mar an t-ardán bogearraí le haghaidh IFMS i Meitheamh 2017 agus roghnaíodh DXE mar an Comhtháthaire Córas i Nollaig 2019.

Céim Dhearadh Mionsonraithe IFMS

Áirítear i gCéim 1 roinnt mhaith céimeanna, mar atá, ullmhúcháin, dearadh mionsonraithe, tógáil agus tástáil. Anuas air sin, rinneadh ceithre imlonnú as a chéile a shainithint, lena áiríodh trí iar-cheantar Boird Sláinte, HBS, NDC, Tusla, dhá S38 agus S39 amháin.

Tugadh an chéim ullmhúcháin chun críche go foirmiúil ag deireadh Eanáir 2020 agus cuireadh tús le céim dearaidh mionsonraithe an tionscadail, a bhí le críochnú de réir an sceidil in Iúil 2020.

Bhí IFMS sa Chéim Dearaidh agus bhíodhas díreach ar tí na Ceardlanna Cur in Oiriúint don Chaighdeán (i gcomhar leis na foirne tionscadail IFMS) a thabhairt chun críche agus tús a chur leis na Ceardlanna Dearbhaithe agus Dearaidh (i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha) ag deireadh mhí an Mhárta nuair a tháinig na bearta éigeandála COVID-19 agus na rialacha maidir le scaradh sóisialta i bhfeidhm. Ba ghá aghaidh a thabhairt láithreach ar na dúshláin a bhí ann de bharr thionchar COVID-19 i ndáil le cur i gcrích Chéim Dearaidh IFMS agus an Phlean Tionscadail IFMS ina iomláine. Níorbh fholáir an tionscadal a athphleanáil chun na hiarmhairtí de bharr COVID-19 a chur san áireamh, agus d'fhaomh an Coiste Stiúrtha FRP an phlean bonnlíne leasaithe ar an 23 Meán Fómhair 2020. An mhoill seacht mí mheasta a bhí ann ag céim dearaidh an tionscadail i gcomparáid leis an bplean bunaidh, maolaíodh í sa chaoi go raibh moill ceithre mhí ann ar deireadh, agus tá Céim 1 le bheith tugtha chun críche i Lúnasa 2023.

Baineadh cor coise eile as an tionscadal in Eanáir 2021 nuair a tháinig borradh mór faoi na cásanna COVID-19 sa phobal, chomh maith leis na ráigeanna bainteacha, mar shampla, i ndáil le tithe altranais, sealanna san ospidéal, agus an líon daoine a cuireadh isteach san aonad dianchúraim.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

Cé go raibh i gceist sa phlean tionscadail an Chéim Dearaidh IFMS a thabhairt chun críche faoin 5 Feabhra, comhaontaíodh ag cruinniú an Choiste Stiúrtha FRP ar an 22 Eanáir 2021 nár chuí an t-ualach a dhéanamh níos measa trí iarracht a dhéanamh an aidhm sin a bhaint amach, i bhfianaise an bhrú ollmhóir atá ar na páirtithe leasmhara sa tionscadal a bhíonn ag plé le soláthar seirbhísí agus iad ag iarraidh déileáil leis an mborradh reatha cásanna COVID-19. Shocraigh FnaSS leas a bhaint as rogha atá ar fáil dóibh faoin gconradh Comhtháthaire Córas, agus mar sin, chuir siad an conradh ar fionraí ar feadh thréimhse sé seachtaine go dtí Aibreán 2021; i ndiaidh na tréimhse sin, táthar ag súil go mbeidh maolú tagtha ar na brúnna reatha ollmhóra ar sheirbhís agus gur féidir leanúint de rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seirbhíse tábhachtacha i ndearadh an chórais.

Cé gur cúis aiféala é sin ó thaobh an tionscadail de, meastar gurb é an fhreagairt is oiriúnaí é sna cúinsí seo chun tacú lenár seirbhísí agus chun aon ualach neamh-riachtanach a bhaint, a oiread agus is féidir, dár gcomhghleacaithe agus na seirbhísí othair bunriachtanacha atá á gcur ar fáil acu.

Is léir go bhfuil neamhchinnteacht éigin ag baint le haon tuairimí atá againn i ndáil leis an gcaoi a leanfaidh an galar agus freagairt an Rialtais ina leith; ar an ábhar sin, beidh na hamlínte a bhaineann le bearta a chur ar fionraí agus a atosú á n-athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Déanfar an sceideal dréachta feidhmithe don IMFS a mhionchoigeartú de réir mar a leanann gach céim den tionscadal trí chéimeanna pleanála mionsonraithe, arna maoirsiú ag Grúpa Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais, i gcomhréir leis an bpróiseas rialachais faofa. Is é Príomhoifigeach Airgeadais FnaSS atá i gceannas ar an ngrúpa seo, agus tá páirtithe leasmhara bainteacha ina mbaill de.

II. Comhlíonadh na Rialacha Soláthair

Tabhaíonn FnaSS caiteachas tuairim is €3.8bn maidir le hearraí agus seirbhísí gach bliain, faoi réir rialacháin soláthair arna leagan amach go mionsonraithe i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS; tá Treoir AE 2014/24 agus na Treoirínte um Sholáthar Poiblí le haghaidh Earraí agus Seirbhísí ina mbonn leis na rialacháin sin freisin. De réir an chóid cleachtais leasaithe um rialachas comhlachtaí stáit agus de réir an chreata um beartas soláthair phoiblí, tá de cheanglas ar FnaSS a chinntiú go ngnóthaítear gach conradh ar bhonn iomaíoch de réir na riachtanas i dtaca le soláthar poiblí, agus tá air freisin tuairisciú a dhéanamh ar aon leibhéal neamhchomhlíonta a sainaithníodh.

Is léir ó thorthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh gur fadhb fós do FnaSS é comhlíonadh na rialachán soláthair, go háirithe maidir le comhlíonadh easnamhach i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

- Na riachtanais chun soláthar agus foinsiú a dhéanamh ó chonarthaí atá i bhfeidhm cheana
- Na riachtanais le haghaidh tástáil margaidh, tairiscintí a dhéanamh, agus próisis iomaíocha a úsáid
- Na riachtanais i dtaca le neamhchomhlíonadh a thuairisciú de réir chóid agus chiorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú.

Lena hais sin, tá sé aitheanta san athbhreithniú go bhfuil easpa feasachta faoi bhearta tacaíochta éagsúla i dtaca le soláthar, mar shampla, HBSPASS, láithreán faisnéise FnaSS maidir le conarthaí soláthair. Is gá go mbeadh na sealbhóirí buiséid uile ar an eolas faoin láithreán sin agus go n-úsáidfí é nuair atá earraí agus seirbhísí á bhfáil acu thar ceann FnaSS.

Tá FnaSS tar éis athbhreithniú féin-mheasúnaithe a dhéanamh ar a chaiteachas neamh-iomaíoch >€25k le haghaidh 2020. Ba é luach an chaiteachais iomláin ar shonraisc os cionn €25k ná €2.2 bhilliún, arbh ionann é agus 58% de chaitheamh insoláthartha FnaSS in 2020. Ba ghá leis na sealbhóirí buiséid uile tuairisceán féinmheasúnaithe a chur i gcrích chun an leibhéal soláthair neamhchomhlíontaigh a dheimhniú.

Chlúdaigh na tuairisceáin féin-mheasúnaithe €2 bhilliún (90% den chaiteachas a bhí á athbhreithniú). Tugann na tuairisceáin le fios gurbh ionann an soláthar neamh-iomaíoch agus tuairim is 63% (circa €1.25 bhilliún).

Ba cheart cuimhneamh air go bhfuil cúiseanna bailí ann le soláthar neamh-iomaíoch, de réir airteagail 12, 32 agus 72, go háirithe i ndáil le tionchar phaindéim COVID-19.

Cheap FnaSS gnóthas próbháideach cuntasóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar shampla tuairisceán arbh ionann go hiomlán é agus circa €120 milliún, ionas go bhféadfaí cruinneas na dtuairisceán a rinne siad a dhearbhu. Is é atá sa sampla sin ná circa 18% den chaiteachas nach mbaineann le COVID-19 (€635m). Bhí an t-athbhreithniú ag teacht le 95% de na tuairisceáin.

Bunaithe ar na tuairisceáin féin-mheasúnaithe agus ar thoradh an athbhreithnithe, tá FnaSS tar éis a dheimhniú go bhfuil leibhéal soláthar neamhchomhlíontaigh de thart ar 10% (€200 million) ann, nuair a chuirtear maolúcháin san áireamh.

Nuair a fhágtar caiteachas i dtaca le COVID-19 as an áireamh, is ionann agus thart ar 18% an ráta neamhchomhlíontach.

Admhaíonn FnaSS gur dóchúil go raibh tionchar ag an bpaindéim COVID-19 agus ag an gcaiteachas suntasach a d'eascair aisti (€1.3 bhillion) ar thoradh an fhéin-mheasúnaithe.

Is eol go maith do FnaSS go bhfuil tréanobair le déanamh chun an leibhéal soláthair neamh-iomaíoch a fheabhsú agus tá siad tiomanta d'athruithe a bhaint amach ar bhonn leantach.

Tá HBS Procurement tiomanta fós clár athruithe ó bhonn maidir le hathchóiriú a chur i bhfeidhm in HBS Procurement chun tacú leis na seirbhísí i gcomhréir leis na rialacháin soláthair phoiblí, agus chun úsáid na gconarthaí a bhronnann FnaSS agus an Oifig um Sholáthar Rialtais a mhéadú. I gcomhthéacs chóras soláthair reatha FnaSS agus an leibhéal foirne a theastaíonn chun conarthaí a chur i bhfeidhm, chomh maith le tionchar leantach COVID-19 ar infhaighteacht foirne a bheidh páirteach i bhFoirne Measúnaithe Soláthair, aithnítear go dtógfaidh sé roinnt mhaith de bhlianta chun déileáil go hiomlán leis na fadhbanna maidir le comhlíonadh soláthair. Tá HBS fós ag cur tionscnamh i bhfeidhm, de réir mar atá sainaitheanta, chun aghaidh a thabhairt ar laigí.

Tá Uirlis Phleanála um Sholáthar Corparáideach á hoibriú i gcónaí ag FnaSS, a úsáidtear chun caiteachas ar na córais airgeadais a mheaitseáil le conarthaí aitheanta ar chlár conarthaí lárnach HBS Procurement.

Cuireann an uirlis sin ar chumas na seirbhísí, le cabhair ón bhFoireann um Chomhlíonadh Soláthair, an leibhéal dóchúil soláthair chomhlíontaigh agus neamhchomhlíontaigh ina réimse féin a dheimhniú, mar chuid d'iarraacht chun fáil réidh leis an neamhchomhlíonadh le himeacht ama. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, tiocfaidh feabhas suntasach ar na leibhéil chomhlíonta agus cinnteoidh sé go mbeidh faisnéis thráthúil ar fáil do bhainisteoirí chun aird a dhíriú ar neamhchomhlíonadh.

Tá an tAonad Comhlíonta tar éis príomhchustaiméirí a shainaithint, agus tá siad tar éis a bheith ag obair go gníomhach lena gceannairí soláthair chun a bpróifíl chomhlíonta a léiriú go cruinn. I rith na rannpháirtíochta, déantar na sonraí a anailísiú, a athbhreithniú agus a ghlanadh.

Táthar tar éis iarraidh ar na Gníomhaireachtaí Alt 38 agus 39 a chinntiú go gcláraítear gach ceannaitheoir ar an HBS PASS. Tá >2600 ceannaitheoir HSE & S38/S39 cláraithe faoi láthair. Táthar tar éis cur leis an bhfeidhmiúlacht laistigh de na huirilí chun freastal ar Threoracha d'Úsáideoirí, comhaontuithe seirbhíse agus faisnéis a bhaineann le conarthaí ón mbonn custaiméirí éagsúla.

Táthar tar éis tionscadal tábhachtach a thionscnamh chun Córas Bainistíocht Airgeadais Comhtháite (IFMS) a sholáthar, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Áireofar sa chóras IFMS nua (SAP S4Hans c/w SAP Ariba) feidhmiúlacht soláthair fheabhsaithe/úrscothach. C. Tá 60 gnóthas soláthair mapáilte, agus úsáidfear iad sin chun cabhrú maidir le próisis bharrainneacha nua a dhearadh, ina gcuimseofar sreabhadh oibre digiteach agus ina bhfaighfear réidh le ceannachán neamhúdaraithne/neamhchomhlíontach. Go dtí go gcuirfear an córas IFMS i bhfeidhm in FnaSS, beidh dúshlán fós ag baint le feiceálacht na gníomhaíochta soláthair agus comhlíonadh ina leith. Tá plean ag FnaSS go mbeidh luach thart ar 80% de chaiteachas na seirbhíse sláinte FnaSS clúdaithe ag an gcóras IFMS (córas náisiúnta aonair airgeadais agus soláthair) faoi Ráithe 1, 2024.

Tá leas á bhaint as feidhmiúlacht dhigiteach fheabhsaithe i ndáil leis na hoibleagáidí SIC agus C 40-02 i dtaca le soláthar neamh-iomaíoch >€25K a chomhlíonadh go hiomlán. Áirítear leis sin athbhreithnithe ráithiúla le hAonaid Ghnó chun imscrúdú a dhéanamh ar a gcaiteachas >€25K.

Tá seoladh Sheirbhís Dáileacháin Náisiúnta HBS Logistics faoi réir leithdháileadh buiséid in 2021. Tá an tseirbhís fardail bhainistithe seo ag an bpointe úsáide (POU) faoi réir leithdháileadh buiséid in 2021 chun leanúint den seoladh. Tá an clár tar éis cur i bhfeidhm 86% a bhaint amach i ndáil leis an tionscadal NDC. Faoi láthair, bainistíonn an NDC €109m de chaiteachas insoláthartha FnaSS. Oibríonn POU in 420 láthair ar fud na tíre.

Tá agus beidh gá le méideanna agus luachanna suntasacha soláthair dírbhronnta/neamh-iomaíoch chun freagairt don ghéarchéim COVID-19. Tá an caiteachas sin á athbhreithniú ag Iniúchóireacht Inmhéanach FnaSS, C&AG, agus Sainchomhairleoirí Iniúchóireachta seachtracha thar ceann an Aire Sláinte. Cuirfidh HBS Procurement torthaí agus moltaí na nIniúchtaí sin san áireamh go hiomlán, agus cuirfidh siad aon bhearta ceartaitheacha i bhfeidhm a shainaithneofar.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

III. Rialachas Deontas chuig Gníomhaireachtaí Seachtracha

In 2020, bhain circa €5.4 bhilliún de chaiteachas iomlán FnaSS le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá cur síos in *Acht Sláinte 2004* ar an gcreat dlíthiúil faoina dtugann FnaSS maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí. Gach bliain, maoiníonn FnaSS breis is 2,200 gníomhaireacht, ó ospidéal mhóra dheonacha a fhaigheann níos mó ná €300m go dtí gníomhaireachtaí pobalbhunaithe a fhaigheann €500.

Tá creat rialachais FnaSS ag teacht leis na socruithe bainistíochta agus cuntasachta le haghaidh deontais ó mhaoiniú ciste, arna leagan amach sa treoir a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú i Meán Fómhair 2014, seachas eisceacht údaráithe amháin i ndáil le socruithe réamh-mhaoinithe.

Mar thoradh ar chineál ar leith na socruithe maoinithe le gníomhaireachtaí S38 agus S39, is gá do FnaSS a chinntiú fós go mbeidh maoiniú tráthúil ann, go háirithe i ndáil le costais maidir le pá conarthach agus foirne, atá ina gcúis le suas le 80% den chaiteachas.

Sula ndéanann sé aon socrú maoinithe, cinneann FnaSS an t-uasmhéid maoinithe a bhfuil sé beartaithe aige cur ar fáil, chomh maith leis an leibhéal seirbhíse atá le soláthar mar chúiteamh ar an maoiniú sin. I gcás gníomhaireachtaí móra, tugann aonad cistíochta FnaSS airgead tirim amach bunaithe ar phróifíil airgid thirim chomhaontaithe.

Maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm i ngníomhaireachtaí maoinithe aonair, tá an córas sin le hathbhreithniú ag Iniúchóireacht Inmheánach ar bhonn sampla.

An riachtanas i dtaca le tuarascálacha airgeadais agus tuairisceáin foirne a chur isteach, agus an riachtanas i dtaca le cruinnithe monatóireachta a eagrú, braitheann sin ar mhéid na gníomhaireachta.

I rith 2020, aithníodh laigí in athbhreithniú bliantúil FnaSS ar an rialú inmheánach, tríd an bpróiseas Athbhreithnithe ar Dhearbhu Rialuithe, agus i dtuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm próiseas i dtaca le monatóireacht agus maoirseacht gníomhaireachtaí áirithe. Tá dhá chineál comhaontaithe chonarthaigh ag FnaSS leis na gníomhaireachtaí sin, agus den chuid is mó, tá na comhaontuithe saincheaptha chun an leibhéal maoinithe atá i bhfeidhm a léiriú.

- Socrú Seirbhíse (SA), gníomhaireachtaí sláinte a bhfuil maoiniú €250,000 ar a laghad faighte acu
- Comhaontú Cúnaimh Deontais (GA), gníomhaireachtaí sláinte a bhfuil maoiniú níos lú ná €250,000 faighte acu.

Fuarthas an méid seo a leanas in iniúchtaí seachtracha agus inmheánacha:

- D'fhéadfadh nach mbeadh cruinnithe monatóireachta á n-eagrú ag an minicíocht cheart, de réir theoirínte FnaSS.
- Bhí easpa fianaise ann go ndearnadh athbhreithniú ar na sonraí feidhmíochta airgeadais atá riachtanach, mar shampla, cuntais bhainistíochta agus sonraí gníomhaíochta.
- San áireamh leis na comhaontuithe conarthacha a bhaineann le maoiniú a sholáthar, tá an gá go mbeadh socruithe cuí i bhfeidhm ag lucht faighte an mhaoinithe i dtaca le bainistíocht agus rialachas riosca agus go gcomhlíonfaidís na treoirínte maidir le soláthar poiblí agus an beartas maidir le pá earnála poiblí. Tugann na haighneachtaí i dtaca le hlniúchtaí agus an Ráiteas Bliantúil maidir le Comhlíonadh (ACS) le fios go bhfuil roinnt bearnaí sna socruithe rialachais; i gcásanna áirithe, is fadhb é an comhlíonadh i dtaca le fadhbanna oidhreacht a thaobh an bheartais maidir le pá earnála poiblí de.

Leagtar amach thíos na bearta atá á ndéanamh ag FnaSS chun díriú ar na laigí sainaitheanta. Tá na tionscnaimh sin tar éis FnaSS, suas go pointe réasúnta, a shásamh go bhfuil struchtúir agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm leis na gníomhaireachtaí sin.

Aonaid Tacaíochta um Bainistíocht Conartha

Tá Aonaid Tacaíochta um Bainistíocht Conarthaí (**CMSUnna**) á gcur ar bun ag FnaSS i ngach ceann de na naoi nEagraíocht Cúraim Sláinte Pobail (**CHOnna**) chun cabhrú le bainisteoirí seirbhíse maidir le gach gné den chaidreamh le Soláthraithe Seirbhíse Alt 38 agus Alt 39 (**Soláthraithe**) a bhainistiú agus a dhoiciméadú. Tá ceithre láthair phíolótacha á gcur ar bun in CHOnna 4, 6, 7 agus 9; tá trí cinn de na CMSUnna sin curtha ar bun go páirteach agus ceann amháin díobh curtha ar bun go hiomlán. Anuas air sin, tá CHOnna 3, 5 agus 8 ag luathchéim i bhforbairt a CMSUnna. Cuid lárnach de bhunú na CMSUnna is ea Bainisteoirí CMSU a cheapadh ag leibhéal Ghrád VIII, agus i dtaca leis sin, go déanach in 2020, thug an Roinn Sláinte cead do na Bainisteoirí CMSU sin a cheapadh i ngach ceann de na naoi CHOnna. Fáiltíodh leis sin go mór in 2020 ó thaobh an tionscadal seo a bhrú chun cinn de. Meastar go mbeidh an fhoireann eile le haghaidh gach ceann de na CMSUnna ceaptha roimh dheireadh Ráithe 3, 2021. Faoi láthair, tá Grúpa Cur Chun Feidhme ag obair i gcomhar le hionadaithe ó na CHOnna uile thuasluaite chun na próisis CMSU a fhorbairt. Áirítear le príomhfhreagrachtaí na CMSUnna a chinntiú:

- Go dtabharfaí na SAnna agus na GAnna chun críche i ndáil leis na Soláthraithe ar fad a bhfuil maoiniú bliantúil á fháil acu, agus go ndéanfaí an córas rialachais soláthraithe seirbhíse (SPG) a nuashonrú i ndáil leis sin
- Go mbeadh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus na Tuairisceáin Bhliantúla um Monatóireacht Airgeadais faighte agus athbhreithnithe go tráthúil ar bhonn áitiúil
- Go n-eagrófaí cruinnithe rialta um athbhreithniú feidhmíochta de réir riachtanais na *dTreoirlínte le haghaidh Bainistíocht Feidhmíochta* le haghaidh SAnna agus GAnna
- Go mbeadh príomhdhoiciméid amhail an Plean Gnó, Ráiteas an Chathaoirigh, Cuntais Bhainistíochta agus Sonraí Gníomhaíochta faighte agus athbhreithnithe mar is cuí.

Monatóireacht an Chreata Rialachais

De réir *Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta FnaSS*, is iad Príomhfheidhmeannaigh na HGanna agus Príomhoifigigh na CHOnna na hOifigigh Chuntasacha a bhfuil cúram a réimsí freagrachta ar leith orthu. Áirítear leis an bhfreagracht sin, i measc rudaí eile, a chinntiú go bhfuil SAnna agus GAnna i bhfeidhm i ndáil leis an maoiniú uile a scaoiltear le haghaidh Sholáthraithe Alt 38 agus Alt 39.

I rith 2020, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, bhí éilimh mhéadaithe ar bhainisteoirí agus foirne seirbhísí FnaSS in eagraíochtaí Soláthraí i ndáil le cúrsaí oibriúcháin. Chuaigh sin i bhfeidhm ar na hamlínte maidir le doiciméadúchán rialachais a thabhairt chun críche i Ráithí 1 agus 2 in 2020. Chun cabhrú leis an gcóras oibriúcháin maidir lena dhualgais a chur i bhfeidhm, áfach, méadaíodh minicíocht thiomsú na dtuairiscí monatóireachta agus scaipeadh na dtuairiscí sin chuig na bainisteoirí ábhartha dhá uair in aghaidh na míosa. Anuas air sin, reáchtáladh teileachomhdhálacha ar bhonn rialta agus rinneadh teagmháil dhíreach leis na CHOnna lena chinntiú go raibh dóthain airde á díriú ar an ngné seo den Chreat Rialachais i Ráithí 3 agus 4 de 2020.

Lena hais sin, i Nollaig 2020, mhol an tAonad Comhlíonta do na HGanna agus CHOnna uile, i gcás go raibh maoiniú breise (sa bhreis ar an maoiniú a leagadh amach in SAnna/GAnna in 2020) scaoilte do Sholáthraithe Alt 38 nó Alt 39 chun seirbhísí i dtaca le COVID-19 a mhaoiniú i rith 2020, go mbeadh sé riachtanach Fógra um Athrú Conartha a chomhlánú roimh dheireadh na bliana leo (is é sin, leis na Soláthraithe). An aidhm a bhí leis sin ná a chinntiú go mbeadh an maoiniú iomlán a eisíodh do Sholáthraithe in 2020 cuimsithe sna cuntais agus go mbeadh conradh ina bhonn leis tríd an bpróiseas SA/GA.

Ag deireadh 2020, i gcomhréir leis an mbliain 2019, bhí 91% den mhaoiniú clúdaithe ag SA/GA comhlánaithe, d'ainneoin na ndúshlán a d'eascair as paindéim COVID-19.

Fáil agus Athbhreithniú na Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) agus an Tuairisceáin Bhliantúil um Monatóireacht Airgeadais (AFMR)

Déanann na HGanna agus na CHOnna an córas Rialachais Soláthraí Seirbhíse (SPG) a nuashonrú i ndáil le fáil agus athbhreithniú na AFSanna agus an AFMR faoi leith a bhfuil siad freagrach as. Scaiptear tuairiscí stádaí i ndáil le fáil agus athbhreithniú na ndoiciméad sin ar Phríomhfheidhmeannaigh na HGanna agus ar Phríomhoifigigh na CHOnna ar bhonn rialta. Sa chomhthéacs sin, is é an tAonad Comhlíonta a chuireann monatóireacht agus tacaíocht leantach ar fáil. Mar atá leagtha amach thuas, beidh ról lárnach ag na CMSUnna maidir lena chinntiú go bhfaightear na doiciméid seo agus go ndéantar athbhreithniú orthu go tráthúil ar bhonn áitiúil. In 2020, scaipeadh na tuairiscí stádaí sin maidir le fáil agus athbhreithniú AFSanna agus AFMRanna níos minice.

Athbhreithnithe Rialachais ar Sholáthraithe Seirbhísí 38 agus 39

Tugadh Céim 1 den phróiseas Athbhreithnithe Sheachtraigh chun críche in 2020 seachas athbhreithniú amháin, atá á chríochnú faoi láthair. Cuireadh tuairisc maidir leis na hathbhreithnithe sin ó Chéim 1 faoi bhráid Cheannairí FnaSS, agus ina dhiaidh sin, faoi bhráid PAC, i Meitheamh 2019. Cuireadh seacht n-athbhreithniú eile i gcrích ó tiomsaíodh an tuairisc sin, ach níor ardaíodh aon cheisteanna sna seacht n-athbhreithniú sin nach raibh clúdaithe cheana sna hAthbhreithnithe roimhe sin.

Tar éis tairiscint iomaíoch a chur ar siúl in 2020, tá na céimeanna deiridh idir lámha maidir le conradh a chríochnú leis na sainchomhairleoirí ar éirigh leo, chun Céim 2 de na hAthbhreithnithe Seachtracha a chur chun feidhme. Tá sé pleanáilte go gcuirfí tús leis na hathbhreithnithe sin in 2021, ach fós féin, beidh gá le riachtanais agus tosaíochtaí oibriochtúla na Soláthraithe de bharr na paindéime reatha a chur san áireamh. Clúdódh Céim 2 na Soláthraithe Alt 38 nach ndearnadh athbhreithniú orthu i gCéim 1, mar aon le roinnt mhaith Soláthraithe Alt 39. Ba cheart a thabhairt san áireamh go mbunófar próiseas eile chun leanúint de na tuairiscí sin ó Chéim 2, agus bunaithe ar an bpróiseas sin, éileofar ar Bhoird na Soláthraithe ábhartha eolas nuashonraithe a sheoladh isteach faoi bhearta a comhaontaíodh sna tuairiscí i ndáil leis na hathbhreithnithe sin.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

Ráitis Bhliantúla maidir le Comhlíonadh (ACSanna)

Na Soláthraithe ar fad a fhaigheann maoiniú níos mó ná €3m ó FnaSS, is gá dóibh ACS a sheoladh isteach de réir na n-oibleagáidí atá leagtha amach san SA. Sa chomhthéacs sin, déanann na Soláthraithe ábhartha féindearbhu go siarghabhálach i ndáil leis na nósanna imeachta um rialachas corparáideach a gnóthaíodh ag leibhéal an Bhoird agus na Foirne Feidhmiúcháin laistigh dá n-eagraíochtaí ar leith. Deimhnítear sa phróiseas sin an leibhéal rialachais féindearthbhairthe atá i bhfeidhm, agus cinntíonn an próiseas go ndéantar na feabhsúcháin chuí áit ar gá agus ar bhonn leantach. In 2020, tá ACSanna uile 2019 seolta isteach ag na Soláthraithe bainteacha, athbhreithnithe ag FnaSS, agus bearta curtha i bhfeidhm mar gheall orthu, áit ar gá.

I gcás cuid de na Soláthraithe Alt 38 agus Alt 39, tá siad féin tar éis torthaí na bpróiseas ACS, AFMR agus Athbreithnithe Sheachtraigh a úsáid chun a dtionscnaimh féin a chur i bhfeidhm chun a rialachas corparáideach a fheabhsú ag leibhéal an Bhoird. Tá sin tar éis tionchar dearfadh a imirt, go háirithe sna príomhréimsí a leanas:

- Forbairt na Feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí
- Uainíocht chomhaltaí Boird
- Iniúchadh ar Struchtúr Choiste an Bhoird
- Forbairt Cód Iompair
- Feabhsú próiseas Rialachais agus Dearbhaithe an Bhoird
- Forbairt Beartas Boird ábhartha.

I gcás go bhfuil Soláthraithe tar éis ceistanna ar leith maidir le rialachas corparáideach a ardú i ndáil lena bpróisis, oibríonn an tAonad Comhlíonta lena leithéid de Sholáthraithe chun réitigh a mholadh agus a shainaithint.

IV. Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

Soláthraíonn agus déanann Oifig an Phríomhoifigigh Eolais (OPE) bainistíocht ar réimse iomlán seirbhísí TFC ar fud FnaSS agus i gcuid den earnáil dheonach ghéarmhíochaine. Tá bonn níos mó ná 50,000 úsáideoirí ag FnaSS a úsáideann tuairim is 1,817 iarratas agus níos mó ná 1,000 suíomh líonraithe. Anuas air sin, soláthraíonn an OPE réimse iarratas náisiúnta don earnáil dheonach ghéarmhíochaine agus tacaíonn lena mbonn úsáideora go hindíreach. Tá tuairim is 266 tionscnamh TFC ag dul chun cinn faoi láthair, agus is cláir nó tionscadail mhóra ilbhliantúla iad thart ar 50 díobh. Tá 399 baill foirne, buiséad ioncaim €83.1m agus buiséad caipitil €120m ag an OPE faoi láthair.

Aithníodh laigí in iniúchtaí inmheánacha i dtaca le srianta slándála ar fud chodanna an réimse lena n-áirítear prótacail phasfhocail an fheidhmchláir agus bainistiú na rochtana seasmhaí. Admhaíodh go raibh laigí ann i gcuid de na réimsí a ndéanadh iniúchadh orthu i bprótacail téarnaimh anachaine, go háirithe maidir le córais níos sine agus córais oidhreacht. Tá an OPE tiomanta do shrianta maidir leis an cibearshlándáil a fheabhsú.

Tá roinnt clár ar siúl ag an OPE chun na laigí ar fud ár réimse mhóir a bhainistiú. Áirítear sna cláir sin clár athnuachana Windows 7, an clár um shíniú isteach singil, uasghrádú bonneagair thábhachtaigh eile, agus uasghrádú an fheidhmchláir a thabharfaidh bealach, le himeacht ama, do na nithe seo a leanas:

- Logáil isteach shingil le réimsí agus feidhmchláir a chinntíonn go bhfuil rochtain uathúil agus shlándáil ar na réimsí agus na feidhmchláir ag gach ball foirne
- Ardán ríomhphost singil chun cumarsáid agus comhoibriú trasréigiúnach a fheabhsú
- Bonneagar uasdátaithe a bhfuil gnéithe slándála nua-aimseartha aige
- Feidhmchláir uasdátaithe agus teicneolaíocht bunachar sonraí.

Cuireadh tús leis an aistriú chuig céannacht dhigiteach shingil do bhaill foirne agus leanfar ar aghaidh é a leathadh amach ar fud CHOanna, Grúpaí Ospidéal agus HBS, chomh maith le rannáin lánacha i rith 2020/2021.

Chomh maith leis sin, tá pleananna ag an OPE feabhas a chur ar acmhainní a chur ar fáil lena chinntiú go bhfuil baill foirne a bhfuil an cumasc ceart scileanna teicneolaíochta acu lonnaithe san áit is mó a bhfuil siad ag teastáil.

Seoladh athbhreithniú foirmiúil ar pholasaithe TFC i mí Eanáir 2020 ag an CIO, a bhí le cur i gcrích roimh R3 2020. De bharr na freagartha riachtanaí do phaindéim COVID-19, áfach, bhí acmhainní OPE go hiomlán tiomanta don iarracht sin áfach. Seoladh an t-athbhreithniú arís in 2021 agus tar éis an athbhreithnithe sin, agus na huasdátaithe a d'fhéadfadh a dhéanamh ar pholasaithe, tá rún ag bainistíocht OPE beart comhlíonta a dhéanamh chun leibhéal an chomhlíonta a mheasúnú agus bonnlíne a leagan maidir leis na polasaithe seo. Déanfar eolas tríd an measúnú comhlíonta do na gníomhaíochtaí nach mór a dhéanamh ansin.

Tá Bainistiú Paiste Windows 10 d'ardphaistí/paistí tábhachtacha i lán-seirbhís ar fud ár n-eastáit deisce a bhfuil leibhéal mór comhlíonta ar fud réigiún. Tá an clár ag dul i dtreo na chéad chéim eile agus is í sin paisteáil MS Office.

Chuir bainistíocht OPE tús le “Clár Ascnaimh Bonneagair” lena n-aistrefar timpeallachtaí athshlánaithe ó thubaiste go dtí an néal. Déanfar eolas sna céimeanna tosaigh dá réir sin do sholáthar néalseirbhísí a mbeidh tús curtha leo níos déanaí i mbliana. Áireofar forálacha d'athslánú ó thubaiste do na córais go léir sa soláthar sin.

Tá tionscnamh néil an OPE d'athshlánú ó thubaiste (AT) bogtha go mór ar aghaidh agus bonn curtha faoi aidhm na heagraíochta Néil d'AT a threisiú trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Cuireadh Creatlach Néil i gcrích agus d'éirigh le ceathrar tairgeoirí
- Tá clár píolótach maidir le timpeallacht hibrídeach san fhoirgneamh/VMware Néil curtha i gcrích ag OPE a chuirfidh ar chumas aistriú na gcóras gan uaim go dtí an Néil
- Tógadh AT sa Néil do cheann dár seirbhísí tábhachtacha (Healthlink)
- Tá mol líonra Azure ar scéim píolótach do chlár thábhachtacha. Seo é an ‘príomhardán’ le haghaidh nascacht shábháilte, athléimneach Líonra Néil.

Gníomhaíocht tacaíochta eile an AT:

- Tástáil Athléimneachta Croi-líonra atá sceidealaithe le haghaidh R1, 2021
- Rinneadh comhaontú le haghaidh polasaí Cúltaca Náisiúnta agus foilsíodh é ar inlíon FnaSS
- Cuireadh Tástáil AT ar chóras CHI Evolve i gcrích go rathúil.

Chomh maith leis sin, leanfaidh feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí i gcomhar le speisialtóir seachtrach le haghaidh tacaíocht iniúchta FCT ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí spriocdhírthe ar bhonn bhainistíocht riosca.

Tacaíonn an cibirionsaí reatha níos mó leis an riachtanas atá ar FnaSS infheistíocht sa bhreis a dhéanamh ina córais FCT mar chosaint ar bhagairtí agus ionsaí sa todhchaí.

V. Bainistíocht Riosca

Faoi mar a shonraítear in alt 3, aithníonn FnaSS an tábhacht a bhaineann le Creatlach Bainistíochta Riosca atá láidir. D'ainneoin thionchar phaindéim COVID-19 tá gníomhaíocht mhór tar éis tarlú i rith 2020 mar a ndéantar cur síos go mion uirthi thíos.

Bainistíocht Rioscaí Corparáideacha (Foireann Lárnach um Bainistíocht Rioscaí Fiontair)

Tar éis na moltaí a éiríonn as an Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca FnaSS in 2019 a ghlacadh, comhaontaíodh go mbunófaí Clár um Bainistíocht Rioscaí Fiontair, agus cuireadh an chéad sciar de mhaoiniú ar fáil in PSN 2020. Ní rabhthas in ann Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (PBR) a cheapadh agus bhí drochthionchar aige sin agus ag COVID-19 ar leathadh amach an chlár in 2020.

Athbhreithniú ar Rioscaí Corparáideacha

Chuir an EMT athbhreithniú mór ar rioscaí corparáideacha FnaSS i mí Feabhra 2020. Ba thoradh tábhachtach an phróisis sin an clár rioscaí corparáideacha a raibh athbhreithniú iomlán déanta air.

I mí an Mheithimh 2020, thug an EMT faoin dara hathbhreithniú mór ar rioscaí corparáideacha FnaSS de bhrí go bhfuil athruithe móra tagtha ar phróifíl fhoriomlán riosca an chórais sláinte mar gheall ar COVID-19. Aithníodh roinnt rioscaí móra nua a bhaineann go háirithe le COVID-19 san athbhreithniú:

- An Córas um Thástáil agus Rianú
- Croígníomhaíocht na seirbhíse sláinte a chur ar siúl arís
- Seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh
- Trealamh tábhachtach, lena n-áirítear TCP
- Acmhainn sláinte poiblí
- Maoiniú na seirbhíse sláinte.

Rinneadh athmheasúnú ar na rioscaí corparáideacha go léir mar chuid den phróiseas chun tionchar na paindéime ar ár bpróifíl riosca níos leithne a oibriú amach.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach – ar lean

Próisis riosca an Bhoird/EMT

In R4 2020 fuair FnaSS tacaíocht ó shaineolaí seachtrach riosca chun cabhrú le forbairt phróiseas riosca FnaSS idir an EMT agus an Bord. Táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil ón bpróiseas seo réidh faoi dheireadh mhí Feabhra 2021.

Tá socrú déanta sa PSN 2021 na foirne riosca a neartú níos mó laistigh d'oifigí gach baill EMT.

Maoirseacht Riosa Choiste an Bhoird

In 2020 tugadh próiseas maoirseachta riosa athbhreithnithe isteach idir an EMT agus Coistí an Bhoird. Tá rioscaí corparáideacha ar leith sannta ag an CIR chuig an gCoiste Boird ábhartha chun críche maoirseachta, an coiste a dhéanann maoirseacht ar an gCreatlach Riosca fhoriomlán. Forbraíodh treoir do Choistí Boird agus freastalaíonn baill EMT ar chruinnithe coiste chun tuairisc a thabhairt ar rioscaí a bhfuil siad i gceannas orthu.

Tá na riosca nua corparáideacha COVID-19 dinimiciúil de bharr go bhfuil nádúr na paindéime ag athrú go tapa. Tá na rioscaí seo faoi réir próiseas monatóireachta gach mí dá bharr (de ghnáth déantar monatóireacht ar rioscaí corparáideacha ar bhonn ráthiúil). Chun tacaíocht a thabhairt do mhaoriseacht na rioscaí COVID-19 seo, bunaíodh comh-fhoghrúpa den CIR agus den Choiste um Shlándáil agus Ardchaighdeán chun maoirseacht a dhéanamh ar na rioscaí seo.

Córas Faisnéise Bainistíochta Riosca a fhorbairt

Ceann de na príomhmholtaí ón Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca FnaSS ar ghlac an Bord leis in 2019 ná forbairt Chóras Faisnéis Bhainistíochta Riosca chun taca le measúnú agus bainistiú an riosca agus chun monatóireacht chasta agus riachtanais tuairiscithe a chur ar fáil. Cuireadh tús le hobair thurgnamhach chun roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do chóras a oibriú amach.

VI. Calaois Phárolla

Go déanach in 2020, cuireadh bainistíocht FnaSS san airdeall faoi mhíraltacháí párolla laistigh de cheann dá hOspidéal Reachtúla. Rinne an Grúpa Ospidéil ábhartha imscrúdú ar dtús lenar socraíodh gur rinneadh íocaíochtaí párolla a bhí calaoiseach. Dá bhrí sin, cuireadh oifigeach párolla an Ospidéil ar fionraí agus cuireadh tús le próiseas smachtaithe AD. I gcomhréir le polasaí FnaSS, cuireadh an t-ábhar ar aghaidh go dtí An Garda Síochana i mí na Samhna 2020.

Rinne rannán iniúchóireachta inmheánaí FnaSS iniúchadh neamhspleách san ospidéal seo lenar tugadh le fios go bhfuil laigí agus easnamh mhóra laistigh de bhainistíocht dhíreach an ospidéil a chuir le calaois an phárolla. Áirítear leis seo:

- Easpa scartha dualgas
- Easpa maoirseachta bainistíochta nó rialaithe ordlathaigh
- Easnamh i bpróisis láimhseála seiceanna párolla
- Athbhreithniú easnamhach ar thuairisciú pearsanra roinne
- Easpa fianaise maidir le rialuithe tábhachtacha párolla agus AC

Tá Clár Náisiúnta Comhtháite um Thaifid agus Íocaíocht Foirne (NCTIF) á rolladh amach ag FnaSS agus bhí an clár sin an-tábhachtach in aimsiú na calaoise párolla sin. Is í cuspóir an NCTIF ná creatlach theicniúil amháin do Thaifid Foirne/AD a chur i bhfeidhm do chumhdach náisiúnta gach sonra a bhaineann le daoine ar son FnaSS le húsáid a bhaint as SAP HR. Clúdaíonn sé freisin ardán teicniúil párolla amháin a fheidhmiú le haghaidh na mball foirne ar fad in FnaSS trí úsáid a bhaint as SAP Payroll. Leis sin, beifear in ann próisis chuí foirne a uathoibriú trí fhéinfhreastal ag fostaithe agus bainisteoirí a thabhairt isteach.

Amhail deireadh 2020, rolladh an clár amach san Oirthear agus san Oirdheisceart agus tá an tríú rolladh amach ar siúl anois.

Le rolladh amach iomlán an chlár, maolófar an riosca calaoise agus míraltachta párolla trí shreabhadh oibre, rialaithe córais ionsuite agus caighdeánú próisis.

Tá Rannán Náisiúnta Airgeadais FnaSS ag comhordú clár feabhsúcháin rialaithe trí bliana mar a sonraíodh thuas. Mar chuid de sin, eiseofar feasachán chuig gach rannán FnaSS chun tacaíocht, soiléiriú agus comhairle a chur ar fáil maidir le cad is timpeallacht mhaith rialaithe párolla ann.

10. Conclúid

Rinne Coiste Iniúchta agus Riosca FnaSS athbhreithniú ar an tuarascáil ar Éifeachtúlacht Chórais Rialaithe Inmheánaigh in FnaSS agus chuir an Coiste sin comhairle ar fáil maidir leis sin thar ceann an Bhoird.

Is eagraíocht í FnaSS a bhfuil athruithe móra ag tarlú inti. Chomh maith leis sin, tá dúshlán mór roimpi ó thaobh a freagairt ar éigeandáil phaindéim COVID-19 atá roimh an tír faoi láthair. Anois beidh uirthi tionchar an chibirionsaithe reatha ar FnaSS agus an Córas Sláinte i gcoitinne a bhainistiú freisin. Tá córais rialaithe FnaSS fós ag brath ar na córais airgeadais oidhreacht de na hiarchomhlachtaí sláinte a cuireadh ina n-ionad. Faoi mar a shonraítear thuas i Mír 9, cuirfear córas náisiúnta comhtháite airgeadais agus soláthair amháin in ionad na gcóras oidhreacht seo.

Tugtar le fios in athbhreithniú an chórais um rialú inmheánach go bhfuil sriantaí agus laigí i gcóras rialaithe inmheánaigh FnaSS. San áit ina bhfuil na laigí seo áfach, tá fianaise ann maidir le hascnamh agus/nó pleananna gníomhaíochta bainistíochta atá déanta chun an nochtadh do rioscaí a laghdú, ar leor é chun tacú le glacadh leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúil. Ciallaíonn na laigí seo ar tógadh iad i gcomhar leis an tuairim iniúchta teoranta 2020 ina fóiríomlán arna eisiúint ag an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach nach féidir leis an athbhreithniú ach dearbhú teoranta a chur ar fáil maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Admhaíonn FnaSS go bhfuil sé riachtanach leibhéil fhoriomlána chomhlíontachta leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a fheabhsú, agus tá aird na bainistíochta sinsearaí tugtha air seo, is mór an spreagadh é a thabhairt faoi deara áfach go dtugtar le fios in athbhreithniú 2020 feasacht leanúnach atá ag dul i méid ar an tábhacht a bhaineann le freagracht agus cuntasacht fheabhsaithe ag gach leibhéal d'fhoireann FnaSS, agus rannpháirtíocht níos leithne leis an bpróiseas dearbhaithe rialuithe don bhliain 2020.

Admhaíonn an Bord go bhfuil freagracht fhoriomlán aige as córas an rialaithe inmheánaigh laistigh de FnaSS agus leanfaidh sé chun monatóireacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt níos mó ar rialuithe. Déanfar dul chun cinn a athmheas in Athbhreithniú 2021 ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh.



Ciarán Devane

Cathaoirleach ar Bhord FnaSS

26 Bealtaine 2021

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 mar a cheanglaítear faoi Mhír 36 an Achta Sláinte 2004. Ar na ráitis airgeadais, tá

- An ráiteas ar ioncam reatha agus caiteachas
- An ráiteas ar ioncam caipitiúil agus caiteachas
- An ráiteas ar staid an airgeadais
- An ráiteas ar athruithe i gcúlchistí
- An ráiteas ar shreabhaidh airgid agus
- Na nótaí a bhaineann leis seo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, maidir leis na ráitis airgeadais

- Cuireann siad cúraimí FnaSS ag 31 Nollaig 2020 agus a hioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i láthair mar is ceart
- Ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir leis an gcaighdeán cuntasaíochta arna shonrú ag an Aire Sláinte mar a leagtar amach sa chuid ar an mbonn ullmhúcháin de na beartais chuntasaíochta.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CII) mar a chuir an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta chun cinn. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách den Fheidhmeannacht agus chomhlíon mé gach ceann de mo fhreagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis an gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

Tuairiscí ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir an Fheidhmeannacht eolas ar leith eile ar fáil leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear ráiteas an rialtais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird, ráiteas ar rialú inmheánach, agus dhá fhoscibhinn. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí i ndáil le tuairisciú ar a leithéid sin d'eolas, agus ar chúrsaí eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta.

1. Caillteanais as soláthar trealaimh chosanta phearsanta

Áirítear sna ráitis airgeadais leibhéal eisceachtúil caiteachais ar earraí trealaimh chosanta phearsanta (TCP) a ceannaíodh mar fhreagairt ar na bagairtí a eascraíonn as paindéim COVID-19. Fuarthas na hearraí TCP lena n-úsáid chun foireann na Feidhmeannachta, othair agus úsáideoirí na seirbhíse a chosaint, chun na seirbhísí a choimeád ar siúl agus scaipeadh an víris a shrianadh.

Cé go raibh tomhailt earraí TCP in 2020 i bhfad níos mó ná na blianta roimhe sin de bharr na paindéime, bhí méid mór fágtha in áiseanna stórála na Feidhmeannachta ag deireadh na bliana. Fuarthas an stoc sin TCP i rith na bliana ag costas measta €556 million.

Foráil le haghaidh dífheidhmeacht réamh-mheasta cultacha cosanta

Ceann de na cineálacha earra TCP a fuarthas ná cultacha cosanta lánchoirp indiúscartha, a bhí beartaithe le haghaidh úsáid amháin. Dúirt an Fheidhmeannacht gur ceannaíodh na cultacha ag am ina raibh ganntanas gúnaí a bhí níos oiriúnaí go clínicíúil.

Cheannaigh an Fheidhmeannacht 4.4 milliún culaith, ar chostas €112 million, nó €25.50 ar an meán an t-aonad. D'úsáid foireann cúraim sláinte 1.4 milliún aonad measta i rith na bliana, ach tháinig laghdú ar rátaí úsáide na gcultacha nuair a cuireadh gúnaí ar fáil. Is ionann saolré measta na gcultacha atá réamh-mheasta ag na déantóirí agus trí bliana. Tá meastachán déanta ag an bhFeidhmeannacht nach mbeidh ach 480,000 (16%) de na cultacha ar a mhéad in úsáid ag deireadh 2020 laistigh den tréimhse saolré. Dá réir sin, gearradh foráil le haghaidh dífheidhmeacht réamh-mheasta a bhfuiltear ag súil leis den 2.5 milliún culaith ar chuntas ioncaim agus caiteachais 2020. Is ionann suim na forála agus €64 milliún.

Meastar, ag rátaí úsáide réamh-mheasta, go bhfuil cainníochtaí earraí eile TCP atá i seilbh na Feidhmeannachta mar stoc ag deireadh na bliana inúsáidte laistigh de shaolré réamh-mheasta faoi seach.

Lagú stoclúacha

Tharla an chuid is mó de cheannacháin na n-earraí TCP ag an bhFeidhmeannacht sa chéad leath den bhliain 2020, nuair a tuairiscíodh go raibh an chuid is mó de na táirgí sin i ngannchúis agus/nó nach raibh siad ar fáil ach amháin ar phraghsanna margaidh thar a bheith ard. Sa chuid dheireanach den bhliain, tuairiscíodh gur tháinig méadú suntasach ar sholáthar margaidh earraí TCP agus gur thit praghsanna aonaid.

Éilíonn rialacha cuntasáiochta go ndéanfar earraí stoic atá ann ag an dáta tuairiscithe a luacháil ag an gcostas éadála is ísle nó ag an margadhluach reatha. Dá réir sin, chuir an Fheidhmeannacht luach le stoc na n-earraí TCP ar bhonn na luachanna ceannaigh a bhí i réim ag deireadh na bliana. Is é an toradh atá air sin ná go bhfuil táille laige €310 milliún á aithint ag an bhFeidhmeannacht sa chuntas ioncaim reatha agus caiteachais, chun an cailliúint luacha de bharr athruithe praghsais a léiriú.

Déantar an stoc TCP a bhí ann le húsáid amach anseo ag deireadh 2020 a luacháil ar €182 milliún sna ráitis airgeadais.

Tá an laige comhcheangailte €374 million mínithe ag an bhFeidhmeannacht i mír 7 den ráiteas ar rialú inmheánach, agus i Nóta 1(b).

Iniúchadh ar phróiseas soláthair trealaimh cosanta pearsanta

Nochtar i ráiteas ar rialú inmheánach go raibh an Fheidhmeannacht i dteagmháil le gnólacht sainchomhairleoireachta chun iniúchadh a dhéanamh ar na córais agus an rialúchán atá in úsáid ag an bhFeidhmeannacht maidir leis an bhfoinsiú, bainistíocht agus úsáid earraí TCP in 2020. D'iarr an tAire Sláinte go ndéanfaí an t-iniúchadh. Nochtar sa ráiteas go bhfuil críoch á chur leis an tuarascáil chomhairleora faoi láthair, agus dúradh go bhfuil feabhsuithe córais agus rialaithe á cur ag an bhFeidhmeannacht ina thaobh seo.

2. Caiteachas neamh-infheidhme – aerálaithe

Sa chéad leath den 2020, d'iarr an Fheidhmeannacht aerálaithe breise a cheannach chun cur lena cumas cóireáil a chur ar othair atá ag fulaingt le siomptóim riospráide. Ní raibh soláthróirí de threalamh den sórt sin a bhí ar conradh leis an bhFeidhmeannacht roimhe seo in ann ach líon teoranta de na haerálaithe riachtanacha a sholáthar.

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach go ndearna an Fheidhmeannacht réamhíocaíochtaí €81 million le deich gcomhlacht a raibh orduithe ar aerálaithe breise curtha leo. Níor phléigh an Fheidhmeannacht leis na comhlachtaí seo roimhe sin.

Chomhlíon dhá chomhlacht na horduithe a chuir an Fheidhmeannacht leo, agus sheachaid comhlacht amháin eile cuid bheag den ordú a fuair sí. I ndiaidh na n-earraí isteach sin, bheartaigh an Fheidhmeannacht nach mbeadh sé oiriúnach na meaisíní a fuarthas a úsáid. Cuireadh na horduithe a bhí le seachadadh ar ceal, agus lorgadh aisíocaíochtaí.

Ar an dáta tuairiscithe, ní bhfuair an Fheidhmeannacht luach ná aisíocaíochtaí i leith méid iomlán a réamhíocadh le haerálaithe in 2020. Tá soláthar de €42.5 milliún déanta ina leith seo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Tá iniúchadh á dhéanamh ag foireann m'Oifige ar na réamhíocaíochtaí agus ar na hiarrachtaí gaolmhara ar sholáthar aerálaithe, agus féadfaidh mé tuairisc níos mó a thabhairt ina leith sin in am agus i dtráth.

3. Soláthar neamhchomhlíontach

Nochtar in Alt 9 (II) den ráiteas ar rialú inmheánach go bhfuil neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair fós ina shaincheist don Fheidhmeannacht. Tharraing mé aird arís agus arís eile ar an gceist seo i mo thuarascálacha bliantúla ar iniúchtaí ráitis airgeadais na Feidhmeannachta.

Rinne an Fheidhmeannacht cleachtadh féinmheasúnaithe chun leibhéal an tsoláthair neamhchomhlíontaigh a chinntiú maidir le ceannacháin áirithe in 2020 d'earraí agus seirbhísí ar luach os cionn €25,000. Rinne comhairligh neamhspleácha ar cheap an Fheidhmeannacht iad athbhreithniú ar shampla de na fáilais féinmheasúnaithe. Bunaithe ar an gcleachtadh seo, tá meastachán déanta ag an bhFeidhmeannacht go raibh ráta soláthair neamhchomhlíontaigh ag 10% in 2020.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste – ar lean

I mo thuairim, tá seans ann nach léiríonn an ráta measta ar sholáthar neamhchomhlíontach cé chomh holc is atá bunfhadhb sholáthar neamhchomhlíonta na Feidhmeannachta, ar chúiseanna éagsúla.

- Féadfaidh tionchar a bheith ag soláthar earraí agus seirbhísí i gcás éigeandála ar leibhéal eisceachtúil in 2020 ar thoradh an chleachtaidh féinmheasúnaithe.
- Ní raibh cuid shuntasach de sholáthar na Feidhmeannacha (i.e. soláthairtí ar luach €25,000 nó níos lú) laistigh de scóip an chleachtaidh féinmheasúnaithe.
- Ní cuireadh críoch le measúnuithe comhlíontachta maidir le 10% den chaitechas soláthair laistigh de scóip an chleachtaidh.

Sa ráiteas ar rialú inmheánach leagadh amach na céimeanna á nglacadh ag an bhFeidhmeannacht chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh lena rialacha soláthair, ach athdhearbhaítear sa ráiteas go dtógfaidh sé cúpla bliain chun dul i ngleic go hiomlán leis na fadhbanna neamhchomhlíonadh soláthair.


4. Sárú slándála TFC

Ar 14 Bealtaine 2021, d'fhulaing an Fheidhmeannacht cibearionsaí bogearraí éirice ar a córais TFC agus mar thoradh air sin cuireadh isteach go mór ar sheachadadh a seirbhísí, agus rochtain neamhúdaráithe ar shonraí pearsanta othar agus foirne, agus ar shonraí tráchtála a bhaineann le soláthróirí. Tá an Fheidhmeannacht, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí Stáit eile, ag obair chun tionchar an ionsaithe a réiteach. Nochtar in Alt 9 (IV) den ráiteas ar rialú inmheánach go raibh laigí i réimse na rialuithe slándála aithnithe sna iniúchtaí inmheánacha, agus leagtar amach ann na céimeanna a bhí á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a aithníodh.

Tharla an sárú slándála tar éis thréimhse an chuntais agus níl tionchar aige ar na ráitis airgeadais do 2020.

5. Calaois Phárolla

Nochtann Alt 9 (VI) den ráiteas ar rialú inmheánach go raibh calaois phárolla líomhnaithe ag ball foirne amháin mar thoradh ar laigí suntasacha sna rialuithe inmheánacha ag ceann d'ospidéal na Feidhmeannachta. Léiríonn imscrúdú déanta ag an bhFeidhmeannacht gur leanadh den chalaois líomhnaithe thar thréimhse fhada. Cuireadh an t-ábhar ar aghaidh go dtí An Garda Síochána.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Bealtaine 2021

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Comhaltaí Boird

Tá na comhaltaí freagrach as

- Na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm fhorordaithe faoi alt 36 den Acht Sláinte 2004 agus caighdeán cuntasáochta arna shonrú ag an Aire Sláinte
- Rialtacht na mbeart a chinntiú
- Measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáochta oiriúnach nó nach bhfuil, agus
- Rialú inmheánach den chineál sin a mheastar a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú nach bhfuil míshonrú ábhair iontu ar chúiseanna calaoise ná earráide.

Freagrachtaí an Ard-reachtair agus an Ard-Iniúcháir

Tá de cheanglas ormsa faoi Alt 36 d'Acht Sláinte 2004 ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i bhfeidhm agam ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil ná nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos ná earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfear míráiteas ábhartha i gcás gurb ann dó, le linn iniúchta arna chur bhfeidhm de réir na ISAnna. Is féidir le míthuairiscí teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach más féidir leo, ina n-aonar nó trí chéile, tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bím proifisiúnta i mo chuid breithiúnais agus cloím le hamhras proifisiúnta le linn an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Aimsim agus déanaim measúnú ar riosca míshonraithe ábhair na ráiteas airgeadais bíodh sin i ngeall ar chalaos nó earráid; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, atá in ann déileáil leis na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil, ar leor agus ar cuí í le bheith mar bhonn agus taca ag mo chuid tuairimí. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábharach a thagann ó chalaos agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, ionas gur féidir liom nósanna imeachta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáochta agus aon nochtadh bainteach.
- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáochta, agus ar bhunús na fianaise iniúchta atá faighte, ar cibé an bhfuil ná nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais ná coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim as an scéal ná go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, tá de cheanglas orm aird a dhíriú i mo thuairisc ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais, é sin nó mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh go stopfadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag feidhmiú mar ghnóthas leantach, áfach, mar thoradh ar theagmhais ná coinníollacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

Bím i mbun plé leo siúd atá freagrach, i measc rudaí eile, as rialachas maidir le scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta, chomh maith le haon easnaimh shuntasacha i dtaca le rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Eolas eile laistigh de na ráitis airgeadais

Ní chuirsiúinn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair i dteannta na ráiteas sin, agus ní chuirim aon chineál tátail dearbhaithe in iúl maidir leis an eolas sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá de cheanglas orm faoi na ISAnna, aon eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin déanta, machnamh a dhéanamh ar aon mhiréir ábhartha a d'fhéadfadh a bheith san eolas eile le hais na ráiteas airgeadais ná le hais an eolais a fuarthas le linn an iniúchta, nó ar aon mhiráiteas ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ar bhunús na hoibre atá déanta agam, má bhainim tátal as an scéal go bhfuil míráiteas ábhartha ann i gcás an eolais eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste – ar lean

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Tá m'iniúchaidh déanta trí thagairt do na breithniúcháin speisialta arna gceangal ag comhlachtaí Stáit a fhaigheann maoiniú mór ón Stát maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tugaim tuairisc má aimsím ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach ar stiúradh gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchtaí. Tugaim tuairisc má aimsím aon uair ar bith nach raibh airgead an phobail úsáidte chun na gcríoch a bhí leis nó aon uair nár chloígh bearta leis na húdaráis atá á rialú.

Anuas air sin, tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an t-eolas ar fad agus gach míniú a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, ná
- Nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go mbeifí in ann iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, ná
- Níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas ar Ioncam Reatha agus Caiteachas

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Ioncam			
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	3(a)	19,451,541	16,471,023
Barrachas/Easnamh ar Ioncam Reatha agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	6,472	(85,174)
		19,458,013	16,385,849
Ioncam Othar	4	328,549	408,249
Ioncam Eile	5	478,178	504,197
		20,264,740	17,298,295
Caiteachas			
Pá agus Pinsin			
Cliniciúil	6 & 7	4,127,292	3,842,649
Neamhchliniciúil	6 & 7	1,368,286	1,268,349
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	6 & 7	950,673	895,811
		6,446,251	6,006,809
Neamhphá			
Cliniciúil	8	2,066,701	1,186,858
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	8	135,690	74,724
Scéimeanna Cúraim Phríomhúil agus Cátaí Leighis	8	3,642,405	3,285,665
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	8	8,761	6,919
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	8	5,442,823	4,699,339
Tíos	8	383,630	269,512
Costais Oifige agus Riaracháin	8	795,210	618,248
Costais Oibriúcháin Eile	8	807	12,219
Táillí Fadchónaithe Aisíochta le hOthair	9	55	1
Scéim Árachais Heipititis C	10	1,054	641
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	11	372,704	390,939
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Tithe Altranais Priobháideacha amháin	12	767,938	685,959
		13,617,778	11,231,024
Caiteachas Iomlán		20,064,029	17,237,833
Glanbharrachas/Glaneasnamh Oibriúcháin don Bhliain		200,711	60,462

Pléadh le gach brabús agus caillteanas gan dímhéas agus amúchadh a áireamh tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil.

Tá an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.

Ciarán Devane

Ciarán Devane
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2021

Paul Reid

Paul Reid
POF

26 Bealtaine 2021


An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Ioncam			
Deontas Caipitil na Roinne Sláinte	3(a)	1,023,288	678,113
Barrachas Ioncaim Chaipitiúil agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	15,182	16,356
		1,038,470	694,469
Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil		1,724	1,665
Cur i bhFeidhm Fháiltas na nDiúscairtí		9,179	2,979
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	13(c)	1,752	3,764
		1,051,125	702,877
Caiteachas			
Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FnaSS	13(b)	623,989	362,682
Deontais Chaipitiúla do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	13(b)	359,730	324,967
		983,719	687,649
Glanbharrachas Caipitil don Bhliain		67,406	15,228

Pléadh le gach brabús agus caillteanas gan dímheas agus amúchadh a áireamh tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil.

Tá an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



Ciarán Devane
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2021



Paul Reid
POF

26 Bealtaine 2021

An Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	Cúlchistí Ioncaim €'000	Cúlchistí Caipitil €'000	Cuntas Caipitlithe €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019		(1,214,804)	(122,631)	5,117,012	3,779,577
Traschur an ((Easnaimh)/Bharrachais de réir Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004, arna leasú	3(b)	85,174	(16,356)		68,818
(Glaneasnamh)/Glanbharrachas na bliana		60,462	15,228		75,690
Fáltais Cuntas Diúscartha – gluaiseacht cúlchistí	14		0		0
Breiseanna le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh sa bhliain	13(a)			333,735	333,735
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamhálas Seirbhíse PPP				5,424	5,424
Lúide: Glanluach de réir na leabhar de Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh sa bhliain				(8,268)	(8,268)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain	15			(195,572)	(195,572)
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019		(1,069,168)	(123,759)	5,252,331	4,059,404
Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2020		(1,069,168)	(123,759)	5,252,331	4,059,404
Aistriú Easnaimh/(Barrachas) i gcomhréir le hAlt 33(3) an Achte Sláinte 2004, arna leasú	3(b)	(6,472)	(15,182)		(21,654)
Glanbharrachas don bhliain		200,711	67,406		268,117
Fritháireamh féichiúna DOH ag an gCéad Bharrachas	3(b)	(53,990)	(46)		(54,036)
Fáltais Cuntas Diúscartha – gluaiseacht cúlchistí	14		(0)		(0)
Breiseanna le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh sa bhliain	13(a)			446,918	446,918
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamhálas Seirbhíse PPP				3,186	3,186
Lúide: Glanluach de réir na leabhar de Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh sa bhliain				(6,544)	(6,544)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain	15			(226,530)	(226,530)
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2020		(928,919)	(71,581)	5,469,361	4,468,861

Tá an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



Ciarán Devane
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2021



Paul Reid
POF


26 Bealtaine 2021

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Amhail ar an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	15	5,618,343	5,404,501
Sócmhainní Airgeadais		351	360
Iomlán na Sócmhainní Seasta		5,618,694	5,404,861
Sócmhainní Reatha			
Fardail	16	359,880	170,162
Trádáil agus Infháiltais eile	17	415,613	451,204
Airgead Tirim	21	812,031	353,605
Creidiúnaithe (méideanna dlite in aon bhliain amháin)	18	(2,517,147)	(2,096,590)
Glandlíteanais Reatha		(929,623)	(1,121,619)
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	19	(168,419)	(174,031)
Ioncam larchurtha	20	(51,791)	(49,807)
Glansócmhainní		4,468,861	4,059,404
Cuntas Caipitlithe		5,469,361	5,252,331
Cúlchistí Caipitil		(71,581)	(123,759)
Cúlchistí Ioncaim		(928,919)	(1,069,168)
Caipiteal agus Cúlchistí		4,468,861	4,059,404

Tá an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



Ciarán Devane
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2021



Paul Reid
POF


26 Bealtaine 2021

Ráiteas ar Shreabhaidh Airgid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	21	486,412	298,254
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Tabhartas Scaireanna		0	(358)
Íocaíochtaí Airgid chun críocha Caipitiúla		(966,883)	(670,680)
Íocaíochtaí Airgid ó Ioncam chun críocha Caipitiúla	13(a)	(84,502)	(59,404)
Fáltais ó dhíolachán réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (gan trádáil a chur san áireamh)	14	9,179	2,979
Glaneis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(1,042,206)	(727,463)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Deontas Caipitiúil faighte		1,023,288	678,113
Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile	13(c)	1,752	3,764
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP		(3,186)	(5,424)
Íocaíocht ar sciar caipitiúil den léas airgeadais		(1,724)	(1,665)
Ús íochta ar iasachtaí agus rótharraingtí		(9)	0
Ús íochta ar Shocruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse		(5,025)	(5,167)
Ús íochta ar léasanna airgeadais		(876)	(935)
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		1,014,220	668,686
Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid i rith na bliana		458,426	239,477
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		353,605	114,128
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		812,031	353,605

Athraíodh figiúirí comparáideacha shreabhadh airgid 2019 chun Aicmithe 2020 a léiriú.



Ciarán Devane
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2021



Paul Reid
POF

26 Bealtaine 2021

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nóta 1(a) Beartais Chuntasaíochta

Ráiteas um Chomhlíontacht agus Bunús an Ullmhúcháin

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe, i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoi Alt 36(3) d'*Acht Sláinte 2004*, sonraíonn an tAire na caighdeáin chuntasaíochta atá le leanúint ag FnaSS. Tá an cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (GAAP) agus FRS 102 glactha ag FnaSS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraithe ag an Aire:

1. Ní ghearrtar dímhéas ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas, is ar an gCuntas Caipitlithe (Cúlchiste) a ghearrtar é. Faoi GAAP, caithfear dímhéas a ghearradh sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachais loncaim.
2. Tá taifead déanta ar dheontais chaipitil a fuarthas ón Stáit chun íoc as ceannach na maoine, gléasra agus trealamh sa Ráiteas ar loncam Caipitiúil agus Caiteachas. Faoi GAAP, déantar deontais chaipitil a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus é amúchta thar shaolré fóna na maoine, gléasra agus trealamh lena mbaineann, chun cóireáil chuntasaíochta an deontais a mheaitseáil leis an muirear dímhéasa a bhaineann leis. Caiteachas caipitiúil i dtaca le sócmhainní seachas iad siúd a ceannaíodh trí shocrú maidir le lamháltas seirbhíse, aithnítear é sin sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas Caipitiúil mar chaiteachas a tabhaíodh. Faoi FRS 102, déantar a leithéid sin de chaiteachas a chaipitliú, agus gearrtar é a ar ioncam agus caiteachas ar feadh shaolré na sócmhainne.
3. Déantar cuntasaíocht ar phinsin de réir mar a úsáidtear iad. Ní chuirtear forálacha '*Alt 28: Sochair Fostaí*' FRS 102 i bhfeidhm agus ní aithníodh an dliteanas as sochair phinsin amach anseo atá sa bhliain sna ráitis airgeadais.
4. Déantar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla a bhíonn íoctha ag FnaSS, agus a bhíonn riartha ag an nGníomhaireacht Éilimh Stáit thar ceann FnaSS, déantar cuntas orthu ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Ní chloíonn sé seo le '*Alt 21: Forálacha agus Teagmhais*' FRS 102. I gcás sonraí an mhéid atá aitheanta sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas in 2020, in éineacht leis an dliteanas amach anseo atá measta go hachtúireach agus a bhaineann leis an scéim seo amhail ar an 31 Nollaig 2020, tá siad sin leagtha amach i Nóta 11.
5. Chomhaontaigh an Stáit agus comhairligh leighis socraíocht an Chonartha Comhairleach (2008) i mí an Mheithimh 2018 agus rinneadh foráil maidir le hÍoc as Íocaíocht aisebhreathnaitheach le comhairligh cáilithe in 2019 agus 2020 faoi réir téarmaí an chomhaontaithe dhlíthiúil a chomhlíonadh. Níor aithníodh an dliteanas measta a eascraíonn as an tsocraíocht in 2018. Ní raibh sé seo ag cloí le '*Alt 21 – Forálacha agus Teagmhais*' FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithnítear an dliteanas le hÍoc ag deireadh na bliana. Cuireadh maoiniú a leithdháileadh ar bhonn 'fáltais agus íocaíochtaí' le haitheantas na hÍocaíochta seo in 2019 agus 2020. Leagtar níos mó sonraí faoin gcás seo i Nóta 26.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro agus slánaítear iad go dtí an €'000 is gaire.

Gnóthas Leantach

Tá tromualach mór leagtha ag paidéim COVID-19 ar FnaSS agus ar an tír ina hiomláine. Dá bharr sin, bhí maoiniú mór sa bhreis ag teastáil sa bhliain reatha chomh maith leis na blianta amach anseo. Tá an maoiniú breise a bhí ag teastáil faighte ag FnaSS in 2020. Fuair FnaSS Litir Chinnidh 2021 ón Aire Sláinte a dhearbhaíonn go bhfuil an rialtas tiomanta do sholáthar maoinithe oiriúnach ar ghníomhaíochtaí tábhachtacha reatha FnaSS, lena n-áirítear chun dul i ngleic le dúshlán a bhaineann le sruthanna oibre COVID-19. Mar sin, tugann sé seo ardleibhéal cinnteachta go bhfuil sé cuí na Ráitis Airgeadais do 2020 a ullmhú ar bhonn an Ghnóthais Leantaigh.

Aitheantas loncaim

Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

Bíonn airgead chun an tseirbhís sláinte a mhaoiniú vótáilte don Roinn Sláinte (Vóta 38). Cuireann an Roinn Sláinte deontais ar fáil do FnaSS maidir le riarachán, seirbhísí caipitiúla agus seirbhísí neamhchaipitiúla.

Déantar foráil in Alt 33(1) den *Acht Sláinte 2004*, mar atá leasaithe, go n-eiseoidh an tAire Litir Chinnidh do FnaSS gach bliain ag leagadh amach as caiteachas is mó a thabhaíonn sé sa bhliain airgeadais chuí. Fuarthas an Litir Chinnidh Dheiridh maidir le 2020 ar an 7 Bealtaine 2021.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna sonrú ag an Aire, tugann FnaSS cuntas ar dheontais ar bhonn fabhrúithe. Dá réir sin, an méid a luaitear go sonrach sa Litir Chinnidh don bhliain airgeadais ábhartha, aithnítear é mar ioncam sa bhliain sin.

Tá cuntas ar ioncam deontais maidir le riarachán agus seirbhísí neamhchaipitil:

- Sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar réimsí neamhchaipitiúla caiteachais;
- Sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil faoin teideal *‘Maoiniú Ioncaim curtha i bhfeidhm ar Thionscadail Chaipitiúla’* nuair a bhaintear úsáid as airgead deontais neamh-chaipitiúil chun caiteachas caipitil a mhaoiniú.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais maidir le seirbhísí caipitiúla sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil.

Ceanglaítear in Alt 33(3) den *Acht Sláinte 2004*, arna leasú, ar FnaSS chun seirbhísí a bhainistiú agus a seachadadh ar bhealach atá i gcomhréir leis an bPlean Seirbhíse atá ceadaithe agus laistigh den socrú arna fhógairt ag an Aire. Foráiltear san Acht go ngearrfar aon easnaimh ar ioncam agus caiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile agus, faoi réir aontú an Aire agus ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go gcuirfear aon bharrachas do shochar ioncaim agus caiteachais sa chéad bhliain airgeadais eile.

Ioncam eile

- Aithnítear ioncam othar agus seirbhísí ag an am a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.
- Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann ag an am a ndéantar an asbhaint (féach beartas cuntasíochta pinsean thíos).
- Aithnítear ioncam ó gach foinse eile nuair a fhaightear é seachas réamhíocaíochtaí ar tháirgí ar leith agus seirbhísí atá le seachadadh amach anseo nuair nár tharla an caiteachas go fóill.

Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Déanann FnaSS roinnt mhaith soláthróirí seirbhísí agus comhlachtaí a mhaoiniú chun críche seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta a sholáthar thar a cheann, de réir fhorálacha Ailt 38 agus 39 den *Acht Sláinte 2004*. Sula dtéann FnaSS isteach i socrú den chineál sin, déanann sí cinneadh ar an méid is mó maoinithe a bheartaíonn sí le cur ar fáil sa bhliain airgeadais faoin socrú agus leibhéal na seirbhíse atá sí ag súil le cur ar fáil bunaithe ar an maoiniú sin. Gearrtar an maoiniú seo, sa bhliain chuntais, ar ioncam agus caiteachas ag an leibhéal is mó a bhfuil cinneadh déanta air don bhliain, ach ní fhéadfaidh sé go mbeidh méid áirithe íoctha amach go dtí an bhliain ina dhiaidh sin.

Léasanna

Léasanna Oibriúcháin – Pléitear le cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin sna Ráitis Airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlíthe. Aithnítear dreasachtaí léasa thar théarma an léasa ar bhonn líne dhíreach.

Léasanna Airgeadais – Ní cheadaítear FnaSS tús a chur le hoibleagáidí léas airgeadais faoi Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan chead ceart ná faomhadh ó FnaSS. Áit a bhfuiltear tar éis sócmhainní a fháil ó chomhlachtaí réamhtheachtaí faoi léasanna airgeadais, tá FnaSS tar éis seilbh a ghlacadh ar na léasanna seo ar a mbunú. Maidir leis na léasanna seo, áirítear sciar caipitiúil na sócmhainne i sócmhainní seasta agus déantar é a dhímheas thar a shaolré úsáideach.

Aon sócmhainní a cheannaítear trí bhíthin léas airgeadais, luaitear iad, arna n-aithint i dtús báire, ag méid arb ionann é agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa tráth a gcuirtear tús leis an léas. Nuair a aithnítear i dtús báire é, aithnítear dlíteanas léasa airgeadais ag luach arb ionann é agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

De bhreis ar an ngnáthchóireáil GAAP ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna airgeadais, gearrtar costas na sócmhainne ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil agus cuirtear suim choibhéiseach chun sochair an Chuntais Caipitlithe (Cúlchiste). Áirítear gné chaipitil gan íoc atá sna hoibleagáidí léasa i gcreidiúnaithe. Úsáidtear an modh glanráta úis chun ús a ríomh, agus gearrtar ar ioncam agus caiteachas é thar thréimhse an léasa.

Deontais Chaipitil

Déantar taifead ar mhaoiniú deontais caipitil sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil. Anuas ar mhaoiniú deontais caipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachas caipitiúil ó ioncam. Tá suim an mhaoinithe ioncaim seo a caitheadh sa bhliain i dtaca le mionchaipiteal gearrtha ina iomláine sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa bhliain. Tarlaíonn an cineál cuntasíochta seo nach gcloíonn leis an gcleachtas cuntasíochta a bhfuil glacadh leis, mar gheall ar na heisceachtaí ón gcleachtas cuntasíochta a bhfuil glacadh leis atá sonraithe ag an Aire.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 1(a) Polasaithe Cuntasaíochta – ar lean

An Cuntas Maoine, Gléasra agus Trealamh agus Caipitlithe

Luacháil – Is ionann Maoine, Gléasra, agus Trealamh agus Talamh, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealamh agus Mótarfheithiclí.

- Bhí na luachanna anonn a bhí ar shócmhainní a ghlac FnaSS ó chomhlachtaí réamhtheachtacha san áireamh sa chlár comhardaithe tosaigh ar lá a bhunaithe, 1 Eanáir 2005, ar a gcostas/luach bunaidh. Cuireadh iarmhéid chomhiomlán an chuntais dímheasa ghaolmhair san áireamh sa Ráiteas tosaigh maidir leis an Staid Airgeadais chomh maith. Nuair a bunaíodh FnaSS, áiríodh talamh na réamhtheachtaí ag luacháil bunaithe ar rátaí in aghaidh an heicteáir/mhéadair chearnaigh a sholáthair an Roinn Sláinte tar éis comhairliúchán a dhéanamh leis an Oifig Luachála. Rinneadh nuashonrú ar na luachálacha seo an uair dheireanach in 2002. Leanann FnaSS de luacháil a dhéanamh ar thalamh a tógadh ó chomhlachtaí réamhtheachtacha leis na rátaí seo. Is ceart a rá go bhfuil na tailte atá faoi úinéireacht FnaSS coinnithe chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.
- Sonraítear breiseanna maoine, gléasra agus trealamh ó 1 Eanáir 2005 i leith ag costas stairiúil lúide dímheas carntha.

Caiteachas Caipitiúil a Aithint – De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá ordaithe ag an Aire, gearrtar caiteachas ar mhaoine, ar ghléasra agus ar bhreiseanna trealamh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nó ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, ag brath ar cibé acu an bhfuil an tsócmhainn maoinithe ag caipiteal nó ioncam.

Beartas Caipitlithe – Déantar sócmhainní a maoiníodh le caipiteal agus sócmhainní a maoiníodh le hioncam a chaipitliú má théann an costas os cionn tairseacha áirithe luacha: €2,000 do threalamh ríomhaireachta agus €7,000 do gach cineál sócmhainne eile. Déantar breiseanna sócmhainne atá faoin uasteorainn sin agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mbliain a gceannaigh. Áirítear breiseanna sócmhainní faoi bhun na tairisí seo atá maoinithe ó chaipiteal i Nóta 13(b) faoi *‘Caiteachas ar thionscadail FnaSS nach bhfuil breiseanna Maoine, Gléasra agus Trealamh mar thoradh orthu’*. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réir foinse maoinithe i Nóta 13(a) leis na cuntais.

Úsáidtear an múnla dliteanais bunaithe ar léas airgeadais chun Ionaid Cúraim Phríomhúil a fuarthas mar thoradh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Priobháideacha Poiblí (PPP) a chaipitliú agus chun cuntas a thabhairt orthu.

Aithnítear luach na sócmhainne Ionad Cúram Sláinte agus an dliteanas maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa, ar cinneadh gach ceann acu nuair a cuireadh tús leis an léas. Ríomhtar íocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa chonradh, atá le déanamh ag FnaSS go díreach. Úsáidtear an chuid réadmhaoine den mhuirear aonadach, móide aon chuid caipitil d’íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaoifa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí.

Baintear leas as an gCur Chuige Infheistíochta Caipitiúla chun cuntasaíocht a dhéanamh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP i gcountais FnaSS. Soláthraíonn an cur chuige seo do chnardh luacha caipitiúil, a léiríonn cothromas an Stáit i sócmhainní réadmhaoine PPP. Nuair a úsáidtear an cur chuige seo, aithnítear an gealltanais caipitiúil PPP sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste) ag méid arb ionann é agus an dliteanas léasa airgeadais bainteach. Le linn shaolré an lamháltais, déantar an laghdú ar an dliteanas léasa airgeadais atá gan íoc a amúchadh ar bhonn bliantúil tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, agus déantar iontráil chomhfhreagrach sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste).

Dímheas – I gcomhréir leis na caighdeán chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, ní ghearrtar dímheas ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar shaolré ionchais na sócmhainne. Ina ionad sin, is é cuntas cúlchiste Ráiteas ar Staid an Airgeadais, an Cuntas Caipitlithe, an iontráil chómhálartach ar Mhaon, Gléasra agus Trealamh. Gearrtar dímheas ar na Cuntais Chaipitlithe Maoine, Gléasra agus Trealamh thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne.

Ní dhéantar sócmhainní a amúchadh i gcás go bhfuarthas iad ná go mbainistítear iad faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP, mar go gcinntíonn na socruithe seo saolré úsáideach iarmharach agus cumas oibriúcháin ag deireadh an téarma lamháltais, arbh ionann é agus saolré úsáideach iarmharach agus cumas oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnadh í don chéad uair. I gcás sócmhainní seasta eile, áit a bhfuil siad faoi réir amúchta, déantar iad a amúchadh ar feadh bliain iomlán amháin i mbliain a n-éadála.

Is éard atá sa luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairte a bhaint, dá mbeadh an aois agus an bhail ag baint leis an tsócmhainn a mbeifeá ag súil leo ag deireadh a saolré úsáideach.

Ríomhtar dímheas ar aon réadmhaoin, gléasra ná trealamh eile chun bunchostas/bunluacháil gach sócmhainne ar leith thar a saolré eacnamaíoch úsáideach a dhíscríobh ar bhonn an mhéid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas.
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain.
- Foirgnimh Mhodúlacha: (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain.
- Obair idir lámha: ní dhéantar aon dímheas.
- Trealamh – ríomhairí agus córais ICT: dímheasta ag 33.33% sa bhliain.
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% sa bhliain.
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Ar shócmhainní seasta a dhiúscairt, laghdaítear na Cuntais Ghléasra, Mhaoine agus Trealamh agus na Cuntais Chaipitlithe araon faoi ghlanluach de réir na leabhar den diúscairt sócmhainní. Tá anailís ar an ngluaiseacht ar an gCuntas Caipitlithe ar fáil sa Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí.

Fóráiltear sa Litir Phionóis do Chaipiteal do liúntas chun fáiltais ó dhíol sócmhainní seasta suas le €9.1 milliún a ath-infheistiú in 2020 (2019: €2.9 mhilliún). Tá na fáiltais ó dhíol sócmhainní i Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2020 faoi bhun na tairsí €9.1 milliún seo, agus mar sin ní mheastar gur Fáiltais Bhreise Státhchiste (EERanna) iad; in 2020 tá siad léirithe faoi Chaipiteal agus Cúlchistí.

Socrúithe maidir le Lamháltas Seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Tá FnaSS tar éis dul i mbun comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (PPP) nó socrú maidir le lamháltas seirbhíse le heintiteas earnaála príobháidí chun sócmhainní bonneagair a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil ar feadh tréimhse ama sonraithe (tréimhse lamháltais). Is conradh PPP ar leith amháin é seo le haghaidh soláthar ceithre cinn déag d'Ionaid Cúram Sláinte (PCC).

Is é FnaSS a stiúran agus a rialaíonn cén seirbhís is gá don oibritheoir a sholáthar trí na sócmhainní bonneagair PCC, chomh maith le cé dó a dtabharfar na seirbhísí agus cén costas a bheidh orthu; agus is é FnaSS a rialaíonn an leas iarmharach sna sócmhainní nuair atá deireadh le téarma na tréimhse lamháltais.

Le linn shaolré an lamháltais, déanann FnaSS íocaíochtaí as tógáil, maoiniú, oibriú, cothabháil agus athnuachan na sócmhainní bonneagair PCC, agus as soláthar na seirbhísí atá ina n-ábhair lamháltais.

Cuirtear an conradh i bhfeidhm ar bhonn inrochtaineachta, agus tá tréimhse seirbhíse 25 bliain i gceist ón dáta tosaigh le haghaidh gach PCC; tá sé le híoc trí mhuirear aonadach bliantúil. Tá an muirear aonadach faoi réir asbhaintí le haghaidh tréimhsí nach féidir na sócmhainní a úsáid lena linn.

Cláraítear na codanna táille seirbhíse de na híocaíochtaí muirir aonadaigh mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas. I Nóta 22 leis na ráitis airgeadais, pléitear na hoibleagáidí i dtaca le híocaíochtaí oibriúcháin a dhéanamh.

Pinsin

Is baill iad fostaithe incháilithe FnaSS de scéimeanna aoisliúntais sochar sainithe éagsúla. Íocann FnaSS pinsin le hiarfhostaithe. Tá FnaSS maoinithe ag an Roinn Sláinte ar bhonn íoc mar a úsáidtear chun na críche sin. Tá maoiniú ón Roinn Sláinte i dtaca le pinsin áirithe in ioncam. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a íoctar iad, mar seo a leanas:

- Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le fostaithe FnaSS atá ar scor laistigh den aicme pá (féach Nóta 6);
- Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le pinsinéirí ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí faoi dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha laistigh den aicmiú neamhphá (féach Nóta 8 agus Aguisín 1).

Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe FnaSS atá ina mbaill den scéim do shochar an Ráitis faoi ioncam agus Caiteachas loncain nuair a fhaightear iad. Coimeádtar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthróirí seirbhíse sláinte deonacha atá ina mbaill den scéim mar ioncam an tsoláthróra seirbhíse sláinte.

Níl aon fhoráil déanta i dtaca le sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe agus atá iníoctha i mblianta amach romhainn faoin scéim pinsin, comhsheasmhach leis an gcóireáil chuntasaíochta i mblianta roimhe seo. Is é seo an cur chuige ar ghlac FnaSS leis i ndiaidh shonraíochtaí cuntasaíochta an Aire.

Tugadh isteach Scéim Phinsin Aonair nua na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair") in *Acht na Seirbhíse Poiblí 2012 (Scéim Aonair agus Forálacha Eile)* a cuireadh tús léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad baill foirne nua ag FnaSS atá ina n-iontrálaí nua san Eanáir Phoiblí ar nó tar éis 1 Eanáir 2013. Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 1(a) Polasaithe Cuntasaíochta – ar lean

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB)

Tugadh RAB isteach agus oibríodh leis an RAB ón 1 Eanáir 2019 agus tá sé ag teacht in ionad Asbhaint Phinsin Ghaolmhar (APG). Cé gur bheart éigeandála an PRD, is deonachán buan é ARC maidir le pinsin. Leagtar amach sonraí faoi na suimeanna arna mbailiú maidir leis an ASC in Nóta 5(a) de na Ráitis Airgeadais.

Fardail

Tá fardail curtha in iúl le costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Is ionann glanluach inréadaithe agus fáltas mheasta díolachán lúide costais a thabhoir i ndíol fardail. Go stairiúil, bíonn socrú i gcoinne fardail vacsaíní ar leith ag FnaSS agus gearrtar aon díscríobh agus coigeartuithe eile ar dhífheidhmeacht sa bhliain reatha i gcoinne ioncain agus caiteachais.

Maoín Phearsanta na nOthar

Coimeádtar airgead a thugann FnaSS isteach chun go mbeidh sé sábháilte nó ar son othar i gcuntais speisialta ar leith agus scartha ó chuntais FnaSS féin. Tugtar cuntais Maoine Príobháidí Othar ar chuntais den sórt sin. Tá FnaSS freagrach as na cuntais seo a riar. Ach ós rud é nach bhfuil an t-airgead seo ina réadmhaoín ag FnaSS áfach, ní áirítear na cuntais seo ar Ráiteas ar Staid an Airgeadais FnaSS. Gníomhaíonn FnaSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Maoine Príobháidí Othar gach bliain.

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Ceanglaítear in ullmhú na ráitis airgeadais ar FnaSS breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus do dhliteanais mar atá ar dháta Ráitis ar Staid an Airgeadais agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncain agus ioncam agus caiteachas caipitiúil i rith na bliana. Ach sin ráite, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí fíora a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Cé go gcinntear na breithiúnais agus na meastacháin seo, tá tionchar COVID-19 curtha san áireamh ag FnaSS. Bhí an toradh is suntasaí ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais agus rinneadh cinneadh nach bhfuil mórán tionchair ag eascairt as timpeallacht reatha COVID-19, agus má rinneadh trácht cuí mar atá thíos:

Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha agus ar Fhiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach i d'aon suim a meastar a bheith amhrasach. Déantar foráil d'fhiacha othar atá gan íoc le breis is bliain.

Pá Saoire Fabhráithe

Déantar tuarastail, pá agus buntáistí a bhaineann le fostaíocht a aithint sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís ó fhostaithe. Aithnítear costas na saoire atá tuillte ag fostaíthe ach nár tógadh ag deireadh na bliana airgeadais iad sna ráitis airgeadais sa mhéid is go gceadaítear d'fhostaithe saoire bhliantúil gan phá a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. Mar gheall ar chórais phárolla éagsúla ar fud FnaSS bhí sé riachtanach toimhde a dhéanamh chun an fabhrú a ríomh. Na toimhdí a bhíonn mar bhunús leis an bhfabhrú ar phá saoire, a mbíonn suimeanna aitheanta ina leith sna ráitis airgeadais, déantar iad a chinntiú (próifíilí fostaíthe agus patrún an tsaoire atá tógtha san áireamh) bunaithe ar na coinníollacha reatha. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 tá líon na laethanta saoire bliantúla nár thóg foireann FnaSS méadaithe agus léirítear é sin i gcainníocht an fhabhráithe ar 31 Nollaig 2020.

Ionaid Cúraim Phríomhúil: Luacháil, Dímhéas, Luachanna Iarmharacha agus Íosíocaíochtaí Léasa sa Todhchaí

Úsáidtear an múnla dliteanais bunaithe ar léas airgeadais chun Ionaid Cúraim Phríomhúil (PCCanna) a ceannaíodh mar thoradh ar shocrúithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPP) a chaipitliú agus cuntas a thabhairt orthu.

Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

Aon sócmhainní arna sealbhú faoi chomhaontuithe maidir le lamháltas seirbhíse, tugtar ar ais iad do FnaSS, de réir oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, ag deireadh na tréimhse lamháltais le saolréanna úsáideacha arb ionann iad agus saolréanna na sócmhainne nuair a coimisiúnadh don chéad uair í. Déantar feidhmíocht na bhforálacha 'tabhairt ar ais'

a dheimhniú trí choinneáil agus phionóis airgeadais shuntasacha a bhfuil foráil déanta lena n-aghaidh sna comhaontuithe lamhálaí. De bharr na bhforálacha sin, ní ghearrann FnaSS dímhéas ar na sócmhainní seo.

Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa mhúnla airgeadais a bhaineann leis an gconradh tógála, agus tá na híocaíochtaí seo le déanamh ag FnaSS go díreach. Úsáidtear na codanna réadmhaoin den mhuirear aonadach, móide aon chuid caipitil d'íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí. Ar aon dul le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis le lascaine a thabhairt do na dliteanais amach anseo bainteach le tógáil as eascairt as comhaontuithe deonaithe. Roghnaigh FnaSS ráta lascaine 3.32% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDA), ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí le haghaidh sócmhainní bonneagair fadtéarmacha.

Tá athbheithniú déanta ag FnaSS ar shaolréanna sócmhainne agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na nIonad Cúraim Phríomhúil agus rinneadh amach go bhfuil saolréanna na sócmhainne agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

Nóta 1(b) COVID-19

Bhí tionchar gan fasach ag paindéim COVID-19 ar FnaSS, ar a seirbhísí ospidéal, otharchairr agus pobail, ar a foireann ar fud na ndisciplíní go léir ach go háirithe ar foireann túslíne, rud a chuir brú suntasach ar mhaoiniú agus ar chaiteachas le linn na bliana ar fad in 2020.

Fuair FnaSS maoiniú breise loncaim agus Caipitil ón Roinn Sláinte in 2020 de €3.3 billiún agus cuireadh €2.8 billiún den mhaoiniú sin ar fáil maidir le tionscnaimh chun soláthar sheirbhísí sláinte atá fós ag dul ar aghaidh a chinntiú agus chun a bheith incurtha le dúshlán atá ann de bharr thionchar phaindéim COVID-19.

Baineadh úsáid as an maoiniú breise seo ar fud na bpríomhréimsí agus na dtionscnamh seo a leanas atá bunúsach do straitéis COVID-19 FnaSS. Tá achoimre orthu seo thíos:

- Tionscnamh Tástála agus Rianaithe
- Seirbhísí dochtúirí teaghlaigh a bhaineann le COVID-19
- Scéim Shealadach Cúnaimh Íocaíochta do thithe altranais príobháideacha (SCÍS)
- Acmhainn Ospidéal Príobháideach a Choimisiúnú
- Soláthar Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) agus costais lóistíochta ghaolmhara
- Pleanáil geimhridh i gcomhthéacs na paindéime
- Caiteachas caipitiúil a bhaineann le hionaid tástála a bhunú, áiseanna íoschéimnithe ar nós Iarthar na Cathrach agus oibreacha cumasúcháin in áiteanna éagsúla chun riachtanais bhreise sábháilteachta a bhaineann le COVID-19 a léiriú.

Déantar tuairisc ar na hearraí ábhartha caiteachais níos mó atá á dtiomáint go príomha ag freagairt COVID-19 i Nóta 8, Nóta 12, agus Nóta 16 agus déantar plé níos mionsonraithe thíos.

Costas Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)

Bhí ordú agus ceannach tráthúil TCP ríthábhachtach do bhainistiú FnaSS ar an bpaindéim agus de bharr ganntanais éilimh agus soláthair ar fud an domhain, bhí ar FnaSS praghsanna níos airde ná na gnáthphraghsanna a íoc agus measadh sa deireadh go raibh costas TCP in 2020 laistigh de Cheadú an Rialtais €920m.

As an gcaiteachas foriomlán TCP, léirítear €182m i bhfardail deireadh bliana (Nóta 16) agus gearradh an t-iarmhéid ar chuntas loncaim agus Caiteachais FnaSS thar roinnt ceannnteideal (féach ar Nóta 8; Soláthar Leighis & Máinliachta, Cóir Leapa & Éadaí, Glanadh & Níochán agus Iompar).

Áirítear i gcostas TCP €32m i ndáil le haeriompar TCP agus lóistíocht eile, trádastóráil agus last-táillí a bhaineann le dáileadh agus stóráil an TCP seo ar luach €27m. Léirítear é seo i Nóta 8 ar an AFS.

Cheannaigh FnaSS cultacha cosanta go luath in 2020 a bhíodas ag súil go mbeadh siad in úsáid i suíomhanna cliniciúla chun baill foirne, othair agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint. De réir mar a lean an phaindéim ar aghaidh tugadh le fios sa treoir chliniciúil go raibh gúnaí cosanta an TCP ab fhearr agus ba oiriúnaí go cliniciúil chun úsáid a bhaint astu agus mar thoradh air sin, bhí beagnach 2.9 milliún culaith ag FnaSS ag deireadh na bliana. Rinneadh meastachán nach dócha go mbeadh 2.5 milliún in úsáid agus mar sin measadh go raibh sé stuama soláthar ar dhífheidhmeacht réamh-mheasta a chruthú ar chostas €64m.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 1(b) COVID-19 – ar lean

Ordaíodh an chuid is mó de na horduithe le haghaidh TCP ríthábhachtach sa chéad leath den bhliain 2020 tráth a raibh an t-éileamh ar fud an domhain an-ard agus ba dheacair soláthairtí a aimsiú. D'éirigh le FnaSS an TCP ríthábhachtach seo a fháil in ainneoin na ndúshlán sa mhargadh, cé go raibh costas níos airde ag baint leo ná mar is gnách. Le linn an dara leath de 2020 tháinig laghdú ar phraghsanna margaidh go gnáthrataí.

Ceanglaítear ar FnaSS faoi rialacha cuntasáiochta athluacháil a dhéanamh ar stoc atá ann ar an dáta tuairiscithe ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe is ísle. Bunchostas an stoic a bhí ann ag an dáta tuairiscithe ná €556m, ach ba é €182 glanluach inréadaithe an stoic sin agus díluacháil fhoriomlán de €374m mar thoradh air.

Mar a thuairiscítear thuas, baineann €64m den díluacháil sin leis an soláthar a bhfuil taifead déanta air i gcoinne cultacha cosanta agus léirítear an díluacháil atá inchurtha i leith costais san iarmhéid €310m.

Aerálaithe agus Soláthar Drochfhéich 2020

Is píosa lárnach fearais leighis iad aerálaithe atá ríthábhachtach do chóreáil a dhéanamh inár n-ospidéal ar othair atá an-tinn de bharr COVID-19. Bhí an phaindéim dhomhanda ina cúis le ganntanas TCP chomh maith le haerálaithe ar fud an domhain agus ní raibh FnaSS in ann orduithe aerálaithe a fháil ach amháin ar an mbonn i roinnt mhaith cásanna go raibh réamhiocaíochtaí déanta aici.

Ag deireadh na bliana, d'aithin FnaSS soláthar drochfhiachais thart ar €42.5m a léirítear i Nóta 8 leis na Ráitis Bhliantúla Airgeadais.

Réimsí ríthábhachtacha eile de chaiteachas a bhaineann le COVID-19 in 2020

- Tháinig méadú €157m ar chostais saotharlainne agus tástála mar gheall ar riachtanais tástála COVID-19
- Tá Táillí agus Liúntais Dochtúra méadaithe de €192m mar aitheantas ar an mbrú breise ar chleachtais dochtúirí teaghlaigh agus ar sheirbhísí gaolmhara ar nós moil mheasúnaithe agus atreorú COVID-19
- Chuir scéim TAPS €77m sa bhreis ar fáil maidir le seirbhísí tithe altranais príobháideacha
- Tá costais Réadmhaoine agus Eastáit agus costais den chineál riaracháin oifige méadaithe de €117m toisc go raibh gá le hionaid réadmhaoine bhreise chun tacú le foireann túslíne, áiseanna íoschéimnithe agus bearta sábháilteachta um scaradh sóisialta
- Tá méadú níos mó ná €743m tagtha ar dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha mar aitheantas ar na dúshlán bhreise COVID-19 sna hospidéal agus sna gníomhaireachtaí deonacha arna maoiniú ag FnaSS. Chomh maith leis sin, áirítear an costas thart ar €289m a bhaineann le hacmhainn ospidéal phríobháidigh a fháil chun tacú leis an gcóras sláinte sa mhéadú seo
- Tá méadú thart ar €107m tagtha ar fhearas leighis eile lena léirítear ceannach fearas leighis ríthábhachtach atá ag teastáil i gcomhthéacs fhreagairt COVID-19.

Chuir FnaSS tionchar COVID-19 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aici an bhfuil sé cuí na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Mar gheall ar an infheistíocht shuntasach atá déanta ag an Stáit in FnaSS agus a seirbhísí le linn 2020 mar a shonraítear thuas chomh maith leis an bhfíric go bhfuil maoiniú dearbhaithe don bhliain 2021 chomh maith leis an bplean níos fadtéarmaí *Sláintecare* do sholáthar seirbhísí sláinte amach anseo, tá cinneadh déanta ag FnaSS go n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Cuirtear an t-athbhreithniú agus tionchar ar rialú agus timpeallacht rialaithe FnaSS san áireamh i Ráiteas Rialaithe Inmheánach.

Nóta 2 Barrachas Oibriúcháin

	2020 €'000	2019 €'000
Faightear glanbarrachas oibriúcháin don bhliain tar éis na nithe seo a leanas a ghearradh:		
Táillí iniúcháireachta	653	594
Íocaíocht POF*	426	337

* Fuair an POF íocaíocht iomlán €426,208, lena n-áirítear bunphá €358,651, liúntais €48,416 agus sochar comhchineáil (carr cuideachta) €19,141. Ní ball den scéim phinsin FnaSS é an POF agus ní dhéanann FnaSS ranniocaíocht phinsin ón bhFostóir ar bith ar son an POF. Dá bhrí sin faigheann an POF liúntas pinsin comhionann.

	2020 €	2019 €
Costais comhaltaí stiúrthóireachta*		
Dean Sullivan	0	11,041
Rosarii Mannion	0	4,555
Anne O'Connor (ceaptha 11 Meitheamh 2018)	0	526
Liam Woods (ceaptha 01 Eanáir 2019, éirthe as 13 Bealtaine 2019)	0	3,903
An Dr Colm Henry (ceaptha 16 Deireadh Fómhair 2018)	0	5,101
	0	25,126

* In 2019 chlúdaigh costais chomhaltaí stiúrthóireachta an tréimhse ama idir 1 Eanáir agus 27 Meitheamh 2019.

Ba é €3,579 costais iomlána an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin in 2020 (2019: €3,411).

	2020 €	2019 €
Costais comhaltaí boird*		
Ciarán Devane	2,162	3,090
An tOllamh Deirdre Madden	1,831	2,570
Fergus Finlay	0	0
Fiona Ross	0	0
Mark Molloy (éirthe as 7 Eanáir 2020)	0	1,647
An Dr. Yvonne Traynor	0	278
Tim Hynes	0	0
Aogán Ó Fearghail	0	2,136
An Dr Sarah McLoughlin	0	986
Brendan Lenihan	0	2,268
An tOllamh Fergus O'Kelly	0	0
	3,993	12,975

* Thosaigh costais comhaltaí boird don bhliain 2019 ar an dáta ceapacháin.

Bunaíodh Bord FnaSS ar 28 Meitheamh 2019 mar bhord rialaithe FnaSS i gcomhréir leis an Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019. Foráiltear san Acht do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach don Bhord ach nach comhalta Boird é. Tá táillí íoctha le comhaltaí Boird.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 3 Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

	2020 €'000	2019 €'000
3(a) Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte		
Glanmhaoiniú loncaim leithdháilte do FnaSS	20,474,829	17,149,136
Lúide: Maoiniú Caipitil	(1,023,288)	(678,113)
Deontas loncaim na Roinne Sláinte	19,451,541	16,471,023

Tugann an tábla thíos breis anailíse ar an maoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte.

	2020 €'000	2019 €'000
Deontas loncaim – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte	19,451,541	16,471,023
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(19,451,541)	(16,471,894)
Iarmhéid Deontas loncaim dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) tugtha ar aghaidh	53,990	54,861
Iarmhéid Deontais na gCoimisinéirí loncaim atá dlite ón Roinn Sláinte fritháirithe in aghaidh an Chéad Bharrachas in 2019	(53,990)	0
Iarmhéid Deontais na gCoimisinéirí loncaim atá dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) mar a bhí ar 31 Nollaig	0	53,990
Deontas Caipitiúil – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte	1,023,288	678,113
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(1,023,288)	(678,113)
Iarmhéid Deontais Chaipitiúil dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) tugtha ar aghaidh	46	46
Iarmhéid Deontais Caipitil atá dlite ón Roinn Sláinte fritháirithe in aghaidh an Chéad Bharrachas in 2019	(46)	0
	0	46
Iomlán Dheontas na gCoimisinéirí loncaim agus Dheontas Caipitil atá le híoc ag an Roinn Sláinte, suas go Leithdháileadh Faofa, mar a bhí ar 31 Nollaig (Nóta 17)	0	54,036

3(b) Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais de réir Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004, arna leasú

Mar a sonraíodh sna beartais chuntasaíochta, ceanglaítear faoi Alt 33(3) den Acht Sláinte 2004, arna leasú, go gcaithfear easnaimh a thagann chun cinn sa bhliain roimhe sin a mhuirearú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa bhliain reatha agus, faoi réir cheadú an Aire le toiliú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh barrachais atá le cur chun sochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais. Chuir FnaSS an barrachas oibriúcháin ioncaim de €60.46m ar 31 Nollaig 2019 chun sochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais in 2020. As an €60.46m seo, mar a bhí sé ordaithe ag an Roinn Sláinte, baineadh úsáid as €53.99m chun Féichiúnaí na Roinne Sláinte a fhritháireamh ar 31 Nollaig 2019. Bhí creidmheas €6.47m léirithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas dá bharr.

Ar an mbealach céanna, cuireadh an barrachas oibriúcháin chaipitil €15.23m ar 31 Nollaig 2019 chun sochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais Chaipitiúil in 2020. As an €15.23m seo, mar a bhí sé ordaithe ag an Roinn Sláinte, baineadh úsáid as €0.046m chun Féichiúnaí na Roinne Sláinte a fhritháireamh ar 31 Nollaig 2019. Bhí creidmheas €15.182m léirithe sa Ráiteas loncaim Chaipitiúil agus Caiteachais dá bharr.

Nóta 4 Ioncam Othar

	2020 €'000	2019 €'000
Muirir Phríobháideacha	206,938	276,052
Muirir na nOthar Cónaitheach	20,597	23,439
Muirir na Rannóige Éigeandála	11,670	13,608
Muirir a bhain le Taismí Bóthair	3,385	5,902
Muirir Fhadchónaithe	78,735	81,269
Ioncam AE – Éilimh E111	7,224	7,979
	328,549	408,249

Nóta 5 Ioncam eile

	2020 €'000	2019 €'000
(a) Ioncam eile		
Ioncam Aoisliúntais	159,838	158,099
Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (RAB) ó fhoireann FnaSS féin	130,264	139,517
Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (RAB) ó sholáthraithe seirbhísí	61,639	76,506
Asbhaintí Párolla Eile	8,833	7,775
Íocaíocht lasachta a Fhorchúiteamh	18,659	18,527
Gníomhaireacht/Seirbhísí – curtha ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'eagraíochtaí eile	8,595	7,761
Fáltais Cheaintín	8,759	11,930
Ioncam ó Theastais agus Clárúcháin	8,081	11,647
Páirceáil	5,233	12,109
Aisiocaíochtaí	12,515	12,530
Ioncam Cíosa	2,422	4,463
Tabhartais	2,376	2,747
Costais Dlí Aisghafa	253	701
Ioncam ó Gníomhaireachtaí eile (Féach anailís Nóta 5(b) thíos)	36,992	26,082
Ioncam Ilghnéitheach	13,719	13,803
	478,178	504,197

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 5 Ioncam eile – ar lean

	2020 €'000	2019 €'000
(b) Ioncam ó Ghníomhaireachtaí Eile*		
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Cúnamh Éireann: clár um fhorbartha coigríche	142	151
Cairde Naomh Lúcaís Ráth Garbh	88	390
An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha agus Gaeltachta – Seirbhísí Héileacaptair	74	183
Pobal/Slaite Care	3,775	0
Clinical Trials Ireland – Trialacha Taighde Cliniciúla	964	1,035
Ioncam AE – tionscadail éagsúla	6,566	2,908
Genio Trust (Tionscadail Mheabhairshláinte)	3,894	4,226
Boird Oideachais agus Oiliúna/Solas	1,028	1,372
Tascfhórsa Réigiúnacha um Dhrugaí	727	222
The Atlantic Philanthropies – Straitéis Náisiúnta Néaltraithe	959	380
Fondúireacht Katherine Howard – Cothú	1,110	1,792
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	15,339	10,499
Ciste Forbartha Chidrens Ark UHL	172	0
Trialacha Cliniciúla Oinceolaíochta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh	1,055	333
Bord Altranais agus Cnáimhseachais Éireann	57	107
Trialacha Cliniciúla BMS	110	0
Síntiús ó Niall Horan	100	0
Novartis (Síntiús & Trialacha Cliniciúla)	432	3
Síntiús Ospís Chiarraí	400	0
An Roinn Dlí agus Cirt-Tearmann Éireannach	0	257
Cairde le hOspidéal Ollscoile Leitir Ceanainn – Córas Raideolaíochta	0	1,406
Fiontraíocht Éireann	0	100
Deontas Forbartha NEIC	0	719
	36,992	26,082

* Níl ach ioncam ó ghníomhaireachtaí os cionn €100,000 i gceachtar den dá bhliain léirithe. Léirítear ioncam ó Ghníomhaireachtaí Eile nár sháraigh €100,000 i gceachtar den dá bhliain in Nóta 5(a) faoi Ioncam Éagsúil. Dá réir sin, tá comparáidí 2019 thuas athshonraithe nuair is cuí.

Nóta 6 Caiteachas Pá agus Pinsin

	2020 €'000	2019 €'000
Foireann Chliniciúil FnaSS		
Míochaine/Fiaclóireacht	1,048,654	944,291
Altranas	1,724,700	1,622,268
Gairmí Cúraim Sláinte agus Shóisialta	664,303	612,590
Aoisliúntas	472,403	460,254
	3,910,060	3,639,403
Foireann Gníomhaireachta Chliniciúil		
Míochaine/Fiaclóireacht	95,488	95,427
Altranas	87,277	79,958
Gairmí Cúraim Sláinte agus Shóisialta	34,467	27,861
	217,232	203,246
Bainistíocht/Riarachán Fhoireann Neamhchliniciúil FnaSS	735,908	684,370
Foireann Tacaíochta Ghinearálta	351,511	331,607
Aoisliúntas	184,022	181,186
	1,271,441	1,197,163
Bainistíocht ar Fhoireann Neamhchliniciúil Ghníomhaireachta	44,327	30,010
Foireann Tacaíochta Ghinearálta	52,518	41,176
	96,845	71,186
Seirbhísí Eile Cliant/Othar Fhoireann FnaSS		
Cúram Eile Othair agus Cliaint	764,374	714,760
Aoisliúntas	110,278	106,036
	874,652	820,796
Seirbhísí Eile Cliant/Othar Foirne Gníomhaireachtaí		
Cúram Eile Othair agus Cliaint	76,021	75,015
	76,021	75,015
Caiteachas Iomlán Pá	6,446,251	6,006,809

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 6 Achoimre Anailíse ar Chostais Phá

	Cliniciúil	Neamh- chliniciúil	Seirbhísí Eile Othar/ Cliaint	Iomlán	Iomlán
	2020 €'000	2020 €'000	2020 €'000	2020 €'000	2019 €'000
Bunphá	2,582,486	933,511	558,483	4,074,480	3,803,874
Liúntais	98,766	8,783	24,576	132,125	124,738
Ragobair	162,301	18,673	29,856	210,830	187,752
Dualgas oíche	61,747	5,003	17,561	84,311	76,555
Deirí Seachtaine	121,386	25,610	47,158	194,154	190,901
Ar gladhualgas	61,564	2,462	13,985	78,011	57,565
Riaráistí	41,187	1,467	1,586	44,240	39,430
Pá agus Tuarastail	3,129,436	995,509	693,205	4,818,150	4,480,815
ÁSPC Fostaí	308,221	91,909	71,169	471,299	429,071
Aoisliúntas*	472,403	184,023	110,278	766,704	747,476
Pá FnaSS iomlán	3,910,060	1,271,441	874,652	6,056,153	5,657,362
Pá Gníomhaireachta	217,232	96,845	76,021	390,098	349,447
Pá Iomlán	4,127,292	1,368,286	950,673	6,446,251	6,006,809

Baineann Costais Phá Iomlán le seirbhísí FnaSS amháin. Tugtar cuntas ar chostais phá fostaíthe san earnáil dheonach faoi Caiteachas Neamhphá (Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha). Féach Nóta 8 agus Aguisín 1.

Aoisliúntas

Tá foireann incháilithe atá fostaíthe in FnaSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe.

Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais (i.e. pinsin) foirne atá ar scor amach as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina n-íoctar iad. I gcomhréir le Treoir ón Aire Sláinte, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin amach anseo agus ní ghearrtar aon táille ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ina leith seo. Cuirtear ranníocaíochtaí aoisliúntais ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo chun sochair an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas nuair a fhaightear iad. Ní dhéantar aon luachálacha achtúireacha foirmiúla ar dhlíteanais phinsin FnaSS. Ba é an muirear pinsin ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas in 2020 ná €767m (2019: €747m), a chuimsigh íocaíochtaí i dtaca le cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce scoir ar luach €117m (2019: €112m).

	2020 €'000	2019 €'000
*Anailís ar Aoisliúntas		
Íocaíochtaí leanúnacha aoisliúntais do phinsinéirí	650,020	635,560
Cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce	116,684	111,916
	766,704	747,476

Sochair Foirceannta

	2020 €'000	2019 €'000
Sochair Foirceannta arna ngearradh ar Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	110	282
	110	282

Baineann na sochair foirceannta thuas le socraíochtaí le triúr ball foirne i rith 2020 (2019: seachtar ball foirne).

Chomh maith leis na híocaíochtaí a leagtar amach thuas, ní tugadh blianta breise dó na baill foirne ar fhoirceannadh. Luach na socruithe pinsin a bhfuil feabhas orthu ná éineamhní.

Costais Dhlíthiúla de €33,494 (2019: €274,759) tabhaíodh iad maidir le comhaontuithe foirceanta a chur i gcrích.

Nóta 7 Fostaíocht

Bhí líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig de réir Réimse Oibríochta mar seo a leanas (i gcoibhéisí lánaimseartha (CL)):

	2020	2019*
Seirbhísí Géarmhíochaine	36,215	33,917
Meabhairshláinte	9,855	9,513
Cúram Príomhúil	10,872	9,923
Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta	16,758	16,428
Folláine agus Sláinte an Phobail	144	–
Sláinte agus Folláine	511	573
Seirbhísí Otharcharranna	1,990	1,933
Corparáideach agus HBS	4,847	4,618
Iomlán na bhfostaithe in FnaSS	81,192	76,905
An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Géarmhíochaine	28,234	26,230
An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Neamhghéarmhíochaine	16,748	16,682
Fo-iomlán Fostaithe san Earnáil Alt 38***	44,982	42,912
Iomlán Fostaithe na hEarnála Sláinte (Cúntóirí Baile san áireamh)****	126,174	119,817

Foinse: Áireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte

* Athraítear na figiúirí 2019 chun modheolaíocht reatha agus mapálacha eagraíochtúla a léiriú.

** Tá gach figiúir ríofa le 2 dheachúil agus cuireadh in iúl iad mar chóibhéiseanna lánaimseartha (CL) faoi mhodheolaíocht leagtha amach ag an Roinn Sláinte

*** Baineann figiúirí foirne na hEarnála Sláinte le leibhéil dhíreacha fostaíochta mar a chuirtear ar ais iad trí Dhaonáireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte (DPSS) don earnáil sláinte phoiblí (FnaSS & Ospidéal & Gníomhaireachtaí Deonacha Alt 38).

**** Áirítear foireann cúraim baile atá fostaithe go díreach i dtéarmaí CL le héifeacht ó 2019 agus tá figiúirí stairiúla athraithe chun an t-athrú modheolaíochta seo a léiriú. Tá taifead déanta ar bhanaltraí roimh chlárú faoi oiliúint atá ar shocrúchán cliniciúil ag 50 faoin gcéad CL iarbhir ar aon líne le comhaontú CCAO.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 7 Fostaíocht – ar lean

Anailís Bhreise – riachtanas Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid FnaSS a raibh a sochair iomlána fostaí (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair, dualgas oíche, obair deireadh seachtaine, glao-dhualgas, riaráistí agus costais phinsin fostóra, gan ÁSPC fostóra san áireamh) le haghaidh na tréimhse tuairiscithe taobh istigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh:

Banda Pá (Líon na bhFostaithe)	2020	2019
€60,001 go dtí €70,000	10,409	8,613
€70,001 go dtí €80,000	5,211	3,497
€80,001 go dtí €90,000	2,734	2,206
€90,001 go dtí €100,000	1,450	981
€100,001 go dtí €110,000	676	581
€110,001 go dtí €120,000	439	428
€120,001 go dtí €130,000	285	162
€130,001 go dtí €140,000	158	138
€140,001 go dtí €150,000	137	129
€150,001 go dtí €160,000	145	166
€160,001 go dtí €170,000	164	171
€170,001 go dtí €180,000	165	131
€180,001 go dtí €190,000	163	124
€190,001 go dtí €200,000	108	103
€200,001 go dtí €210,000	122	78
€210,001 go dtí €220,000	79	85
€220,001 go dtí €230,000	67	87
€230,001 go dtí €240,000	93	88
€240,001 go dtí €250,000	92	128
€250,001 go dtí €260,000	107	101
€260,001 go dtí €270,000	123	136
€270,001 go dtí €280,000	103	78
€280,001 go dtí €290,000	85	65
€290,001 go dtí €300,000	69	48
€300,001 go dtí €310,000	56	38
€310,001 go dtí €320,000	39	24
€320,001 go dtí €330,000	19	20
€330,001 go dtí €340,000	20	18
€340,001 go dtí €350,000	23	1

Banda Pá (Líon na bhFostaithe)	2020	2019
€350,001 go dtí €360,000	17	7
€360,001 go dtí €370,000	15	3
€370,001 go dtí €380,000	7	8
€380,001 go dtí €390,000	5	1
€390,001 go dtí €400,000	4	4
€400,001 go dtí €410,000	3	1
€410,001 go dtí €420,000	5	1
€420,001 go dtí €430,000	4	1
€440,001 go dtí €450,000	2	1
€450,001 go dtí €460,000	2	5
€480,001 go dtí €490,000	3	0
€490,001 go dtí €500,000	1	0
€500,001 go dtí €510,000	0	1
€510,001 go dtí €520,000	1	0
€570,001 go dtí €580,000	0	1
€590,001 go dtí €600,000	1	0
€640,001 go dtí €650,000	1	0
Líon iomlán fhostaithe FnaSS os cionn €60,001	23,412	18,459

Níl córas comhtháite párolla ag FnaSS, agus ar an ábhar sin, ullmhaíodh an nochtadh seo, ar gá leis de réir chiorclán DPER 13/2014, ar bhunús roinnt mhaith córas párolla ar fud réimsí FnaSS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 8 Caiteachas Neamh-phá*

	2020 €'000	2019 €'000
Cliniciúil		
Drugaí agus Míochaine (gan scéimeanna bunaithe ar éileamh san áireamh)	341,910	326,693
Lúide Aisíoc ó Dhéantúsóirí Cógaisíochta**	(9,141)	(9,190)
Glanchoistas Drugaí agus Míochaine (gan scéimeanna bunaithe ar éileamh san áireamh)	332,769	317,503
Fuil/Táirgí Fola	29,810	30,687
Gáis Mhíochaine	11,788	12,420
Soláthairtí Míochaine/Máinliachta	894,520	314,053
Trealamh Míochaine Eile	273,083	166,202
X-Gha/Íomháu	38,703	37,671
Saotharlann	298,486	141,806
Seirbhísí Gairmiúla (m.sh. costais teiripe, raideolaíocht, srl.)	116,449	104,268
Oideachas agus Oiliúint	71,093	62,248
	2,066,701	1,186,858
Seirbhísí Iompair agus Otharchair†		
Iompar Othar	118,345	57,534
Costais Coinneála Feithiclí	17,345	17,190
Costais iompair agus lóistíochtúil a bhaineann le TCP a cheannach†	59,278†	0
	135,690	74,724
Scéimeanna Cúraim Phríomhúil agus Cártáí Leighis		
Seirbhísí Cógaisíochta	2,537,829	2,406,513
Lúide Aisíoc ó Dhéantúsóirí Cógaisíochta**	(186,896)	(182,841)
Lúide Muirir Thobhaigh ar Oidis	(79,704)	(85,334)
Glanchoistas Seirbhísí Cógaisíochta	2,271,229	2,138,338
Táillí agus Liúntais Dochtúirí	808,457	616,772
Íocaíochtaí Pinsin le hIardhochtúirí Oifigiúla Dúiche/Cleithiúnaithe	2,059	2,081
Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta	40,074	55,584
Scéim na Seirbhísí Oftalmacha Pobail	22,313	29,262
Liúntais Airgid (Leas na nDall, Soghluaisteacht, srl.)	30,881	30,629
<i>Íocaíochtaí Caipitíochta:</i>		
Scéimeanna Cóireála Thar Lear agus an Caiteachas Bainteach	49,460	54,441
Míchumais Intleachtúla/Fhisiciúla, Síciatracht, Seirbhísí Teiripeacha, srl.	296,386	251,246
Íocaíochtaí Tithe Altranais do Sheanóirí agus Íocaíochtaí nach Íocaíochtaí Cothrom na Féinne iad	78,853	71,099
Oiliúint Athshlánúcháin agus Gairme	26,255	21,362
Leapacha Faoisimh	16,438	14,851
	3,642,405	3,285,665

† Ó foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil 2020 seo, leasaíodh cur i láthair an tábla seo sa leagan foilsithe ar líne chun léiriú a dhéanamh ar bhaint an fhocail 'Othar' den cheannnteideal 'Seirbhísí Iompair agus Otharchair', chun leasú a dhéanamh ar chostais 2020 le haghaidh 'Iompar Othar' ó 118,345 go 59,067 agus chun líne bhreise a chur isteach 'Costais iompair agus lóistíochtúla a bhaineann le TCP a cheannach le costais 2020 de 59,278.

	2020 €'000	2019 €'000
Seirbhísí Eile Othar/Cliant		
Seirbhísí Gairmiúla m.sh.cúntóirí cúraim, seirbhísí conartha cúraim leanaí, srl.	8,015	5,686
Oideachas agus Oiliúint	746	1,233
	8,761	6,919
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha		
Deontais loncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	5,442,823	4,699,339
	5,442,823	4,699,339
Tíos		
Lónadóireacht	65,926	65,167
Teas, Cumhacht agus Solas	65,791	65,770
Glanadh agus Níochán	187,104	108,225
Troscán, Gréithe agus Crua-Earraí	23,011	15,692
Éadach Leapa agus Éadaí	41,798	14,658
	383,630	269,512
Costais Oifige agus Riaracháin		
Cothabháil	157,291	120,600
Costais Airgeadais	3,242	3,137
Ús Íocaíochta Praise agus Cúiteamh	467	420
Árachas	6,770	6,349
Iniúchadh	653	594
Táillí Gairmiúla agus Díl	102,300	73,410
Drochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha	70,114	29,171
Oideachas agus Oiliúint	12,509	14,224
Taisteal agus Cothú	61,537	73,367
Costais Feithiclí	6,932	2,357
Costais Oifige	161,011	147,549
Cíos agus Rátaí	108,210	71,527
Ríomhairí agus Cothabháil Córas	104,174	75,543
	795,210	618,248

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 8 Caiteachas Neamhphá – ar lean

	2020 €'000	2019 €'000
Costais Oibriúcháin Eile		
Ceadúnais	1,037	893
Costais Éagsúla	(3,889)	7,720
Costais Adhlactha	174	149
Caitheamh Aimsire (Aonaid Chónaitheacha)	729	1,032
Ábhair do Cheardlanna	216	353
Fóirdheontais do Bhéilí ar Rothaí	1,508	1,368
Íocaíochtaí Ex Gratia le hOthair***	288	62
Aisíocaíochtaí	744	642
	807	12,219

* Cuirtear anailís sa bhreis ar fáil i Nóta 1(b) i leith méaduithe ábhartha bliain ar bhliain

** I leith Chomhaontú IPHA 2016 agus socruithe speisialta do dhruaí agus leighis ar leith.

*** Baineann sé seo le hÍocaíochtaí CervicalCheck

Nóta 9 An tAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006

Soláthraíonn an tAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006 an bonn reachtúil le haghaidh aisíocaíocht na muirear ar a dtugtar ‘muirir fhadchónaithe’, a gearradh go hearraídeach mar thobhaigh ar dhaoine a bhí i dteideal cárta leighis iomlán roimh 14 Iúil 2005. Ceadáíonn an scéim táillí a aisíoc leis na daoine seo a leanas:

- Daoine beo ar gearradh muirear mícheart orthu ag aon am ó 1976 anall
- Eastáit daoine ar gearradh muirear mícheart orthu agus a fuair bás ar an 9 Nollaig 1998 nó dá éis

Cuireadh cuntas speisialta i bhfearas atá á mhaoiniú ag airgead a sholáthraigh an tOireachtas agus as a ndéantar aisíocaíochtaí. Cuireadh €1.7m i leataobh in 2020 chuige sin. Tagraíonn mórchuid an mhaoinithe seo d’fhoráil le haghaidh íocaíochtaí a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar éilimh leantacha agus tairiscintí a nglactar leo.

Cuireadh deireadh leis an scéim d’iarratasóirí nua ar an 31 Nollaig 2007 agus fuarthas beagnach 14,000 éileamh maidir le hothair atá beo agus beagnach 27,000 éileamh i ndáil le heastáit. Suas go dtí an 31 Nollaig 2020, íocadh 20,302 éileamh. Amhail Nollaig 2020, ní raibh aon éilimh gan íoc a bhí á bpróiseáil i dtreo na céime tairisceana faoin scéim. Tá €0.494m curtha ar fáil i mbuiséad 2021 FnaSS chun aisíocaíochtaí agus éilimh atá gan íoc a mhaoiniú, mar aon leis na costais riaracháin a ghabhann leo.

Is ionann caiteachas carnach iomlán na scéime (lena n-áirítear costais riaracháin) go dtí 31 Nollaig 2020 agus €485.92m.

In 2020, cuireadh an caiteachas seo a leanas chun dochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais maidir leis an Scéim Aisíocaíochta:

	2020 €'000	2019 €'000
Pá	23	96
Neamhphá		
Aisiocaíochtaí d'Othair	55	1
Íocaíochtaí le Riarthóir Scéime Tríú Páirtí	0	0
	55	1
Táillí Gairmiúla agus Dí	0	0
Costais Oifige*	21	37
Iomlán an Neamhphá	76	38
Iomlán	99	134

* Áirítear an caiteachas uile maidir leis an Acht Sláinte (Scéim Aisioca) 2006 in caiteachas FnaSS.

Nóta 10 An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006

Mar thoradh ar an Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006, bunaíodh scéim reachtúil chun dul i ngleic le deacrachtaí árachais a bhí ag daoine a bhí ionfhabhtaithe le Heipitéas C agus VEID trí fhuil agus táirgí fola a tugadh dóibh laistigh den Stát. Téitear i ngleic sa scéim leis na fadhbanna a bhí ag na daoine seo toisc nach raibh ar a gcumas costais mhorgáiste ná polasaithe árachais saoil a cheannach mar gheall gur tugadh táirgí fola dóibh a bhí éillithe. Clúdaíonn an scéim seo riosca árachais do na 1,700 nó níos mó daoine a bhfuil teideal acu chun leas a bhaint as táirgí árachais, beag beann ar riocht sláinte ar bith eile a fhéadfaidh a bheith ag na daoine seo, a luaithe a íocann siad an bhunphréimh a bheadh íoctha ag duine neamh-ionfhabhtaithe den aois agus inscne chéanna. Chuir FnaSS tús le gné árachais saoil na scéime i Meán Fómhair 2007. Tugadh gné eile isteach i Márta 2009 ina raibh foráil do chumhdach árachais taistil.

Measadh i dtús ama go mbeadh costas foriomlán de €90m i gceist thar shaolré iomlán na scéime. Ba é an caiteachas carnach ar an scéim árachais go dtí 31 Nollaig 2020 ná €12.2m.

In 2020, cuireadh an caiteachas seo a leanas chun dochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais maidir leis an Scéim Árachais:

	2020 €'000	2019 €'000
Pá	91	89
Neamhphá		
Íocaíochtaí ar ualuithe préimhe	233	511
Íocaíochtaí sochar atá frithgheallta ag FnaSS	821	130
	1,054	641
Costais Oifige*	14	15
Iomlán an Neamhphá	1,068	656
Iomlán**	1,159	745

* Áirítear gach caiteachas maidir leis an Ordú faoin Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006 i caiteachas FnaSS.

** Tá na costais seo san áireamh i gCuntas Speisialta na Scéime Árachais maidir le Heipitéas C. Áirítear costais eile Heipitéas C sa Chuntas Speisialta Heipitéas C agus sa Chuntas Cúitimh Heipitéas C.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 11 An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ón 1 Iúil 2009, faigheann FnaSS maoiniú ó éilimh arna bpróiseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na scéime slánaíochta clínicíúla. Ón 1 Eanáir 2010, chuir an tOrdú Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (tarmhligean feidhmeanna) 2009 síneadh le slánaíocht an Stáit d'éilimh dhíobhála pearsanta agus damáiste tríú páirtí ar réadmhaoin i gcoinne FnaSS. Tá cuntas tugtha ar shocraíochtaí arna n-íoc le héilitheoirí faoi théarmaí na scéime ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Áirítear gach costas inmheasta sa mheastachán reatha is fearr de chuid na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát ar an gcostas deiridh a bhaineann le gach éileamh a réiteach, cuir i gcás méideanna socraíochta, costais dhlíthiúla gearánaí agus costais chosanta ar nós táillí iníochta le habhcóidí, sainchomhairleoirí, srl. In 2020, ba é €372.7m an tsuim a muirearaíodh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas (2019: €390.9m). Bunaithe ar mheastacháin achtúireacha, meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an muirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sna blianta amach anseo. I gcomhréir le teoracha an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta le haghaidh an dliteanais seo sna ráitis airgeadais.

Leasaítear an dliteanas measta ar bhonn rialta i bhfianaise aon eolais nua a fhaightear, mar shampla, treochoaí stairiúla maidir le méideanna réitigh agus costais dhlíthiúla. Amhail 31 Nollaig 2020, ba é €3,687m an dliteanas measta a tabhaíodh go dtí an dáta sin faoi Scéim Slánaíochta Clínicíúla agus Slánaíocht Stáit (2019: €3,302m). As an €3,687m seo, baineann thart ar €3,030m (2019: €2,722m) le héilimh ghníomhacha maidir le cúram clínicíúil, agus iarmhéid an dliteanais mheasta ag baint le héilimh cúraim neamh-clínicíúil. Is éard is éilimh ghníomhacha ann ná éilimh nár tuairiscíodh don Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát trí phróiseas dlíthiúil agus nach bhfuil tugtha chun críche go fóill amhail ar an dáta tuairiscithe.

Nóta 12 Cúram Cónaitheach Fadtéarmach (a chuimsíonn an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais/Cothrom na Féinne)

Cuireadh tús leis an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (NHSS) (Cothrom na Féinne) in 2009, agus de réir a chéile, ghlac sé seo áit na Scéime Fóirdheontais do Thithe Altranais agus an córas 'leapacha conartha' a bhíodh ann do sheanóirí roimhe sin. Faoin scéim, déantar measúnú ar ioncam agus sócmhainní atá ag daoine a bhfuil cúram cónaithe fadtéarmach ag teastáil uathu, agus ansin cuireann siad suas le 80% d'ioncam inmheasúnaithe agus suas le 7.5% in aghaidh na bliana de luach na sócmhainní ar leo iad, faoi réir uastréimhse trí bliana i ndáil lena bpríomháit chónaithe phríobháideach, i dtreo chostas a gcúraim. Íocann FnaSS as an iarmhéid, más ann, de chostais a gcúraim i dtithe altranais phoiblí agus phríobháidigh atá cláraithe agus clúdaithe faoin scéim.

Costais an Chúraim Chónaithe Fadtéarmaigh (An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais/Cothrom na Féinne)

	2020 €'000	2019 €'000
Tithe Altranais Príobháideacha	657,663	648,761
Gníomhaireachtaí Alt 39	21,950	21,265
Leapacha ar Conradh i dTithe Altranais Príobháideacha agus Íocaíochtaí Fóirdheontais	10,805	15,933
Scéim Íocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh COVID-19 (SÍCS)*	77,520	0
Iomlán na nÍocaíochtaí le Tithe Altranais Príobháideacha, lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Alt 39	767,938	685,959
Ollchostas NHSS de Thithe Altranais Poiblí**	356,191	359,725
Íocaíochtaí le Gníomhaireachtaí Alt 38	26,410	26,793
Costais sheasta Tithe Altranais agus Costais Aonaid Eile	57,407	26,567
Iomlán na gCúram Cónaithe Fadtéarmach	1,207,946	1,099,044

* Féach ar an mír maidir le Scéim Íocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh COVID-19 (SÍCS) thíos.

** Áirítear costais tithe altranais phoiblí faoi na ceannteidil chaiteachais ábhartha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

Scéim Íocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh COVID-19 (SÍCS)

Is íocaíocht shealadach chúnaimh í an tacaíocht faoin scéim, a thairgtear chun tacú le Tithe Altranais príobháideacha agus deonacha leanúint ar aghaidh le forbairt na hathléimneachta laistigh dá seirbhís chun ráig COVID-19 a mhaolú agus a bheith in ann ráig a bhainistiú ó thaobh soláthar foirne agus timpeallacht shábháilte a chur ar fáil i gcás go dtarlódh ráig.

Fógraíodh an cuspóir chun Scéim a bhunú ar 4 Aibreán 2020 agus tosaíodh le glacadh na n-iarraitas don Scéim ar 17 Aibreán 2020. In 2020, bhí costas €77.52m. ar an Scéim Íocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh COVID-19 (SÍCS).

Ranníocaíochtaí othar

B'ionann na ranníocaíochtaí faighteora NHSS do na hothair i dtithe poiblí agus €62.80m (2019: €63.07m) agus áirítear iad i Ráitis Airgeadais FnaSS – Cuntas Ioncaim & Caiteachais.

B'ionann na ranníocaíochtaí faighteora NHSS do na hothair in ionaid dheonacha (Eagraíochtaí Alt 38) agus 6.67m (2019: €6.86m), agus coinnítear é sna hionaid sin agus ní hionann é agus ioncam do FnaSS.

Ioncam Breise

Faoi Alt 27 den Acht um Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais 2009, ní mór Sceideal Sócmhainní a ghéilleadh do FnaSS maidir le duine caillte a raibh tacaíocht airgeadais faoin Scéim faighte aige. Déantar é seo a sheiceáil chun aon ró-íocaíocht tacaíochta airgeadais atá inaisíochta le FnaSS de bhun Alt 42 den Acht a aithint agus a ríomh. Fuair FnaSS ioncam de €7.28m le linn 2020 (2019: €7.61m) maidir le hioncam agus sócmhainní neamhdheimhneithe chliaint Chothrom na Féinne.

Leapacha ar conradh agus leapacha fóirdheontais

In 2020, rinneadh íocaíochtaí €10.81m (2019: €15.93m) maidir le leapacha conartha agus fóirdheontais tithe altranais. Táthar ag cur deiridh leis na scéimeanna seo de réir a chéile toisc nach raibh iarrthóirí nua ann ó cuireadh tús le Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais in 2009.

Caiteachas laistigh d'Áiseanna Poiblí

Bhí €57.41m breise sna tithe poiblí in 2020 (2019: €26.57m) de chostais a bhaineann le cúram fadtéarmach. Bhain na costais seo le costais aonad seasta agus costais eile a tabhaíodh, a bhí níos mó ná an ráta aisíochta 'leanann an t-airgead an t-othar' a íocadh faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais.

Costas Tithe Altranais Phoiblí

In 2020, bhí costas na dtithe altranais poiblí ar €356.19m san iomlán (2018 €359.73m), is ollchostais iad seo agus bhí an ghné ranníocaíochta cliant ar €62.80m san iomlán (2019 €63.07m). Aithnítear na ranníocaíochtaí mar ioncam i dTailli Fadchónaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

Tacaíocht Choimhdeach ón Stát

Gné bhreise roghnach de Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais is ea an Tacaíocht Choimhdeach ón Stát do dhaoine a bhfuil réadmhaoin nó sócmhainní acu sa Stát. In ionad a ranníocaíochta measta le haghaidh cúram a íoc as a (h)acmhainní féin, is féidir le duine an rogha a dhéanamh iarratas a chur isteach ar lasacht Tí Altranais, chun an chuid dá ranníocaíocht atá bunaithe ar shócmhainní réadmhaoin ná talún laistigh den Stát a chlúdach. Ansin íocann FnaSS an chuid sin de chostas an chúraim anuas ar an íocaíocht Tacaíochta ón Stát. Íoctar an iasacht ar ais chuig an Stát tar éis do theagmhas bainteach a tharlú, mar shampla, díol na sócmhainne ná bás an duine. Is leis na Coimisinéirí Ioncaim a dhéantar aisíoc na hiasachta. I roinnt cásanna, is féidir aisíoc na hiasachta a iarchur. Tá an chuid seo den scéim deartha chun daoine a chosaint ón ngá a dteach a dhíol fad is atá siad beo.

Ba é €211.37m ollmhéid iomlán na Tacaíochta Stáit Coimhdí a cuireadh in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim ar 31 Nollaig 2020 le forchúiteamh ó thús na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais (in áit ar tharla teagmhas ábhartha agus teagmhas neamhábhhartha), in ionannas do 9,179 iasacht do chliaint. Ar 31 Nollaig 2020, tá €210.41m á bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim, in ionannas do 9,202 cliant. Cuimsíonn an difríocht na cliaint nach bhfuil a n-iasacht Tí Altranais dlite le haghaidh aisíocaíochta ar nós rogha an larchurtha Breise, mar a luadh thuas, agus cliaint ar mian leo aisíocaíocht dheonach a dhéanamh sula dtarlaíonn teagmhas ábhartha. Dhearbhaigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh siad tar éis €142.60m d'aisíocaíochtaí iomlána iasachtaí a fháil, arb ionann é agus 6,769 iasacht cliant.

B'ionann méid iomlán na n-íocaíochtaí iasachta do Thithe Altranais a rinneadh faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais nach bhfuil íochta go fóill (i.e. nuair nach bhfuil méid inaisíochta curtha in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim le bailliú – níor tharla teagmhas ábhartha), ar 31 Nollaig 2020 agus €151.32m. Ní áirítear sa mhéid seo coigeartú do CPI, ós rud é nach bhfuil teagmhas ábhartha tarlaíthe go fóill.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 12 Cúram Cónaithe fadtéarmach (lena gcuimsiú Scéim Thacaíochta do Thithe Altranais/Scéim Cothrom na Féinne) – ar lean

	2020	2020	2019	2019
	€'000	Líon na nlasachtaí	€'000	Líon na nlasachtaí
Is iad seo a leanas na sonraí i dtaca le Tacaíocht Stáit Choimhdeach amhail ar an 31 Nollaig:				
A thuairiscigh FnaSS do na Coimisinéirí Ioncaim lena n-aisghabháil	211,374	9,179	160,123	7,497
Atá íoctha de réir dhearbhu na gCoimisinéirí Ioncaim*	(142,603)	(6,769)	(113,281)	(5,699)
Fo-iomlán	68,771	2,410	46,842	1,798
Nach bhfuil tuairiscithe do na Coimisinéirí Ioncaim go fóill lena n-aisghabháil	151,321	5,035	140,014	5,034
Tacaíocht Choimhdeach iomlán ón Stát atá gan íoc	220,092	7,445	186,856	6,832

* Ní áirítear páirtíocaíochtaí sna suimeanna dearbhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus áirítear iasachtaí atá aisíoctha ina iomláine amháin

Nóta 13 Caiteachas Caipitiúil

(a) Breiseanna ar Shócmhainní Seasta

	2020	2019
	€'000	€'000
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh (Nóta 15) Talamh agus Foirgnimh – Lamháltas Seirbhíse*	0	0
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh (Nóta 15) Talamh agus Foirgnimh – Eile	228,343	214,377
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh (Nóta 15) Gan Talamh agus Foirgnimh san Áireamh	218,575	119,358
	446,918	333,735
Macinithe ó Dheontas Caipitil na Roinne Sláinte	362,416	274,331
Macinithe ó Dheontas Ioncaim na Roinne Sláinte	84,502	59,404
Caipitlithe – Infheistíocht in Socrúcháin Deonaíochta Sheirbhís CPP*	0	0
	446,918	333,735

* Baineann sé le sócmhainní Ionad Cúraim Phríomhúil a fuarthas faoi shocrúcháin deonaíochta sheirbhís Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP).

(b) Anailís ar Chaiteachas Muirearaithe ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil

	2020 €'000	2019 €'000
Caiteachas ar shócmhainní FnaSS féin (Caipitlithe)	362,415	274,331
Caiteachas ar thograí FnaSS nach mbíonn breiseanna maoin, gléasra agus trealaimh mar thoradh orthu*	258,388	82,927
Ús Caipitlithe – Socrúcháin Deonaíochta Sheirbhís CPP**	3,186	5,424
Caiteachas iomlán ar Thionscadail FnaSS a ghearrtar ar chaipitil***	623,989	362,682
Deontais Chaipitiúla do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	359,730	324,967
Caiteachas Caipitiúil iomlán de réir an Ráitis faoi ioncam agus Caiteachas Caipitiúil	983,719	687,649

* Tá an Caiteachas iomlán caipitiúil nár caipitlódh cothrom le €561.10m (2019: €413.31m).

** Baineann sé le sócmhainní Ionad Cúraim Phríomhúil a fuarthas faoi shocrúcháin deonaíochta sheirbhís Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP).

*** Déantar caipitiú ar shócmhainní arna maoiniú ag caipitil agus ar shócmhainní arna gcistiú ag na Coimisinéirí Ioncaim má sháraíonn an costas tairseacha luacha áirithe: €2,000 do threalamh ríomhaireachta agus €7,000 do gach cineál sócmhainne eile.

(c) Anailís ar Ioncam Caipitiúil ó Fhoinsí Eile

	2020 €'000	2019 €'000
Ioncam ó Ranna Rialtais agus ó Fhoinsí Eile maidir le Tionscadail Chaipitil:		
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIE) – Coigilt fuinnimh in ospidéal ghéarmhíochaine	1,605	1,396
Gluaiseacht Ospíse Phort Láirge Teo – Aonad Cúraim Mhaolaithigh Ospidéal Phort Láirge	0	400
Fáltais Árachais – Ospidéal N. Damhnait, damáiste tine	0	194
AAP Bhaile an Mhóta – Tabhartas	0	116
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh – COC Ranníocaíocht Thionscadal an Ionaid Acadúil	126	0
Ioncam Ilghnéitheach Eile	21	1,658
Iomlán an Ioncaim Chaipitiúil ó Fhoinsí Eile	1,752	3,764

Nóta 14 Fáltais Dhiúscairt an Chuntais Sócmhainní Seasta

	2020 €'000	2019 €'000
Fáltais Chomhlána na nDíúscairtí uile sa bhliain	9,225	2,992
Lúide: Glanspeansais a Tabhaíodh ar Dhiúscairtí	(46)	(13)
Glanfháltais ar Dhiúscairtí	9,179	2,979
Lúide Cur i bhFeidhm na bhFáltais	(9,179)	(2,979)
Gluaiseacht le linn na bliana	(0)	(0)
Amhail ar an 1 Eanáir	38	38
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig	38	38

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Ceadú an Chaipitil Tairmligthe Ilbhliantúil 2019-2022 i mí na Nollag 2019.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 15 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh*	Foirgnimh**	Obair Idir Lámha (L&B)	Mótar-fheithiclí	Trealamh	Obair Idir Lámha (P&E)	Iomlán 2020
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas/Luacháil							
Ar 1 Eanáir 2020	1,677,153	4,600,223	401,650	94,530	1,556,501	18,793	8,348,850
Breiseanna	488	44,197	183,658	12,034	195,367	11,174	446,918
Aistrithe ó Obair idir Lámha	0	186,608	(186,608)	6,308	12,485	(18,793)	0
Diúscairtí	(2,309)	(3,147)	(1,190)	(7,318)	(14,567)	0	(28,531)
Amhail ar an 31 Nollaig 2020	1,675,332	4,827,881	397,510	105,554	1,749,786	11,174	8,767,237
Dímheas							
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir 2020	0	1,525,390	0	72,489	1,346,470	0	2,944,349
Muirear don Bhliain	0	114,921	0	12,765	98,844	0	226,530
Diúscairtí	0	(1,588)	0	(6,421)	(13,976)	0	(21,985)
Amhail ar an 31 Nollaig 2020	0	1,638,723	0	78,833	1,431,338	0	3,148,894
Glanluachanna de réir na Leabhar							
Ar 1 Eanáir 2020	1,677,153	3,074,833	401,650	22,041	210,031	18,793	5,404,501
Amhail ar an 31 Nollaig 2020	1,675,332	3,189,158	397,510	26,721	318,448	11,174	5,618,343

Tá luach seilbhe reatha an talaimh arbh ionann é agus €1.67bn agus atá i seilbh FnaSS ar 31 Nollaig 2020 bunaithe ar rátaí luachála 2002 na Roinne Sláinte.

Sócmhainní foirgneamh arna sealbhú faoi Léasanna Airgeadais/Socruithe maidir le Lamhálas Seirbhíse

	2020 €'000	2019 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2020 €'000	2019 €'000
	Léas Airgeadais	Léas Airgeadais	Lamhálas Seirbhíse*	Lamhálas Seirbhíse*	Iomlán	Iomlán
Costas	45,824	45,824	165,217	165,217	211,041	211,041
Breiseanna	0	0	0	0	0	0
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	(25,347)	(23,485)	0	0	(25,347)	(23,485)
Dímheas a ghearrtar don bhliain	(1,862)	(1,862)	0	0	(1,862)	(1,862)
Luachanna de réir na Leabhar amhail ar an 31 Nollaig	18,615	20,477	165,217	165,217	183,832	185,694

*/** Baineann sé le hacmhainní Ionad Cúraim Phríomhúla (ICP) a fuarthas faoin shocrúcháin deonaíochta seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP). Aistríodh na deich láithreán PCC atá san áireamh laistigh d'Obair idir Lámha (Talamh agus Foirgnimh) ar luach €137m in 2017 chuig Foirgnimh i rith 2018. D'éirigh le gach ceann de na ceithre shuíomh déag PCC tús a chur le seirbhís.

Ní dhéantar dímheas ar Shócmhainní PCC nuair a fuarthas iad ná nuair atá siad á mbainistiú faoi chomhaontuithe lamhálaí seirbhíse a ráthaíonn saolréanna ionchais iarmharaigh agus acmhainn oibriúcháin ag deireadh an téarma deonaíochta a bheadh coibhéiseach le téarma deonaíochta na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í den chéad uair.

Nóta 16 Fardal

	2020 €'000	2019 €'000
Soláthairtí Míochaine, Fiaclóireachta agus Máinliachta	206,013	41,020
Soláthairtí Saotharlainne	7,211	6,645
Soláthairtí Cógaslainne	27,716	25,398
Fardail Ardteicniúla Cógaslann	44,813	48,893
Fardail Dáilte i gCógaslanna	508	541
Fuil agus Táirgí Fola	1,420	1,262
Fardail Vacsaíní	35,816	33,639
Seirbhísí Tí	30,721	7,436
Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige	2,114	2,195
Ilearraí	3,548	3,133
	359,880	170,162

Tá an ghluaiseacht san fhardal inchurtha go príomha i leith an mhéadaithe ar leibhéil stoic TCP a bhí ann ag an 31 Nollaig 2020. Áirítear stoc TCP dheireadh na bliana i Soláthairtí Leighis, Fiaclóireachta & Máinliachta (€182.6m).

Bhí stoc TCP tugtha chun críche nuair a bhí éileamh mór air & boilscíodh costais i rith na paidéime. Ba cheart go mbeadh stoc dheireadh na bliana curtha ar an gcostas is ísle nó ar ghlanluach inréadaithe. Dá bhrí sin, cuireadh luach nua le stoc TCP a bhí ann ag deireadh na bliana agus mar thoradh air sin bhí cailteanas laige de €374.4m ann sa bhliain 2020. Tá díscríobh €64m[†] ann de bharr stoc barrachais a ceannaíodh (gúnaí cosanta) san áireamh i gcailliúint iomlán laigí. Tá an díscríobh seo gearrtha sa bhliain reatha i gcoinne caiteachas ioncaim. Áirítear costas laige in iomlán €894.5m an tsoláthair leighis agus mháinliach (Nóta 8). Tá sonraí iomlána na laigí ar fáil i Nóta 1(b).

[†] Ó foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil 2020 seo agus ó aithníodh earráid chló inti, leasaíodh an figiúr dhíscríofa de €13.6m go €64m.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 17 Trádáil agus Infháiltais Eile

	2020 €'000	2019 €'000
Infháiltais: Féichiúnaithe Othar – Saoráidí Príobháideacha in Ospidéal Phoiblí*	76,868	95,357
Infháiltais: Féichiúnaithe Othar – Muirir d'Othair Chónaithe Poiblí	5,916	6,234
Infháiltais: Féichiúnaithe Othar – Muirir Fhadchónaithe	9,761	10,280
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe	37,967	31,657
An Roinn Sláinte (RS)**	0	54,036
Déantúsóirí Cógaisíochta	81,818	100,441
Coigeartú Teicniúil Párolla	15,067	16,494
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (RAB) Asbhaint as an bhFoireann	6,294	7,745
Éileamh ar Iomarcaíocht Reachtúil	0	0
Údaráis Áitiúla	570	664
Réamhíocaíochtaí Párolla	1,712	626
Ospidéal Dheonacha – Conarthaí Seirbhíse Náisiúnta Feistí Leighis	4	41
Ospidéal Dheonacha – Réamhíocaíochtaí Maoinithe Deontais	89,519	75,648
Infháiltais Éagsúla	90,117	51,981
	415,613	451,204

* Ioncam ó Árachas Sláinte Príobháideach

* Ag teacht le beartas cuntasáíochta FnaSS, aithníonn FnaSS ioncam na n-othar le híoc ó chomhlachtaí árachais sláinte príobháideacha ag an am a soláthraítear an tseirbhís. I rith 2017 chuir comhlachtaí áirithe tús le suimeanna do bhaint d'éilimh a rinne FnaSS maidir leis an tréimhse ama idir an dáta iontrála agus an dáta a líon an t-othar an Fhoirm d'Othar Árachais Phríobháidigh isteach. Rinne FnaSS agóid in aghaidh na suimeanna seo trí phróiseas dlí atá fós ag dul ar aghaidh. De réir bheartas cuntasáíochta FnaSS, cruthaítear foráil i dtaca le drochfhíacha agus fiacha amhrasacha maidir le fiacha atá gan íoc ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin.

** Féach Nóta 3(b).

Nóta 18 Creidiúnaithe (méideanna dlite in aon bhliain amháin)

	2020 €'000	2019 €'000
Léasanna Airgeadais	2,795	2,734
Dliteanas maidir le Lamháltas Seirbhíse	4,516	3,874
Iníoctha – Ioncam	156,633	165,967
Iníoctha – Caipiteal	21,759	12,472
Fabhruithe Neamhphá – Ioncam	998,577	761,386
Fabhruithe Neamhphá – Caipiteal	7,199	7,861
Fabhruithe – Deontais d'Ospidéal Dheonacha agus do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	504,463	402,740
Fabhruithe Pá	566,943	557,545
Cáin Ioncaim agus Leas Sóisialach	222,054	157,144
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – An Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí	5,383	3,579
Deontais Chrannchuir Iníoctha*	2,590	815
Méideanna Iníoctha Éagsúla	24,235	20,473
	2,517,147	2,096,590

* Riarann FnaSS eisíocaíocht deontais an Chrannchuir Náisiúnta do chlár áitiúla faoi Scéimeanna Sláinte agus Leasa atá maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta. Seasann an t-iarbhéid do chistiú atá ceadaithe ach nach bhfuil íoctha amach go fóill le faighteoirí deontas faoi dheireadh na bliana.

Nóta 19 Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

	2020 €'000	2019 €'000
Léasanna Airgeadais	23,951	25,735
Dliteanas maidir le Lamháltas Seirbhíse	144,468	148,296
Iomlán na n-oibleagáidí Léasa Airgeadais	168,419	174,031
Dliteanas don Státhchiste maidir le Fáltais Bhreise Státhchiste – Díolachán Eile	0	0
	168,419	174,031

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 20 Ioncam Iarchurtha

Cuimsítear na nithe seo a leanas le hioncam iarchurtha:

	2020 €'000	2019 €'000
Tabhartais agus tiomnachtaí*	19,433	17,215
Maoiniú deontais ón Stát agus ó chomhlachtaí eile	27,757	27,711
Maoiniú ó thionscadail chaipitil shonracha	390	92
Ginearálta	4,211	4,789
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig	51,791	49,807

* Ioncam nár caitheadh a eascraíonn as tabhartais agus tiomnachtaí i gcás ina mbíonn na críocha ina bhféadfar an t-airgead a chur i bhfeidhm sonraithe ach nach bhfuil an caiteachas gaolmhar tabhaithe.

Nóta 21 Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2020 €'000	2019 €'000
Barrachas/(Easnamh) don bhliain reatha	200,711	60,462
Athluacháil Scaireanna	9	0
Gné chaipitil d'íocaíochtaí léasa arna muirearú ar ioncam	1,724	1,665
Ceannach trealamh muirearaithe don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	84,502	59,404
Costais Airgeadais muirearaithe don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	885	935
(Méadú)/Laghdú ar Fhardail	(189,718)	(5,966)
(Méadú)/Laghdú ar Thrádáil agus Infháiltais Eile	(18,442)	(40,352)
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe (a bheidh dlíthe laistigh de bhliain amháin)	411,229	129,012
Cúlchistí Ioncaim – traschur an (Easnamh) de réir Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004, arna leasú	(6,472)	85,174
Méadú/(Laghdú) ar Ioncam Iarchurtha	1,984	7,920
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	486,412	298,254

Nóta 22 Gealltanais

Gealltanais Chaipitiúla

	2020 €'000	2019 €'000
Ceangaltais Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh sa todhchaí:		
Laistigh d'aon bhliain amháin	990,617	814,776
Tar éis bliain amháin ach laistigh de chúig bliana	2,365,720	1,451,120
	3,356,337	2,265,896
Rinneadh conradh ina leith, ach ní fhoráiltear dó, sna ráitis airgeadais	1,613,926	1,333,877
San áireamh sa Phlean Caipitil ach gan a bheith ar conradh	1,742,411	932,019
	3,356,337	2,265,896

Tá Plean Infheistíochta Caipitil Ilbhliantúil lena gcuirtear caiteachas ar thionscadail chaipitil in ord tosaíochta ar aon líne le haidhmeanna sa Phlean Corparáideach agus an Plean Seirbhíse Bliantúla. Baineann na gealltanais a aithníodh thuas le costas iomlán tograí a raibh buiséid mhaoinithe shonracha ceadaithe dóibh ag deireadh na bliana. D'fhéadfadh costais a bheith i gceist leis na ceangaltais i mblianta tar éis 2020 a bhfuil buiséid le ceadú ina leith fós agus dá réir sin nach bhfuil measta.

Gealltanais maidir le Léasanna Oibriúcháin

	2020 €'000	2019 €'000
Cíosanna ó léasanna oibriúcháin (gearrtha ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas)		
Tailte agus Foirgnimh	62,181	54,166
Mótarfheithiclí	471	374
Trealamh	1,293	716
	63,945	55,256

Tá na méideanna iomlána is iníoctha faoi léasanna neamh-inchealaithe atá scoilte idir na méideanna atá dlite a íoc a leanas ag FnaSS:

	Tailte agus Foirgnimh 2020 €'000	Eile 2020 €'000	Iomlán 2020 €'000	Iomlán 2019 €'000
Laistigh d'aon bhliain amháin	50,609	927	51,536	50,771
Sa dara go dtí an cúigiú bliain san áireamh	185,157	597	185,754	183,083
In os cionn cúig bliana	493,220	8	493,228	499,186
	728,986	1,532	730,518	733,040

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 22 Gealltanais – ar lean

Gealltanais Amach Anseo maidir le Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

	2020 €'000	2019 €'000
Méid Ainmniúil:		
Socrú maidir le Lamháltas Seirbhíse – Ionaid Chúram Sláinte (cruachadh 14 shuíomh)	188,883	196,231

Cuimsíonn na gealltanais seo seirbhísí bhainistíocht saoráidí, i seirbhís, agus costais saolré, don saolré atá fágtha ag an gcomhaontú. Ní dhéantar iad a lascainiú go dtí an luach reatha.

Gealltanais maidir le Léasanna Airgeadais

Is iad seo a leanas íosíocaíochtaí léasa na todhchaí amhail ar an 31 Nollaig:

	2020 €'000	2019 €'000	2020 €'000	2019 €'000
	Léas Airgeadais	Léas Airgeadais	Lamháltas Seirbhíse*	Lamháltas Seirbhíse*
Bliain amháin agus gan dul thairis sin	3,600	3,600	9,418	8,891
Níos mó ná bliain amháin ach gan dul thar chúig bliana	12,080	11,520	35,882	44,620
Níos mó ná cúig bliana	15,470	18,630	167,267	167,267
Íocaíochtaí Comhlána Iomlána	31,150	33,750	212,567	220,778
Lúide: Muirir Airgeadais	(4,405)	(5,281)	(63,583)	(68,608)
Suim Ghlanluacha an Dlíteanais	26,745	28,469	148,984	152,170
Arna rangú mar:				
– Creidiúnaithe (méideanna dlite in aon bhliain amháin)	2,794	2,734	4,516	3,874
– Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	23,951	25,735	144,468	148,296

* Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus na seirbhíse dlíteanas deonaíochta mar shócmhainní agus dlíteanais sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ar luach €165.2m atá cothrom le luach láithreach na n-íos-íocaíochtaí léasa. Ar aon dul le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis le lascaine a thabhairt do na dlíteanais amach anseo bainteach le tógáil as eascairt as comhaontuithe deonaithe. Ba é suim ghlanluacha an dlíteanais amhail ar an 31 Nollaig 2020 ná €148.98m.

Nóta 23 Réadmhaoine

Tá 2,572 ionad réadmhaoine in eastát FnaSS.

	2020	2019
	Líon na nlonad Réadmhaoine	Líon na nlonad Réadmhaoine
Is féidir teideal na réadmhaoine a anailísiú mar seo a leanas:		
Ruileas	1,583	1,587
Léasacht	989	938
Iomlán Ionad Réadmhaoine	2,572	2,525
Is féidir príomhúsáid na n-ionad réadmhaoine a anailísiú mar seo a leanas:		
Seachadadh seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta	2,484	2,438
Seirbhísí agus Tacaíocht do Ghnó na Sláinte (lena n-áirítear próiseáil cártaí leighis, srl.)	88	87
Iomlán Ionad Réadmhaoine	2,572	2,525

Le linn na bliana, cuireadh 78 ionad réadmhaoine breise leis an eastát cúram sláinte agus baineadh 31 ionad réadmhaoine trí dhiúscairtí agus foirceannadh léasa ar aon. An glantoradh ná méadú 47 ionad réadmhaoine cúraim sláinte i rith 2020. Tá tionchar imeartha ar líon iomlán na maoine atá in eastát cúram sláinte FnaSS ag deireadh 2020 ag meascán gnáthghníomhaíochtaí bainistíochta eastáit agus ag riachtanais príomhstraitéisí cúram sláinte ar leith chun cur i bhfeidhm leanúnach ionaid cúraim phríomhúil a chur ar fáil agus seirbhísí míchumais a athlonnú go suíomhanna pobail.

Nóta 24 Cánachas

Chuir FnaSS féin-athbhreithniú suntasach maidir le comhlíonadh cánach i bhfeidhm i ndáil le 2019, le cabhair ó shainchomhairleoir cánach seachtrach, agus críochnaíodh é seo in 2020. Rinneadh an féin-athbhreithniú ar mheasúnú comhaontaithe bunaithe ar riosca leis na Coimisinéirí loncaim faoina gcreatlach comhlíonta comhoibrigh. Bhí tionchar ag riachtanais sholáthar foirne COVID-19 ar leibhéal an athbhreithnithe don bhliain 2019, agus aontaíodh leis na Coimisinéirí loncaim chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí áirithe a bhí taobh thiar de dhliteanais shuntasacha sna blianta roimhe sin. Leagadh amach an dliteanas i leith cánacha aitheanta i rith an fhéin-athbhreithnithe don bhliain 2019 trí nochtaidh Féin-cheartúcháin agus rinneadh íocaíocht €3,174,921 (ús san áireamh) leis na Coimisinéirí loncaim i mí Mheán Fómhair 2020. Seasann sé seo do 0.17% den cháin íoctha ag FnaSS don bhliain sin. Tá foireann inmheánach tiomanta do chúrsaí cánach ag FnaSS a bhfuil gairmithe cánach mar acmhainn aici agus caidreamh láidir á chothú acu leis na Coimisinéirí loncaim agus le rochtain ar chomhairleoirí seachtracha mar is gá. Tá FnaSS fós tiomanta do chomhlíonadh cánach ar bhealach eiseamláireach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

Nóta 25 Dliteanais Theagmhasacha

Ginearálta

Tá baint ag FnaSS le roinnt éilimh lena mbaineann imeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá cumhdach árachais ag FnaSS le haghaidh slánaíocht ghairmiúil, dóiteán agus gach éileamh riosca sonrach. I bhformhór na gcásanna bheadh an t-árachas sin leordhóthanach chun gach costas a chumhdach, ach ní féidir a bheith cinnte faoi i ngeall ar theorainneacha slánaíochta agus roinnt coinníollacha beartais. Níl aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir leis na héifeachtaí airgeadais a bhainfeadh le teagmhais nach bhfuil aon árachas orthu.

Ús Coinnithe Mhaoin Phríobháideach na nOthar

Roimh 2005, bhí an t-ioncam úis a tuilleadh ar chistí príobháideacha na n-othar á choinneáil ag na hiar-Bhoird Sláinte agus úsáideadh iad chun costais a tabhaíodh trí thuairim is 19,000 Cuntas Maoin Phríobháideach Othar a riar a íoc go páirteach. Bhí an gníomh seo bunaithe ar chomhairle dlí a fuarthas roimhe seo. Thug comhairle dlí a bhí faighte ag FnaSS ina dhiaidh sin le fios gur oibrigh Cuntais Mhaoin Phríobháideach na nOthar faoi chaidreamh intuigthe iontaobhaithe leis na hothair agus go raibh dualgas ar FnaSS mar sin a t-ús a tuilleadh a thabhairt do na hothair sin. Cuireann easpa taifead sealúchais d'othair phríobháideacha stáiriúla atá ar fáil teorainn le cumas FnaSS meastachán a dhéanamh ar an dliteanas féideartha iomlán agus níos leagadh síos ach páirt dliteanas i ráitis airgeadais FnaSS. Rinne FnaSS athbhreithniú ar an ábhar ar bhonn na foghlama go dtí seo ó íocaíocht úis le cliant/eastáit a bhfuil na cistí coimeádta dóibh – den chuid is mó tar éis 2005. Tá cinneadh déanta aici nach bhfuil ceangal ann a thuilleadh chun leanúint le soláthar a shealbhú i dtaobh dliteanas féideartha i leith ús stairiúil roimh 2005, a úsáideadh chun íoc as costais, agus mar sin malartaíodh an socrú seo i Ráitis Airgeadais FnaSS 2020.

Scéim Slánaíochta Cliniciúla

Tá sonraí faoin dliteanas teagmhasach i ndáil leis an Scéim Slánaíochta Cliniciúla leagtha amach i Nóta 11.

Nóta 26 Socrú Comhairleach

I mí an Mheithimh 2018, comhaontaíodh socrú idir an Stáit agus Comhairligh Leighis a eascraíonn as sárú conartha líomhnaithe maidir le neamh-fhorfheidhmiú an chonartha Comhairleach 2008. Sonraítear leis an socrú gur ceart 40% den íocaíocht chúlgabhálach a bheith íoctha as in 2019 agus an t-iarbhéid in 2020. Mheas FnaSS gurbh ionann an dliteanas ag 31 Nollaig 2019 agus €101m agus glanadh é in 2020; gan líon beag éileamh a áireamh nach bhfuil íoctha a bhfuil luach níos lú ná €1.1m acu ag 31 Nollaig 2020.

Nóta 27 Imeachtaí Tar Éis an Chláir Chomhardaithe

Leanann Paindéim COVID-19 de dhúshlán agus éiginnteachtaí móra domhanda a chur roimh gach earnáil, agus in Earnáil na Sláinte go háirithe. Is é cúram FnaSS ná soláthar sheirbhísí sláinte agus sóisialta do shaoránaigh na hÉireann agus mar sin bhí tionchar mór uirthi ag ráig COVID-19 2020 agus níos déanaí fós ag an mborradh cumhachta dáiríre a tharla ag tús 2021. Tá ról lárnach fós ag FnaSS i bhfreagairt don ráig COVID-19 chun a chinntiú go bhfuil acmhainní leanúnacha ar fáil chun seirbhísí cuí ospidéal agus pobail a chur ar fáil chun aire a thabhairt dóibh siúd a bhfuil a gcuid sláinte buailte ag an víreas agus chun gnáthsheirbhísí a choimeád ar siúl.

De bharr brú méadaithe ar sheirbhísí agus acmhainní, tá maoiniú leanúnach níos mó ag teastáil in 2021 chun an ráig reatha a fhreagairt agus a bhainistiú. Ciallaíonn an tiomantas seo do mhaoiniú sa bhreis go measann FnaSS go bhfuil sé fós cuí coincheap an ghnóthais leantaigh a chur i bhfeidhm.

Tá bainistíocht FnaSS go hiomlán tiomanta do straitéisí cuí a chruthú chun plé leis an tionchar atá ag dul ar aghaidh i gcónaí ag paindéim COVID-19 agus tá monatóireacht ghníomhach á dhéanamh acu ar chúrsaí mar a fhorbraíonn siad.

Nóta 28 Idirbhearta Páirithe Gaolmhara

Glacann Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, maidir le nochtadh leasanna FnaSS. Chloígh FnaSS leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Luaigh comhaltaí boird roinnt leasanna. Measadh nach bhfuil tionchar ábharach, tráchtála agus/ná airgeadais ag leas nochta ar bith ar FnaSS. Luadh chomh maith nár nochtadh infheistíocht i gcomhlachtaí neamhliostaithe, comhpháirtíocht agus foirmeacha eile gnó, scairshealbha móra agus leasanna tairbhiúla. Níor nochtadh comhaltaí boird bronntanais ná fáilteachas a chuir comhlachtaí seachtracha ar fáil sa dhá mhí dhéag dheiridh. Níor luaigh aon chomhalta boird caidreamh conartha le FnaSS agus níor luaigh aon chomhalta boird aon choinbhleacht eile nach gcumhdaítear in aon áit eile.

Príomhphearsanra Bainistíochta

Meastar gur pearsanra bainistíochta tábhachtach é an Lárfoireann Bainistíochta (LFB) chomh maith leis an mBord. B'ionann íocaíocht fhóiriomlán, lena n-áirítear iad siúd a ceapadh agus a d'éirigh as i rith na bliana, agus €2.1m (2019: €1.7m). Tá beirt chomhaltaí den Lárfoireann Bainistíochta (LFB) ar iasacht ó phoist eile. Tá an Príomhoifigeach Cliniciúil ar iasacht do FnaSS ó Ospidéal na Trócaire, Corcaigh. Tá an Ceannaire Náisiúnta um Thástáil agus Rianú Teagmhálaithe ar iasacht gan táille do FnaSS ó Ernst and Young (EY).

Faigheann na comhaltaí boird táillí. Seachas a luadh i Nóta 2, tá gach bainisteoir tábhachtach eile a fhaigheann íocaíocht ar bhunphá amháin. Tá eisceacht amháin ann (ní fhaightear táillí); de bharr na rialach seo: duine amháin, tuarastal amháin.

Cé is moite den POF, is baill de scéimeanna pinsin FnaSS iad na baill eile den Lárfoireann Bainistíochta a fhaigheann íocaíocht (agus i gcás an Phríomhoifigigh Chliniciúil, is ball den Scéim Aoisliúntais Ospidéal Dheonach é). Ní théann a dteidlíochtaí pinsin thar na gnáththeidlíochtaí a bhaineann leis na scéimeanna seo.

Nóta 29 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 26 Bealtaine 2021.

Aguisín 1: Deontais Ioncaim Agus Deontais Chaipitil**

Anailís ar Dheontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha i Nóta 8 agus Nóta 13

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000

Deontais Iomlána faoi bhun €100,000 (1,530 Deontas)	37,426	37,426	33,014
--	---------------	---------------	---------------

Deontais de €100,000 nó os a chionn				
A Ghrá Homecare Services Ltd	1,179		1,179	1,364
Ability West Ltd	28,590		28,590	27,579
Brú agus Ionad Cúram Lae Abode	1,051		1,051	1,027
ACET Ireland	309		309	463
Gortú Inchinne Faighte Éire (Foras Peter Bradley roimhe seo)	11,993		11,993	11,500
Active Connections CLG	169		169	136
Scor Gníomhach Éireann	346		346	335
Addiction Response Crumlin (ARC)	916		916	922
Aftercare Recovery Group	105		105	105
AGC Healthcare	400		400	380
Aoisghníomhaíocht Éireann	454		454	454
Age and Opportunity	556		556	545
Cúnamh SEIF san Iarthar	255		255	256
Áiseanna Tacaíochta	2,530		2,530	2,103
Aiséirí	1,141		1,141	721
Ionad Aislínn, Cill Chainnigh	1,142		1,142	1,130
AKIDWA	160		160	140
Alcohol Action Ireland	240		240	220
All About Healthcare T/A The Care Team	1,390		1,390	1,199
All In Care	6,247		6,247	7,690
Alliance	252		252	295
ALONE	1,046		1,046	729
Alpha One Foundation	120		120	120
Cumann Alzheimer na hÉireann	12,431		12,431	11,020
An Saol Foundation	0		0	500
An Siol	117		117	109
Tionscadal Drugaí Ana Liffey	1,455		1,455	1,236

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
Ainm na Gníomhaireachta	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000
Ionad Cóireála Anchor	171		171	196
Seirbhís Tacaíochta ANEW	0		0	353
Fondúireacht Anne Sullivan do na Bodhair agus na Daill	693		693	750
Ann's Home Care	5,059		5,059	1,315
Applewood Homecare Ltd	2,055		2,055	2,020
Arabella Counselling, t/a Here2Help	14		14	188
Ionad Cúram Lae Áras Mhuire (Seirbhísí Pobail Thiobraid Árann Thuaidh)	308		308	309
Ionad Tacaíochta Ailse ARC	251		251	184
Ionad Ard Aoibhinn	5,083		5,083	4,604
Ionad Cúram Lae Bhaile Átha Fhirdia	299		299	291
Arlington Novas Ireland	3,833		3,833	3,456
Airtríteas Éireann	207		207	228
Cumann Siondróim Asperger na hÉireann (ASPIRE)	285		285	273
Iontaobhas na gCarthanas Comhlachaithe	219		219	110
Association for the Healing of Institutional Abuse (AHIA) (a raibh aithne air roimhe seo mar an Aislínn Centre, Baile Átha Cliath)	228		228	230
Cumann Tuismitheoirí agus Cairde Daoine faoi Bhac Meabhrach	1,448		1,448	1,409
Athlone Community Services Council Ltd	280		280	275
An Grúpa um Thionscnaimh Uathachais	5,279		5,279	4,981
Aware	606		606	481
Aonad Téarnaimh Bhaile Mhuire do Dhaoine Scothaosta	175		175	0
Seirbhísí Sóisialta Bhéal Átha na Sluaighe	125		125	112
Ballincollig Senior Citizens Club Ltd	350		350	446
Ballyfermot Advanced Project Ltd	398		398	398
Comhpháirtíocht Bhaile Formaid/Shéipéal Iosóid	112		112	93
Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil CLG Bhaile Formaid	216		216	125
Ballyfermot Star Ltd	421		421	370
Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Bhaile Munna	295		295	286
Acmhainn Réigiúnach don Ógra Baile Munna	200		200	146
Tionscadal Gníomhaíochta Óige Bhaile Munna (YAP)	678		678	678
Ionad Acmhainne Bhaile Féitheán agus an Tóchair	286		286	340
Barnardos	952		952	972
Campa Bhaile an Bhairéadaigh	151		151	151

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Barrog Healthcare	107		107	0
Barrow Valley Enterprises for Adult Members with Special Needs Ltd (BEAM)	1,758		1,758	1,825
Be Independent Home Care	4,897		4,897	3,712
Ospidéal Beacon	33,653		33,653	0
Ionad Cúram Lae Beaufort	231		231	234
Ospidéal Beaumont	404,006	18,506	422,512	363,557
Behaviour Detectives Ltd, Cill Chainnigh.	352		352	223
Belong to Youth Services Ltd	311		311	241
Iontaobhas Bergerie	261		261	345
Best Home Care Services	701		701	538
Better Living Homecare	301		301	44
Clinic na Carraige Duibhe	27,531		27,531	0
Tionscnamh Óige Bhaile an Bhlácaigh agus Radharc an Chnocáin (BMYI)	480		480	481
Cúraim Baile Bhaile Bhlainséir agus Lár na Cathrach	2,798		2,798	2,425
Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Bhaile Bhlainséir	542		542	545
Seirbhís Óige Bhaile Bhlainséir	195		195	162
Bloomfield Health Services	566		566	151
Bluebird Care	33,519		33,519	29,459
Bodywhys – Cumann Neamhord Itheacháin na hÉireann	471		471	445
Bon Secours Chorcaí	35,656		35,656	0
Bon Secours Bhaile Átha Cliath	15,316		15,316	0
Bon Secours na Gaillimhe	10,128		10,128	0
Bon Secours Luimnigh	4,445		4,445	0
Siúracha Bon Secours	129		129	272
Bon Secours Thrá Lí	10,544		10,544	0
Foireann Andúile Pobail Bhré	706		706	693
Bray Home Help/Care Service Company Limited by Guarantee	1,087		1,087	1,036
Bray Lakers Social and Recreational Club Ltd	151		151	200
Grúpa Taistealaithe Bhré	113		113	113
Breffni Integrated	142		142	9
Brindley Healthcare	1,561		1,561	1,542

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
Ainm na Gníomhaireachta	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000
Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta Éireann	243,752	31	243,783	218,257
Ionad Acmhainní na Cabraí	218		218	220
Cairde	623		623	610
Ionad Cairdeas, Ceatharlach	573		573	533
Pobail Camphill na hÉireann	11,951		11,951	9,495
Cúram Ailse an Iarthair	693		693	600
Tríalacha Ailse Éireann	0		0	100
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí	43,009	2,651	45,660	40,208
Ionad Acmhainní Teaghlaigh Theach Cara	102		102	43
Care About You	2,788		2,788	2,265
Care at Home Services Ltd	3,425		3,425	2,026
Care For Me Ltd	1,627		1,627	1,742
Care of the Aged, Ciarraí Thiar	110		110	110
CareBright	3,568		3,568	4,562
Comharchumann Caredoc GP	16,286		16,286	9,915
Caremark Éireann	10,363		10,363	9,992
Careworld	1,557		1,557	720
Ionad Téarnaimh Caritas	1,053		1,053	1,837
Ionad Cúram Lae Cheatharlach (Seirbhísí Pobail na hEasca)	105		105	97
Seirbhís Shóisialta Cheatharlach	227		227	220
Foireann Cúraim Baile Cheatharlach/Chill Chainnigh	306		306	218
Ionad Cúraim Pobail Charn an Bhua	151		151	152
Carriglea Cairde Services Ltd (Siúracha Bon Sauveur roimhe seo)	12,929		12,929	11,790
Teach Altranais Charraig Odhráin – Ionad Cúraim Lae	131		131	130
Casadh	195		195	180
Casla Home Care Ltd	1,001		1,001	680
Castle Homecare	1,306		1,306	1,235
Institiúid Chaitliceach na mBodhar (CIDP)	4,930		4,930	4,619
CDA Trust Ltd (Feasacht Drugaí an Chabháin)	220		220	214
An Phríomh-Chlinic Íocshláinteach	19,752	78	19,830	17,836
Ionaid um Maireachtáil Neamhspleách (CIL)	11,450		11,450	12,525
Charleville Care Project Ltd	172		172	214

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Cheeverstown House Ltd	30,457		30,457	28,145
Fondúireacht Cheshire na hÉireann	28,467		28,467	29,574
Sláinte Leanaí Éireann	394,726	5,817	400,543	361,902
Children's Sunshine Home	4,071		4,071	4,036
ChildVision (Scoil Naomh Iósaf do Dhaoine Lagamhairc)	4,685		4,685	4,440
Chime	4,206		4,206	4,505
Tionscadal Drugaí Pobail Chrysalis	538		538	438
Cill Dara Ar Aghaidh	248		248	268
Ionad Tacaíochta Ailse Circle of Friends	0		0	150
Clann Mór	138		138	1,871
Clannad Care, Port Láirge	1,042		1,042	1,143
Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir	170		170	130
Clarecare Ltd lena gcuimsítear Comhairle Seirbhísí Sóisialta an Chláir	7,244		7,244	7,367
Ionad Cúraim Lae Dhroichead an Chláir	389		389	394
Ionad Lae Cúirt Bhaile Chláir	172		172	176
Clár Tacaíochta Andúile Chluain Dolcáin (CASP)	865		865	852
Tascfhórsa Drugaí Chluain Dolcáin	203		203	223
Clondalkin Tus Nua Ltd	515		515	501
Cumann Meabhairshláinte Chluain Mhaine	345		345	340
Cúnamh Baile Chluain Tarbh	185		185	3,172
Ionad Oiliúna & Fiontair Chluana	570		570	750
CLUB 91 (Seirbhís Chez Nous roimhe seo), Sligeach	123		123	0
Co-Action, Iarthar Chorcaí	9,611		9,611	8,716
Ospidéal Ginearálta an Chóibh	329		329	399
Comfort Keepers Ltd	22,380		22,380	21,847
Communicare Healthcare Ltd	6,922		6,922	5,439
Community Creations Ltd	1,179		1,179	1,127
Freagairt Pobail, Baile Átha Cliath	457		457	397
Foireann Mhí-úsáid Substaintí sa Phobal Luimnigh	435		435	417
CONNECT – An tSeirbhís Comhairleoireachta Náisiúnta do Dhaoine Fásta (LÍNE CHABHRACH NOVA)	370		370	361
Contact Care	1,581		1,581	1,663
Coolmine Therapeutic Community Ltd	2,386		2,386	1,999

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
Ainm na Gníomhaireachta	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000
Ospidéal an Choim do Mhná	81,362	2,960	84,322	72,553
Fondúireacht COPE	63,201		63,201	58,871
COPE na Gaillimhe	1,925		1,925	1,762
Core Caring Ltd	134		134	38
Cumann Uathachais Chorcaí	7,416		7,416	7,754
Comhairle Cathrach Chorcaí	908		908	88
Tionscadal Foyer Chorcaí	312		312	294
Cumann Meabhairshláinte Chorcaí	173		173	150
Togra Oideachais Shóisialta agus Sláinte Chorcaí (CSHEP)	938		938	794
Ospidéal agus Scoil Dhéadach Ollscoil Chorcaí	3,325		3,325	2,798
Comhpháirtíocht Ceannairí Chontae Chill Dara	141		141	86
Cuideachta Chomhpháirtíochta Leader Chontae Shligigh	188		188	248
County Wexford Community Workshop, Enniscorthy/ New Ross Ltd	8,214		8,214	6,951
Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin	134		134	53
CPL Healthcare	817		817	1,667
Crescent Homecare Ltd	217		217	200
CROI (Cumann Cairdeolaíochta Iarthar na hÉireann)	265		265	468
Crosscare	3,046		3,046	2,826
Crumlin Home Care Service Limited	3,662		3,662	3,306
Cuan Mhuire	1,584		1,584	2,028
Cumann na Daoine	103		103	103
Curam Altranais Paediatric and Adult Case Management Service Ltd	628		628	26
Clár Fiobróise Cistí na hÉireann	140		140	140
Cumann Tithíochta Daisyhouse	340		340	237
Seirbhísí Cónaitheacha Dara	0		0	1,931
Feasacht Drugaí Belcamp Dharndál	244		244	243
Iníonacha na Carthanachta	130,916		130,916	121,694
Dawn Court Day Care Centre Ltd	118		118	118
Ionad Delta, Ceatharlach	5,045		5,045	4,005
Depaul Ireland	2,952		2,952	1,941
Diaibéiteas Éireann	432		432	268

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Dignity 4 Patients	100		100	100
Míchumas & Seirbhísí Tacaíochta Baile Loch Garman	367		367	146
Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI)	1,278		1,278	1,239
Dóchas	55		55	102
Dolmen Clubhouse Ltd	173		173	123
Domestic Violence Response Ltd	300		300	0
Donegal Homecare Limited	1,442		1,442	610
Donnycarney and Beaumont Home Help Services Ltd	1,324		1,324	1,454
Donnycarney Youth Project Ltd	414		414	410
Cúram Áitiúil Dhomhnach Cearna/Beaumont	110		110	115
Forbairt Pobail Dhún Uabhair	195		195	178
Siondróm Down Éireann	190		190	163
Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha	170		170	119
Cumann Dhroichead Átha um Chúnamh do Dhídeanaithe	130		130	167
Ionad Cúram Faoisimh Dhrom Collachair agus Dúiche	525		525	525
Cúnamh Baile Dhroim Conrach	1,143		1,143	1,240
Cúram do Dhaoine Scothaosta Dhroim Caorthainn	182		182	228
Teach Drumlin	151		151	174
Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil CLG Bhaile Átha Cliath 12	182		182	132
Dublin AIDS Alliance (DAA) Ltd	701		701	477
Ospidéal Déadach Bhaile Átha Cliath	7,440	239	7,679	7,854
Comhaontas Pobail Ionchathair Bhaile Átha Cliath	138		138	22
Tascfhórsa Drugaí Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh	278		278	506
Feidhmeannas Daoine Gan Dídean Réigiúin Bhaile Átha Cliath	452		452	579
Cúnamh Baile Bhaile Átha Cliath Thiar	4,739		4,739	4,688
Cúnamh Baile Dhún Laoghaire	823		823	972
Foireann Pobail Andúile Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	387		387	417
Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	119		119	109
Tionscadal ForRochtana Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	252		252	252
Dundalk Outcomers	110		110	123
Leabharlann Edward Worth	200		200	165
Infhostaitheacht Luimnigh	132		132	37

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
Ainm na Gníomhaireachta	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000
Empower	107		107	58
Empowerment Plus	248		248	172
Enable Ireland	47,118		47,118	45,710
Engaging Dementia	93		93	116
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	159		159	104
Titeamas Éireann	756		756	763
Errigal Truagh Special Needs Parents and Friends Ltd	267		267	312
Extern Ireland	1,290		1,290	1,085
Familibase	304		304	296
Cúramóirí Teaghlaigh Éireann	7,261		7,261	8,565
Fatima Groups United	122		122	116
Seirbhísí Ógra Deoise Fhearna (FDYS)	412		412	447
Fondúireacht Festina Lente	565		565	539
Tionscadal Athshlánaithe ó Dhrugaí Fhothar Chardain	91		91	109
Fighting Blindness Ireland	123		123	111
Cúram Baile Fhine Gall	4,469		4,469	4,605
Foireann Tacaíochta Andúile Fhionnghlaise	635		635	556
Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Fhionnghlaise-na Cabraí	136		136	170
Cúram Baile/Eagraíocht Cúraim Fhionnghlaise	2,635		2,635	2,972
First Employment Services	104		104	116
First Fortnight Ltd	162		162	155
Focus Ireland	1,929		1,929	1,792
Fold Ireland	4,019		4,019	3,861
Foróige	333		333	266
Fóram Tionscadal Tuaithe Iarthuaisceart Chonamara	454		454	395
Cairde an Ospidéal Réigiúnaigh, An Muileann gCearr	109		109	0
Fusion CPL Ltd	111		111	111
Cumann Lúthchleas Gael	110		110	150
Clinic na Gaillimhe	20,102		20,102	0
Fondúireacht Ospís na Gaillimhe	9,002		9,002	5,401
Ganavan Ltd (T/A Woodbrook Outreach & Homecare Services)	230		230	4
Gateway Community Care	1,678		1,678	1,401

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Gay Health Network	370		370	378
Genio Trust	827		827	702
Gheel Autism Services Ltd	4,813		4,813	6,217
Good Morning Inishowen	134		134	51
Siúracha an Aoire Mhaith	1,120		1,120	1,202
Cumann Ghráig na Manach do Dhaoine Scothaosta	196		196	200
Ionaid Cúraim Lae Bhaile an Ghróntaigh	127		127	106
Greystones Home Help Service Company Limited by Guarantee	1,442		1,442	1,644
GROW	1,354		1,354	1,305
Guardian Ad Litem and Rehabilitation Office (GALRO)	5,331		5,331	4,956
Grúpa Tacaíochta Teaghlaigh HADD	265		265	233
Cumann Tithíochta Hail don Chónaí Comhtháite	829		829	464
Hands On Peer Education (HOPE)	173		173	149
HCD Homecare Ltd	248		248	3
Headway, an Cumann Náisiúnta do Ghortú Inchinne Faighte	2,946		2,946	2,787
An Bord Taighde Sláinte Éireann (BTS)	227		227	303
Heritage Homecare Ltd	3,584		3,584	2,443
Teach Hesed	241		241	241
Aingil Naofa Cheatharlach, Ionad Cúraim Lae do Dhaoine le Riachtanais Speisialta	705		705	677
Scoil an Teaghlaigh Naofa	111		111	111
Ospidéal an Spioraid Naofa	277		277	350
Home and Away Care	759		759	563
Home Care Plus	3,648		3,648	1,706
Cúram Seanóirí Home Instead	58,377		58,377	55,451
Homecare Independent Living Ltd	3,805		3,805	3,900
Homecare Solutions Ltd	857		857	863
HomeCarer Trusted Independent Living	363		363	192
Teach Hope	310		310	285
Tionscadal Drugaí Idirghníomhaireachta IADP – UISCE	159		159	150
ICARE (Oideachas na bPáistí a bhaineann le hUathachas in Inis Eoghain)	184		184	41
Comhairliúchán agus Síctearipe Inimirceach (ICAP)	250		250	254
Foireann Pobail Inse Chór in aghaidh Drugaí	549		549	529

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2020 €000	Deontais Chaipitil 2020 €000	Deontais Iomlána* 2020 €000	Deontais Iomlána* 2019 €000
Cuimsiú Éireann	662		662	633
Inclusive Care Supports Ltd T/A Barrog Healthcare	353		353	56
Ospidéal Ortaipéideach Corpraithe na hÉireann	14,549		14,549	12,213
Inis Care	1,036		1,036	773
Inspire Wellbeing	1,452		1,452	177
Eagraíocht Idirnáisiúnta um Scagadh Imirce	0		0	300
Íontas, Ionad Acmhainní na hEalaíona & an Phobail, Baile na Lorgan	156		156	167
Líonra Abhcóideachta na hÉireann	768		768	794
Cumann Spina Bífida agus Hidriceifileas na hÉireann (IASBH)	965		965	928
Cumann na hÉireann d'Fhostaíocht faoi Thacaíocht	103		103	0
Cumann Ailse na hÉireann	668		668	753
Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann	647		647	477
Cumann Pleanála Clainne na hÉireann (IFPA)	1,311		1,311	1,315
Madraí Treorach do na Daill in Éirinn	828		828	830
Cumann Haemaifilia na hÉireann (IHS)	527		527	623
Fondúireacht Croí na hÉireann	376		376	293
Foras Ospíse na hÉireann	334	1,200	1,534	329
Foras Duán na hÉireann (IKA)	310		310	454
Foras Ghalar Néarón Luadrach na hÉireann	288		288	218
Seirbhís Príosúin na hÉireann	256		256	256
Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPC)	400		400	343
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA)	46,525		46,525	42,832
Fondúireacht na bPáistí Jack and Jill	1,062		1,062	1,129
Jigsaw (rud ar a dtugtar Headstrong chomh maith)	9,893		9,893	10,749
Ráth Miontáin ag cuidiú le Tionscadal Spleáchas ar Dhrugaí (Tionscadal RMTSD)	273		273	348
K Doc (Seirbhísí DG Lasmuigh de Ghnáthuaireanta)	4,176		4,176	2,334
KARE Plan Ltd	7,630		7,630	7,525
Kare Plus Ireland	1,266		1,266	847
KARE, Droichead Nua	23,122		23,122	20,786
Cumann Tuismitheoirí agus Cairde Chiarraí	12,689		12,689	11,800
Fostaíocht faoi Thacaíocht Chiarraí	102		102	114
Kilbarrack Coast Community Programme Ltd (KCCP)	463		463	458

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Kildare and West Wicklow Community Addiction Team Ltd	300		300	300
Seirbhísí Óige Chill Dara (KYS)	193		193	386
Cill an Ardáin (KARP)	150		150	150
Cumann Tithíochta Deonaí Chill Mháille	267		267	267
Grúpa na mBan Chill Tachúrc	0		0	284
Ospidéal Príobháideach Kingsbridge	908		908	0
Kingsriver Community	1,033		1,033	642
L'Arche Ireland	4,066		4,066	3,775
Fondúireacht Ospís Páistí LauraLynn	772		772	32
Leap Ireland	44		44	100
Cumann Liatroma do Dhaoine faoi Mhíchumas (LAPWD)	581		581	550
Cuideachta Forbartha Liatroma	433		433	432
Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	14,799	1,215	16,014	14,967
Ionad na mBan, Leitir Ceanainn	117		117	195
LADT Éireann	115		115	52
Cúnamh Baile na Libeartaí agus Rialto	1,340		1,340	1,372
Liberty HomeCare	218		218	31
Lifetime Care	576		576	517
Ionad Acmhainní Leifir Chluain Lao	226		226	200
Comhairle Seirbhísí Sóisialta Luimnigh	322		322	294
Ionad Oiliúna Pobail Sheirbhís Óige Luimnigh	217		217	205
LINC	128		128	126
Link (Galway) Ltd	193		193	160
Liscarne Court Senior Citizens	115		115	115
Brú Little Angels Leitir Ceanainn	365		365	365
Lochrann Ireland Ltd	133		133	133
Longford Community Resources Ltd	200		200	216
Coiste Seirbhísí Sóisialta an Longfoirt	167		167	155
Ionad Cúraim Lae Lorcan O'Toole	128		128	118
Ionad Cúraim Lae Lourdes	247		247	226
Forbairt Tithíochta Seanóirí Mhaigh Chromtha, Sullane Haven Ltd	182		182	127
Naíolann Pobail Mhachan	265		265	178

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Teach Leasa Marion Court, Cluain Meala	136		136	128
Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae Teo	355,275	32,585	387,860	330,051
Ospidéal Príobháideach an Mater Chorcaí	10,178		10,178	0
Ospidéal Príobháideach an Mater Bhaile Átha Cliath	47,129		47,129	0
Seirbhísí Ógánach Matt Talbot	1,241		1,241	1,275
Seirbhísí Cúram Baile Teaghlaigh McGann	0		0	109
Comhairle Contae na Mí	458		458	175
Comhpháirtíocht na Mí	453		453	481
Cumainn Mheabhairshláinte (MHAanna)	1,441		1,441	1,122
Meabhairshláinte Éireann	1,997		1,997	2,233
Leasú Meabhairshláinte	367		367	362
Cé na gCeannaithe, Éire (MQI)	3,625		3,625	3,727
Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh	118,176	10,415	128,591	101,650
MIDOC	3,365		3,365	1,081
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Mheánlarthair	388		388	473
Cumann Mígréine na hÉireann	140		140	132
Ionad Cúram Áth an Mhuilinn	15,171		15,171	11,861
Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin	157		157	13
Moorehaven Centre Tipperary Ltd	2,736		2,736	2,451
Teach Mount Cara	347		347	346
Teach Mount Carmel, Callán, Co. Chill Chainnigh	261		261	99
Tionscadal Óige Comharsanachta Bhaile an Chnoic	133		133	133
Mowlam Healthcare	3,475		3,475	1,467
MS Ireland – Cumann Scléaróis Iolrach na hÉireann	1,714		1,714	2,621
Muintir na Tire Ltd	142		142	86
Foireann Mhullach Eadrad/na Coirre Duibhe in aghaidh Drugaí	325		325	324
Multiple Sclerosis North West Therapy Centre Ltd	226		226	233
Diostróife Mhatánach Éireann	1,194		1,194	1,180
My Homecare Angels	585		585	0
Mymind Ltd	276		276	258
Nasc (Ionad Tacaíochta Inimirceach na hÉireann)	225		225	90
National Association of Housing for the Visually Impaired Ltd	1,188		1,188	1,067
An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise (NCN)	135		135	125

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Cumann Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI)	7,083		7,083	6,553
Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha in Éirinn	253		253	240
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais	75,081	2,667	77,748	68,231
An tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach	0	168,112	168,112	201,423
An tOspidéal Athshlánaithe Náisiúnta	42,417	13,341	55,758	89,736
Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde ar Fhéinmharú (NSRF)	1,299		1,299	1,127
Comhairle Náisiúnta na mBan	142		142	150
Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann	142		142	151
Teach Nazarat, Mala	1,834		1,834	1,812
Teach Nazarat, Sligeach	2,075		2,075	2,572
Near Le Chéile	488		488	488
Ospidéal Pobail Ros Mhic Tríúin	135		135	78
Seirbhísí Sóisialta an Phoirt Nua, Ionad Cúraim Lae	261		261	265
No Name Youth Club Ltd	125		125	130
North Doc Medical Services	4,453		4,453	3,938
Seirbhísí um Chúnamh Baile agus um Chúram Baile Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh	4,326		4,326	1,890
Forbairt Phobail Thuaisceart Fhine Gall	141		141	0
North Tipperary Disability Support Services Ltd	740		740	747
Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh	220		220	222
Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt	515		515	408
Cumann Tuismitheoirí agus Cairde an Iarthuaiscirt	2,671		2,671	2,454
Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Iarthuaiscirt	152		152	122
Tionscnamh Sláinte Pobail Thuaisceart na Cathrach (NICHE)	320		320	626
Northside Homecare Services Ltd	4,516		4,516	4,474
Northside Partnership	139		139	162
Tionscadal Tacaíochta Teaghlaigh Northstar	188		188	160
Ospís an Iarthuaiscirt	2,400		2,400	1,174
Nua Healthcare Services	5,112		5,112	4,417
Altra ar GlaoDhualgas – Pacáiste Cúraim Baile	2,717		2,717	3,955
Obair Chora Chaitlín	128		128	47
Cúram Cónaitheach agus Lae Chúirt Uí Chonaill	335		335	293
Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí	167		167	128

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Gluaiseacht Lucht Taistil Uíbh Fhailí	379		379	280
One Family	455		455	405
One In Four	598		598	678
Ionad Lae Open Door	368		368	376
Ord Mhála	557		557	518
Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire (Siúracha na Carthanachta)	37,101	451	37,552	31,455
Outhouse Ltd	195		195	187
Comhpháirtíocht Paul Luimnigh	100		100	0
Ionad Pavee don Lucht Taistil agus do Romaigh	1,423		1,423	1,449
Iontaobhas Peacehaven	1,028		1,028	861
Ospidéal Mhullach na Pise	33,119	3,647	36,766	39,194
Iontaobhas Peter McVerry (Cumann Arrupe roimhe seo).	5,077		5,077	2,300
PHC Care Management Ltd	4,367		4,367	3,649
Teach Pieta	2,628		2,628	2,158
Pioneer Homecare Ltd	4,514		4,514	2,384
Positive Futures	1,407		1,407	3,184
Grúpa Tacaíochta Iar-Pholaimialitis (PPSG)	357		357	363
Teach Phrág	249		249	151
Praxis Care Group	5,718		5,718	5,475
Private Home Care, Leamhcán	104		104	74
Prosper Group	12,391	150	12,541	12,162
Tacaíocht Ailse Purple House	188		188	176
R K Respite Services Ltd	440		440	414
RADE (Téarnamh trí Ealaín Dráma agus Oideachas)	113		113	119
Cumann Tithíochta Radius	113		113	158
RAH Home Care Ltd T/a Right At Home	3,666		3,666	3,250
Tascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla um Dhrugaí	4,341		4,341	3,882
Grúpa Rehab	71,255		71,255	65,584
Resilience Ireland (Resilience Healthcare Ltd)	5,160		5,160	5,848
Respond! Cumann Tithíochta	702		702	765
Forbairt Pobail Rialto	130		130	122
Foireann Pobail Rialto in aghaidh Drugaí	422		422	422

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Líonra Pobail Rialto	101		101	90
Cuideachta Chomhpháirtíochta Rialto	723		723	749
Right of Place Second Chance Group	170		170	200
Freagra na Rinne agus an Dúiche ar Dhrugaí	403		403	403
Comharchumann Seirbhísí Baile Ros Comáin	3,208		3,208	3,859
Roscommon Partnership Company Ltd	191		191	182
Roscommon Support Group Ltd	1,526		1,526	1,662
Teach Cónaithe Rosedale	287		287	96
Ceardlann Fhoscúil an Rois	135		135	1
Ospidéal an Rotunda	78,907	6,430	85,337	69,130
Coláiste Ríoga na Lianna	1,409		1,409	2,235
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	3,958		3,958	4,218
Ospidéal Ríoga Dhomhnach Broc	20,750	1,828	22,578	20,787
Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas	33,805	2,523	36,328	31,321
Tionscadal na mBan, Ruhama	220		220	220
Rutland Centre	66		66	142
S H A R E	160		160	208
Cumhdach Éireann	246		246	246
Cúram Príomhúil Safetynet	1,392	38	1,430	779
Eagraíocht Tathanta Sage	1,691		1,691	1,641
Salesian Youth Enterprises Ltd	497		497	477
Arm an tSlánaithe	1,657		1,657	1,650
Na Samáraigh	625		625	688
Ionad Lae Sancta Maria	115		115	60
Cúram Baile Sandra Cooney	2,575		2,575	2,552
Cúnamh Baile Dhumhach Thrá	263		263	323
Sankalpa	353		353	251
Ionad Cóireála um Andúil Saoirse	168		168	130
Tionscadal SAOL	358		358	361
Fondúireacht SCJMS/Mhuiriosa	67,412		67,412	62,221
Comhpháirtíocht SDC Dheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath (Comhpháirtíocht Ghleann na Dortha roimhe seo)	1,115		1,115	872
Earcaíocht Servisource	7,243		7,243	6,683

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
Ainm na Gníomhaireachta	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000
Cumann Tithíochta Shalamar Finiskilin	163		163	255
Cumann Seanóirí na Seanchille	171		171	151
Shannondoc Teo (Seirbhísí DG Lasmuigh de Ghnáthuaireanta)	5,235		5,235	5,030
SHINE	1,427		1,427	1,768
Clanna Shíomóin na hÉireann	9,945		9,945	9,610
Simplicitas Ltd	185		185	186
Siúracha na Carthanachta	2,695		2,695	5,216
Siúracha na Carthanachta Ionad Naomh Mhuire do na Dall agus Lagamhairc	2,490		2,490	3,183
Siúracha na Trócaire	457		457	293
Slí Eile Support Services Ltd	455		455	346
Comhairle Contae Shligigh	108		108	13
Ionad Teaghlaigh Shligigh	154		154	143
Sligo Social Services Council Ltd	440		440	323
Comhairliúchán Pobail Shnuga	176		176	149
Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVDP)	4,189		4,189	4,103
Cumann Tithíochta Sophia	885		885	846
Sora Healthcare T/A Irish Homecare	12,866		12,866	11,723
SOS (Kilkenny) Ltd Special Occupation Scheme.	14,193		14,193	12,386
Comharchumann South Doc GP	12,259		12,259	8,302
An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria	65,744	4,478	70,222	64,747
Guideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas	303		303	282
Tionscadal an Deiscirt um Shláinte Daoine Aeracha	111		111	117
Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath	124		124	122
Gortuithe Dromlaigh Éireann	313	85	398	398
Tionscnamh Seirbhísí Tearmainn Spiritan (SPIRASI)	390		390	403
Grúpa Gníomhaíochta Pobail Naomh Aonghas	141		141	141
Seirbhísí Naomh Aodáin	5,658		5,658	5,410
Ionad Acmhainne Naomh Aindriú	740		740	602
Ionad Cúraim Lae Naomh Bríd	133		133	117
Teach Naomh Carthage Lios Mór	436		436	182
St Catherine's Association Ltd	6,026		6,026	5,969
Seirbhísí Naomh Críostóir, an Longfort	10,583		10,583	10,247

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Ionad Cúraim Lae Naomh Colmán	183		183	185
Cumann Naomh Crónán	1,705		1,705	1,282
Tionscadal Freagartha Pobail Naomh Doiminic	452		452	399
Teach Naomh Fiach, An Ghráig	403		403	326
Ospís Naomh Proinsias	16,956		16,956	12,442
Ospidéal Príobháideach Naomh Proinsias	1,347		1,347	0
Scoil agus Ionad Naomh Gaibriéil	2,329		2,329	2,228
Seirbhísí Naomh Hilda do Dhaoine faoi Bhac Meabhrach, Baile Átha Luain	6,238		6,238	5,684
Ospidéal San Séamas	454,687	19,634	474,321	415,997
Ospidéal San Séamas, Brúnna Jonathan Swift	4,750		4,750	4,933
Seirbhísí Óstaíochta Naomh Eoin Dé	175,087		175,087	166,316
Ospidéal Naomh Eoin	28,491	899	29,390	24,252
Fondúireacht Naomh Iósaf	21,616		21,616	20,383
Teach Naomh Iósaf do Dhaoine Scothaosta	377		377	414
Teach Naomh Iósaf, Cill Mogeanna, Co. Chill Chainnigh	234		234	162
Seirbhís Chúnamh Baile Naomh Caoimhín	58		58	368
SSC Naomh Lorcán Ó Tuathail	168		168	887
Teach Naomh Lazarian, Muine Bheag	321		321	231
Teach Naomh Lúcas	1,180		1,180	1,306
Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire	37,362	584	37,946	31,415
Teach Naomh Micheál	99,454	237	99,691	94,271
Ionad Cúraim Lae Naomh Micheál	185		185	188
Coiste Forbartha Pobail Naomh Monica	401		401	401
Teach Altranais Naomh Monica	66		66	199
Ionad Naomh Pádraig, Cill Chainnigh (Siúracha na Carthanachta)	19,047		19,047	18,245
Ospidéal Naomh Pádraig/Mongach Mhór	718		718	483
Scoil Speisialta Naomh Pádraig	292		292	182
Ospidéal Naomh Pádraig Bóthar Wellington	14,785		14,785	10,478
Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc	16,139		16,139	15,654
Ospidéal Príobháideach Naomh Uinseann	31,779		31,779	1
Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán	307,312	34,642	341,954	314,616
Domhnach Broc Naomh Mairéad (IRL-IASD)	2,811		2,811	1,705

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Ionad Shochar Teaghlaigh agus Páistí Naomh Pól	2,461		2,461	2,469
Tionscadal Star Bhaile Munna Teo	334		334	331
Áis Stella Maris	146		146	147
Stewart's Care Ltd	56,336	10	56,346	53,806
Cúnamh Baile Stigh Lorgan	295		295	507
Suicide or Survive (SOS)	348		348	323
Seirbhísí Theach Sunbeam	30,854	4	30,858	28,702
Support 4 U Ltd	419		419	671
Teach Tabor, an Uaimh	200		200	158
Lóiste Tabor	691		691	944
Grúpa Talbot	0		0	611
Ionad Cóireála Gharrán an Talbóidigh	181		181	86
Cúnamh Baile Thamhlachta	1,719		1,719	1,974
Tionscadal Athshlánúcháin Thamhlachta	208		208	208
Seirbhís Ógra Thaistealaithe Thamhlachta	130		130	131
Ospidéal Ollscoile Thamhlachta	286,298	24,273	310,571	261,593
Tearmann Éanna Teo	374		374	407
Tee Care Home Help Services Limited	209		209	194
Teen Challenge Ireland Ltd	277		277	277
Ionad Cúram Lae an Teampaill Mhóir	168		168	173
Terenure Home Care Service Ltd	1,448		1,448	1,450
The Arklow Home Help Service Company Limited by Guarantee	2,201		2,201	2,336
Ionad Avalon, Sligeach	273		273	320
Teach Cónaithe The Beeches	1		1	130
Ionad Lae Alzheimer The Birches	373		373	327
Lárionad Sóisialta na Seanóirí i gCoill an Easpaig	111		111	42
The Collective Sensory Group	197		197	125
An tIonad um Neamhoird Itheacháin i gContae Chorcaí	103		103	126
An tIonad Teaghlach	188		188	1
An Fóram Éireannach um Shláinte Dhomhanda (FÉSD)	132		132	110
Cumann Bhothán na bhFear Éireann (IMSA)	401		401	324
Tionscnamh Iarrthóirí Tearmainn Chill Airne (KASI)	110		110	102

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
Ainm na Gníomhaireachta	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000
Grúpa Forbartha na bhFear	185		185	143
Gníomhaireacht Socrúcháin Nightingale (TNPA)	320		320	1,210
Tascfhórsa Thuaisceart na hIonchathrach ar Alcól agus Drugaí	272		272	266
Ionad Oasis	209		209	164
Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)	5,034		5,034	3,055
Tionscadal Tithíochta Paddy McGrath (Tithíocht Chiste SEIF roimhe seo)	364		364	364
An Lárionad Sláinte Gnéis	330		330	293
Clinic Máinliachta na Spórt	7,911		7,911	0
The Sunflower Clinic	0		0	400
An Grúpa TCP	1,448		1,448	1,365
The Hermitage Medical Clinic	17,056		17,056	0
Third Age	118		118	70
Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhurlais	224		224	207
Tiglin Challenge Limited	88		88	103
Tintean Housing Association Ltd	208		208	200
Cumann Thiobraid Árann do Riachtanais Speisialta	130		130	130
Gluaiseacht Ospíse Thiobraid Árann	320		320	220
Tionscadal na Tulchann	328		328	281
Fóram na mBan i dTrá Lí	52		52	120
Transfusion Positive	125		125	143
Líonra Comhionannais Trasinscne Éireann	263		263	311
Grúpaí agus Eagraíochtaí Lucht Taistil	4,399		4,399	4,191
Grúpa Tacaíochta Taistealaithe na Gailimhe	585		585	678
Grúpa Oideachais & Forbartha na dTaistealaithe, Tuaim	206		206	210
Treoir	374		374	382
Tribli CLG, t/a Exchange House Ireland National Travellers Service Enterprise	904		904	909
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	22		22	232
Cúram Pobail na Tríonóide	3,593		3,593	3,537
Trustus We Care	153		153	25
TTM Healthcare Ltd	21		21	191
Ionad Cúram Lae na Tulai	182		182	166

	Deontais Ioncaim	Deontais Chaipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
Ainm na Gníomhaireachta	2020 €000	2020 €000	2020 €000	2019 €000
Turas Counselling Services Ltd	345		345	389
Turn2Me	432		432	364
Turners Cross Social Services Ltd	157		157	157
TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	460		460	78
Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath	12		12	308
Ollscoil Luimnigh	881		881	901
Ospidéal UPMC Aut Even	4,713		4,713	0
Ospidéal UPMC Chill Dara	1,829		1,829	0
Ospidéal UPMC Whitfield	9,504		9,504	0
Ospidéal Pobail Dhaibhreach	208		208	219
Victoria Healthcare Organisation Ltd	896		896	936
Village Counselling Service	135		135	135
Walkinstown Association For Handicapped People Ltd	135		135	4,222
Ionad Acmhainní Walkinstown Greenhills	239		239	241
Seirbhís Óige Pobail Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas	523		523	525
Cumann Phort Láirge do Dhaoine faoi Bhac Meabhrach	4,586		4,586	4,029
Cúram Leanaí Phort Láirge	183		183	188
Gluaiseacht Ospíse Phort Láirge	692		692	276
Clinicí Well Woman	647		647	665
West Cork Carers Support Group Ltd	10		10	148
West Limerick Resources Ltd	137		137	172
Cumann Alzheimer Iarthar na hÉireann	827		827	2,034
Westcare Homecare Ltd	503		503	475
Westdoc (Seirbhísí DG Lasmuigh de Ghnáthuaireanta)	3,949		3,949	2,757
Cumann Cúraim an Iarthair	42,031		42,031	37,628
Tascfhórsa Drugaí Réigiúin an Iarthair	256		256	255
Westmeath Community Development Ltd	249		249	227
Seirbhís Cúram Baile Loch Garman	256		256	202
Forbairt Áitiúil Loch Garman	151		151	132
Ionad Cóireála um Andúil White Oaks	6		6	149
White Oaks Housing Association Ltd	404		404	255
Clár Tacaíochta um Andúil sa Teampall Geal (WASP)	157		157	138

	Deontais Ioncaim	Deontais Caipitil	Deontais Iomlána*	Deontais Iomlána*
	2020	2020	2020	2019
Ainm na Gníomhaireachta	€000	€000	€000	€000
Wicklow Community Services Company Limited by Guarantee	2,072		2,072	1,744
Wicklow Rural Partnership Ltd	144		144	87
Willow Health Care Ltd	1,087		1,087	869
Aonad Oiliúna Teiripeach Windmill	1,336		1,336	884
Young Social Innovators Ltd	100		100	100
Clár Aighneachta don Ógra	107		107	73
Youth For Peace Ltd	139		139	139
Obair d'Ógra Éireann	234		234	226
Iomlán na nDeontas do Gníomhaireachtaí Seachtracha (féach ar Nóta 8 le haghaidh Ioncaim; féach Nóta 13 le haghaidh Caipitil)	5,442,822	359,730	5,802,552	5,024,306

* Tharlódh gur tugadh íocaíochtaí breise, nach bhfuil taispeánta thuas, do roinnt gníomhaireachtaí i dtaca le seirbhís a cuireadh ar fáil.

** Tá gníomhaireachtaí a fhaigheann deontais de bhreis ar €100,000 i gceachtar bliain taispeánta. Tá gach deontas eile áirithe ag "Deontais Iomlána faoi €100,000". Dá réir sin, tá comparáidí 2019 thuas athshonraithe nuair is cuí.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon FnaSS le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Chomhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), mar a fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear faoin gCód na nochtai seo a leanas.

Sochair ghearrthearma d'fhostaithe

Leagtar amach sochair ghearrthearma d'fhostaithe os cionn €60,000 i Nóta 7 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Costais Sainchomhairleoireachta*

Áirítear costais na hanailíse agus na comhairle don lucht bainistíochta ó shaineolaithe seachtracha a chuireann le cinnteoireacht nó treoir bheartais sna costais sainchomhairleoireachta. Ní áirítear leis sin feidhmeanna seachtracha 'gnó mar is gnáth'.

Tábla 1

	2020 €'000	2019 €'000
Costais iomlán sainchomhairleoireachta arna ngearradh ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe	38,173	25,791

* Caiteachas Neamhphá, Costais Oifige agus Riaracháin, Táillí Gairmiúla agus Díl san áireamh i Nóta 8.

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí*

I dTábla 2 cuirtear ar fáil miondealú ar na méideanna atá aitheanta mar chaiteachas in 2020 i dtaca le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chlúdaíonn sé seo caiteachas a thabhaítear i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a fuair FnaSS atá nochtai i gcostais Shainchomhairleoireachta a thaispeántar thuas.

Tábla 2

	2020 €'000	2019 €'000
Táillí dlíthiúla – imeachtaí dlíthiúla	18,100	17,920
Íocaíochtaí réitigh agus eadrána	84	97
Socraíochtaí	446	1,616
Iomlán	18,629	19,633

* Caiteachas Neamhphá, Costais Oifige agus Riaracháin, Táillí Gairmiúla agus Díl san áireamh i Nóta 8.

Níl aon chostas ann maidir le cúrsaí atá ag dul ar aghaidh go fóill a bhfuil comhlachtaí Stáit eile páirteach iontu.

Líon na gcásanna atá clúdaithe faoi na costais dhlíthiúla thuasluaite ná 1,896 in 2020 (2019: 1,964).

Íocadh as costais dhlíthiúla agus socraíochtaí sa bhreis trí Chuideachta Árachais FnaSS. Tá na costais dhlíthiúla atá comhcheangailte le héilimh arna bpróiseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéimeanna Slánaíochta Cliniciúla agus Ginearálta nochtai i Nóta 11 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúil.

Caiteachas Taistil agus Liúntais Chothaithe*

Cuirtear miondealú ar Thaisteal agus liúntas cothaithe thíos i dTábla 3 mar seo a leanas:

Tábla 3

Déantar taisteal agus liúntas cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2020 €'000	2019 €'000
Baile		
– An Stiúrthóireacht	4	23
– Fostaithe	61,366	72,551
Idirnáisiúnta		
– An Stiúrthóireacht	2	4
– Fostaithe	165	789
Iomlán	61,537	73,367

* Caiteachas Neamhphá, Costais Oifige agus Riaracháin, Táillí Gairmiúla agus Dlí san áireamh i Nóta 8.

Caiteachas Fáilteachais*

An caiteachas iomlán a tabhaíodh i ndáil le fáilteachas ná €Neamhní. Baineann gach costas de chineál féilteachais a nochtadh sna ráitis airgeadais le clár cliniciúil Cliant/Othar agus nochtadh iad faoi IIspeansas/Áineas.

* Áirítear Caiteachas Neamhphá, Caiteachas Oibriúcháin eile, Áineas in Nóta 8.

Ráiteas Géilliúlachta

Chlóidh FnaSS le riachtanais an *Chóid Cleachtais chun Chomhlachtaí Stáit a Rialú, 2016* agus tá socrúithe á ndéanamh aici chun géilliúlacht leis an gCód a chinntiú.

Sínithe thar ceann Bhord FnaSS.



Ciarán Devane

Cathaoirleach

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ospidéal an Dr. Steevens

Lána Steevens

Baile Átha Cliath 8

D08 W2A8

Teileafón: **01 6352000**

www.hse.ie

© Bealtaine 2021 FnaSS

ISBN: 978-1-78602-173-1